



**Feidhmeannacht na  
Seirbhíse Sláinte**

Tuarascáil Bhliantúil  
agus Ráitis Airgeadais  
2019



Seirbhís Sláinte Níos  
Fearr á Forbairt



# Clár ábhar

## Cuid I

Ráiteas ón gCathaoirleach	2
Réamhrá ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin	4

### Ár Seirbhís Sláinte

Ár bPlean Corparáideach	10
Ár nDaonra	11
Rialachas agus Ár nEagraíocht	14
Ag Éisteacht lenár nÚsáideoirí Seirbhísí	26
Athchóiriú agus Claochlú	31
Sábháilteacht Chliniciúil, Cháilíochta agus Othar	33
Cumhdach agus Cosaint	36

### Soláthar Seirbhíse

<b>Feidhmíocht Oibríochtúil</b>	40
---------------------------------	----

<b>Sláinte agus Folláine an Daonra</b>	42
--	----

### Cúram Sláinte Pobail

Seirbhísí Cúraim Phríomhúil	48
Seirbhísí Meabhairshláinte	50
Seirbhísí Míchumais	51
Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta	52
Seirbhísí Cúraim Mhaolaithigh	53

### Seirbhísí Réamhospidéal agus Ospidéal Ghéarmhíochaine

Seirbhísí Ospidéal Ghéarmhíochaine	56
Seirbhísí Ailse	57
Seirbhísí Ban agus Leanaí	59
An tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna	60

### Soláthar Cúraim Sláinte a Chumasú

Soláthar Cúraim Sláinte a Chumasú	64
-----------------------------------	----

### Aguisíní

Aguisín 1: Ballraíocht na Foirne Ceannasaíochta Sinsearaí	70
Aguisín 2: Struchtúr Eagraíochtúil	71
Aguisín 3: Feidhmíocht de réir Phríomhtháscairí Feidhmíochta PSN 2019 agus Gníomhaíocht Mhéide	72
Aguisín 4: Bonneagar Caipitil	89
Aguisín 5: Tuarascáil Bhliantúil ar Éifeachtúlacht Fuinnimh	98

## Cuid II

### Rialachas Airgeadais

Forléargas Feidhmíochta agus Airgeadais 2019	102
Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird	107
Ráiteas ar Rialú Inmheánach	119
Tuarascáil an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais	128
Ráitis Airgeadais	130
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais	135

### Aguisíní

Aguisín 1: Deontais Ioncaim agus Deontais Chaipitil	163
---	-----

# Ráiteas ón gCathaoirleach



Mar Chathaoirleach an Bhoird, tá áthas orm féin agus ar mo chomhghleacaithe ar an mBord an chéad Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais a ullmhú ó athbhunaíodh Bord d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) i mí an Mheithimh 2019.

Agus an Tuarascáil Bhliantúil agus na Ráitis Airgeadais seo á gcur i láthair againn, tá COVID-19 tar éis fócas gach córas cúram sláinte ar fud an domhain a athrú, ár gcóras féin san áireamh. Tá scála an dúshlán reatha atá roimh chóras sláinte na hÉireann ó COVID-19 agus freagairt ghaolmhar FSS gan fasach.

Tá ár bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) agus gach duine atá ag obair laistigh de FSS tar éis a bhfócas agus a n-aird a atreorú chun an phaindéim seo a bhainistiú chun a chinntiú go sábhálfar daoine agus go gcosnaítear sláinte ar an iomlán. Tá comhghleacaithe ag obair uair in aghaidh na huair chun tacú go leanúnach le sláinte an phobail, ospidéal, an pobal, tithe altranais, an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharanna agus feidhmeanna riachtanacha eile agus muid ar fad ag iarraidh paindéim COVID-19 a bhainistiú. Thar ceann an Bhoird, táim thar a bheith buíoch as díograis agus as dúthacht gach comhalta foirne as gach a bhfuil á dhéanamh le linn na tréimhse deacra seo, nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo. Gabhaim buíochas chomh maith le Dochtúirí Teaghlaigh (GPanna), cógaiseoirí agus oibríthe pobalbhunaithe eile chomh maith le gach duine atá ag obair inár n-eagraíochtaí comhpháirtíochta agus inár bpáirtithe leasmhara. Tá oibríthe cúram sláinte, ón dochtúir nó ón altra sa líne thosaigh go dtí an saineolaí soláthair nó an comhghleacaí tacaíochta teicneolaíochta, tar éis slógadh go tapa chun ár dtír agus ár ndaoine a chosaint ón víreas. Tá meas agus moladh tuillte acu.

Le 12 mhí anuas tá athrú forásach tagtha ar roinnt réimsí ar fud FSS, ó fhorbairtí seirbhíse atá ag cur le taithí na n-othar, go bealaí nua oibre atá ag athrú na slí a ndéantar seirbhísí a sholáthar. I rith na bliana, thuairiscigh *Ireland: Country Health Profile 2019, State of Health in the EU* gur ag Éirinn atá an t-ionchas saoil is fearr atá á feabhsú san AE agus is éard atá taobh thiar de sin ná rátaí marthanais ó riochtaí cosúil le galar croí, stróc agus ailse. Dúradh sa tuarascáil chéanna gur ag Éirinnin atá an sciar is airde den daonra a thuairiscíonn go bhfuil siad i ndea-shláinte san AE. Is bearta tábhachtacha iad seo de shláinte an daonra i gcoitinne agus ciallaíonn siad go bhfuil ag éirí go maith le FSS agus a chomhpháirtithe cuidiú le daoine sláinte mhaith a chothabháil agus rochtain a fháil ar sheirbhísí cúram sláinte éifeachtacha nuair a éiríonn siad tinn. Leanann an dul chun cinn ar aghaidh freisin ar athchóiriú agus nuachóiriú seirbhísí lena n-áirítear obair ar mhóronaid tráma agus aonaid tráma a thabhairt isteach, tuilleadh forbartha ar líonraí cliniciúla do shainsheirbhísí, agus samhlacha nua seachadta cúraim phobalbhunaithe a thabhairt isteach.

Chabhraigh méaduithe le déanaí i leithdháileadh buiséid bliantúil FSS léi feabhsuithe suntasacha a dhéanamh in go leor réimsí agus táimid buíoch as na méaduithe sin. Táimid sásta mar Bhord leis an rialú airgeadais feabhsaithe laistigh de FSS. Is riachtanas iad rialú airgeadais agus intuarthacht chun pleanáil éifeachtach a dhéanamh ar chumas oibríochtaí agus infheistíocht sa todhcháí. Gabhaim buíochas arís le comhghleacaithe as cabhrú linn dul chun cinn tapa a dhéanamh sa réimse seo, dul chun cinn a íocfar ar ais mar mhúinín na bpáirtithe leasmhara agus a ullmhóidh go maith muid chun tús a chur le díospóireachtaí maidir le maoiniú sa todhcháí trí shocrú fadtéarmach ilbhliantúil.

Cé gur cheart fáilte a chur roimh na feabhsuithe seo agus go leor feabhsuithe eile tá a fhios againn go bhfuil i bhfad níos mó le déanamh againn. Sáraíonn an t-éileamh ar sheirbhísí sláinte an acmhainn atá ar fáil agus tá riachtanas gan chomhlíonadh ag carnadh, rud a fheictear go minic i liostaí feithimh suntasacha in ospidéal agus sa phobal agus trí éileamh méadaithe ar chúram éigeandála. Bhí an bhliain seo caite dúshlánach don tseirbhís sláinte freisin mar thoradh ar shaincheisteanna a d'eascair as an bpróiseas iniúchta in CervicalCheck agus ó fhoilsiú tuarascáil MacCraith ar na moilleanna maidir le torthaí athscrúdaithe an phapalómaivíris daonna (HPV) a eisiúint do chohórt mór ban agus a ndochtúirí teaghlaigh. Tá rún daingean againn mar Bhord an acmhainn seirbhíse a mhéadú chun amanna feithimh a laghdú. Táimid chomh díoghbháilte teipeanna a sheachaint sna seirbhísí a soláthraímid a ghoilleann ar na daoine sin atá ceaptha leas a bhaint astu agus don fhoireann a riarann iad. Tá níos fearr ná sin tuillte ag an dá ghrúpa.

Le daonra atá ag dul i méid, agus atá ag maireachtáil níos faide, tá sé ríthábhachtach go ndéanann na seirbhísí sláinte pleanáil éifeachtach do riachtanais chúram sláinte sa todhchaí. Soláthraíonn bealaí nua chun seirbhísí a oibriú agus a sheachadadh deiseanna iontacha agus cinntíonn siad go bhfanfaidh cúram sláinte in Éirinn ar an gcaighdeán is airde sa todhchaí, agus an t-othar i gcroílár gach a ndéanaimid. Mar chuid den fhreagra ar COVID-19, tá raon athruithe suntasacha agus riachtanacha curtha i bhfeidhm ag FSS agus tugann sé seo deis athruithe ba chearta a choinneáil amach anseo a aithint. Trí é sin a dhéanamh cinnteofar go mbainfimid an leas is fearr as an méid atá bainte amach againn le linn na géarchéime, ag íoslághdú tionchair fhadtéarmacha d'othair agus do chomhaltaí foirne agus luach don cháiniócóir á uasmhéadú. Leanfaidh cur i bhfeidhm na teorach beartais fadtéarmaí atá leagtha amach i *Sláintecare* mar phríomhfhócas dúinn in 2020 agus ina dhiaidh sin.

Tá sé ríthábhachtach éisteacht leis na rudaí atá tábhachtach dár n-othair chun an bealach a sholáthraímid seirbhísí a mhúnlú. Le linn 2019, rinneadh dul chun cinn ar roinnt réimsí chun rannpháirtíocht othar agus úsáideoirí seirbhíse a chur chun cinn ar fud ár seirbhíse sláinte d'fhonn tuairimí na bpáirtithe leasmhara a bhfuil taithí acu ar na seirbhísí sláinte ó lá go lá a chloisteáil agus chun tuiscint a fháil ar na rudaí a fheiceann siad mar na tosaíochtaí don todhchaí. Is fearr is féidir feabhsúchán seirbhíse a bhaint amach nuair a bhíonn guth an othair, an chliniceora agus an bhainisteora seirbhíse dírithe ag an am céanna ar thorthaí a fheabhsú. Tá súil againn tuilleadh dul chun cinn a dhéanamh sa réimse seo tríd an mbliain reatha.

Tá go leor buanna ag Éirinn chun córas sláinte den scoth a thógáil. Sa chéad bhliain den Bhord, chuaigh scil, tiomantas agus saineolas na gcliniceoirí, na gcomhaltaí foirne tacaíochta agus na mbainisteoirí FSS go mór i bhfeidhm orainn. Is amhlaidh an cás freisin do na comhaltaí foirne chomh tiomanta atá ag ár n-eagraíochtaí comhpháirtíochta lena roinnimid na dúshláin a bhaineann le cúram ardchaighdeán a sholáthar faoi rialú airgeadais docht. Mar Bhord feicimid buanna suntasacha sna tréithe seo a spreagfaidh seirbhís sláinte agus cúraim shóisialta ardfheidhmíochta ar féidir linn go léir a bheith bródúil aisti. Trí nuálaíocht, forbairt seirbhíse, bealaí nua oibre agus smaointeoireachta tá go leor athruithe dearfacha feicthe againn agus táimid tiomanta i gcónaí do shláinte agus eispéireas ár n-othar a fheabhsú tuilleadh.

Mar Bhord, tá muinín, pribhléid agus freagracht shuntasach agamsa agus ag mo chomhghleacaithe maidir le bheith ag obair le comhaltaí foirne ar fud FSS chun feabhas a chur ar an gcaoi a reáchtáiltear an eagraíocht, conas a sholáthraíonn sí seirbhísí, agus conas a bheartaíonn sí soláthar sláinte sa todhchaí agus seirbhísí cúraim shóisialta. Táim an-dóchasach maidir leis na blianta amach romhainn agus déanfaimid ár ndícheall i dteannta a chéile an tseirbhís sláinte atá tuillte ag ár ndaonra a sholáthar.

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas ó chroí a ghabháil le baill uile an Bhoird a d'fhóin i rith na bliana as a dtiomantas agus a gcúnamh luachmhar. Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis an Aire Sláinte, lena oifigigh, lenár gCoistí Boird, agus lenár bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin, Paul Reid, a fhoireann bainistíochta agus a chomhghleacaithe go léir. Bhí céad bhliain eachtrach againn. Táim ag tnúth le comhoibriú leanúnach agus le bheith ag obair leis an Rialtas nua in 2020. Tá an chosúlacht air go mbeidh athrú agus dúshlán i gceist leis an mbliain atá romhainn agus táimid ag tnúth leis an dá rud.



**Ciarán Devane**

*Cathaoirleach, Bord Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte*

# Réamhrá ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin



Tá sé de phribhléid agam mar POF Tuarascáil Bhliantúil agus Ráitis Airgeadais 2019 FSS a fhoilsiú.

Cé go bhfaca muid go leor dúshlán in 2019, táimid ag an bpointe seo ag cosaint ár ndaonra i gcoinne phaindéim dhomhanda COVID-19. Tá brú nach bhfacthas riamh roimhe seo ar ár seirbhísí agus dá bhrí sin caithfear an córas sláinte iomlán; poiblí, príobháideach agus neamhbhrabúis, a thabhairt le chéile. Tá gach seirbhís, gach oibrí, agus go deimhin gach duine agus teaghlach tar éis dlús a chur leis an iarracht náisiúnta. Léirigh ár gcóras sláinte freagracht agus teacht aniar nár chreid go leor againn a bheith indéanta. Tá súil agam mar POF tacú lenár gcomhaltaí foirne leanúint ar aghaidh ag déanamh a ndíchill, a bheith bródúil as a gcuid iarrachtaí agus a bheith ag obair d'FSS, agus muinín an phobail a chothú, rud a bhí chomh tábhachtach chun muid a chothú go dtí seo. Féadfaidh tú a bheith cinnte go ndéanfaidh mé mo dhícheall a chinntiú go ndéanfar freagairt ár bhfoirne, agus ár n-eagraíochtaí comhpháirtíochta maidir leis an bpaindéim seo a dhoiciméadú don taifead i dTuarascáil Bhliantúil 2020.

Faoin am a gcuirimid an phaindéim seo faoi smacht beidh an víreas curtha dinn againn nó níos measa fós, beidh baill teaghlaigh agus cairde dílse caillte againn. Tapaím an deis seo chun mo chomhbhrón ó chróí a chur in iúl. Ba mhaith liom a chur in iúl don phobal freisin go bhfuilimid ag déanamh ár ndíchill chun tionchar an ghalair uafásaigh seo a laghdú.

Baineann an Tuarascáil Bhliantúil seo lenár ngníomhaíochtaí an bhliain roimhe sin ar ndóigh. Tháinig mé in oifig mar POF an 14 Bealtaine 2019. I mo chéad chúpla mí sa ról seo, chaith mé cuid mhaith ama ag bualadh le comhaltaí foirne in áiteanna éagsúla. Le linn mo chuairteanna chonaic mé go leor samplaí de chomhaltaí foirne atá cruthaitheach agus ag obair go diongbháilte chun constaicí sistéamacha a shárú, a

raibh go leor acu neamhbheartaithe, i ndearadh ár seirbhíse sláinte náisiúnta. Rinne siad amhlaidh trí bheith ag brath ar chaidrimh láidre phearsanta agus ghairmiúla atá curtha i bhfeidhm acu chun leasa na n-othar. Tá ár bhfórsa saothair tiomanta agus dlíis do chúram sláinte poiblí agus don tseirbhís phoiblí. Mar sin táimid faoi chomaoin ag ár gcomhaltaí foirne – agus ag an bpobal – a chinntiú go bhfuil an córas sláinte furasta a thuiscint, eagraithe go réasúnach, agus go gcaitear ár maoiniú substaintiúil i gcónaí go ciallmhar agus ar na rudaí cearta.

Bhuail mé le páirtithe leasmhara eile freisin, lena n-áirítear iad siúd a úsáideann ár seirbhísí ó am go chéile nó go laethúil. Is léir dom gurb iad muinín agus meas frithpháirteach na tréithe sainmhínithe ar a gcaithfear na caidrimh riachtanacha a thógáil chun cúram sláinte den scoth a sholáthar agus a chothú. Ar leibhéal corparáideach ní mór dúinn an timpeallacht seo a chumasú agus tacú léi trí dheireadh a chur le constaicí sistéamacha maidir le cúram, agus trína chinntiú go bhfuil leasanna ár gcóras sláinte ailínithe go hiomlán lenár gcuspóir, lenár gcroilúachanna, agus lenár dtraidisiúin is fearr maidir le cúram ardchaighdeán. Déanfar aon athruithe struchtúracha ar FSS sa toadhcháir ar leibhéal corparáideach nó soláthair seirbhíse agus é mar aidhm acu ár gcóras iomlán a thabhairt le chéile timpeall ar shamhail chomhtháite ardchaighdeán de chúram othar.

In ainneoin na géarchéime, níor mhaith liom dearmad a dhéanamh ar na forbairtí suntasacha agus an dul chun cinn atá déanta laistigh dár seirbhísí sláinte i mórán réimsí in 2019. Is ceart iad sin a aithint. Is féidir tionchar na hoibre seo go léir a fheiceáil sna forbairtí seirbhíse agus sna feabhsúcháin a léirítear sa Tuarascáil Bhliantúil seo. Ba é príomhthosaíocht FSS le linn 2019 soláthar seirbhísí sábháilte a uasmhéadú do na daoine a ndéanaimid freastal orthu, agus greim a fháil ar an mbuiséad sláinte sa deireadh. Ag deireadh na bliana tá an buiséad faoi smacht. Dúshlán leanúnach a bheidh anseo, áfach, i gcomhthéacs an leibhéil éilimh atá ag síormhéadú ar ár seirbhísí a thagann faoi thionchar tosca mar dhaonra atá ag fás le déimeagrafach atá ag dul in aois, dul chun cinn sa teicneolaíocht agus i gcleachtais ciniciúil, chomh maith le hathrú leanúnach sochaíoch agus eacnamaíoch. Beidh impleachtaí airgeadais COVID-19 an-mhór freisin.

Míle Buíochas



**Paul Reid**  
An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

## Tosaíochtaí in 2019

Le linn 2019, tháinig Bord nua FSS i bhfeidhm faoin *Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2019*. D'oibrigh mé i gcomhar leis an mBord chun a chinntiú go bhfuil an t-othar, an t-úsáideoir seirbhíse agus an pobal i gcoilár ár smaointeoireachta agus ár bpleanála, go bhfuil meas againn ar gach comhalta foirne cúram sláinte agus go dtacaímid leo, lena n-áirítear iad siúd a oibríonn i réimse neamhbhrabúis, go bhfuilimid struchtúrtha ar bhealach a thacaíonn le seirbhísí na líne tosaigh, agus go neartaítear ár mbainistíocht airgeadais agus oibríochta. Leag mé amach trí thosaíocht láithreach don eagraíocht:

- Seirbhísí ardchaighdeán agus sábháilte a sholáthar
- Aistriú chuig samhail nua cúraim chomhtháite
- Muinín san eagraíocht a neartú.

## Ár ndaonra atá ag athrú

Tá brú méadaitheach ar ár seirbhísí mar thoradh ar fhás an daonra, minicíocht mhéadaitheach de ghalar ainsealacha agus daonra atá ag dul in aois. Tá an t-ionchas saoil os cionn mheán an AE agus mná ag maireachtáil go 84 bliana ar an meán agus fir go 80.4 bliana. Is iad na trí ghalar ainsealacha is coitianta in Éirinn ná ailse, galar cardashoithíoch agus galar riospráide. Méadaíonn galar ainsealach le haois. D'fhás an daonra in 2019 thart ar 3.8% ó Dhaonáireamh 2016. Bhí sé seo ar fud gach aoisghrúpa agus chonacthas an fás is suntasaí sna haoisghrúpaí níos sine. Tá méadú 35.2% tagtha ar líon na ndaoine atá 65 bliana d'aois agus níos sine ó 2009 (i bhfad níos airde ná meán an AE de 16.5%). Meastar go dtiocfaidh méadú 15% eile ar líon na ndaoine sin atá os cionn 65 bliana d'aois in 2021. Is de bharr nuálaíochtaí leighis, cóireálacha feabhsaithe agus stíleanna maireachtála feabhsaithe go príomha an fás leanúnach seo.

Tá go leor treochtaí dearfacha le feiceáil sa tseirbhís sláinte: tá ionchas saoil ag méadú, tá rátaí básmhairéachta ag laghdú agus tá rátaí marthanais ó riochtaí cosúil le galar croí, stróc agus ailse ag feabhsú. Tá eispéreas na n-othar a fhaigheann cúram go maith i gcoitinne, le heispéreas maith/an-mhaith ag 84% d'othair chónaitheacha mar a léiríonn an Suirbhé Náisiúnta ar Eispéreas Othar. Rinneadh dul chun cinn freisin le blianta beaga anuas maidir le táirgiúlacht agus éifeachtúlacht na n-ospidéal a fheabhsú, cion na nósanna imeachta iomchuí a dhéantar mar chás lae a mhéadú, agus rátaí iontrála máinliachta lae a fheabhsú. Ach tá go leor le feabhsú fós, go háirithe maidir leis an achar ama a chaithfidh othair fanacht chun rochtain a fháil ar sheirbhísí áirithe.

Tuarascáil na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE) *Éire: Soláthraíonn Próifíl Sláinte Tíre 2019* forbhreathnú ar shláinte agus ar an gcóras sláinte in Éirinn. Thug tuarascáil an ECFE chun suntais go bhfuil ár gcaiteachas sláinte per capita os cionn mheán an AE; tá sláinte an phobail agus cúram sláinte in Éirinn réasúnta éifeachtach; tá úsáid cúram príomhúil agus cúram othar cónaitheach níos ísle in Éirinn ná meán an AE; tá líon níos lú dochtúirí in Éirinn ach líon réasúnta ard altraí; is gá pleanáil an fhórsa saothair sláinte a neartú agus a bheith níos comhtháite; tá rátaí ospidéal do riochtaí íogaire cúraim siúil

thart ar mheán an AE; is fadhb shubstantiúil í amanna feithimh fada in Éirinn; beidh réitigh r-Shláinte ina ghné thábhachtach den tsamhail seachadta seirbhíse amach anseo; is féidir úsáid níos éifeachtaí a bhaint as acmhainní ospidéal; tá bainistíocht buiséid fós ina ceist ag gach leibhéal cúram sláinte; tá gá le hathruithe forleathana chun córas sláinte na hÉireann a dhéanamh inbhuanaithe. Is é an rud atá soiléir ó Thuarascáil an ECFE ná nach bhfuil aon rogha againn ach tabhairt faoi phleananna uailmhianacha athchóirithe d'fhonn an úsáid is fearr a bhaint as na hacmhainní reatha. Tá aghaidh á tabhairt ar na réimsí seo inár bPlean Seirbhíse Náisiúnta (NSP) do 2020 atá nasctha le *Sláintecare*.

## Acmhainn bainistíochta a neartú

In 2019, cuireadh Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin (FBF) in ionad an iar-struchtúir Stiúrthoireachta laistigh de FSS i mí Iúil a thagann le chéile gach coicís. Tá Foireann Ceannaireachta Sinsearach, a chuimsíonn an FBF Stiúrthóirí Náisiúnta, Príomhfheidhmeannaigh na nGrúpaí Ospidéal agus Príomhoifigigh Eagraíochtaí Cúram Sláinte Pobail (ECSPanna) bunaithe freisin agus tagann an grúpa seo le chéile gach dara mí.

Sular bunaíodh Bord FSS, rinne an Roinn Sláinte (RS) maoirseacht dhíreach ar fheidhmíocht FSS. B'éigean athbhreithniú a dhéanamh ar an gcaoi a dtéann FSS agus an Roinn Sláinte i dteagmháil lena chéile maidir le feidhmíocht agus nithe gaolmhara le bunú an Bhoird áfach. Le rannpháirtíocht dhíreach Choiste Feidhmíochta agus Seachadta an Bhoird, comhaontaíodh samhail nua rannpháirtíochta leis an Roinn Sláinte. Aithníonn an tsamhail seo ról na Roinne Sláinte mar shealbhóir vótála agus an chuntasacht a thagann leis an bhfreagracht sin, agus ag an am céanna aithnítear gurb é an Bord comhlacht rialaithe FSS anois.

Ó tháinig mé in oifig, tuigim cé chomh riachtanach agus atá sé go n-éireoidh struchtúr corparáideach FSS agus a riarachán níos forbhreathnaí agus go bhfuilimid tiomanta go hiomlán tacú leis na daoine atá fostaithe inár n-ospidéal agus a sholáthraíonn cúram sa phobal. Tá 'athbhreithniú ar an ionad' ar siúl faoi láthair. Tá a fhócas tosaigh ar an eagraíocht reatha, a feidhmeanna, a struchtúir agus a bealaí oibre. Cuirfidh sé sin bonn eolais faoi dheardh sa todhchaí, ag cinntiú stóinseacht dearaidh agus breithniú na gcomhpháirteanna uile, chomh maith le bonn eolais a chur faoin measúnú iarmharta a theastaíonn lena chur i bhfeidhm.

## Athchóiriú

Gheall mé oibriú chun *Sláintecare* a fhíorú agus tá sé mar phríomhfhócas inár bpleanáil seirbhíse do 2020. (D'imscaramar go leor de phrionsabail *Sláintecare* maidir leis an gcaoi a d'eagraíomar ár bhfreagra ar COVID-19). Bhí teagmháil agam leis an Roinn Sláinte agus le hOifig Feidhmíthe Cláir (SPIO) *Sláintecare* maidir leis an *bPlean Gníomhaíochta Cúram Sláinte*. Ag eascairt as na gealltanais sin, comhaontaíodh go dtabharfaí dhá thionscadal mhóra ar aghaidh mar ábhar tosaíochta, eadhon:

- Struchtúir soláthair sláinte agus cúraim shóisialta náisiúnta, réigiúnacha, áitiúla a chur i bhfeidhm
- Acmhainn agus rochtain a fheabhsú.

Ag tacú le cur chun feidhme luath *Sláintecare*, bunaíodh Ciste Comhtháthaithe €20m *Sláintecare* in 2019 chun tástáil agus scála a dhéanamh ar an mbealach is fearr is féidir seirbhísí a sholáthar. Bhí mé ag obair go dlúth leis an SPIO chun tacú le raon tionscadal agus tacaíochtaí FSS a fuair maoiniú agus chun monatóireacht agus measúnú a dhéanamh orthu.

## Feidhmíocht Oibríochtuil

Leag PSN 2019 amach tosaíochtaí agus gníomhartha don eagraíocht de réir réimse seirbhíse, mar aon le spriocanna i gcoinne príomhtháscairí feidhmíochta agus leibhéil ghníomhaíochta ionchais do 2019. Cuimsíonn sé sonraí mionsonraithe airgeadais agus Acmhainní Daonna (AD) mar aon le sceideal de thionscadail chaipitil atá beartaithe do 2019. Thacaigh pleananna gnó mionsonraithe agus pleananna oibríochta leis an bPlean Seirbhíse a d'aithin daoine freagracha ainmnithe as a sheachadadh. Déanann an Grúpa Náisiúnta Maoirseachta Feidhmíochta athbhreithniú ar fheidhmíocht i gcoinne an PSN.

Tá os cionn 125 tosaíocht ag PSN 2019 le 555 gníomh tacaíochta thar gach réimse de sholáthar seirbhíse agus feidhmeanna cumasúcháin. Bhí 80% de na gníomhartha sin de réir sceidil atá le seachadadh (26% críochnaithe; 54% ar an mbóthar le críochnú de réir na hamlíne a bhí leagtha amach sa NSP), moill ar bheagnach 20% agus 1% nach ndeachaigh ar aghaidh. Tá nuashonruithe ar go leor tosaíochtaí agus gníomhartha san áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil seo. Baineann na cinn a bhfuil moill orthu nó nach ndearnadh dul chun cinn orthu le saincheisteanna acmhainní, srianta acmhainne, spleáchais ar pháirtithe leasmhara nó tosca nach bhfuil faoi smacht díreach ag úinéir an ghnímh orthu. Bíonn tionchar acu seo, áfach, ar ár gcumas ár bpríomhspríocanna táscairí feidhmíochta nó ár leibhéil ghníomhaíochta pleanáilte a bhaint amach. San áireamh sa chaibidil maidir le soláthar seirbhíse den Tuarascáil Bhliantúil seo, tá forbheathnú ardleibhéil ar na príomhtháscairí feidhmíochta agus sonraí gníomhaíochta in 2019 i gcomparáid le 2018 ar fud cúram sláinte pobail agus seirbhísí géarmhíochaine. Tá na sonraí uilig le fáil in Aguisín 3.

I rith na bliana rinne an tOllamh Brian MacCraith athbhreithniú neamhspleách tapa ar mhoilleanna maidir le torthaí athscrúdaithe de scagthástáil ceirbheacs (HPV) a eisiúint do chohórt mór ban agus a ndochtúirí teaghlaigh. Iarradh ar an Ollamh MacCraith scrúdú a dhéanamh ar an tsraith imeachtaí laistigh den chlár CervicalCheck a tharla tar éis na moilleanna agus cuireadh an tuarascáil seo faoi mo bhráid i mí Lúnasa. Cé go ndearnadh go leor oibre agus go leor feabhsuithe sa tseirbhís CervicalCheck, ní féidir glacadh leis go gcaithfidh mná fanacht chomh fada sin le faisnéis thábhachtach a fháil faoina sláinte. Ghlac FSS go hiomlán le torthaí Athbhreithniú MacCraith agus gheall sí go gcuirfí gach ceann de na moltaí i bhfeidhm go cúramach agus go tapa. Is mian le FSS a leithscéal a ghabháil in athuir leis na mná go léir a ndeachaigh an mhoill faisnéis thábhachtach a eisiúint chucu i bhfeidhm orthu. Tá roinnt príomhghníomhartha á gcur chun cinn lena n-áirítear bainistíocht, ceannaireacht agus eagrú CervicalCheck a neartú; cultúr a fhorbairt chun tús áite a thabhairt do mhná; meastóireacht chliniciúil agus measúnú a bhunú ar na mná agus iniúchadh a bhunú ar phróisis agus comhéadain TF Quest.

## Bainistíocht airgeadais a fheabhsú

Ar mo chéad lá mar POF gheall mé go ndéanfainn tuairisciú agus rialuithe airgeadais a fheabhsú. Is teachtaireacht dheacair í seo le seachadadh i gcónaí, go háirithe nuair is léir go bhfuil go leor seirbhísí faoi bhrú. Is gné lárnach de ról na mbainisteoirí sláinte, áfach, an chothromaíocht idir rochtain ar chúram ardchaighdeán a sholáthar agus fanacht laistigh den bhuiséad a bhainistiú.

Le linn 2019, leanamar lenár bhfócas dian ar bhainistíocht airgeadais agus ar phleanáil airgeadais. Bhí bainisteoirí sinsearach ar fud na heagraíochta rannpháirteach go gníomhach maidir le gníomhaíocht agus caiteachas agus na dúshláin ghaolmhara a bhaineann le hoibriú laistigh de na hacmhainní atá ar fáil. Is gné rialta dár bpróisis bhainistíochta feidhmíochta iad cruinnithe bainistíochta airgeadais atá faoi chomhchathaoirleacht agam féin agus an Príomhoifigeach Airgeadais, agus bíonn siad ar siúl ar bhonn míosúil. Tugann sealbhóirí sinsearach buiséid cuntas ar a bhfeidhmíocht airgeadais i gcoinne chuspóirí an phlean seirbhíse agus tugann siad léargas eolasach ar an toradh tuartha faoi dheireadh na bliana. Tá Córas Comhtháite Bainistíochta Airgeadais nua á chur chun cinn. Tá mé féin agus an FBF ag obair leis an mBord chun dea-rialachas a chinntiú, lena n-áirítear maoirseacht riosca dhian agus bhríomhar, agus dearbhú maidir le húsáid chúil airgid phoiblí.

## Ár bPlean Corparáideach a Fhorbairt

Tá fis nua á forbairt againn dár seirbhísí sláinte a thacóidh le cur i bhfeidhm *Sláintecare* agus aghaidh a thabhairt ar ár bpríomhthosaíochtaí agus ár gcuspóirí don chéad chúpla bliain eile. Tá Clár Rannpháirtíochta agus Comhairliúcháin fairsing le beagnach 12,000 páirtí leasmhara seachtrach agus inmheánach curtha i gcrích anois, agus beidh a thorthaí bunaithe ar an gcaoi a ndéanaimid ár seirbhísí a phleanáil agus a sheachadadh sna blianta amach romhainn.

D'ainneoin na hoibre nach beag atá déanta go dtí seo, níorbh fhéidir próiseas an Phlean Chorparáidigh a thabhairt i gcrích faoin amlíne a bhí beartaithe faoi dheireadh mhí an Mhárta 2020, i bhfianaise an ghá atá le comhaltaí foirne ar gach leibhéal, ó gach cearn den eagraíocht, díriú ar ullmhúcháin agus freagairtí d'éigeandáil COVID-19. Tabharfar an Plean Corparáideach chun críche níos déanaí in 2020.

## An Breatimeacht

D'fhág an Ríocht Aontaithe (RA) an AE an 31 Eanáir 2020 agus tá idirthrímhse aici go dtí an 31 Nollaig 2020. Chuir FSS pacáiste cuimsitheach beart i bhfeidhm cheana féin in 2019 chun maolú a dhéanamh ar an mbaol go dtarlódh an Breatimeacht 'gan margadh'. Tá na hullmhúcháin seo ag leanúint ar aghaidh go 2020 agus leanfaimid orainn ag obair leis an Roinn Sláinte agus gníomhaireachtaí comhpháirtíochta chun ullmhú do dheireadh na hidirthrímhse agus an spriocdháta nua de dheireadh mhí na Nollag 2020.



## Buíochas

Mar fhocal scoir, ba mhaith liom buíochas a ghabháil arís leis an bhfoireann go léir atá ag obair i bhFSS, ar fud na seirbhísí pobail, ospidéal agus náisiúnta. Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt freisin do thacaíocht agus tiomantas mo chomhghleacaithe ar an FBF agus ar an bhFoireann Ceannaireachta Sinsearaí.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt don Bhord agus don Chathaoirleach, do Choistí an Bhoird, don Aire Sláinte agus dóibh siúd atá ag obair laistigh den Roinn Sláinte. Tuigim gur bliain an-deacair í 2020; go háirithe do theaghlaigh a chaill daoine muinteartha mar gheall ar COVID-19.

Mar POF táim an-bhródúil as an nuálaíocht a léiríomar mar fhreagairt ar an ngéarchéim reatha. Is léir go bhfuil sé de chumas ag go leor de na bearta a rinneamar mar dhaoine aonair agus mar eagraíocht FSS a athrú go buan, agus chun feabhais.





Ár Seirbhís  
Sláinte

# Ár bPlean Corparáideach

Faoin *Acht Sláinte 2004* (arna leasú), éilítear ar FSS Plean Corparáideach a chur isteach gach trí bliana, ag sonrú príomhchuspóirí FSS don tréimhse lena mbaineann. Bhí an Plean Corparáideach foirmiúil deireanach a forbraíodh don tréimhse 2015-2017. In 2018, in oirchill foilsíú *Sláintecare* agus a impleachtaí straitéiseacha, comhaontaíodh leis an Roinn Sláinte an Plean Corparáideach 2015-2017 a leathnú trína athnuachan chun forbairtí breise a thiocfaidh chun cinn in 2018 a ionchorprú. Ag aithint bhunú Bhord nua FSS agus ceapachán POF nua agus socruithe rialachais eile arna cuimsiú sa reachtaíocht, cuireadh athnuachan eile i gcrích in 2019.

Cuireadh tús le forbairt Plean Corparáideach nua i ráithe a trí de 2019 faoi threoir FBF FSS, Coiste Feidhmíochta agus Seachadta an Bhoird agus an Bord féin. Bunaíodh Foireann Tionscadail agus forbraíodh Plean Tionscadail mionsonraithe agus Plean Comhairliúcháin. Tá sé beartaithe go bhfoilseofar an Plean Corparáideach níos déanaí in 2020. Beidh fócas cúig bliana aige, ailínithe le *Sláintecare* agus díreoidh sé ar threochlár soiléir meántéarmach a sholáthar don fhoireann, d'othair, d'úsáideoirí seirbhíse agus do na páirtithe leasmhara go léir.

## An Plean Corparáideach a Fhorbairt

Tógadh roinnt céimeanna chun scrúdú a dhéanamh ar an mbonn fianaise, ar an timpeallacht polasaí agus ar thuairimí na bpríomhpháirtithe leasmhara chun tacar tosaigh tosaíochtaí corparáideacha a shocrú le haghaidh comhairliúcháin. Sholáthar tascanna léargais agus bailiú faisnéise anailís ar an tseirbhís sláinte ó go leor peirspictíochtaí. Áiríodh ar na tascanna seo:

1. Tabhairt chun críche ceithre Mhearléirmheas a dhírigh ar an méid seo a leanas:
  - i. Pleananna Corparáideacha de chórais sláinte idirnáisiúnta ábhartha agus inchomparáide
  - ii. Straitéisí reatha chóras sláinte na hÉireann
  - iii. Sonraí atá ann cheana a bhaineann le tuairimí saoránach, comhaltáí foirne agus na ndaoine a úsáideann ár seirbhísí
  - iv. Próifíl sláinte agus folláine daonra na ndaoine atá ina gcónaí in Éirinn
2. Anailís ar Láidreachtaí, Laigí, Deiseanna agus Bagairtí (SWOT)
3. Anailís Pholaitiúil, Eacnamaíoch, Shóisialta, Theicneolaíoch, Chomhshaoil agus Dhlíthiúil (PESTEL).

### Próiseas Comhairliúcháin

Is cuid ríthábhachtach den phróiseas chun an Plean Corparáideach a fhorbairt é comhairliúchán ábhartha agus leathan le raon leathan páirtithe leasmhara lena chinntiú go gcuirtear guthanna raon chomh leathan páirtithe leasmhara agus is féidir i bhfeidhm ar ábhar an Phlean Chorporáidigh. Rinneadh é seo trí na bealaí seo a leanas:

- **Cruinnithe Comhairliúcháin Duine le Duine:** cruinnithe oscailte agus leathana dírithe ar dhaoine aonair agus ar ghrúpaí a bhfuil spéis ar leith acu i dtosaíochtaí straitéiseacha agus i gcuspóirí FSS
- **Ceardlanna:** le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha araon
- **Painéal Pobail:** painéal arna bhunú ag FSS a sholáthraíonn aiseolas luathchéime ar láidreachtaí agus laigí na seirbhíse sláinte
- **Aighneachtaí Scríofa:** ó eagraíochtaí príomhpháirtithe leasmhara ar fud na bpríomh-earnálacha go léir – ceardchumann, gníomhaireachtaí reachtúla, rialtais, maoinithe ag FSS, grúpaí pobail agus deonacha agus comhlachtaí gairmiúla
- **Suirbhé Oscailte Ar Líne:** ag díriú ar an bpobal agus ar an bhfoireann araon
- **Suirbhé Omnibus:** ag díriú ar shampla ionadaíoch náisiúnta de 1,000 duine
- **Cruinnithe Éisteachta Réigiúnacha:** ag díriú ar chomhaltáí foirne réigiúnacha, grúpaí pobalbhunaithe/ tacaíochta agus baill an phobail.

Déanfar anailís ar aschuir ó gach ceann de na comhairliúcháin agus aithneoidh Bord FSS na príomhthorthaí lena mbreithniú agus an Plean Corparáideach á ullmhú.

# Ár nDaonra

Tá níos mó ná 4.9m duine ina gcónaí in Éirinn (An Phríomh-Oifig Staidrimh (CSO), 2019). Tháinig méadú 64,500 ar an daonra ó Aibreán 2018 go dtí Aibreán 2019, tar éis méadú den chineál céanna in 2017/2018, agus is iad seo na méaduithe bliantúla is mó ó 2008.

D'fhás an daonra in 2019 thart ar 3.8% ó Dhaonáireamh 2016. Tá an daonra ag fás i ngach réigiún agus gach aoisghrúpa, agus tá an fás is suntasaí le feiceáil sna haoisghrúpaí níos sine. Ag glacadh le hathruithe measartha ar rátaí imirce agus torthúlachta, meastar go sroichfidh an daonra iomlán thart ar 5.7m faoi 2039 agus táthar ag súil go mbeidh níos mó ná duine as gach cúigear 65 bliana d'aois nó níos sine. D'ainneoin an fháis seo sa daonra aosta, in 2016 is leanaí 0-17 mbliana d'aois an ceathrú cuid dár ndaonra, rud atá ard i gcomparáidí AE.

## Daonra atá ag dul in aois


Is é an t-athrú is mó ar struchtúr an daonra le 10 mbliana anuas ná an fás i gcion agus i líon na ndaoine atá 65 bliana d'aois agus níos sine. Tá méadú 35.2% tagtha ar líon na ndaoine atá 65 bliana d'aois agus níos sine ó 2009, atá i bhfad níos airde ná meán an AE de 16.5% thar an tréimhse chéanna. Meastar go dtiocfaidh méadú 23,200 eile (14.9%) ar líon na ndaoine atá 65 bliana d'aois agus níos sine faoi 2021. Ar an gcaoi chéanna, tiocfaidh méadú thart ar 3,600 (4.5%) ar líon na ndaoine fásta 85 bliana d'aois agus níos sine faoi 2021. Is de bharr nuálaíochtaí leighis, cóireálacha feabhsaithe agus stíleanna maireachtála feabhsaithe go príomha an fás leanúnach seo.

## Rátaí breithe


Bhí 61,200 breith in 2019, 184 níos mó i gcomparáid leis an tréimhse chéanna in 2018. Tá laghdú tagtha ar líon na mbreitheanna agus na rátaí breithe le blianta beaga anuas agus meastar go leanfaidh siad ag laghdú sna deich mbliana amach romhainn. Lean an ráta torthúlachta ag laghdú (1.75% in 2018) agus tá sé anois ag an leibhéal is ísle le deich mbliana anuas; tá an tríú ráta torthúlachta is airde san AE fós ag Éirinn áfach taobh thiar den Fhrainc agus den tSualainn.

## Ionchas saoil agus sláinte an daonra


Tá méadú 3.1 bliana tagtha ar ionchas saoil na bhfear in Éirinn agus beagnach dhá bhliain ar mhná in Éirinn ó 2007 agus tá sé anois os cionn mheán an AE le mná ag maireachtáil go 84 bliana ar an meán agus fir go 80.4 bliana. Baineadh na gnóthachain is mó in ionchas saoil sna haoisghrúpaí níos sine, rud a léiríonn rátaí laghdaithe básmhaireachta ó ghalair mhóra. Mar sin féin tá ionchas saoil patrúnaithe go sóisialta agus tá sé níos ísle i measc oibríthe neamhoilte i gcomparáid le hoibríthe gairmiúla. Léiríonn staidéir go bhfuil ionchas saoil níos ísle ag grúpaí áirithe mar an Lucht Siúil agus daoine atá gan dídean.



Baineadh na gnóthachain is mó in **ionchas saoil** sna haoisghrúpaí níos sine, rud a léiríonn rátaí laghdaithe básmhaireachta ó ghalair mhóra



Tháinig laghdú ar rátaí básmhaireachta le deich mbliana anuas – tháinig laghdú 25.1% ar rátaí básmhaireachta ó ghalair an chórais imshruthaithe, rátaí báis riospráide 10.5% agus rátaí báis ailse 10%



Tá rátaí féinmharaithe tar éis titim 37.8% idir 2009 agus 2018 – Mar sin féin tá rátaí féindochar agus féinmharaithe in ospidéal san aoisghrúpa 15-19 os cionn noirm na hEorpa

Ar an iomlán, tá rátaí básmhaireachta aois-chaighdeánaithe laghdaithe le deich mbliana anuas; tháinig laghdú 25.1% ar rátaí básmhaireachta ó ghalair an chórais imshruthaithe idir 2009 agus 2018 agus tá rátaí báis riospráide agus rátaí báis ailse laghdaithe 10.5% agus 10% faoi seach thar an tréimhse chéanna. Tá rátaí básmhaireachta timpistí iompair tar éis titim 49.7% le deich mbliana anuas.

Tá rátaí féinmharaithe tar éis titim 37.8% idir 2009 agus 2018 agus b'ionann an ráta in 2016 agus 8.5 in aghaidh an 100,000, rud a d'fhág Éire faoi bhun mheán an AE d'fhir agus do mhná araon. Mar sin féin, tá rátaí féinchochair agus féinmharaithe in ospidéal san aoisghrúpa 15-19 os cionn noirm na hEorpa.

B'ionann an ráta básmhaireachta naíonán in 2019 agus 3.3 in aghaidh gach 1,000 breithe beo agus tá sé fós íseal de réir chomparáidí AE. B'ionann meán-aois na máthar do gach breith a cláraíodh in 2019 agus 31.3 bliana, agus laghdaigh breitheanna déagóirí go 980 breith in 2018 ó 1,041 breith in 2017 agus 1,098 in 2016.

## Fachtóirí riosca stíl mhaireachtála

In 2019, chaith 14% d'aoisigh in Éirinn tobac gach lá, síos ó 27% in 2002, agus aois beagán faoi bhun mheán an AE. Thuairiscigh beagnach aon trian de dhaoine fásta iontógáil throm rialta alcóil in 2014, ráta i bhfad níos airde ná meán an AE. Mhéadaigh an ráta murtallach go 18% in 2015, suas ó 15% in 2007, agus tá sé níos airde anois ná meán an AE. (*Ireland: Country Health Profile 2019, State of Health in the EU*).

## Galar ainsealach

Is iad na trí ghalair ainsealacha is coitianta in Éirinn ná ailse, galar cardashoithíoch agus galar riospráide. Baineann trí cheathrú na mbásanna in Éirinn leis na galair seo. Meastar go bhfuil galar ainsealach amháin nó níos mó ag níos mó ná 1.07m duine os cionn 18 mbliana d'aois faoi láthair.

De réir mar a mhéadaíonn galar ainsealach le haois, breathnaítear an leitheadúlacht is airde sa daonra 50 bliain d'aois agus níos sine. Meastar go dtiocfaidh méadú 40% ar líon na ndaoine sa chohórt aoise seo, a chónaíonn le galar ainsealach amháin nó níos mó, ó leibhéil 2016, go 1.1m in 2030.

Le blianta beaga anuas tá minicíocht ailse arna choigeartú de réir aoise in Éirinn ag laghdú go mall i measc na bhfear agus tá sé seasmhach do mhná. I bhfianaise fhás agus aosú an daonra, má tá an riosca céanna ag daonraí sa todhchaí go ndéanfar ailse a dhiagnóisiú agus atá faoi láthair, bheifí ag súil go mbeadh líon na n-ailsí (seachas ailse nach ailse meileanóma) níos mó ná dhá oiread i measc na bhfear agus beagnach a dhá oiread i measc na mban faoi 2045 (go 43,000 cás san iomlán).

Meastar go méadóidh ualach an néaltraithe freisin, ó thart ar 55,000 duine in 2016 go dtí os cionn 150,000 duine in 2046, méadú beagnach faoi thrí (*Straitéis Náisiúnta Néaltraithe na hÉireann 2014*).



Le blianta beaga anuas tá minicíocht ailse choigeartaithe de réir aoise in Éirinn ag laghdú go mall i measc na bhfear agus tá sé seasmhach i measc na mban – ach meastar go dtiocfaidh méadú faoi dhó ar líon iomlán na ndiagnóisí ailse go 43,000 faoi 2045 mar gheall ar fhás an daonra agus dul in aois



D'fheabhsaigh ráta marthanais cúig bliana d'ailse chíche na mban 15% air idir 1994 agus 2015




B'iad na hailsí nua-dhiagnóisithe is coitianta in Éirinn do na blianta 2013-2015 d'fhir: ailse phróstataigh, cholairiecteach agus scamhóg agus do mhná: cíche, scamhóg agus cholairiecteach. Is é an chéad ailse nua is coitianta eile don dá inscne ná meileanóma

## Grúpaí imeallaithe

I measc na ngrúpaí eitneacha agus mionlaigh laistigh dár ndaonra tá an Lucht Siúil (30,987, CSO, 2016), iarrthóirí tearmainn (5,660 iarratas ar feitheamh, Comhairle Dídeanaithe na hÉireann, 2018) agus iad siúd atá gan dídean (6,696 duine fásta agus 3,752 leanbh, an Roinn Pleanála Tithíochta agus Rialtas Áitiúil, Samhain 2019). Tá daonra measta na Romach idir 4,000 agus 5,000.

Tá riachtanais chasta sláinte ag grúpaí atá eisiata go sóisialta agus tá torthaí sláinte an-lag acu thar raon táscairí amhail galar ainsealach, galracht, básmhaireacht agus sláinte féintuairiscithe. Teastaíonn tacaíocht níos mó ó na daonraí seo thar raon réimsí cúram sláinte.

*Tugann na staitisticí agus na treochtaí seo tuiscint dúinn ar an athrú déimeagrafach agus ar na dúshlán atá romhainn a bhfuil impleachtaí acu maidir le pleanáil agus seachadadh seirbhíse sláinte sa toadhcháil.*



Meastar go dtiocfaidh méadú 40% ar líon na ndaoine atá 50 bliain d'aois agus níos sine, atá ag maireachtáil le **galar ainsealach amháin nó níos mó**, ó leibhéal 2016, go 1.1m in 2030



Meastar go méadóidh **ualach an néaltraithe** ó thart ar 55,000 duine in 2016 go dtí os cionn 150,000 duine in 2046, méadú faoi thrí beagnach

# Rialachas agus Ár nEagraíocht

## Réamhrá

Déantar cur síos sa Tuarascáil Bhliantúil seo ar an méid a cuireadh i gcrích in 2019 chun freastal ar na tosaíochtaí atá leagtha amach inár *Plean Seirbhíse Náisiúnta 2019*. Agus ár riachtanais reachtacha á gcomhlíonadh againn faoin *Acht Sláinte 2004 (arna leasú)*, tuairiscítear an dul chun cinn a rinneadh inár bPleananna Caipitil sa Tuarascáil Bhliantúil seo agus soláthraíonn sí ráitis airgeadais mhionsonraithe don eagraíocht.

## Rialachas

Is í seo an chéad Tuarascáil Bhliantúil a d'ullmhaigh FSS ó athbhunaíodh Bord seachtrach neamhfheidhmiúcháin don eagraíocht faoin *Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2019* a thosaigh ar an 28 Meitheamh 2019. Le linn na tréimhse 1 Eanáir go 27 Meitheamh ba í Stiúrthóireacht FSS comhlacht rialaithe FSS faoin *Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2013*, agus an tArd-Stiúrthóir cuntasach don Aire Sláinte.

Ón 28 Meitheamh, is é an Bord comhlacht rialaithe FSS agus tá sé cuntasach don Aire Sláinte as a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Tá an POF cuntasach don Bhord agus tuairiscíonn sé chuige agus tá sé freagrach as riarachán agus gnó FSS a bhainistiú agus a rialú go ginearálta. Feidhmíonn FSS raon leathan feidhmeanna reachtúla a bhféadfadh impleachtaí suntasacha a bheith acu do dhaoine aonair agus don phobal i gcoitinne.

Faoin *Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) de 2019*, is féidir leis an Aire Sláinte treoracha a eisiúint chuig FSS maidir le beartais agus cuspóirí an Aire agus an rialtais a chur i bhfeidhm, agus tosaíochtaí a chinneadh nach mór do FSS aird a thabhairt orthu agus a Plean Seirbhíse á hullmhú. Caithfidh FSS cloí le treoracha arna n-eisiúint ag an Aire Sláinte.

Ag teacht le cur i bhfeidhm mholtaí Sláintecare maidir le rialachas, ba chéim thábhachtach é bunú Bord neamhspleách chun socruithe rialachais a nuachóiriú agus a neartú agus athchóiriú a chothú.

## Ballraíocht an Bhoird [amhail an 31 Nollaig 2019]



### An tUas. Ciarán Devane – Cathaoirleach

Ceaptha: ar an 28 Meitheamh 2019

Tionacht: 5 bliana

Príomhfheidhmeannach Chomhairle na Breataine. Comhalta de Bhord NHS Shasana ó 2012-2015 agus bhí sé ina Phríomhfheidhmeannach ar charthanas sláinte sa RA, Macmillan Cancer Support.

### An tOllamh Deirdre Madden – Leas-Chathaoirleach

Ceaptha: ar an 28 Meitheamh 2019

Tionacht: 5 bliana

Ollamh le Dlí i gColáiste na hOllscoile, Corcaigh (UCC) le speisialtóireacht i ndlí agus eitic cúram sláinte. Bhí sí ina cathaoirleach ar an gCoimisiún um Shábháilteacht Othar agus Dearbhú Cáilíochta agus tá taithí fhairsing aici ar chúram sláinte agus ar rialáil ghairmiúil.



### An tUas. Fergus Finlay

Ceaptha: ar an 28 Meitheamh 2019

Tionacht: 5 bliana

POF Barnardos ar scor. Iar-chomhairleoir Rialtais agus polaitiúil. Cathaoirleach Bhord Athghiniúna Theach an Charnáin agus Comhalta den Údarás Rialála Carthanas. Gníomhaí míchumais ar feadh an tsaoil. Údar agus colúnaí.



**An tUas. Tim Hynes**

Ceaptha: ar an 28 Meitheamh 2019

Tionacht: 3 bliana

Príomhoifigeach Faisnéise Grúpa do Bhanc-Aontas Éireann. Tá Máistreacht aige i gCeannaireacht Feidhmiúcháin ó Ollscoil Uladh, stiúrthóir bainc cáilithe, agus Comhalta de Chumann Ríomhaireachta na hÉireann.

**An tUas. Brendan Lenihan**

Ceaptha: ar an 28 Meitheamh 2019

Tionacht: 5 bliana

Stiúrthóir Bainistíochta Navigo Consulting agus iar-Uachtarán ar Institiúid na gCuntasóirí Cairte in Éirinn. Stiúrthóir Neamhfheidhmiúcháin Bus Éireann. Cathaoirleach Good Shepherd Corcaigh. Iontaobhaí agus Cathaoirleach an Choiste Iniúchta agus Riosca Teach Pieta go dtí Eanáir 2020. Tá céim Bhaitsiléara sa Tráchtáil aige ó UCC, Diplóma larchéime i gCuntasaíocht Ghairmiúil ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath (UCD), Comhalta de Chuntasóirí Cairte na hÉireann. Tá Diplóma Gairmiúil i Rialachas Corparáideach aige ó Scoil Ghnó Smurfit UCD agus ball den Institiúid Stiúrthóirí.

**An Dr Sarah McLoughlin**

Ceaptha: ar an 28 Meitheamh 2019

Tionacht: 5 bliana

Abhcóide Othar, Oifigeach Eolaíochta agus Cumarsáide ag Retina International agus glacann sí páirt i dtionscnaimh othar, cliniciúla agus taighde i réimsí tras-ghalair in Éirinn. Céimí den chéad 'Chlár um Oideachas Othar i Nuálaíocht Sláinte' in Éirinn le hArdán na hÉireann d'Eagraíochtaí Othar, Eolaíocht agus Tionscal.

**An tUas. Mark Molloy**

Ceaptha: ar an 28 Meitheamh 2019

Tionacht: 3 bliana

Suirbhéir Caimníochta de réir gairme. Tar éis bhás ineachanta a mhic naíonda in 2012, tá sé ar thús cadhnaíochta ag iarraidh feabhsúcháin a dhéanamh ar shábháilteacht, ar thorthaí agus ar eispéiris othar ar fud gach speictrim den soláthar cúraim sláinte in Éirinn. D'éirigh Mark as Bord FSS an 7 Eanáir 2020.

**An tUas. Aogán Ó Fearghail**

Ceaptha: ar an 28 Meitheamh 2019

Tionacht: 3 bliana

Teagascóir Socrúcháin Scoile le hOllscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU). Uachtarán Chumann Lúthchleas Gael ó 2015 go 2018. Iar-Phríomhoide Scoile. Tá céim Bhaitsiléara san Oideachas aige ó Choláiste Phádraig/DCU, Diplóma sa Dlí agus Oideachas agus Máistreacht i mBainistíocht Oideachais ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath (TCD).

**An tOllamh Fergus O'Kelly**

Ceaptha: ar an 28 Meitheamh 2019

Tionacht: 5 bliana

Lia Teaghlaigh ar scor. Aitheanta mar dhuine mór le rá i bhforbairt an Leighis Teaghlaigh in Éirinn, ag obair mar Oiliúnóir, ansin mar Stiúrthóir Cúnta ar an gclár oiliúna TCD/FSS, agus mar Stiúrthóir an chláir ar feadh 18 mbliana. Iar-Uachtarán ar Choláiste Dochtúirí Teaghlaigh na hÉireann (ICGP) agus ball de Bhord Rialaithe ICGP ó 2014 go 2017. Bhunaigh sé na chéad seirbhísí comharchumainn DG Lasmuigh de Ghnáthuairéanta in Éirinn agus bhain sé amach Gradam Fiona Bradley, ag aithint a thiomantais freastal ar phobail leochaileacha agus díothacha Bhaile Átha Cliath.



**An tUas. Fiona Ross**

Ceaptha: ar an 28 Meitheamh 2019

Tionacht: 5 bliana

Cathaoirleach Chóras Iompair Éireann (CIÉ). Bhí sí ar roinnt Bord in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe. Iar-Stiúrthóir/POF na Leabharlainne Náisiúnta. Faoi láthair tá sí ina cathaoirleach ar Mental Health Ireland agus bíonn sí ag léachtóireacht ar rialachas ag Foras Bainistíochta na hÉireann.

**An Dr. Yvonne Traynor**

Ceaptha: ar an 28 Meitheamh 2019

Tionacht: 3 bliana

Leas-Uachtarán Gnóthaí Rialála agus Eolaíochta le Kerry Group. Stiúrthóir Cairte agus ról mar Chathaoirleach ar Choiste Iniúchta, Riosca agus Comhlíonta Sheirbhís Fuilistriúcháin na hÉireann. Tá PhD sa Cheimic aici ó TCD, Diplóma Deimhnithe i gCuntasaíocht agus Airgeadas agus MSc i gCeannaireacht Feidhmiúcháin.

**Ról Bhord FSS**

De réir an *Achta Sláinte 2004* (arna leasú) tá na príomhfheidhmeanna seo a leanas ag an mBord:

1. Is é an Bord comhlacht rialaithe na Feidhmeannachta le húdarás, in ainm na Feidhmeannachta, feidhmeanna na Feidhmeannachta a chomhlíonadh.
2. Ceanglaítear air féin a shásamh go bhfuil córais, nósanna imeachta agus cleachtais iomchuí i bhfeidhm:
  - (i) cuspóirí FSS a bhaint amach
  - (ii) maidir le feidhmíocht inmheánach agus cuntasacht i leith FSS:
    - (a) a fheidhmeanna a chomhlíonadh
    - (b) a chuspóirí a bhaint amach de réir an phlean chorparáidigh
  - (iii) chun comhlíonadh leis na beartais (cibé acu an bhfuil siad leagtha amach i gcóid, treoirlínte nó i ndoiciméid eile, nó in aon teaghlaim díobh) de chuid an Rialtais nó Aire Rialtais a chumasú a mhéid a d'fhéadfadh tionchar a bheith ag na beartais sin ar fheidhmeanna na Feidhmeannachta.
3. Tá sé riachtanach chun socruithe a bhunú agus a chur i bhfeidhm chun feidhmíocht an POF a bhainistiú.

Tá an Bord cuntasach don Aire as a fheidhmeanna thuas a chomhlíonadh agus cuirfidh sé an tAire ar an eolas i scríbhinn faoi aon ábhar a mheasann sé a éilíonn aird an Aire. Foin *gCód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)*, tá an Bord freagrach i dteannta a chéile as gníomhaíochtaí FSS a threorú agus a stiúradh laistigh de chreat rialuithe stuama agus éifeachtacha a chinntíonn gur féidir riosca a mheas agus a bhainistiú. Ceanglaítear ar an mBord gníomhú ar bhonn eolasach eiticíúil iomlán, de mheon macánta, le dícheall agus cúram cuí, agus ar mhaithe le leas an chomhlachta Stáit, agus aird chuí á tabhairt aige ar a fhreagrachtaí dlíthiúla agus ar na cuspóirí atá leagtha síos ag an Rialtas.

Tá an Bord freagrach as an bPOF agus as an mbainistíocht shinsearach a thabhairt chun cuntais as comhlíonadh éifeachtach a bhfreagrachtaí. Tá sé de fhreagracht ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ar a fhoireann bainistíochta sinsearaí a chinntiú go gcuirtear an fhaisnéis uile is gá ar fáil don Bhord chun a chumasú dó a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Caithfidh an POF dearbhú a thabhairt don Bhord freisin go bhfuil na feidhmeanna a tharmlig sé chuige á gcomhlíonadh go cuí.

**Feidhmeanna a Tharmligean**

Aithnítear sa reachtaíocht nach bhféadfadh an Bord ná an POF na feidhmeanna seo go léir a fheidhmiú go pearsanta agus déantar foráil ann do chóras tarmligin foirmiúil faoi ailt 16C agus 16H den *Acht Sláinte 2004* (arna leasú). Sa Chreat Beartais Toscaireachtaí seo leagtar amach an creat agus na treoirlínte beartais tacaíochta atá mar bhonn agus taca le dea-rialachas maidir leis an gcóras tarmligthe feidhmeanna reachtúla ar fud FSS. De bharr seo is féidir na feidhmeanna seo a chomhlíonadh ar bhonn oibríochta tríd an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin agus an Fhoireann Ceannaireachta Sinsearach agus a struchtúir tacaíochta laistigh den eagraíocht.

**Coistí**

Tá ceithre Choiste bunaithe ag an mBord d'fhonn cúnaimh agus comhairle a sholáthar dó maidir le comhlíonadh a fheidhmeanna. Gníomhaíonn trí cinn de Choistí an Bhoird i gcáil chomhairleach agus níl aon fheidhm feidhmiúcháin acu. Tá roinnt feidhmeanna ar leith ag an gCoiste Iniúchóireachta agus Riosca, agus tá bunús reachtach leo siúd a bhaineann le hiniúchadh.

Déantar foráil san *Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2019* do bhunú Coiste Iniúcháireachta agus aon Choistí eile a mheasann an Bord a bheith riachtanach chun cúnamh agus comhairle a sholáthar maidir le comhlíonadh fheidhmeanna an Bhoird.

Is iad seo a leanas Coistí an Bhoird:

- Coiste Iniúcháireachta agus Riosca
- Coiste Daoine agus Cultúir
- Coiste Feidhmíochta agus Seachadta
- Coiste Sábháilteachta agus Cáilíochta.

## Feidhmeanna na gCoistí

### An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Déantar an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca a bhunú agus a chothabháil de réir alt 40H den *Acht Sláinte 2004* (arna leasú) le halt 23 den *Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2019*. Aithnítear sa reachtaíocht go bhfuil ról ag an gCoiste Iniúcháireachta maoirseacht agus comhairle a sholáthar ar bhainistíocht riosca. Dá bhrí sin, leathnaíodh a theideal chuig an 'Coiste Iniúcháireachta agus Riosca' chun nádúr iomlán a shainchúraim a léiriú.

Ceanglaíonn an reachtaíocht ar bhallraíocht an Choiste a bheith comhdhéanta de thriúr ball den Bhord ar a laghad agus ceathrar eile ar a laghad a bhfuil na scileanna agus an taithí ábhartha acu, dar leis an mBord, chun feidhmeanna an choiste a chomhlíonadh, a mbeidh duine amháin ar a laghad le cáilíocht ghairmiúil i gcuntasaíocht nó in iniúchadh.

Faoin reachtaíocht reatha éilítear ar an gCoiste:

- Comhairle a thabhairt don Bhord agus don POF ar ábhair airgeadais a bhaineann lena fheidhm
- Tuairiscíú i scríbhinn uair amháin gach bliain ar a laghad don Bhord agus don POF ar na hábhair sin agus ar ghníomhaíochtaí an Choiste an bhliain roimhe sin agus cóip den tuarascáil sin a sholáthar don Aire.

Cuimsíonn feidhmeanna an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca raon cúrsaí airgeadais, reachtúla, comhlíonta agus rialachais mar atá leagtha amach sa reachtaíocht.

### Coiste Daoine agus Cultúir

Is é ról an Choiste Daoine agus Cultúir feabhas a chur ar an timpeallacht a thacaíonn comhaltaí foirne na seirbhíse sláinte d'fhonn an tallann a fhosú agus cumas ceannaireachta daoine aonair agus comhaltaí foirne atá ag obair le chéile a chothú chun an cultúr atá ag teastáil a thiomáint ar fud na seirbhíse sláinte chun cúram sláinte níos sábháilte a sholáthar.

Agus a ról á bhaint amach aige, soláthróidh an Coiste maoirseacht straitéiseach agus comhairle ar ábhair chun tacú le huailmhian na Straitéise Daoine 2019-2024 na daoine cearta a bheith acu, leis na scileanna cearta, san áit cheart agus ag an am ceart.

Níl an Coiste freagrach as aon fheidhmeanna feidhmiúcháin agus níl sé dílsithe d'aon chumhachtaí feidhmiúcháin. Maidir lena dhualgais agus a fheidhmeanna, comhlíonann sé ról comhairleach agus tacaíochta amháin.

### An Coiste Feidhmíochta agus Seachadta

Is é ról an Choiste Feidhmíochta agus Seachadta comhairle a thabhairt don Bhord ar gach ábhar a bhaineann le feidhmíocht laistigh den tseirbhís sláinte lena chinntiú go ndéantar feidhmíocht den sórt sin a bharrfheabhsú ar fud gach réimse ábhartha den scórchárta cothromaithe comhaontaithe chun eispéireas níos fearr a chinntiú d'othair agus d'úsáideoirí seirbhíse.

Agus a ról á bhaint amach aige, soláthraíonn an Coiste maoirseacht straitéiseach agus comhairle ar ábhair a bhaineann le planáil, forbairt agus monatóireacht ar phleananna ábhartha lena chinntiú go bhfuil cuspóirí an Bhoird á gcomhlíonadh acu.

Tá aird dírithe ar na príomhréimsí a bhaineann le gnóthachtáil, feabhsú agus foghlaim feidhmíochta i gcomhthéacs creata cuntasachta iomchuí agus cur chuige incriminteach chun scórchárta cuimsitheach a fhorbairt.

### An Coiste Sábháilteachta agus Cáilíochta

I bhfianaise phróifíl agus nádúr na seirbhísí a sholáthraíonn FSS, chinn an Bord Coiste ar leith a bhunú chun díriú ar na gnéithe cliniciúla de sholáthar cúraim sláinte agus sóisialta pearsanta. Dá réir sin, bhunaigh sé Coiste Sábháilteachta agus Cáilíochta.

Cuimsíonn raon feidhme údarás an Choiste gach gné de shábháilteacht agus de cháilíocht laistigh den tseirbhís sláinte poiblí. Is é ról an Choiste maoirseacht straitéiseach agus comhairle a sholáthar maidir leis an méid seo a leanas:

- An Creat Sábháilteachta Othar agus Úsáideoirí Seirbhíse
- An Creat Dearbhaithe Cáilíochta
- Creat Feabhsúcháin Cáilíochta FSS.

Níl an Coiste freagrach as aon fheidhmeanna feidhmiúcháin agus níl sé dílsithe d'aon chumhachtaí feidhmiúcháin. Maidir lena dhualgais agus a fheidhmeanna, comhlíonann sé ról comhairleach agus tacaíochta amháin. Tuairiscíonn Cathaoirleach an Phainéil Náisiúnta Athbhreithnithe Neamhspleách do Chathaoirleach an Choiste.

Faoin *Acht Sláinte 2004* (arna leasú), éilítear ar FSS Cód Rialachais a fhorbairt chun na príonsabail agus na cleachtais a bhaineann le dea-rialachas a leagan amach. Eisíodh an Cód reatha in 2015 agus i rith na bliana cuireadh tús le hobair ar Chód Rialachais athbhreithnithe a thabharfar chun críche in 2020. Léiríonn an Ráiteas ar Rialú Inmheánach i gCuid II Rialachas Airgeadais na Tuarascála Bliantúla seo ár gcomhlíonadh le riachtanais an *Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit (2016)*.

Neartaíonn an *tAcht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2019* maoirseacht agus feidhmíocht neamhspleách FSS. Is céim thábhachtach é bunú an Bhoird chun socruithe rialachais a fheabhsú agus is tosaíocht é i gcur i bhfeidhm *Sláintecare*. Tá an Cathaoirleach agus an Bord ag obair go dlúth leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus le FBF lena chinntiú go n-oibríonn an eagraíocht go héifeachtach chomh maith le freagairt go héifeachtúil agus go táirgiúil do raon riachtanas nua rialachais a eascraíonn as na socruithe nua seo.

## Ballraíocht ar an bhFoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin [amhail an 31 Nollaig 2019]



### An tUas. Paul Reid

An Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

Ceapadh Paul Reid ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin de FSS ar an 14 Bealtaine 2019. Bhí sé ina POF ar Chomhairle Contae Fhine Gall díreach sular ceapadh é agus, i ról roimhe seo bhí sé i gceannas ar eagraíochtaí móra sna hearnálacha príobháideacha, neamhbhrabúis, rialtais láir agus áitiúil. Bhí ról shinsearacha feidhmiúcháin aige roimhe seo sa Roinn Cateachais agus Athchóirithe Poiblí, Trocáire agus Eir. Tá Céim Mháistreachta aige i Riarachán Gnó ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath agus BA in Acmhainní Daonna agus Caidreamh Tionsclaíoch ó Choláiste Náisiúnta na hÉireann.

### An tUas. Anne O'Connor

Príomhoifigeach Oibríochtaí

Is í Anne O'Connor Príomhoifigeach Oibríochtaí FSS. Tá sí i gceannas ar níos mó ná 100,000 comhalta foirne a sholáthraíonn seirbhísí sláinte ar fud suíomhanna pobail agus ospidéal in Éirinn. Bhí sí i gceannas ar sheirbhísí sláinte in Éirinn ag leibhéal áitiúil agus náisiúnta. Oileadh mar Theiripeoir Saothair í agus d'oibrigh sí sa ról sin.



### An tUas. Stephen Mulvany

Príomhoifigeach Airgeadais

Is é Stephen Mulvany Príomhoifigeach Airgeadais FSS agus tá taithí fhairsing aige i bpleanáil airgeadais, i bpleanáil oibríochta agus i soláthar seirbhísí. Is Cuntasóir Cairte (FCCA) é le Diplóma larchéime i dTeicneolaíocht Faisnéise do Bhainisteoirí agus in 2018 chríochnaigh sé an MSc i gCleachtas Bainistíochta. Tá Teastas agus Diplóma i Stiúradh Cuideachta bainte amach aige freisin.

### An Dr. Colm Henry

Príomhoifigeach Cliniciúil

Is é an Dr. Colm Henry Príomhoifigeach Cliniciúil (CCO) FSS atá freagrach as a chinntiú go ndéantar ionadaíocht ar cheannaireacht chliniciúil ag an leibhéal is sinsearaí de FSS. Sular ceapadh é mar CCO, bhí sé ina Chomhairleoir Cliniciúil Náisiúnta agus ina Cheannaire Grúpa d'Ospidéal Ghéarmhíochaine i bhFSS agus, roimhe seo, bhí sé ina Cheannaire Náisiúnta ar Chlár na Stiúrtóirí Cliniciúla i bhFSS. Ceapadh é ina gheiriatraí comhairleach in Ospidéal Ollscoile na Trócaire i gCorcaigh in 2002 agus bhí sé ina Stiúrtóir Cliniciúil ar an ospidéal ó 2009 go 2012.



### An tUas. Dean Sullivan

Príomhoifigeach Straitéise

Is é Dean Sullivan Príomhoifigeach Straitéise FSS, i gceannas ar phróiseas forbartha straitéise, pleanála agus athchóirithe FSS ar fud an chórais sláinte agus cúraim shóisialta. Tá 30 bliain taithí aige sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha, lena n-áirítear ról shinsearacha i mBord Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh Thuaisceart Éireann agus RS, agus le PA Consulting agus Price Waterhouse. Is cuntasóir cáilithe é (CIPFA) agus tá Teastas agus Diplóma Institiúid na Stiúrtóirí i Stiúradh Cuideachta bainte amach aige freisin.

### An tUas. Anne Marie Hoey

Stiúrtóir Náisiúnta, Acmhainní Daonna

Is í Anne Marie Hoey Stiúrtóir Náisiúnta Acmhainní Daonna FSS. Tá breis agus 30 bliain taithí aici i seirbhís sláinte na hÉireann, agus tá roinnt ról bainistíochta sinsearaí aici, lena n-áirítear clár athraithe a threorú thar roinnt aonad laistigh den tSeirbhís Aisiócaíochta Cúraim Phríomhúil. Cuimsíonn a fócas bainistíocht straitéiseach agus oibríochtaí, bainistíocht athraithe agus bainistíocht daoine.





### An tUas. Fran Thompson

Príomhoifigeach Faisnéise

Is é Fran Thompson Príomhoifigeach Faisnéise FSS agus POF r-Shláinte Éireann a chumasaíonn claochlú digiteach ar sheirbhís sláinte na hÉireann. Le breis agus 25 bliain de thaithí ceannaireachta TFC sláinte, tríd an dá ról, tá sé dírithe go háirithe ar chlaochlú digiteach a uasmhéadú laistigh den earnáil sláinte.

### An Dr Paul Connors

Stiúrthóir Náisiúnta, Cumarsáid

Is é an Dr Paul Connors Stiúrthóir Náisiúnta Cumarsáide FSS. Tá sé i gceannas ar fhoireann de thart ar 60 gairmí cumarsáide a chomhordaíonn agus a bhainistíonn raon leathan aschur cumarsáide don eagraíocht. Bhain sé amach bunchéim sa Ghnó i gColáiste na hOllscoile, Gaillimh. Ina dhiaidh sin bhain sé amach Máistreacht sa Chumarsáid ó Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Chríochnaigh sé PhD i gCumarsáid Straitéiseach Mórreigeandála in 2009 agus glaodh chun an Bharra air freisin.



### An Dr Geraldine Smith

Stiúrthóir Náisiúnta, Iniúchadh Inmheánach

Is í an Dr Geraldine Smith Stiúrthóir Náisiúnta Iniúchta Inmheánaigh FSS. Tá sí ina cathaoirleach freisin ar Choiste Iniúcháireachta roinn rialtais láir. Cuimsíonn a cuid taithí a bheith ag obair mar Stiúrthóir Náisiúnta Cúnta Iniúcháireachta Inmheánaí le FSS, Stiúrthóir Iniúchta le hÚdarás Sláinte Réigiúnach an Oirthir agus Iniúchóir Sinsearach le hOifig an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste. Is Comhalta í de Chumann na gCuntasóirí Deimhniúcháir Cairte agus Iniúchóir Inmheánach Cairte agus tá PhD sa Rialachas agus Máistreacht aici i mBainistíocht Phoiblí. Tá Diplóma Gairmiúil aici i Rialachas Corparáideach ó Scoil Ghnó Smurfit UCD.

### An tUas. John Kelly

Ceann Gnóthaí Corparáideacha

Is é John Kelly Ceann Gnóthaí Corparáideacha FSS. Is aturnaí cáilithe é agus d'oibrigh sé do cheann de na gnócháil dlí is mó sa tír ina ndearna sé speisialtóireacht ar an dlí riaracháin phoiblí, ar an dlí fostaíochta, agus ar an dlí cúram sláinte. Sular thosaigh sé ag obair mar aturnaí d'oibrigh sé mar bhainisteoir sinsearach cúram sláinte.



## Bainistíocht Riosca

Is é ár bpríomhthosaíocht seirbhísí sábháilte agus ardchaighdeán a sholáthar d'othair, d'úsáideoirí seirbhíse agus don phobal. Gineann comhpháirtíochtaí réadacha bríochá idir othair agus iad siúd atá ag obair ar gach leibhéal den tseirbhís sláinte fíis chomhroinnta maidir le seirbhís sláinte atruach, ceann a fhoghlaimíonn nuair a théann rudaí mícheart, a fhreagraíonn dá réir agus a laghdaíonn dochar dóibh siúd a thugann a saol agus a gcúram dúinn.

Beidh tionchar ag rioscaí maidir le cúram sláinte a sholáthar ar othair agus orthu siúd a úsáideann ár seirbhísí sa deireadh agus is é seo a threoraíonn ár gcur chuige foriomlán i leith bainistíocht riosca mar a thuairiscítear thíos.

### 1. Bainistíocht Riosca i bhFSS

Is í FSS an eagraíocht is mó san earnáil phoiblí in Éirinn a chuimsíonn thart ar aon trian den chaiteachas poiblí go léir, a fhostaíonn aon trian d'fhórsa saothair na hearnála poiblí agus a mbíonn trian den daonra ag teacht ar a seirbhísí gach bliain. Is gné riachtanach de dhea-rialachas corparáideach bainistíocht éifeachtach riosca mar go gcuidíonn sé le tosaíochtaí a chinneadh agus cuspóirí a leagan síos, anailís a dhéanamh ar neamhchinnteachtaí laistigh de shocruithe cinnteoireachta, cuntasacht a shoiléiriú agus a thaispeáint gurb é is fearr a fhreastalaíonn ar leas an phobail.

Is é beartas FSS riosca a bhainistiú ar bhonn comhtháite. Ciallaíonn sé seo go n-áiríonn sé gach riosca maidir le próis bhainistíochta nó soláthair seirbhíse. Is éard atá i gceist leis ná rioscaí a bhagraíonn cuspóirí a réamh-mheas agus gníomhaíochtaí a chur i bhfeidhm a laghdaíonn rioscaí go leibhéal inghlactha, a mhéid is féidir.

## 2. Róil agus Freagrachtaí Bainistíochta Riosca

### Bord

Tá comhfhreagracht ar an mBord as gníomhaíochtaí FSS a threorú agus a stiúradh lena n-áirítear maoirseacht a dhéanamh ar an mBeartas Bainistíochta Riosca Comhtháite, an creat bainistíochta riosca a cheadú agus monatóireacht a dhéanamh ar a éifeachtúlacht.

### An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca agus Coistí eile an Bhoird

Soláthraíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca thar ceann an Bhoird maoirseacht agus comhairle fhoriomlán ar oibriú Bheartas Bainistíochta Riosca FSS agus gníomhaíochtaí gaolmhara laistigh d'fheidhm na bainistíochta riosca. Oibríonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca go dlúth le Coistí Boird eile chun an fheidhm maoirseachta seo a chomhlíonadh.

### Freagrachtaí Feidhmiúcháin

Cé go bhfuil gach comhalta foirne freagrach as riosca a aithint, a chur in iúl agus a bhainistiú i gcomhthéacs a gcuid oibre, tá bainistíocht riosca ina fhreagracht bainistíochta líne. Tugann Beartas Comhtháite Bainistíochta Riosca FSS breac-chuntas ar na róil agus na freagrachtaí as riosca a bhainistiú. Tá feidhm ag an mBeartas agus na próisis a ghabhann leis ar fud FSS agus na ngníomhaireachtaí atá maoinithe ag FSS.

Éilíonn an Beartas ar gach foireann náisiúnta imlíne shoiléir a thabhairt ar na socrúithe rialachais maidir le bainistíocht riosca, lena n-áirítear an próiseas chun riosca a chur in iúl agus gníomhaíochtaí a ardú go dtí an chéad leibhéal eile sa struchtúr cuntasachta. Tá socrúithe i bhfeidhm ag foirne náisiúnta oibríochtaí pobail agus géarmhíochaine chun maoirseacht a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar riosca a bhainistiú agus a mhonatóiriú ar fud ECSPanna, Grúpaí Ospidéal, agus sa tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna. Tá socrúithe i bhfeidhm ag feidhmeanna náisiúnta eile chun maoirseacht a dhéanamh ar an gcaoi a ndéantar riosca a bhainistiú agus a mhonatóiriú laistigh dá réimsí freagrachta (m.sh. Príomhoifigeach Airgeadais, Acmhainní Daonna Náisiúnta, Príomhoifigeach Faisnéise, Seirbhísí Gnó Sláinte (SGS), Iniúchadh Inmheánach, An tSeirbhís Scagtha Náisiúnta, srl). Maidir le seirbhísí arna maoiniú ag FSS, leagtar amach ceanglais maidir le riosca a bhainistiú agus monatóireacht a dhéanamh orthu sna comhaontuithe seirbhíse ábhartha idir FSS agus gníomhaireachtaí aonair.

## 3. Athbhreithniú ar an gCur Chuige Eagrúcháin i leith Bainistíocht Riosca

Ba phríomhspreagthaí iad athruithe in 2019 ar struchtúr eagrúcháin FSS ar leibhéal corparáideach mar aon le ceapadh Bhord FSS maidir le cinneadh FSS athbhreithniú a dhéanamh ar bhainistíocht riosca. Tháinig an cinneadh seo i gcomhthráth le foilsiú an Fhiosrúcháin Scoipe ar an gClár Scagthástála CervicalCheck 2018 a mhol go 'mba cheart go n-áireofaí le cur i bhfeidhm socrúithe nua rialachais FSS athbhreithniú substaintiúil ar chur chuige na heagraíochtaí leith bainistíocht riosca agus a thuairisciú'.

Aithníodh san athbhreithniú ar chur chuige FSS i leith bainistíocht riosca, cé go raibh dul chun cinn suntasach déanta, go raibh dúshlán fós ann maidir le bainistíocht riosca a chur i bhfeidhm agus a leabú ar bhealach a chomhtháthaíonn rialachas corparáideach agus cliniciúil ar fud na seirbhíse sláinte. Ghlac Bord FSS leis an tuarascáil athbhreithnithe agus a mholtaí ag a chruinniú i mí Mheán Fómhair 2019. Áiríodh i moltaí an athbhreithnithe an gá atá le FSS:

- Cur chuige um Bainistíocht Riosca Fiontair (BRF) a ghlacadh
- Clár BRF a bhunú
- Príomhoifigeach Riosca tiomnaithe a cheapadh.

Is athrú suntasach é cur chuige BRF a thabhairt isteach, agus beidh gá le próiseas athraithe struchtúrtha le hacmhainní cearta chun a rath a chinntiú. Chinntigh an Bord soláthar buiséid chun na socrúithe nua seo a bhunú mar chuid den PSN 2020.

Cuireadh tús le cur i bhfeidhm mholtaí an athbhreithnithe le:

- Athbhreithniú cuimsitheach le déanamh ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus FBF i mí Dheireadh Fómhair 2019 ar na rioscaí don Chlár Riosca Corparáideach FBF (féach thíos), agus
- Tionscnamh an phróisis chun Príomhoifigeach Riosca a earcú.

Leanfar le cur chun feidhme na moltaí eile atá leagtha amach sa tuarascáil athbhreithnithe le linn 2020.

## 4. Rioscaí Corparáideacha

Is príomhcháipéis eagrúcháin é an Clár Riosca Corparáideach a ligeann don Bhord agus don FBF freagairt FSS ar riosca a athbhreithniú agus a mheas. Mar a luadh thuas, sanntar gach ceann de na rioscaí ar an gClár Riosca Corparáideach do cheann de cheithre choiste an Bhoird. Is iad na coistí sin, in éineacht le baill ábhartha na Feidhmeannachta, a dhéanann grinnscrúdú ar na rioscaí agus na pleananna gníomhaíochta a ghabhann leo. Le linn 2019 ghlac an eagraíocht roinnt beart chun rioscaí corparáideacha aitheanta a mhaolú. I mí Dheireadh Fómhair 2019 chuir an POF tús le próiseas leis an FBF chun athbhreithniú cuimsitheach a dhéanamh ar na rioscaí go léir ar an gClár Riosca Corparáideach lena chinntiú go n-aithneodh an Clár gach ceann de na rioscaí is suntasaí atá os comhair na heagraíochta, mar aon le gníomhartha maolaitheacha gaolmhara. Maidir le gach riosca, rinneadh measúnú ar thionchar agus dóchúlacht chun 'scór riosca' foriomlán a thabhairt. Cuireadh an próiseas athbhreithnithe seo i gcrích go suntasach in 2019 agus sainaitníodh an méid seo a leanas mar na rioscaí is airde a bhí roimh an eagraíocht ag an am sin:

Ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte agus frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach		
Cad é an riosca?	Cad a spreagann an riosca?	Conas atá an riosca á bhainistiú againn?
D'fhéadfadh othair a bheith níos breoite mar thoradh ar ionfhabhtuithe a bhaineann le cúram sláinte (HCAIanna) agus frithsheasmhacht in aghaidh ábhar frithmhiocróbach (AMR), ag cur éilimh bhreise ar acmhainn na seirbhíse sláinte i gcás AMR na rioscaí fadtéarmacha d'inhuanaitheacht seirbhísí cúram sláinte.	A éasca agus a scaiptear miocroorgánaigh i suíomhanna cúram sláinte san ospidéal agus sa phobal.	<ul style="list-style-type: none"> <li>Faireachas feabhsaithe</li> <li>Cur i bhfeidhm <i>Plean Gníomhaíochta Náisiúnta na hÉireann maidir le Frithsheasmhacht in aghaidh ábhar Frithmhiocróbach 2017-2020</i> (iNAP) agus Plean Forfheidhmithe FSS 2019-2020 maidir le Frithsheasmhacht in aghaidh ábhar Frithmhiocróbach agus Rialú Ionfhabhtaithe</li> <li>Maoirseacht náisiúnta ar Chlár AMR HCAI</li> <li>Infheistiocht i gcosc agus rialú breise ionfhabhtaithe, faireachais agus foirne maoirseachta frithmhiocróbach agus cumarsáid</li> <li>Scagadh méadaithe le haghaidh faireachas feabhsaithe Enterobacterale a Tháirgeann Carbaipeineamáis (CPE).</li> </ul>
Éileamh cumais agus rochtana		
Cad é an riosca?	Cad a spreagann an riosca?	Conas atá an riosca á bhainistiú againn?
D'fhéadfadh laghdú ar cháilíocht an chúraim d'othair agus mainneachtain arís agus arís eile caighdeán chúraim a bhaint amach a bheith mar thoradh ar bhrúnna déimeagrafacha, rátaí arda áitíochta i seirbhísí géarmhíochaine ospidéal agus gan dóthain acmhainne ar fud na seirbhísí pobail agus géarmhíochaine.	Féadann aon éileamh marthanach nó eisceachtúil ar éileamh ar sheirbhísí, mar shampla i rith thréimhse an gheimhridh, infhaighteacht seirbhísí a laghdú.	<ul style="list-style-type: none"> <li>Leapacha ospidéil ghéarmhíochaine agus seirbhísí cúram baile breise a sholáthar mar chuid den Phlean Geimhridh</li> <li>Foireann bhreise a earcú i suíomhanna pobail agus ospidéal</li> <li>Bainistiocht galar ainsealach a neartú sa phobal</li> <li>Ag obair leis an gCiste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (NTPF) chun acmhainn bhreise a sholáthar do chúram pianáilte agus neamhphleanáilte in ospidéal ghéarmhíochaine.</li> </ul>
Fórsa saothair míochaine agus cliniciúil		
Cad é an riosca?	Cad a spreagann an riosca?	Conas atá an riosca á bhainistiú againn?
Mura bhfuil líon leordhóthanach foirne criticiúla againn, go háirithe foireann chliniciúil, a bhfuil na scileanna agus na cáilíochtaí gairmiúla riachtanacha acu, féadfaidh sé dul i bhfeidhm ar ár gcumas seirbhísí sábháilte agus éifeachtacha a chinntiú.	Braitheann sé go mór ar chomhaltaí foirne gníomhaireachta agus tugann sé dúshlán gráid lucht saothair míochaine, cliniciúla agus criticiúla eile a earcú agus a choinneáil lena n-áirítear comhairleoirí a fhostú nach bhfuil ar chlár na rannán speisialtóirí (SDR).	<ul style="list-style-type: none"> <li>Aonad Pleanála an Fhórsa Saothair a bhunú</li> <li>Múnlaí nua cúraim a fhorbairt</li> <li>Athbhreithniú ar an bpróiseas earcaíochta reatha</li> <li>Straitéis phleanála an fhórsa saothair agus dréachtstraitéis Éileamh ar Chomhairleoirí Leighis agus Speisialtóirí go 2028</li> <li>Tacaíocht bhreise AD do phríomhthosaíochtaí pleanála fórsa saothair straitéiseach</li> <li>Socrúithe rialachais chliniciúil do chomhairleoirí nach comhairleoirí SDR iad.</li> </ul>

Seirbhísí míchumais		
Cad é an riosca?	Cad a spreagann an riosca?	Conas atá an riosca á bhainistiú againn?
Is féidir leis an mbealach a eagraítear agus a gcuirtear acmhainní ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas faoi láthair tionchar a imirt ar ár gcumas cúram iomchuí, sábháilte agus ardchaighdeán a chinntiú.	Moill ar aistriú chuig munlaí nua a theastaíonn chun aghaidh a thabhairt ar riachtanas atá ag méadú agus ag athrú.	<ul style="list-style-type: none"> <li>Feidhmíonn coistí socrúcháin cónaithe anois i ngach ECSP chun triáiseáil, agus déanann siad liostaí feithimh agus atreoruithe nua a bhainistiú bunaithe ar riosca</li> <li>Tugadh an próiseas measúnaithe aonair riachtanas isteach chun a chur ar chumas an phróisis socrúcháin chónaithe oibriú níos éifeachtaí agus níos trédhearcaí</li> <li>Tús a chur le hoibriú Líonraí Míchumais Leanaí.</li> </ul>
Bonneagar caipitil agus trealamh criticiúil		
Cad é an riosca?	Cad a spreagann an riosca?	Conas atá an riosca á bhainistiú againn?
Tá rochtain ar sheirbhísí sláinte agus cáilíocht na seirbhísí sláinte ag brath ar a mbonneagar tógtha agus a threalamh speisialaithe.	Bonneagar tógtha neamhleor agus trealamh cliniciúil criticiúil atá ag dul in aois, lena n-áirítear otharcharranna.	<ul style="list-style-type: none"> <li>Tugadh tosaíocht don mhaoiniú caipitil atá ar fáil chun aghaidh a thabhairt ar riosca bonneagair agus cliniciúil</li> <li>Tá clár phleanáilte cothabhála coisctheacha i bhfeidhm do gach bonneagar agus trealamh criticiúil.</li> </ul>
An Breatimeacht		
Cad é an riosca?	Cad a spreagann an riosca?	Conas atá an riosca á bhainistiú againn?
D'fhéadfadh bagairtí ar leanúnachas earraí agus seirbhísí criticiúla a bheith mar thoradh ar an mBreatimeacht a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar othair agus ar úsáideoirí seirbhíse sa deireadh.	Éiginnteacht maidir leis an gcomhaontú deiridh idir an RA agus an AE.	<ul style="list-style-type: none"> <li>Grúpa maoirseachta Breatimeachta FSS agus grúpa stiúrtha i bhfeidhm agus ag teacht le chéile go rialta</li> <li>Cuirtear measúnuithe riosca i gcrích do gach réimse tosaíochta agus plean oibre Breatimeachta i bhfeidhm</li> <li>Comhaontuithe um Sholáthar Seirbhíse sínithe le 21 Ospidéal na RA mar bheart teagmhasach maidir le soláthar reatha seirbhísí d'othair na hÉireann tar éis na Breatimeachta</li> <li>Toilleadh breise stórais i dtradstóras.</li> </ul>

Tá rioscaí eile ar an gClár Riosca Corparáideach leagtha amach thíos:

- Cumraíocht reatha na n-ospidéal
- Cibearshlándaíl
- Athrú a bhainistiú lena n-áirítear athrú cultúir
- Seirbhísí scagtha
- Neamhchomhlíonadh rialála
- Clú eagraíochta
- Forbairt agus cur i bhfeidhm beartas agus reachtaíochta
- Sábháilteacht, sláinte agus folláine na gcomhaltáí foirne
- Bainistíocht feidhmíochta aonair agus cuntasacht
- Córais agus bonneagar Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)
- Córas rialuithe inmheánacha, lena n-áirítear bainistíocht agus tosaíocht ar leithdháileadh acmhainní
- Gníomh tionsclaíoch agus leanúnachas gnó
- Ospidéal na Leanaí
- Gníomhaireachtaí arna maoiniú ag FSS
- COVID-19.

Beidh rioscaí corparáideacha uile FSS agus na gníomhaíochtaí a ghabhann leo faoi réir monatóireachta agus athbhreithnithe leanúnaigh le linn 2020.

## 5. COVID-19

I mí Eanáir 2020, chuir an Fhoireann Bainistíochta Feidhmeannaí (FBF) COVID-19 ar an liosta de phríomhrioscaí do FSS mar chuid den phróiseas bainistíochta riosca agus tharraing sí aird an Bhoird air. Cuireadh tús le gníomhartha maolaithe ag an am sin. An 11 Márta 2020, dhearbhaigh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte go raibh COVID-19 ina phaindéim agus thug sí faoi deara na leibhéil scanrúla scaipthe agus déine. Le teacht chun cinn na paindéime seo agus a thionchar ábhartha ar an gcóras sláinte agus ar shaoránaigh, leagtar béim ar cé chomh tapa agus a thagann rioscaí nua chun cinn agus a thagann athrú ar na rioscaí atá ann cheana.

D'ainneoin aitheantas agus freagairt thráthúil FSS don riosca seo, leagann sé béim freisin ar an FBF agus ar an mBord an tábhacht a bhaineann le tosaíocht a thabhairt do phróisis faireachais riosca agus bainistíochta riosca agus iarracht a dhéanamh iad a fheabhsú.



Bhí tionchar mór ag COVID-19 ar FSS, na seirbhísí a sholáthraimid, ár bhfoireann, agus na daonraí a ndéanaimid feastal orthu. Tá sé dosheachanta go dtiocfaidh rioscaí nua chun cinn agus go n-athróidh na rioscaí atá ann cheana. Cinnteoidimid, le linn na géarchéime láithrí agus ina dhiaidh sin, béim leanúnach a chur ar na rioscaí laistigh den Chlár Riosca Corparáideach agus rioscaí eile atá ag teacht chun cinn.

## Ár bhFórsa Saothair

Táimid tiomanta an uaimhian atá leagtha amach i *Sláintecare* a bhaint amach, othair agus úsáideoirí seirbhíse a chur i gcróilár gach rud a dhéanaimid. Agus aitheantas á thabhairt againn don ról riachtanach atá ag ár bhfórsa saothair chun é seo a chomhlíonadh, táimid tiomanta eispéireas eisceachtúil fostaí a sholáthar a ghlacfaidh an tallann agus a chothóidh cumas ceannaireachta gach duine agus foirne. Maidir leis seo, forbraíodh Straitéis Daoine nua in 2019.

### Rannpháirtíocht Foirne

Tosaíocht eagraíochtúil is ea rannpháirtíocht na foirne agus leanfaimid orainn ag dul ar aghaidh chun *Cúram Sláinte* a chur i bhfeidhm agus aghaidh a thabhairt ar chlár oibre athchóirithe na hearnála poiblí. Aithnítear go forleathan go bhféadfaidh baill foirne atá gafa go hiomlán leis an obair, a ndícheall a thabhairt d'othair agus d'úsáideoirí seirbhíse.

- Forbraíodh *Plean Gníomhaíochta um Rannpháirtíocht Foirne Sláinte 2019-2021* mar fhreagairt ar thorthaí a d'eascair as an suirbhé foirne 2018, *Tá do Thuairim Tábhachtach ('Your Opinion Counts')*. Sainmhínear sa phlean rannpháirtíocht na foirne agus leagtar béim ar na buntáistí don fhoireann agus d'othair a bhfuil fórsa saothair gafa acu sa tseirbhís sláinte, ag cur béime air go bhfuil rannpháirtíocht foirne ina chomhpháirt lárnach i bhforbairt polasaithe agus straitéisí.
- Mar fhreagairt ar aiseolas a fuarthas ón suirbhé foirne, *Tá do Thuairim Tábhachtach*, bunaíodh Tascfórsa Fríthbhulaíochta ar fud na heagraíochta agus tionóladh an lá feasachta tionscnaimh i mí Feabhra. Tá roinnt tionscnamh á gcur i bhfeidhm ar fud na heagraíochta chun cabhrú leo siúd atá ag fulaingt mar gheall ar bhulaíocht ag an obair, nó a fheiceann í, lena n-áirítear líne chabhrach le tacaíocht thiomnaithe agus feachtas sna meáin shóisialta ag tacú leis an téama *#cutitout*.
- Lean an Fóram Náisiúnta um Rannpháirtíocht Foirne ar aghaidh i rith na bliana, ag soláthar faisnéise agus aiseolais luachmhair d'fhorbairtí agus do thionscnaimh seirbhíse leanúnacha. Is gné lárnach de rath an fhórait é struchtúr uathúil an fhórait, atá bunaithe ar ionadaíocht comhréireach foirne ar fud na seirbhísí sláinte.
- Seoladh sraith uirlisí phraicticiúil – Scileanna Ceannaireachta um Rannpháirtíocht Foirne chun Cálíocht a Fheabhsú ag ócáid arna óstáil ag an bhFóram Náisiúnta um Rannpháirtíocht Foirne. Ag an ócáid, bhí deis ag toscaráil samplaí praiticiúla de rannpháirtíocht rathúil a iniúchadh chun feabhas a chur ar fheidhmíocht oibríochtúil, eispéireas úsáideora seirbhíse agus torthaí feabhsaithe.

### Oiliúint agus Forbairt

- Cuireadh i bhfeidhm *Athrú a eascraíonn as Riachtanas an Phobail – Treoir um Athrú Seirbhísí Sláinte* le béim ar leith ar forbairt cleachtas. Reáchtáladh trí Chlár Cleachtas um Athrú agus Feabhsúchán sa Tulach Mhór, Port Reachrann agus Sligeach, áit ar chuir 70 rannpháirtí ó raon leathan seirbhísí príomhdhúshláin i láthair agus d'úsáid siad an Treoir um Athrú chun a gcuid pleananna gníomhaíochta a threorú.
- Seachadadh 291 clár forbartha bainistíochta cumaiscthe, lena n-áirítear Scileanna Cóitseála do Bhainisteoirí, Bainisteoirí Céaduaire agus Bainistíocht Daoine an Creat Dílíúil, go háitiúil do bheagnach 5,000 ball foirne idisciplíneach.
- I measc na mbuaicphointí oiliúna agus forbartha eile bhí:
  - Seachadadh 140 clár Forbartha Foirne/Idirghabhála Foirne timpeall na tíre, ag éascú thart ar 1,500 rannpháirtí.
  - Seachadadh 619 seisiún oiliúna gnó duine le duine go himmheánach chuig baill foirne ar fud na heagraíochta.
  - Chríochnaigh céimithe ar chlár Gradlink 2018/2019 a modúl deiridh um forbairt ghairmiúil leanúnach mar chuid den chlár.
- Bhuair HSELand (tairseach foghlama ar líne FSS) dhá ghradam i rith na bliana:
  - An dámhachtain don Úsáid is Fearr as Teicneolaíocht i mBainistíocht Daoine ag Dámhachtainí Acmhainní Daonna na hInstitiúide Cairte um Fhorbairt Pearsanra in Éirinn. Fuair HSELand an dámhachtain seo mar aitheantas ar a úsáid teicneolaíochta chun athrú cultúir a chur chun cinn trí fhoghlaim.
  - Bhuair HSELand Dámhachtain Ché-umha Sármhaitheasa Ghrúpa Brandon Hall as an gClár Foghlama agus Forbartha Uathúla nó Nuálaí is Fearr maidir le Réamhrá ar Thús Áite do Leanáí. Chríochnaigh 128,715 úsáideoir seirbhíse sláinte aonair clár foghlama amháin ar a laghad ar HSELand le linn 2019.

### Earcaíocht agus Coinneáil

- Bhí an Lá Gairmeacha Leighis Bliantúil ar siúl i mí Dheireadh Fómhair, comhthionscnamh idir FSS, Fóram na gComhlachtaí Oiliúna Leighis Iarchéime agus Comhairle Leighis na hÉireann. Ag an ócáid, cuireadh béim ar an raon oiliúna agus speictream leathan deiseanna gairme atá ar fáil do chéimithe míochaine in Éirinn.
- Rinneadh athbhreithniú ar an tSamhail Earcaíochta atá ann cheana. Tá tús curtha leis an obair tosaigh ar an tsamhail seo agus táthar ag súil go mbeidh sé críochnaithe in 2020.
- Tá fóram ilpháirtithe leasmhara curtha ar bun chun straitéisí earcaíochta agus coinneála do chomhairleoirí míochaine a scrúdú agus a forbairt.

### Éagsúlacht, Comhionannas agus Ionchuimsiú

- Tionóladh imeacht Éagsúlachta, Comhionannais agus Ionchuimsithe do Lá Idirnáisiúnta na mBan i mí an Mhárta do 200 comhghleacaí i gColáiste Ríoga na Lianna, chomh maith le hocht n-imeacht Mná i gCeannaireacht ar fud na tíre.

- Chuaigh roinnt ball foirne de chuid FSS isteach i Líonra Comhghuaillithe LGBTI + agus ghlac siad páirt bhródúil i bParáid Mhórtais LGBTQ Bhaile Átha Cliath.
- Ghlac Ospidéal an Dr Stevens páirt in Oíche Chultúir, a thosaigh le seoladh an leabhair *The Patient is Paramount*, a chuimsigh iontrálacha do chomórtas Gearscéalta Altraí agus Cnáimhseacha FSS a tionóladh níos luaithe sa bhliain. I measc siamsaíochta eile na hoíche bhí amhránaíocht, damhsa agus amharclannaíocht a rinne Amharclann na mBodhar i mBaile Átha Cliath, Damhsa Daoine Bodhra Éireann agus Cór Bodhar Bhaile Átha Cliath mar aon le, ar feadh oíche amháin, Cór Oíche Chultúir, comhoibriú ó roinnt ball foirne de chuid FSS.
- Chun Lá Idirnáisiúnta do Dhaoine faoi Mhíchumas a cheiliúradh, óstáladh fóram tionscnaimh speisialta chun páirt a thabhairt do bhaill foirne de gach céim agus cumas ar an gcaoi ar féidir linn prionsabail na héagsúlachta, an chomhionannais agus an ionchuimsithe a ghlacadh, a chur chun cinn agus a leabú dár gcomhghleacaithe faoi mhíchumas. Áiríodh san fhóram painéal foirne a labhair go macánta agus go hoscailte faoina mhíchumas féin, na dúshláin atá rompu agus a dtaithí mar fhostaí faoi mhíchumas de chuid FSS. Mar chuid dár dtiomantas do chomhionannas, éagsúlacht agus feasacht chultúrtha, tá modúl oiliúna tosaigh á sholáthar ar bhonn leanúnach.

## Leibhéil Fostaíochta

Is í an tseirbhís sláinte an fostóir is mó sa stát le díreach faoi bhun 120,000 coibhéis lánaimseartha (CL) fostaithe ag FSS agus ag gníomhaireachtaí Alt 38, amhail an 31 Nollaig 2019. Ó 2018, tá leibhéil foirne foriomlána méadaithe le 1.7% nó 1,960 CL. Léirigh gach catagóir foirne, seachas tacaíocht ghinearálta (-0.4%/38 CL) fás in 2019 i gcomparáid le 2018. Chonacthas an fás is mó san altranais agus sa chnáimhseachas (+561 CL) agus cúram othar agus cliant ina dhiaidh sin (+427 CL). Ba í an fhoireann leighis agus fiacloireachta an tríú catagóir foirne ab airde a léirigh méadú, le 390 CL breise, a raibh 154 CL díobh ina gcomhairleoirí.

Tábla 1: CL de réir catagóire foirne

Catagóir Foirne	CL	CL
	Nollaig 2018	Nollaig 2019
Leigheas agus fiacloireacht	10,467	10,857
Altranais agus cnáimhseachas	37,644	38,205
Gairmí cúraim shláinte agus shóisialta	16,496	16,774
Bainistíocht agus riarachán	18,504	18,846
Tacaíocht ghinearálta	9,454	9,416
Cúram othar agus cliant	25,292	25,719
<b>Seirbhís sláinte iomlán</b>	<b>117,857</b>	<b>119,817</b>

Foinse Sonraí: Daonáireamh Pearsanra na Seirbhíse Sláinte.

## Treoir Eorpach um Eagrú Ama Oibre

Is príomhfhócas don tseirbhís sláinte i gcónaí é feabhas a chur ar chomhlíonadh na Treorach Eorpaí um Eagrú Ama Oibre (EWTD) i measc Dochtúirí Ospidéal Nearnchomhairleacha (DNCOanna) agus oibrítthe cúraim shóisialta. Amhail deireadh mhí na Nollag 2019:

- Comhlíonadh an tseala 24 uair an chloig
  - 97.1% DNCOanna, géarmhíochaine
  - 98.3% DNCOanna, meabhairshláinte
  - 80% seirbhísí míchumais, oibrítthe cúraim shóisialta.
- Comhlíonadh na meán seachtaine oibre 48 uair an chloig
  - 83.6% DNCOanna, géarmhíochaine
  - 93.3% DNCOanna, meabhairshláinte
  - 88% seirbhísí míchumais, oibrítthe cúraim shóisialta.
- fuair 98% sosanna scithe laethúla 11 uair an chloig nó scith chúitimh choibhéiseach
- Comhlíonadh 99% le sosanna 30 nóiméad
- Comhlíonadh 99% le scith sheachtainiúil/choicisiúil nó le scith chúitimh choibhéiseach.

## Straitéis Phá agus Foirne

Léirigh Straitéis Phá agus Foirne 2019 an príomhfhoghlaim ó 2018, agus cuireadh tús léi le measúnú lárnach ardleibhéil inacmhainneachta ar leibhéal na foirne, ar bhonn meánchostas in aghaidh an CL, a bhféadfadh an buiséad do 2019 tacú leis. Lean an cur chuige seo, a dearadh chun réamhaisnéis níos réadúla agus níos inacmhainne a chumasú, ón bpróiseas teorainneacha CL a cuireadh i bhfeidhm go déanach in 2018. Ansin chuir príomhpháirtithe leasmhara agus sealbhóirí buiséid teorainneacha CL i ngníomh agus aird á tabhairt ar thosaíochtaí seirbhíse agus ar chothabháil na seirbhísí atá ann cheana, agus na deiseanna le haghaidh barrfheabhsaithe agus éifeachtúlachtaí a aithint.

Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir lenár bhfórsa saothair a ailíniú leis an maoiniú gaolmhar in 2019 agus úsáideadh príomhfhoghlaim bhreise ón gcéad bhliain iomlán seo chun an próiseas do 2020 a neartú agus a threorú.

## Airgeadas

Ba é caiteachas iomlán FSS in 2019 ná €17.2bn chun seirbhísí sóisialta agus sláinte pearsanta a sheachadadh agus a chonrú.

Ba é an caiteachas caipitil iomlán in 2019 ná €688 milliún (m) lena n-áirítear €603m do thionscadail chaipitiúla agus €85m do thionscadail chaipitil TFC. Áiríodh leis seo deontais chaipitil de €325m do ghníomhaireachtaí deonacha.

## Párolla

Mhéadaigh bille pá foriomlán na seirbhíse sláinte, gan soláthraithe seirbhíse deonacha agus aoisliúntas a áireamh, ó €364m (7.4%) in 2019 go dtí iomlán de €5.3bn. Tháinig méadú de €179m (4.9%) ar bhunphá agus tháinig méadú €61.1m (9.9%) ar liúntais eile.

## Socruithe Rialachais leis an Earnáil Neamhreachtúil

Chuir FSS maoiniú de €4.7bn ar fáil do ghníomhaireachtaí neamhreachtúla chun seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta a sholáthar:

- Ospidéal dheonacha ghéarmhíochaine €2.5bn (53%)
- Gníomhaireachtaí neamh-ghéarmhíochaine €2.2bn (47%).

Tugadh maoiniú do níos mó ná 2,300 gníomhaireacht, agus bhí níos mó ná 5,500 socrú maoinithe ar leithligh i bhfeidhm. B'ionann ocht ngníomhaireacht agus breis agus 50% den mhaoiniú.

Leanadh den obair chun socruithe rialachais a fheabhsú le gníomhaireachtaí maoinithe Alt 38 agus Alt 39. Go háirithe:

- Cuireadh cáipéisíocht rialachais do 2019 ar fáil don chóras oibríochta arís ó thús mhí na Samhna roimhe sin, agus bhí líon suntasach Socruithe Seirbhíse agus Comhaontuithe um Chúnamh Deontais curtha i gcrích agus sínithe ag gníomhaireachtaí roimh dheireadh mhí an Mhárta.
- Leanadh leis an bpróiseas um Ráiteas Comhlíonta Bliantúil, a éilíonn ar gach gníomhaireacht Alt 38 agus Alt 39 (a mhaoinítear le níos mó ná €3m in aghaidh na bliana) ráiteas a chur faoi bhráid FSS gach bliain ag deimhniú go gcomhlíonann siad dea-chleachtas rialachais na bliana roimhe sin. Sa phróiseas Ráiteas Comhlíonta Bliantúil, cumhdaítear thart ar 93% den mhaoiniú a scaoiltear chuig gníomhaireachtaí Alt 38 agus Alt 39. Rinneadh athbhreithniú ar na ráitis seo agus tugadh aghaidh ar ábhair a raibh soiléirí breise ag teastáil uathu leis na gníomhaireachtaí lena mbaineann.
- Lean an t-athbhreithniú ar rialachas ag leibhéal an Bhoird agus an Fheidhmeannais i ngníomhaireachtaí Alt 38 agus tugadh sé athbhreithniú eile chun críche in 2019 agus críochnaíodh 28 athbhreithniú go dtí seo.
- Bunaíodh ceithre Aonad Tacaíochta Bainistíochta Conartha píolótach (CMSUanna) chun cabhrú le bainisteoirí seirbhíse gach gné den chaidreamh le gníomhaireachtaí Alt 38 agus Alt 39 a bhainistiú agus a dhoiciméadú. Beidh maoirseacht níos fearr á déanamh anois ag na haonaid seo ar na seirbhísí a sholáthraíonn na gníomhaireachtaí ar bhealach a thabharfaidh dearbhú leanúnach maidir leis na méideanna suntasacha maoinithe atá i gceist.

## Ag ullmhú don Bhreathimeacht

Tá grúpa pleanála Breatimeachta FSS i bhfeidhm ó 2017 agus d'oibrigh siad go dlúth leis an Roinn Sláinte ar raon leathan de phleanáil theagmhasach Breatimeachta agus gníomhartha maolaitheacha. Dhírigh an obair ar impleachtaí ar fud na bpríomhshruthanna oibre seo a leanas:

- Leanúnachas seirbhísí sláinte othar agus cliant
- Socruithe trasteorann agus teorainneacha, lena n-áirítear clár um Chomhar agus Ag Obair le Chéile (CAWT)
- Seirbhísí sláinte éigeandála (lena n-áirítear an NAS)
- Ábhair sláinte poiblí
- Seirbhísí sláinte comhshaoil – rialú ar allmhairí bia agus deimhniú saineolaithe

- Saincheisteanna an fhórsa saothair agus aitheantas do cháilíochtaí
- Leanúnachas soláthar earraí agus seirbhísí/socruithe soláthair
- Comhlíonadh an Rialacháin Ghinearálta um Chosaint Sonraí (RGCS)
- Cumarsáid.

In 2019, d'oibrigh FSS go dlúth leis an Roinn Sláinte agus gníomhaireachtaí eile ar phleanáil theagmhasach Breatimeachta 'gan chomhaontú' mar chuid d'ullmhacht Breatimeachta iomlán an Rialtais ar raon saincheisteanna. Is éard a bhí i gceist leis seo na bearta agus na gníomhartha teagmhasacha riachtanacha a shainaithe, a mheas agus aghaidh a thabhairt orthu chun leanúnachas seirbhíse a choinneáil i gcás Breatimeachta ordúil nó mí-ordúil.

- Síníodh comhaontuithe soláthair seirbhíse le roinnt ospidéal sa Ríocht Aontaithe lena n-áirítear gach ospidéal trasphlandaithe mar bheart teagmhasach lena chinntiú go bhfanadh an soláthar reatha seirbhísí d'othair Éireannacha i bhfeidhm tar éis an Bhreatimeachta.
- Rinneadh Meabhrán Comhthuisceana a nuashonrú agus a shíniú idir an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna agus Seirbhís Otharcharranna Thuaisceart Éireann.
- Earcaíodh 100 post breise seirbhís sláinte comhshaoil d'fhonn freastal ar oibleagáidí reachtúla a bhaineann le rialuithe allmhairithe bia.
- Cuireadh acmhainn stórála stórais breise ar fáil chun bainistíocht stoic níos fearr a éascú. Cuireadh tús le hearcú foirne breise le haghaidh cumasc míochaine chun athléimneacht níos mó sna saoráidí seo a chinntiú.
- Cuireadh trealamh agus foireann nua ar fáil don tSaotharlann Anailísithe Poiblí chun an acmhainn a mhéadú.
- Forbraíodh plean cumarsáide mionsonraithe agus tionóladh cruinnithe rialta le páirtithe leasmhara, agus leis an Roinn Sláinte.

# Ag Éisteacht lenár nÚsáideoirí Seirbhísí

D'fhonn cúram ardchaighdeán a sholáthar, tá sé riachtanach go rachaimid i dteagmháil go leanúnach le hothair agus le húsáideoirí seirbhíse lena chinntiú go bhfuil a gcuid tuairimí, buarthaí agus eispéiris ag croílár an tsoláthair seirbhíse. Rinneadh dul chun cinn i roinnt réimsí i rith na bliana chun rannpháirtíocht othar agus úsáideoirí seirbhíse a chur chun cinn ar fud ár seirbhíse sláinte.

Cé go bhfuil rannpháirtíocht mhaith othar bainte amach againn ag leibhéil áirithe laistigh den eagraíocht, aithnímid freisin gur réimse oibre é seo atá i mbun athraithe. Ní mór dúinn a chinntiú go leanfaidh sé ag fás i gceart ar fud na heagraíochta agus muid ag bogadh chun *Sláintecare* a chur i bhfeidhm ionas go mbeidh daoine a úsáideann ár seirbhísí páirteach i ngach céim den bhealach lena chinntiú go bhfuil siad i gcroílár na pleanála, an dearaidh, an tseachadta, an chur i bhfeidhm agus an mheasúnaithe ar sheirbhísí.

## Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar

Tá an suirbhé, a seoladh den chéad uair in 2017, mar chuid de chlár níos leithne chun cabhrú le feabhas a chur ar cháilíocht agus sábháilteacht na seirbhísí cúram sláinte a chuirtear ar fáil d'othair in Éirinn trí iarracht a dhéanamh tuiscint a fháil ar an gcaoi a n-idirghníomhaíonn othair leis an gcóras cúram sláinte agus an taithí a bhíonn acu ar an bpróiseas seo. Bhí 61 ceist san iomlán i suirbhé 2019 ar ábhair ar nós ligean isteach san ospidéal, cúram agus cóireáil ar an mbarda, muinín i bhfoireann an ospidéil, meas agus dínit, agus scaoileadh abhaile ón ospidéal.

- Iarradh ar gach othar a scaoileadh abhaile i mí na Bealtaine a bhí 16 bliana d'aois agus níos sine, a chaith 24 uair nó níos mó i gceann de na 40 ospidéal rannpháirteach agus a raibh seoladh poist acu i bPoblacht na hÉireann, an Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othar a chomhlánú, suirbhé ar fud na tíre ag iarraidh ar dhaoine aiseolas a fháil faoina dtréimhse san ospidéal.
- Go ginearálta, bhí na torthaí cosúil leis na torthaí a tuairiscíodh in 2018 cé is moite d'fheabhsú ar an réimse maidir le scaoileadh nó aistriú. Cé go raibh torthaí an tsuirbhé dearfach i gcoitinne, ní raibh taithí mhaith ag líon suntasach othar. Cuidíonn comhroinnt na n-eispéireas seo leis na réimsí sin ina bhfuil gá le feabhsúcháin a shainiú. Tá anailís bhreise ar thorthaí le feiceáil ar leathanach [27] den Tuarascáil Bhliantúil seo.
- Ghlac níos mó ná 12,300 duine páirt, ráta freagartha os cionn 46%. I measc na bpríomhthorthaí bhí a leanas:
  - Dúirt 84% de na freagróirí gur caitheadh leo i gcónaí le meas agus le dínit agus iad san ospidéal
  - Dúirt 96% de na freagróirí go raibh a seomra glan nó an-ghlan
  - Dúirt 86% de na freagróirí gur tugadh go leor príobháideachais dóibh i gcónaí agus iad á scrúdú nó á gcóireáil.

## Rannpháirtíocht agus Comhpháirtíocht le Daoine a úsáideann ár Seirbhís

Is é an aidhm atá againn ná rannpháirtíocht le hothair, úsáideoirí seirbhíse, teaghlach agus pobail a thógáil chun cúram sláinte a dhéanamh níos sábháilte trí léargas agus taithí na n-othar agus na n-úsáideoirí seirbhíse féin. Déanaimid é seo trí dheiseanna a chruthú agus a éascú chun dul i gcomhpháirtíocht leis na daoine a úsáideann ár seirbhísí sláinte trí rannpháirtíocht ghrúpa, ionadaíocht aonair agus ballraíocht i ngrúpaí stiúrtha, grúpaí oibre agus coistí.

- Fóram Náisiúnta na nOthar
  - Plé ar an mbeartas agus an reachtaíocht Cinnteoireachta Cuidithe
  - Comhairliúchán ar fhorbairt an Phlean Corparáidigh nua
  - Páirt a ghlacadh i bplé painéil ag Comhdháil Sábháilteachta Othar na Gníomhaireachta Éilimh Stáit.
- Othair um Shábháilteacht Othar in Éirinn
  - Ionchur i bhforbairt oiliúna feabhsúcháin cáilíochta
  - Ionchur sa Straitéis Sábháilteachta Othar 2019-2024
  - Aiseolas curtha ar fáil ar an mBeartas um Nochtadh Oscailte athbhreithnithe.
- Painéal Náisiúnta Ionadaithe Othar
  - Freastal ar cheardlann Sláintecare ar sheirbhísí comhtháite pobail
  - Freastal ar Chomhdháil Náisiúnta Rialú um Chosc ar Ionfhabhtaithe in Éirinn
  - Comhairliúchán ar Threoirínte Cliniciúla Náisiúnta lena n-áirítear rith fola ollmhór inoibríteach agus scagadh cothaithe agus úsáid tacaíochta cothaithe béil do dhaoine fásta.

## Suirbhé Náisiúnta ar Eispéireas Othair Chónaithigh 2019 agus an méid atá déanta againn – Éisteacht, Freagairt agus Feabhas a chur ar Sheirbhísí

	Cad a d'inis tú dúinn	Cad a rinneamar
<b>Ligean isteach san Ospidéal</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>7.9 as 10 an rátáil a thug othair ar an meán don chéim chúraim iontrála</li> <li>Dúirt 82% de na freagróirí gur caitheadh leo i gcónaí le meas agus le dínit ar an mbarda</li> <li>Dúirt 30% de dhaoine gur ligeadh isteach i mbarda iad laistigh de sprioc sé huaire FSS, agus dúirt 4% gur fhan siad 48 uair an chloig nó níos mó sular ligeadh isteach i mbarda iad.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Tacú le húsáid micrea-chórais in RÉanna atá deartha chun tuiscint a fháil ar an gcaoi a bhféadfár gach cuid de thuras an othair a fheabhsú</li> <li>Tá raon gníomhaíochtaí am-shainithe leagtha amach ag Tascfhórsa an RÉ chun plódú a laghdú lena n-áirítear acmhainn a bharrfheabhsú, cumas inmheánach a fhorbairt agus feabhsú próisis chomh maith le feabhas a chur ar cheannaireacht, pleanáil rialachais agus maoirseacht.</li> </ul>
<b>Cúram ar an mBarda</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>8.3 as 10 an rátáil a thug othair ar an meán le haghaidh cúraim ar an mbarda</li> <li>Dúirt 96% de dhaoine go raibh a seomra an-ghlan nó measartha glan</li> <li>Bhraith formhór na n-othair go ndearna an fhoireann gach rud ab fhéidir leo chun a gcuid pian a rialú</li> <li>Ní raibh na hothair chomh dearfach faoin mbia san ospidéal agus dúirt beagnach 28% go raibh sé go dona nó measartha.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>D'fhonn cúram othar ar an mbarda a fheabhsú, go háirithe infhaighteacht foirne chun éisteacht le buarthaí nó eagla an othair, cuirfidh ospidéal aonair seirbhísí comhairle agus idirchaidrimh othar chun cinn.</li> <li>Seoladh an fhorbairt ar Bheartas Bia, Cothaithe agus Hiodráitithe FSS agus moladh scagadh cothaithe agus cur chuige othar-lárnaithe i leith seirbhísí a sholáthar.</li> </ul>
<b>Scrúduithe, Diagnóis agus Cóireáil</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>8.2 as 10 an rátáil a thug othair ar an meán le haghaidh scrúduithe, diagnóis agus cóireála</li> <li>Dúirt 86% d'othair gur tugadh go leor príobháideachta dóibh i gcónaí agus iad á scrúdú nó á gcóireáil</li> <li>Ní raibh othair chomh dearfach maidir le cumarsáid agus dúirt 39% nár tugadh dóibh, nó nár tugadh ach go pointe áirithe dóibh, a ndóthain ama chun a gcúram agus a gcóireáil a phlé lena ndochtúir.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Forbraíodh an Clár Náisiúnta Cumarsáide Cúram Sláinte chun teagmháil le gairmithe cúram sláinte a fheabhsú. Tá an clár deartha chun cur ar chumas na foirne cur chuige oilte, íogair agus dírithe ar an duine a ghlacadh i leith gach comhrá le hothair agus a dteaglaigh</li> <li>D'fhorbair FSS treoracha sláinte ar líne do shaoránaigh chun faisnéis sláinte atá furasta a thuiscint a sholáthar d'othair.</li> </ul>
<b>Scaoileadh nó Aistriú</b>	<ul style="list-style-type: none"> <li>7 as 10 an rátáil a thug othair ar an meán maidir le scaoileadh abhaile nó aistriú</li> <li>Dúirt 71% de na freagróirí gur mhínigh an fhoireann go hiomlán cuspóir na gcógas a bhí le glacadh acu sa bhaile</li> <li>Mar sin féin, ní dúirt ach 45% gur mhínigh an fhoireann fo-iarsmaí féideartha na gcógas go hiomlán.</li> </ul>	<ul style="list-style-type: none"> <li>Tá foireann náisiúnta curtha ar bun ag FSS chun feabhsúcháin a chur i bhfeidhm maidir le moill ar othair a scaoileadh amach ó chúram ospidéil go cúram pobail</li> <li>I gCód Cleachtais FSS um Phleanáil Scaoilte Comhtháite tugtar breac-chuntas ar an tábhacht a bhaineann le faisnéis a sholáthar d'othair faoi cad atá le déanamh acu tar éis dóibh an t-ospidéal a fhágáil, comharthaí contúirte, cé leis a rachaidh siad i dteagmháil agus faisnéis faoi chógas.</li> </ul>

- Bhunaíomar Coiste Comhairleach Othar Ailse in 2019 mar chuid den *Straitéis Náisiúnta Ailse 2017-2026*. Thug grúpa faoi phróiseas roghnúcháin, agus ar an ngrúpa seo bhí ionadaithe ó Chumann Ailse na hÉireann, Clár Náisiúnta um Rialú Ailse FSS, an Roinn Sláinte agus ball d'Iar-Fhóram na nOthar Ailse. Tá 15 bhall ar an gCoiste agus is dul chun cinn suntasach é a bhunú chun seirbhísí sláinte a fhorbairt chun freastal ar riachtanais othar.
- Rannpháirtíocht: Forbraíodh Oiliúint Náisiúnta Sláinte na bhFear mar fhreagairt ar an éileamh méadaitheach ó sholáthraithe seirbhíse ar thacaíocht chun a rannpháirtíocht agus a n-idirghníomhaíocht le fir a fheabhsú. Bhí an t-ábhar oiliúna bunaithe ar eispéireas na gcomhpháirtithe, fianaise ó litríocht acadúil agus mheastóireachta, agus céim phiolótach fhairsing de 24 mí.
- Spreagadh altraí agus cnáimhseacha i rith na bliana le scéalta othar a bhalliú don leabhar *The Patient is Paramount*. Is féidir aiseolas luachmhar a fháil ón taithí a bhíonn ag othair sna seirbhísí cúraim sláinte a thugann ár ndúshlán agus a chuireann ar ár gcumas tuiscint níos fearr a fháil ar an taithí seo, chomh maith le réiteach fadhbanna, foghlaim nua agus fionnachtain nua a spreagadh.
- Bhí ionchur úsáideoirí seirbhíse mar chuid lárnach den phróiseas a rinneadh chun creat straitéiseach a fhorbairt do ghairmithe sláinte agus cúraim shóisialta lenar leagadh amach treochlár dóibh chun *Sláintecare* a sheachadadh. Tugadh cuireadh d'úsáideoirí seirbhíse a bheith páirteach i ngach comhairliúchán.
- I mí Dheireadh Fómhair, d'fhreastail 300 ball foirne agus 50 othar ar shraith máistir-ranganna/seisiún faisnéise ar Chomhpháirtíocht le hOthair.
- Cuireadh tús le hobair i gcomhar le hInstitiúid Uile-Éireann um Ospís agus Cúram Maolaitheach ar fhíseáin a chur le chéile faoi eispéiris phearsanta ar chúram maolaitheach ar fud na hÉireann.
- Is tionscadal é Your Voice Matters, lena dtugtar léargas ar thaithí bheo úsáideoirí seirbhíse agus a dteaghlach trí chuireadh a thabhairt dóibh cur síos a dhéanamh ar shampla de thaithí a bhí acu le déanaí ar sheirbhís sláinte agus cúraim shóisialta, ag díriú ar an rud is tábhachtaí d'úsáideoirí seirbhíse agus ag tabhairt na deise aiseolas dearfach agus diúltach araon a bhalliú. Úsáidtear an fhaisnéis seo ansin chun bonn eolais a chur faoi fheabhsuithe seirbhíse. Go dtí seo tá 1,135 scéal bailithe agus tháinig na príomhthéamaí seo a leanas chun cinn:
  - An gá le cumarsáid agus faisnéis shoiléir
  - An gá le rochtain fheabhsaithe ar sheirbhísí.
- Trí na heispéiris a bailíodh ó *Your Voice Matters* tugadh faoi roinnt tionscnamh feabhsúcháin seirbhíse lena n-áirítear seoladh de Ghrúpa Tacaíochta Piaráí um an galar scamhóige toirmeascach ainsealach (COPD) i mbileoga faisnéise agus póstaer faisnéise do Thiobraid Árann Theas agus do COPD a forbraíodh le húsáid ar fud an Oirdheiscirt.
- Tá tús curtha le teagmháil leis an tSeirbhís Neamhspleách Abhcóideachta Othar a bhunaigh an Roinn Sláinte. Leis an tseirbhís nua seo, spreagfar othair chun cumarsáid a dhéanamh le seirbhísí sláinte faoi aon imní.
- Tionóladh Grúpa Stiúrtha um Beartas Toilithe Náisiúnta. Tá grúpaí oibre curtha ar bun agus tá tús curtha acu le hathbhreithniú ar bheartas agus ar fhorbairt clár ríomhfhoghlama.

## Oifig an Fhaighteora Rúnda

Is seirbhís náisiúnta í Oifig an Fhaighteora Rúnda a fhaigheann buartha/gearáin ar nós líomhaintí faoi mhí-úsáid, faillí, mí-úsáid nó droch-chleachtais chúraim in áiseanna cúraim chónaithe FSS nó arna maoiniú ag FSS i gcáil neamhspleách agus, de mheon macánta, ó othair, úsáideoirí seirbhíse, teaghlaigh, daoine aonair buartha eile agus baill foirne. Dhéileáil sé le 896 buairt/gearán foirmiúil ó gach cearn den tír ó bunaíodh é i mí na Nollag 2014.

In 2019, ba é líon iomlán na mbuarthaí/na ngearán foirmiúil a fuair an Faighteoir Rúnda ná 155, laghdú de 51 ar 2018. I measc na gcineál inní a ardaíodh bhí maoiniú, as ar eascair socrúcháin míchuí, agus easpa seirbhísí do dhaoine faoi mhíchumas.

## Seirbhís Achomhairc

Cinntíonn an tSeirbhís Achomhairc Náisiúnta go dtugtar a dteidlíocht cheart d'iarratasóirí ar scéimeanna incháilitheachta (m.sh. cártaí leighis/cuairte DG, ranníocaíochtaí cothabhála agus cóiríochta do sheirbhísí tacaíochta cónaithe, an Scéim Tacaíochta Tithe Altranais (an STTA), agus soláthraíonn sí rialachas do FSS maidir le reachtaíocht, rialacháin agus treoirlínte a chur i bhfeidhm i gceart. Próiseáladh 2,184 cás in 2019, agus ceadaíodh 32% dóibh seo nó ceadaíodh go páirteach iad. Roinneann an tSeirbhís Achomhairc an fhoghlaim ó achomhairc, lena n-áirítear aiseolas ó achomharcóirí, le bainisteoirí scéime agus le páirtithe leasmhara ábhartha eile.



Tábla 2: Achomhairc in 2019

Cineál Achomhairc	Faighte	Próiseáilte	Faofa	Faofa go Páirteach	% Faofa/ Faofa go Páirteach
Cárta Leighis/Cuairte DG (Scéim Ghinearálta)	1,160	1,225	338	122	38%
Cárta Leighis/Cuairte DG (Scéim do Dhaoine os cionn 70 bliain d'aois)	172	169	39	3	25%
Cárta Leighis/Cuairte DG do Dhaoine idir 16 agus 25 bliana d'aois (* ón 1 Iúil 2019)	104	93	51	4	59%
An Scéim Tacaíochta Tithe Altranais	493	507	55	60	23%
Tuarascáil Mheasúnachta Achomair Choiteann	48	51	4	0	8%
Pacáiste Cúram Baile	10	12	1	1	17%
Cúntóir Baile	34	39	2	0	5%
Ranníocaíocht Cothabhála agus Cóiríochta na Seirbhísi Tacaíochta Cónaithe	29	35	5	2	20%
Eile	55	53	3	0	6%
<b>Iomlán</b>	<b>2,105</b>	<b>2,184</b>	<b>498</b>	<b>192</b>	<b>32%</b>

Nóta: Fuarthas na hachomhairc idir 01.01.2019-31.12.2019. Baineann na cinn a phróiseáiltear freisin le cásanna a tugadh ar aghaidh ó 2018.

## Moltaí agus Gearáin

### Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

*(Gan ospidéal agus gníomhaireachtaí deonacha a áireamh)*

Ní dhéantar taifead ar go leor moltaí agus tá obair ar siúl chun an fhoireann go léir a spreagadh chun moladh a thaifeadadh mar soláthraíonn siad faisnéis thábhachtach faoi na gnéithe dearfacha dár seirbhís chun foghlaim ó na nithe a bhfuil ag éirí go maith leo. In 2019, taifeadadh 9,872 moladh.

Taifeadadh 5,938 gearán foirmiúil in 2019 agus scrúdaigh oifigigh ghearáin iad faoin *Acht Sláinte 2004* (arna leasú) agus faoin *Acht um Míchumas 2005*, féach Tábla 3. Díobh seo, eisíodh 719 ó imscrúdú faoin bpróiseas gearán *Do Sheirbhís Do Thuairim* ('Your Service Your Say') nó tarraingíodh siar iad. As an 5,219 gearán a bhí fágtha, réitigh oifigeach gearán 3,398 nó 65% go neamhfhoirmiúil nó trí imscrúdú foirmiúil laistigh de 30 lá oibre.

### Ospidéal agus Gníomhaireachtaí Deonacha

Taifeadadh 17,139 moladh in 2019. Thaifead agus scrúdaigh oifigigh gearáin 12,160 gearáin chomh maith. Rinneadh imscrúdú ar 11,757 de líon iomlán na ngearán a fuarthas. Rinneadh an 403 eile a eisiamh nó a aistarraingt. Díobh siúd a ndearnadh imscrúdú orthu, réitigh oifigeach gearán 9,760 nó 83% go neamhfhoirmiúil nó trí imscrúdú foirmiúil laistigh de 30 lá oibre.

### Gearáin faoi Chodanna 2 agus 3 den Acht um Míchumas 2005

Fuarthas 1,244 gearán in 2019 faoi Chuid 2 den *Acht um Míchumas 2005* maidir le measúnú linbh ar riachtanas le haghaidh seirbhísi míchumais, méadú de 68%. Fuarthas 842 gearán faoi chuid 2 den Acht um Míchumas, taifeadadh 68% díobh mar ghearáin a réitíodh laistigh de 30 lá oibre. Taifeadadh 12 ghearán mar ghearáin a fuarthas faoi Chuid 3 den Acht, a bhain le rochtain ar fhoirgnimh agus ar sheirbhísi do dhaoine faoi mhíchumas. Tá na figiúirí seo le fáil i dTábla 4.

Tábla 3: Gearáin fhoirmiúla faighte ag FSS agus % ar déileáladh leo laistigh de 30 lá oibre

	Líon na ngearán a fuarthas	Líon agus % ar déileáladh leo laistigh de 30 lá oibre
2019	5,938*	3,398 (65%)*
2018	6,610*	3,695 (56%)*
2017	8,281	6,298 (76%)
2016	9,158	6,972 (76%)
2015	9,289	6,854 (74%)

Foinse Sonraí: Dearbhú agus Deimhniú Cáilíochta FSS.

\* Mar thoradh ar Chóras Bainistíochta Gearán FSS a thabhairt isteach agus oiliúint mhéadaithe foirne tá tuairiscíú feabhsaithe ar ghearáin fhoirmiúla. Tagraíonn líon na ngearán a fuarthas anois dóibh siúd a dtugann Oifigigh Gearán aghaidh orthu go foirmiúil agus ní áirítear gearáin pointe teagmhála a thuilleadh, (a thuairiscítear ar leithligh) a fhaigheann seirbhísi túslíne, arb iad gearáin a réitíodh láithreach. Léirítear é seo i sonraí 2019 thuas maidir le gearáin a fuarthas agus iad siúd ar déileáladh leo laistigh de 30 lá oibre. Cuimsítear san fhigiúr seo 719 gearán a fuarthas a eisíodh nó a tarraingíodh siar ina dhiaidh sin.

Tábla 4: Gearáin fhoirmiúla a fuarthas de réir catagóire 2019

Catagóir	FSS (gan ospidéal agus gníomhaireachtaí deonacha a áireamh)		Ospidéal agus gníomhaireachtaí deonacha	
	2018	2019	2018	2019
Rochtain	2,267	2,595	3,114	3,299
Dínit agus meas	684	599	1,653	2,154
Cúram sábháilte agus éifeachtach	2,154	1,927	4,026	4,012
Cumarsáid agus faisnéis	1,413	993	3,724	3,605
Rannpháirtíocht	56	3	164	199
Príobháideachas	56	61	313	419
Sláinte a fheabhsú	89	69	141	239
Cuntasacht	266	254	615	572
Breithiúnas cliniúil	160	162	423	165
Gearáin chráiteacha	9	3	128	173
Tithe altranais/cúram cónaithe do dhaoine breacaosta (65 bliain agus níos sine)	33	2	10	20
Tithe altranais/cúram cónaithe (64 bliain d'aois agus níos óige)	12	0	84	22
Seirbhísí cigireachta réamhscoile	0	0	16	65
Iontaoibh as cúram	1	1	68	98
Tús Áite do Leanaí	0	2	67	31
Daoine leochaileacha a chosaint (catagóir nua in 2016)	1	4	267	312

Foinse Sonraí: Dearbhú agus Deimhniú Cáilíochta FSS.

Nóta: Tá roinnt saincheistanna i roinnt gearán agus mar sin tagann siad faoi níos mó ná catagóir amháin.

## Ag foghlaim ón Aiseolas

Tógann a lán daoine an t-am chun a gcuid taithí ar ár seirbhísí a insint dúinn. Cuimsítear gearáin freisin san aiseolas seo, ach tá aiseolas maith dearfach ann chomh maith. Le haiseolas, dearfach agus diúltach, féadtar léargas uathúil a thabhairt ar na caighdeáin chúraim a chuirtear ar fáil d'úsáideoirí seirbhíse. Dá bhrí sin, tá sé ar ár gcumas an t-aiseolas agus an taithí seo a ghabháil lárnach sa chaoi a bhfoghlaimimid agus a gcuirimid feabhas ar cháilíocht ár seirbhísí.

In 2019, thosaigh FSS ag foilsiú cásleabhair ráithiúla ar ghearáin a fhaightear ón bpobal agus ar an gcaoi a dtugtar aghaidh orthu. Tá na gearáin gan ainm agus is é an aidhm atá leo ná iad a úsáid mar uirlis foghlama agus chun comhroinnt na foghlama sin a éascú. Is céim dhearfach í seo mar tugann sé deis dúinn ár dtiomantas foghlaim ón aiseolas a fhaighimid a léiriú go poiblí.

Le bunú na Seirbhíse neamhspleáiche nua um Abhcóideacht Othar i mí na Samhna 2019, soláthraítear seirbhís náisiúnta rúnda, saor in aisce agus neamhspleách chun cabhrú le húsáideoirí ospidéal phoiblí gearán foirmiúil a dhéanamh nó a bhfuil sé ar intinn aici gearán a dhéanamh trí phróiseas gearán FSS *Do Sheirbhís Do Thuairim* ('Your Service Your Say'). Spreagfaidh an tseirbhís nua seo othair chun cumarsáid a dhéanamh leis na seirbhísí sláinte ar dtús i gcomhar a ngearán a réiteach. Tá sé mar aidhm aige caidrimh dhearfacha a thógáil leis na seirbhísí sláinte ionas go gcothófar dea-chumarsáid, agus gur féidir saincheistanna a réiteach go héifeachtúil agus foghlaim uathu.

Is gearáin fhoirmiúla iad gearáin a dtugann Oifigigh Gearán i seirbhísí reachtúla FSS aghaidh orthu nó gearáin gan réiteach a ardaíodh ó phointe teagmhála i seirbhís túslíne. Le linn 2019, lean FSS ag tacú le foirne agus cumhacht a thabhairt dóibh chun gearáin a réiteach ag pointe teagmhála trí mhodúl idirghníomhach ar líne. Tá an modúl seo curtha i gcrích ag 5,756 ball foirne go dtí seo. Taifeadadh 5,161 gearán breise mar ghearáin ar thug foireann túslíne aghaidh orthu de réir mar a tharla siad ag an bpointe teagmhála. Ní léirítear na figiúirí seo i dTábla 3.



# Athchóiriú agus Claochlú

## Sláintecare

Léiríonn Tuarascáil Sláintecare (2017) agus an Straitéis um Chur i bhFeidhm Sláintecare (2018) treo nua maidir le seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a sholáthar in Éirinn. Le cur i bhfeidhm Sláintecare d'fhéadfaí córas níos inbhuanaithe, níos cothroime agus níos éifeachtaí ó thaobh costais a chruthú a sholáthraíonn cúram agus luach níos fearr d'úsáideoirí othar agus seirbhísí. Ag a croilár, díróinn an straitéis ar chlár oibre a bhunú agus a sheachadadh chun cúram a sholáthar atá níos gaire don bhaile ag gach céim de shaol an duine, ag cur ar chumas ár seirbhíse sláinte a bheith níos freagraí do riachtanais othar agus úsáideoirí seirbhíse agus torthaí níos fearr a sheachadadh, le béim láidir ar chosc agus ar fheabhsú sláinte daonra.

D'fhorbair an Roinn Sláinte Plean Gníomhaíochta um Sláintecare 2019 agus leag sé amach na príomhréimsí fócais don chéad bhliain iomlán de chur i bhfeidhm Sláintecare. Rinne sí é seo faoi cheithre shruth oibre:

1. Athdhearadh Seirbhíse agus Bonneagar Tacaíochta
2. Cúram Sábháilte, Rialachas Comhordaithe agus Luach ar Airgead
3. Foirne na Todhchaí
4. Dul Chun Cinn a Roinnt.

Tá formhór na ngníomhartha 2019 sa *Phlean Gníomhaíochta Sláintecare* tar éis dul chun cinn a dhéanamh de réir ionchais agus tá Plean Gníomhaíochta 2020 á fhorbairt. Áireofar leis seo béim ar leith ar dhá Chomhchlár Gníomhaíochta tosaíochta FSS/RS ina bhfuil Cumas agus Rochtain agus Limistéir Sláinte Réigiúnacha.

De bhrí gur gá a chinntiú go mbeidh Sláintecare neadaithe go hiomlán i ngach rud a dhéanaimid, sainaitníodh cúig thosaíocht ardleibhéil athchóirithe agus claochlaithe do 2019:

- Rialachas, ceannaireacht agus straitéis chorparáideach
- Maoiniú idirthréimhseach chun cothromaíocht an chúraim a athrú
- Éileamh a bhainistiú agus leanúint le feabhas ar tháirgiúlacht
- Clár oibre a sheachadadh atá ailínithe leis an *bPlean Gníomhaíochta Cúram Sláinte*
- Tacaíocht agus cumasú claochlaithe.

Is féidir achoimre den dul chun cinn a rinneamar chun na tosaíochtaí seo a fheidhmiú a fheiceáil thíos agus tá tuilleadh sonraí ar fáil sa Tuarascáil Bhliantúil seo.

## Rialachas, Ceannaireacht agus Straitéis Chorparáideach

Faoin Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (*Rialachas*) 2019 is é an Bord comhlacht rialaithe nua FSS agus tá sé cuntasach don Aire Sláinte as feidhmíocht fheidhmeanna FSS a chomhlíonadh. Tá an POF, a ceapadh in Aibreán 2019, cuntasach don Bhord. Mar a tugadh faoi deara níos luaithe sa Tuarascáil seo, rinneadh obair ar fhorbairt an *Phlean Chorparáidigh* nua, ailínithe le *Sláintecare* agus díródh ar threochlár soiléir meántéarmach a sholáthar don fhoireann, d'othair, d'úsáideoirí seirbhíse agus do na páirtithe leasmhara go léir.

## Maoiniú Idirthréimhseach chun Cothromaíocht an Chúraim a Aistriú

Cuireadh fáilte roimh an bhfoilseachán, *Plean Forbartha Náisiúnta an Rialtais 2018-2027*, lenar cruthaíodh piblíne maoinithe d'fhorbairtí caipitil atá ailínithe le Sláintecare. Ina theannta sin, in 2019, bronnadh maoiniú comhtháthaithe ar *Sláintecare* de thart ar €20m ar 91 tionscadal ó sheirbhísí FSS nó arna maoiniú ag FSS. Is í seo an chéad bhliain de thionscnamh bliantúil agus maoiníodh tionscadail éagsúla ar feadh tréimhse 12 mhí. Is é cuspóir an chiste ionchuimsithe ná tionscadail a thástáil agus a mheas ar féidir leo feabhsúcháin sláinte nó seirbhíse a bhaint amach ar leibhéal an daonra iomlán laistigh de na réimsí a bhaineann le bainistíocht agus cosc galar ainsealach, seirbhísí do dhaoine scothaosta, cur chun cinn sláinte agus níos mó cúraim a aistriú chuig an bpobal. Tá scálú nó príomhshruthú tionscadal ag brath ar chuspóirí agus torthaí tionscadail a sheachadadh go rathúil.

## Éileamh a Bhainistiú agus Leanúint le Feabhas ar Tháirgiúlacht

Trí athdhearadh táirgiúlachta agus seirbhíse, tá an deis againn cáilíocht na seirbhísí d'othair a fheabhsú agus cumas a chruthú chun freagairt níos fearr ar éileamh atá ag dul i méid. Tosaíodh agus leanadh le roinnt tionscnamh feabhsúcháin i gcomhréir leis na clár chliniciúla atá ann cheana agus leis an dea-chleachtas idirnáisiúnta i réimse an chúraim sceidealta agus neamhsceidealta. Cuireadh clár athdhearadh seirbhíse ar scála mór chun cinn, lena n-áirítear obair ar mhóronaid tráma agus líonraí tráma a ainmniú, an tsamhail seachadta cúraim roghnaigh, líonraí cliniciúla do sheirbhísí speisialtóirí (lena n-áirítear clinicí faoi threoir neamhchomhairleoirí), agus líonraí cúraim phráinneacha agus éigeandála. Aontaíodh naoi suíomh foghlama sna ECSPanna, rud a léiríonn an tús atá curtha le cur i bhfeidhm céimnithe den tsamhail líonra um chúram sláinte pobail lena bhfreagrófar, i measc tosaíochtaí eile, do riachtanais daoine a bhfuil galar ainsealach orthu agus dóibh siúd sa phobal atá lag. Rinneadh Foirne Idirghabhála Pobail (FIPanna) a athbhreithniú agus a athfhócasú chun tacú le líon méadaithe cásanna casta seachanta ospidéal agus scaoileadh saor luath a sheachadadh.

Bhunaigh FSS agus an RS Comhchlár Oibre Cumais agus Rochtana i gcomhpháirt agus tá tús curtha le hobair chun moltaí *Athbhreithniú Acmhainne na Seirbhíse Sláinte 2018* a sheachadadh. Is iad na moltaí seo an pointe tosaigh chun ár gcumas a fhorbairt ar fud seirbhísí géarmhíochaine agus pobail agus, i gcomhthreo leis sin, éileamh leapacha a laghdú agus sláinte an daonra a fheabhsú.

## Clár Oibre a Sheachadadh atá Ailínithe leis an bPlean Gníomhaíochta um Sláintecare

Leanadh den obair in 2019 chun roinnt clár oibre a chur chun cinn, lena n-áirítear:

- Struchtúir nua seirbhíse sláinte a dhearadh agus a fhorbairt
- Rannpháirtíocht foirne
- Próifiliú daonra
- Tionscnaimh Ríomh-Shláinte a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm

- Athbhreithniú ar dhearadh seirbhíse atá ann cheana maidir le galar ainsealach agus rochtain ar raideolaíocht
- Leathnú acmhainne sa toadhcháí
- *Éire Shláintiúil* agus tionscnaimh sláinte agus folláine
- Ceannaireacht chliniciúil a neartú.

Chomh maith leis na sonraí thuas, is féidir an dul chun cinn a rinneadh ar thosaíochtaí eile in 2019 atá ailínithe le *Sláintecare* a fheiceáil ar fud na Tuarascála Bliantúla seo.

### Tacaíocht agus Cumasú Claochlaithe

Tá Oifig um Chlaochlú Straitéiseach tiomnaithe curtha ar bun laistigh de FSS chun cur i bhfeidhm an chláir athchóirithe a threorú, a thiomáint agus tacú go gníomhach leis. Tabharfaidh an oifig dearbhú don Bhord freisin, ag cur béime ar ábhair inní agus ag sainaitheint na mbeart ceartaitheach a theastaíonn. Tabharfaidh an oifig tacaíocht do sheirbhísí freisin chun leasuithe straitéiseacha a sholáthar ag leibhéal seirbhíse túslíne áit a mbeidh an taithí is fearr ag ár bpobail, daoine a úsáideann ár seirbhísí agus a dteaghligh.

### Taighde agus Fianaise

Is í an fhís atá againn ná go mbeidh clú agus cáil ar FSS as a chultúr eolas a bhailiú agus a úsáid le haghaidh sláinte agus folláine.

- Seoladh *Gníomhaíocht Taighde i bhFSS agus ina Eagraíochtaí Maoinithe* ag cur béime ar an leibhéal suntasach gníomhaíochta taighde sa tseirbhís sláinte. Seoladh an chéad *Phlean Gníomhaíochta FSS um Thaighde Sláinte 2019-2029* lena soláthraítear treoir chun acmhainn agus cultúr taighde a thógáil sa tseirbhís sláinte ar bhealach a fhreastalaíonn i ndáiríre ar an othar.
- Leanadh le cur i bhfeidhm na seirbhíse Náisiúnta um Leabharlann agus Eolas Sláinte le hathchóiriú suntasach chun rochtain chothrom ar acmhainní eolais agus ar sholáthar seirbhíse a chur ar fáil do gach ball foirne cúram sláinte FSS. Cuireadh i gcrích go rathúil, chomh maith, na chéad gharspriocanna i dtreo Leabharlann Náisiúnta r-Shláinte rochtana oscailte a fhorbairt. Beidh Dea-Chleachtas BMJ, áis an-úsáideach do sheirbhísí príomhúla agus pobail, ar fáil go náisiúnta chun cleachtas bunaithe ar fhianaise a chumasú ar fud na seirbhíse in 2020.

# Sábháilteacht Chliniciúil, Cháilíochta agus Othar

Is é an aidhm atá againn cáilíocht an chúraim a sholáthraimid a fheabhsú ar bhonn leanúnach, ag foghlaim ó eispéireas an othair chun sábháilteacht gach duine a úsáideann ár seirbhísí a chinntiú.

## Ceannaireacht Chliniciúil

- Rinneadh athbhreithniú ar na cláir chliniciúla náisiúnta go luath sa bhliain lenar cuireadh ar fáil an deis na cláir a chomhdhlúthú de réir téamaí a dhéanann ciall d'othair agus do réimsí seirbhíse lena gcinntítear cur chuige comhtháite cúraim i leith dearadh seirbhíse, ar aon dul le *Sláintecare*. Rinneadh roinnt moltaí tar éis an athbhreithnithe agus leanann obair ar aghaidh lena gcur i bhfeidhm. I measc na moltaí seo tá:
  - Bunú fóram cliniciúil
  - Ailíniú le prionsabail *Sláintecare*
  - Rialachas feabhsaithe chun ceannaireacht chliniciúil a nascadh, a ailíniú agus a chomhtháthú
  - Ceannaire Náisiúnta um Chúram Comhtháite a cheapadh
  - Cláir chliniciúla áirithe a chumasc.
- I gcláir chliniciúla náisiúnta, déantar dearaí cliniciúla a phiolótú agus a mheas a dhéileáil le hothair ag an leibhéal castachta is ísle ar bhealach atá sábháilte, tráthúil, éifeachtach agus chomh gar don bhaile agus is féidir. Le linn na bliana, leanadh den obair chun cúram a sholáthar tríd an gcur chuige seo, lena n-áirítear:
  - Tionscadal comhoibrítheach GSTA a chur i gcrích lenar éascaíodh feabhsúcháin chúraim in 18 ospidéal rannpháirteacha
  - Tús le tionscadal píolótach maidir le pian droma
  - Tionscadal taighde a thosú chun próifíl de lucht freastail na Rannóige Éigeandála (RÉ) a fhorbairt.
- Seoladh roinnt samhlacha nua cúraim chun dea-chleachtas a shainiú agus an t-othar a chur i gcoiláir na cóireála, lena n-áirítear:
  - Idirghabháil Luath i Síceóis Breoiteacht Mheabhrach Thromchúiseach agus Bhuan agus Riachtanais Chasta
  - Fibróis Chisteach
  - Cúram Criticiúil Péidiatraice
  - GSTA
  - Seirbhísí speisialaithe Imbhreithe Meabhairshláinte
  - Neamhoird Itheacháin.
- Foilsíodh *Tuarascáil an Chláir Náisiúnta Stróc 2018*. Léiríonn an tuarascáil an ghabháil sonraí is mó go dtí seo maidir le treochtaí, cóireáil agus torthaí stróc na hÉireann, próisis chúraim agus soláthar teiripe d'othair. Léirigh an tuarascáil treochtaí spreagúla i mbásmhaireacht ó stróc mar gheall ar théachtadh fola (stróc iscéimeach) atá ag leibhéal stairiúil íseal de 7.8%, síos ó 10.9% in 2015.
- Leanadh den Chlár Forbartha Stiúrthóirí Cliniciúla tacaíocht a sholáthar don stiúrthóireacht chliniciúil, agus chuir an Clár Scileanna Feidhmiúcháin tús lena thríú clár.
- Críochnaíodh staidéar ceannaireachta gairmeacha sláinte agus cúraim shóisialta (HSCP) *Ceannaireacht HSCP: Scrúdú ar chomhthéacs, tionchar, tacaíochtaí, dúshlán agus réimsí atá le breithniú*. Cuirfidh sé bonn eolais faoi phleananna chun tacú le ceannaireacht HSCP agus é a fhorbairt in 2020.

- Cuireadh i gcrích go rathúil creat straitéiseach ina leagtar amach plan oibre d'HSCPanna chun *Sláintecare* a sheachadadh. Bhí sé bunaithe ar chomhairliúchán cuimsitheach ina raibh úsáideoirí seirbhíse, HSCP agus príomhpháirtithe leasmhara eile. Tabharfar an creat chun críche go luath in 2020.

## Seirbhísí Altranais agus Cnáimhseachais a Fheabhsú

Le linn 2019, neartaíodh an acmhainn agus an inniúlacht altranais agus cnáimhseachais trí roinnt clár spriocdhírthe a fhorbairt agus a sheachadadh:

- Tugadh tacaíocht do 710 altra/cnáimhseach chun oiliúint ceannaireachta a dhéanamh
- Fuair 4,000 ball foirne rochtain ar an acmhainn ar líne um Inniúlacht Ceannaireachta Cliniciúla
- Tá údarás anois ag 1,279 altra agus cnáimhseach cógais a fhorordú
- 488 altra agus cnáimhseach cláraithe mar atreoraithe altranais agus cnáimhseachais ar bhunachar sonraí náisiúnta FSS d'atreoraithe altra agus cnáimhseachais de radaíocht ianúcháin (x-gha)
- D'fhreastail 465 altra agus cnáimhseach ar mháistir-ranganna i mbainistiú cógais
- Tugadh urraíocht do 2,010 altra agus cnáimhseach chun tabhairt faoi chláir oideachais iarchéime
- Soláthraíodh 3,438 clár oideachais leanúnaigh do 40,339 altra, cnáimhseach agus cúntóir cúram sláinte
- Tugadh urraíocht náisiúnta do 30 fostaí sa tseirbhís sláinte chun tús a chur le hoiliúint mar altraí/cnáimhseacha
- D'éirigh le 14 altra ginearálta agus meabhairshláinte ó gach cearn den tír an clár um Fhilleadh ar Chleachtas Altranais a chríochnú agus tá rún dul ar ais ag obair mar altraí
- Chuir 11 altra/cnáimhseach an dioplóma iarchéime in altranais (Leibhéal 9) Scrúdú Fóirínseach Ionsaí Gnéis i gcrích agus fostaíodh iad mar Shaineolaithe Altraí Cliniciúla go náisiúnta d'aonaid cóireála ionsaithe gnéis do dhaoine fásta agus do leanaí agus do dhéagóirí
- Chuir 935 gairmí chúram sláinte breise an Clár Náisiúnta Oideachais um Laige i gcrích agus bunaíodh 12 Líonra Laige eile ar fud ECSPanna agus ospidéal ghéarmhíochaine
- Tá méadú tagtha ar líon na nArdchleachtóirí Cláraithe Cláraithe go 412 agus tá líon na gCleachtóirí Cnáimhseachais Ardchláraithe méadaithe go 13.

Ina theannta sin threoraigh Oifig na Seirbhísí Altranais agus Cnáimhseachais forbairt Pas Sláinte do dhaoine faoi mhíchumas intleachta a úsáideann suíomhanna cúram sláinte. Seoladh agus scaipeadh é seo go náisiúnta. Fuair sé maoiniú tionscadail *Sláintecare* chun tacú le scálú agus scaipeadh breise.

## Frithsheasmhacht Fhrithmhiocróbach (AMR) agus Rialú Ionfhabhtuithe

Rinneadh feabhsuithe suntasacha maidir le AMR agus rialú ionfhabhtuithe ar fud na seirbhíse sláinte, agus seo a leanas roinnt buaicphointí lárnacha:

- Aontáíodh teicníc aonair de chuid na hEagraíochta Domhanda Sláinte maidir le sláinteachas láimhe mar an modh atá á dhéanamh agus á theagasc. Roimhe seo, bhí dhá mhodh éagsúla i bhfeidhm a d'fhéadfadh mearbhall a chur ar bhaill foirne a bhí ag bogadh idir shuíomhanna cúram sláinte.
- Rinneadh suirbhé chun foghlaim faoi ghníomhaíochtaí faireachais atá ann cheana maidir le hionfhabhtú láithreán máinliachta. Léirigh freagraí a fuarthas go raibh tionscadail faireachais áitiúla i bhfeidhm ag 69% de na freagróirí agus léiríodh spéis láidir i bhforbairt clár faireachais náisiúnta. Leantar den obair chun prótacail chaighdeánacha a bhunú agus uirlisí a fhorbairt chun sonraí a bhailliú agus a anailísí.
- Reáchtáladh feachtais chun feasacht a mhúscailt i measc gairmithe cúram sláinte agus an phobail i gcoitinne lena n-áirítear [hse.ie/UndertheWeather](https://www.hse.ie/UndertheWeather), Seachtain Eorpach Feasachta um Antaibheathaigh, seachtain Sláinteachais Láimhe agus feachtas an gheimhridh.
- Ceapadh an chéad Stiúrtóir Altranais um Rialú agus Cosc ar Ionfhabhtuithe do FSS.
- Pleanáladh agus cuireadh i bhfeidhm tionscadal feabhsúcháin cáiliúcháin, ag obair chun oideas antaibheathach a fheabhsú sa phobal, leis an tSeirbhís Aisiocáíochta Cúraim Phríomhúil.
- Tá breis agus 9,500 ball foirne tar éis oideachas sláinteachais láimhe a fháil ón gclár *traenáil an traenálaí*.
- Forbraíodh próiseas le haghaidh seicheamh tapa géanóm iomlán chun scaipeadh na n-enterobacteriales a tháirgeann carbapenemase (CPE) agus orgánaigh eile atá frithsheasmhach in aghaidh antaibheathach a rianú.
- Forbraíodh/tacaíodh le roinnt treoirínta lena n-áirítear:
  - Éileamh iomaíoch a chothromú maidir le húsáid leapa a bhaineann le cosc agus rialú ionfhabhtuithe
  - Tástáil saotharlainne le haghaidh CPE agus léirmhíniú ar chur i bhfeidhm cliniciúil na dtorthaí
  - Cosc agus rialú CPE in othair ar chóireáil haema-scaghealaithe
  - Prionsabail rialaithe ionfhabhtuithe d'fhoirgnimh.
- Cuireadh scagadh CPE i bhfeidhm in ospidéal ghéarmhíochaine.
- Foilsíodh suirbhé ar ionfhabhtuithe a fuarthas in ospidéal agus ar úsáid fhrithmhiocróbach in ospidéal na hÉireann in 2017. Leis an suirbhé a rinneadh ar fud an Aontais Eorpaigh inar thug 60 ospidéal in Éirinn (46 poiblí agus 14 príobháideach) obair dheonach, tugadh léargas ar ionfhabhtuithe a fuarthas in ospidéal agus ar úsáid antaibheathach ar fud na n-ospidéal rannpháirteach in aon lá amháin agus cuireadh fáilte roimh fheabhsuithe ón suirbhé a rinneadh roimhe seo in 2012. Tá altra um chosc agus rialú ionfhabhtuithe ag gach ospidéal rannpháirteach anois agus tá méadú tagtha ar líon na seomraí d'othair aonair ó 22% in 2012 go 28% in 2017. De bhreis air sin, chonacthas laghdú ar ionfhabhtuithe a fuarthas san ospidéal ó ghléasanna inslithe (diltálairí infhéitheacha agus cataitéirí fuail).

## Straitéis um Shábháilteacht Othar 2019 -2024

Is é an tosaíocht sárraitheach dóibh siúd atá ag obair sa tseirbhís sláinte ná othair agus úsáideoirí seirbhíse a choinneáil slán. Taispeánann fianaise náisiúnta agus idirnáisiúnta dúinn, áfach, go ndéanann díobháil do suas le hothar amháin as gach ochtar agus iad ag úsáid seirbhísí cúram sláinte, agus go bhfuil suas le 70% den dochar seo inseachanta.

Cuireadh go leor tionscnamh sábháilteachta othar den scoth i bhfeidhm le blianta beaga anuas agus tharla feabhsuithe intomhaiste mar thoradh orthu. Tógann forbairt na straitéise air seo agus is sampla tábhachtach é den chaoi ar féidir le fíor-chomhpháirtíochtaí fiúntacha idir othair agus iad siúd atá ag obair ag gach leibhéal den tseirbhís sláinte fíis chomhroinnte a chruthú do sheirbhís sláinte níos tuisceanaí, ceann a fhoghlaimíonn nuair nach n-éiríonn le rudaí, agus a fhreagraíonn dá réir agus a laghdaíonn an dochar dóibh siúd a gcuirtear a saolta faoinár gcúram.

Leagtar amach sa straitéis sé ghealltanas:

- Comhpháirtíocht na n-othar a dheimhniú ar mhaithe le sábháilteacht na n-othar a fheabhsú
- Cumhacht a thabhairt don fhoireann sábháilteacht othar a fheabhsú
- Réamh-mheas agus freagairt do rioscaí do shábháilteacht othar
- Na cúiseanna coitianta díobhála a laghdú
- Tomhais agus foghlaim chun sábháilteacht othar a fheabhsú
- Ceannaireacht agus rialachas éifeachtach a sholáthar chun sábháilteacht othar a fheabhsú.

Tá an Straitéis um Shábháilteacht Othar 2019-2024 ailínithe go dlúth le *Sláintecare*. Tá plean cur i bhfeidhm agus plean cumarsáide arleibhéil á fhorbairt agus tá teagmháil tosaithe le páirtithe leasmhara éagsúla ar fud na seirbhíse. Tá próiseas comhairliúcháin á rolladh amach freisin chun ionchur a lorg ar an mbealach is fearr chun tacú le seirbhísí an straitéis a chur i bhfeidhm.

## Cáilíocht, Sábháilteacht Othar agus Foghlaim

- Foilsíodh an *Bille um Shábháilteacht Othar (Teagmhas Sábháilteachta Othar Infhógartha) 2019* lena ndéanfar reachtaíocht le haghaidh roinnt beart tábhachtach um shábháilteacht othar. Leis an reachtaíocht bunaíodh creat láidir le haghaidh nochtadh oscailte éigeantach agus tá próiseas nua ann chun eachtraí sábháilteachta othar a ainmniú nach mór nochtadh oscailte éigeantach a dhéanamh ina leith. Is é dara cuspóir na reachtaíochta nua foghlaim náisiúnta a chumasú agus tacú le feabhsuithe ar fud na seirbhíse sláinte ionas gur féidir dochar d'othair a chosc. Is féidir tuilleadh faisnéise faoi nochtadh oscailte a fheiceáil sa chuid um Chumhdach agus Cosaint den Tuarascáil Bhliantúil seo.
- Bronnadh dámhachtain seipsise dhomhanda ar FSS as a hiarrachtaí suntasacha chun feachtas seipsise a mhúscailt agus chun cáilíocht chosc agus bainistíocht seipsise a ardú. Bhí an giúiré an-tógtha leis an bhfeabhsú ar aitheantas seipsise, ag gach cliniceoir, in othair a bhí ag dul in olcas mar gheall ar ionfhabhtú. Tá sé ríthábhachtach seipsis a bhrath agus a chóireáil go luath chun an ráta básmháireachta a laghdú. Idir 2011 agus 2018, mhéadaigh líon na gcásanna a tuairiscíodh in aosáigh ó 6,495 go 15,379, rud a léiríonn aitheantas agus tuairisciú méadaithe ar sheipsis. Tháinig laghdú ar an mbásmháireacht ó 26.8% go 19.4% sa tréimhse chéanna ama leis seo.
- Sholáthair an clár Sábháilteachta Cógais trí chéim den fheachtas Know Check Ask (*Fios Seiceáil Iarr*), lenar spreagadh daoine chun eolas a bheith acu ar a gcuid cógais agus liosta a choinneáil, seiceáil go bhfuil an leigheas ceart á úsáid acu ar an mbealach ceart agus fiafraigh dá ngairmí cúraim sláinte mura bhfuil siad cinnte. Fuair gach cógaslann, dochtúir teaghlaigh, ionad cúraim phríomhúil agus sláinte póstaer feachtais, agus fuair cógaslanna *Mo Liostaí Cógas* freisin.
- Chun baol titime agus othrais bhrú a laghdú, agus cumas an eolais agus na scileanna feabhsúcháin d'ardchaighdeán laistigh den chóras a mhéadú, reáchtáladh dhá chomhoibriú feabhsúcháin cáilíochta comhthráthacha i gCorcaigh agus sa Chabhán, ina raibh 26 fhoireann ildisciplíneach agus os cionn 170 rannpháirtí.
- Cuireadh oiliúint ar scileanna iniúchta cliniciúla ar fáil do 173 ball foirne ó sheirbhíse géarmhíochaine agus pobail.
- Úsáidtear iniúchtaí ón Oifig Náisiúnta um Iniúchadh Cliniciúil chun réimsí sármhaitheasa agus na réimsí sin a bhfuil feabhsúchán ag teastáil uathu a shainaithint, lena n-áirítear aslúitigh i seirbhíse géarmhíochaine a shainaithint. Tacaíonn na hiniúchtaí freisin le forbairt beartais, pleanáil seirbhíse, dea-chleachtas agus tuairisciú. In 2019:
  - Aistríodh an Clár Stróc go hIniúchadh Cliniciúil Náisiúnta ar Stróc
  - Foilsíodh an chéad tuarascáil náisiúnta d'Iniúchadh Cliniciúil Náisiúnta na hÉireann ar Aonaid Dianchúraim
  - Cuireadh deaiseanna ráithiúla nua do Bhunachar Sonraí Briseadh Cromáin na hÉireann i bhfeidhm.
- Tá clár oiliúna curtha i gcrích ag 138 éascaitheoir go dtí seo chun tacú le rolladh amach an chultúir de chlár duine-lárnaithe ar fud ospidéal géarmhíochaine, seirbhíse cúraim phríomhúil agus seirbhíse míchumais.
- Leanadh le tógáil cumais agus acmhainn feabhsúcháin cháilíochta ar fud na seirbhíse go léir trí na cláir foghlama seo a leanas a dhearadh, a fhorbairt agus a sheachadadh:
  - Diplóma i gCeannaireacht agus Cáilíocht i gCúram Sláinte agus an Diplóma i gCáilíocht do Chúram Pobail
  - An Clár um Bhunsraith d'Fheabhsú Cáilíochta.
- Clúdaíonn seimineáir ghréasáin am cainte um fheabhsú cáilíochta raon leathan ábhar agus bíonn cainteoirí náisiúnta agus idirnáisiúnta páirteach iontu. Bhí os cionn 21 seimineár gréasáin ann agus 79 rannpháirtí ar an meán in aghaidh an tseimineáir ghréasáin in 2019 agus leanann a gcráladh rialta ag tógáil líonra d'fheabhsaitheoirí cáilíochta inár seirbhís sláinte.
- Seoladh an *Tuarascáil Deiridh ar an Meastóireacht ar Thabhairt isteach Babhtá Schwartz in Éirinn*. Thug an tuarascáil chun suntais go bhfuil leas ann d'obair foirne nuair a úsáidtear Babhtá Schwartz agus go dtacaíonn siad le laghdú ar leibhéil struis foirne trí fhóram a thairiscint d'fhoireann chun eispéiris a roinnt i dtimpeallacht struchtúrtha, beag beann ar a ról nó a stádas laistigh den eagraíocht. Tá 27 seirbhís ar fud na tíre ag tabhairt isteach Babhtá Schwartz anois agus tá na huimhreacha ag dul i méid i gcónaí.
- Rinneadh obair shuntasach le seirbhíse chun feabhsúcháin sábháilteachta othar a chumasú sna réimsí tosaíochta seo a leanas:
  - Comhoibrithe maidir le titim/othrais bhrú
  - Sábháilteacht cógais
  - Feabhsú Cáilíochta do Bhoird Cúraim Sláinte
  - Othar ag dul in olcas.

# Cumhdach agus Cosaint

## Cumhdach

Tá sé de cheart ag gach duine leochaileach a bheith sábháilte agus saol a chaitheamh saor ó dhochar agus aghaidh a thabhairt ar aon imní maidir le heispéiris mhaslacha.

Tá gach duine freagrach as cumhdach agus trí chomhoibriú idirghníomhaireachta agus tionscnaimh feasachta poiblí gaolmhara tá FSS tiomanta a chinntiú go gcosnaítear daoine leochaileacha ó mhí-úsáid i ngach suíomh.

Mar thoradh ar *Daoine Soghonta a Chosaint atá i mBaol Mí-Úsáide – Beartas agus Nósanna Imeachta Náisiúnta (Beartas um Chumhdach Aosach FSS)* bunaíodh Foirne Chumhdaigh agus Cosanta (FSCanna) agus Oifig Náisiúnta Cosanta FSS. Leis an mbeartas seo, dearbhaíodh go poiblí cur chuige 'Neamhfhulaingt Ghlan' maidir le mí-úsáid de chineál ar bith agus go gcuirfidh gach seirbhís cultúr chun cinn ina dtacaítear leis an éiteas seo.

- Tá na foirne FSCanna i ngach ECSP dírithe ar fhreagraí comhsheasmhacha ar ábhair imní faoi mhí-úsáid agus fhaillí a chomhordú ag soláthar maoirseachta agus tacaíochta do gach soláthraí seirbhíse, lena n-áirítear iad siúd a fhaigheann maoiniú ó FSS. Anois tá os cionn 70 ball foirne oibre sóisialta i SPTanna le tacaíocht ó bhaill foirne riaracháin.
- Tá ról chosanta ceannais ag os cionn 1,700 oifigeach ainmnithe ar fud na hearnála cúraim shóisialta.
- Forbraíodh Coiste Náisiúnta Cosanta idir-earnála ar a dtugtar *Safeguarding Ireland* anois, ina bhfuil os cionn 30 comhpháirtí ar fud na n-earnálacha poiblí, deonacha agus príobháideacha ag obair chun ceartha daoine fásta leochaileacha a chur chun cinn ar leibhéal náisiúnta. Leis na tionscnaimh leanúnacha um mhúscailt feasachta le *Safeguarding Ireland*, cuidítear le feachtas phoiblí a chur chun cinn faoi mhí-úsáid aosach leochaileach agus an gá le hathchóirithe reachtacha chun a gcearta daonna a chosaint.

- Forbraíodh clár náisiúnta oiliúna um chosaint aosach lena gcuimsítear clár feasachta do chách agus oiliúint shonrach d'oifigigh ainmnithe agus d'éascaitheoirí oiliúna.
- Tá sé mar aidhm ag Coistí Cosanta i ngach ECSP tacú le forbairt cultúir a chuireann leas daoine fásta leochaileacha chun cinn agus tacaíocht agus comhairle a sholáthar do na SPTanna agus don bhainistíocht shinsearach.

Tá tuilleadh sonraí faoi sheirbhís cosanta FSS lena n-áirítear tuairiscí ar [hse.ie/safeguarding](https://hse.ie/safeguarding).

In 2019:

- Foilsíodh Tuarascáil Bhliantúil na hOifige Náisiúnta um Chosaint 2018. Tugann sé le fios:
  - Fuarthas 11,780 imní maidir le cosaint, arb ionann é agus méadú 14% ar 2017
  - Dóibh siúd atá idir 18 agus 64 bliana d'aois, is í an chatagóir is suntasaí de mhí-úsáid a líomhnaítear ná mí-úsáid chorpartha ag 50%, agus mí-úsáid shíceolaíoch ina dhiaidh sin ag 31%
  - Dóibh siúd atá os cionn 65 bliana d'aois, is í an chatagóir is suntasaí de mhí-úsáid ná mí-úsáid shíceolaíoch ag 33%, le mí-úsáid chorpartha ag 26% agus mí-úsáid airgeadais ag 21%
  - Le trí bliana anuas, tá clár fairsing oiliúna feasachta curtha i bhfeidhm do níos mó ná 55,000 ball foirne. Tá 1,743 oifigeach ainmnithe a bhfuil an príomhról acu scagadh le haghaidh cásanna mí-úsáide agus faillí líomhnaithe agus iad a fhógairt, agus cuireadh oiliúint orthu, agus tá 384 acu nua-oilte in 2018.
- Cuireadh i gcrích athbhreithniú ar *Dhaoine Soghonta a Chosaint atá i mBaol Mí-Úsáide – Beartas agus Nósanna Imeachta Náisiúnta* a thosaigh in 2017. Cuirfear an beartas athbhreithnithe i bhfeidhm i dtrí chéim agus beidh an chéad chéim ullmhúcháin ar siúl in 2020.

## Feachtas Feasachta Poiblí 2019

Dhírigh feachtas feasachta poiblí, arna gcoimisiúnú ag *Safeguarding Ireland* ar mhí-úsáid a chosc, pleanáil chun tosaigh agus an gá le comhráite níos mó maidir le mí-úsáid sa tsochaí. San fheachtas 2019 a seoladh i mí na Bealtaine, aimsíodh:

- Go bhfaca 10% d'aoisigh na hÉireann mí-úsáid aosach le bliain anuas agus dúirt 81% go spreagfadh dlíthe níos déine iad chun gníomhartha níos mó a ghlacadh chun mí-úsáid a chomhrac
- Ní dhearna 12% dóibh siúd a chonaic mí-úsáid de dhuine fásta leochaileach le bliain anuas aon rud ar chor ar bith, agus phléigh 47% é leis an duine a bhí á mí-úsáid agus phléigh 40% é le duine iontaoifa
- Níor lorg ach 15% comhairle ghairmiúil agus thuairiscigh 3% an méid a chonaic siad d'údarás ar nós FSS nó Gardaí.

Fuair an leathanach [hse.ie/safeguarding](https://hse.ie/safeguarding) níos mó cuairteoirí le linn mhí na Bealtaine ná ag aon pointe eile sa bhliain a léiríonn go bhfuil tionchar dearfach ag an bhfeachtas feasachta poiblí ar thrácht na meán sóisialta chuig láithreáin a bhaineann le cumhdach.

## Painéal Náisiúnta Athbheithnithe Náisiúnta

Bunaíodh an Painéal Athbheithnithe Neamhspleách Náisiúnta (an PANN) in 2017 chun athbheithnithe a dhéanamh ar chásanna tromchúiseacha laistigh de sheirbhísí míchumais ar fud na seirbhíse sláinte. Déanann an PANN athbheithniú ar na cúinsí a bhaineann le cásanna den sórt sin agus cuireann sé tuarascálacha faoi bhráid FSS ar a thorthaí agus a mholtaí a bhaineann le feabhsú seirbhíse. Ina theannta sin, táirgeann an PANN tuarascáil bhliantúil agus anailís chomhiomlán ar na cásanna a ndéantar imscrúdú orthu, lena chinntiú gur féidir an fhoghlaim a scaipeadh ar fud na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta ar bhonn náisiúnta. Foilsíodh treoirilínte oibríochta nuashonraithe i mí an Mhárta, lena leagtar amach cuspóir agus prionsabail an PANN agus ag soláthar treorach soiléire ar an bpróiseas atá le leanúint do gach athbheithniú.

## Nochtadh Oscailte

Rinneadh *Beartas Cumarsáide um Nochtadh Oscailte le hOthair i ndiaidh Teagmhais Sábháilteachta Othar* a athbheithniú agus a fhoilsiú agus seoladh é in 2019. Ciallaíonn nochtadh oscailte go ndéantar cumarsáid le hothair agus leis an duine/na daoine ábhartha, de réir mar is cuí, ar bhealach oscailte, macánta, tráthúil agus trédhearcach, más rud é:

- Go dtéann rud éigin cearr le cúram othar
- Go ndéantar díobháil ar othar mar thoradh ar a gcúram
- Gur dóigh linn go bhféadfadh díobháil a bheith ann mar thoradh ar chúram othar.

Faoin mbeartas athbheithnithe, tá sé de cheart ag othair:

- Eolas iomlán faoina gcúram agus a gcóireáil
- Bheith ar an eolas nuair a théann rudaí mícheart
- Buailleadh linn chun na rudaí a tharla a phlé
- Leithscéal dáiríre a thabhairt má rinneamar earráid nuair a bhíomar ag tabhairt aire dóibh
- Go ndéileálfar leis le comhbhá agus ionbhá.

Comhordaítear an beartas, an clár agus an clár oiliúna Náisiúnta um Nochtadh Oscailte tríd an Oifig Náisiúnta um Nochtadh Oscailte a bunaíodh i mí na Bealtaine. Go dtí seo tá rochtain ag os cionn 45,000 ball foirne ar oiliúint nochtaithe oscailte agus tá breis agus 400 ball foirne oile anois mar oiliúnaí ar fud gach réimse cúraim. Tacaíonn an oifig náisiúnta freisin le reachtaíocht nochtaithe oscailte a chur i bhfeidhm ar fud na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta go léir.

Tá Grúpa Stiúrtha um Nochtadh Oscailte curtha ar bun. Is é an ról atá aige maoirseacht a dhéanamh ar dhul chun cinn an chlár oibre um Nochtadh Oscailte. Agus an ról seo á chomhlíonadh aige, tacóidh agus cuirfidh an Coiste Stiúrtha Náisiúnta um Nochtadh Oscailte comhairle straitéiseach chun cinn agus ar fáil maidir le cur i bhfeidhm leanúnach an Chláir agus an Pholasáí Náisiúnta um Nochtadh Oscailte. D'fhorbair an Grúpa Stiúrtha creat rialachais chun monatóireacht agus meastóireacht a dhéanamh ar an mbeartas agus ar chomhlíonadh a chur i bhfeidhm ar fud FSS. Tá an beartas iomlán ar fáil ar [hse.ie](http://hse.ie).

## Nochtadh Cosanta

Tá FSS tiomanta éisteacht le himní a ardaíonn fostaithe agus oibríthe agus iad a fhreagairt. Tá socruithe maidir le déileáil le nochtadh cosanta i bhfeidhm sa tseirbhís sláinte ó 2009 faoi fhorálacha an *Achta Sláinte 2004* (arna leasú) agus ó 2014 faoin *Acht um Nochtadh Cosanta 2014* a dhéileáilann le socruithe maidir le nochtadh cosanta sna hearnálacha poiblí agus príobháideacha.

Próiseáilann an tAonad um Nochtadh Cosanta nochtuithe a fhaightear chomh maith le tacaíocht agus treoir a sholáthar do nochtóirí agus do bhainisteoirí agus seisiúin faisnéise a sholáthar ar nochtuithe cosanta ar fud na heagraíochta. In 2019, fuarthas 2,105 nochtadh cosanta\*.

## Cinnteoireacht Chuidithe

Chun tacú le rolladh amach an *Achta um Chinnteoireacht Chuidithe (Cumas) 2015*, bunaíodh clár feidhmithe i bhFSS, le maoirseacht ag Grúpa Stiúrtha Náisiúnta, ar a bhfuil baill foirne, úsáideoirí seirbhíse agus sainchomhairleoirí. Cuid de chuspóir an ghrúpa seo Cóid Chleachtais a dhréachtú ar an Acht um Ghairmithe Sláinte agus Cúraim Shóisialaigh agus ar ard-threoracha cúram sláinte.

I rith na bliana, seachadadh 49 seisiún faisnéise ar an Acht do thart ar 3,600 duine ar fud na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta. Tionóladh trí chomhdháil i mí na Samhna ar an Acht agus a impleachtaí, agus bhí os cionn 550 duine i láthair.

## Baineann Tús Áite do Leanáil le gach duine

- Foilsíodh Beartas athbheithnithe um Chosaint agus Leas Leanáil FSS, ag teacht leis na ceanglais a leagtar amach faoin Acht um Thús Áite do Leanáil 2015 agus le prionsabail na Treorach Náisiúnta um Thús Áite do Leanáil um Chosaint agus Leas Leanáil.
- Chuir níos mó ná 50,000 ball foirne ar fud FSS agus ar fud na seirbhísí conartha agus maoinithe FSS an clár éigeantach FSS Réamhrá do Thús Áite do Leanáil i gcrích, agus mar sin, is ionann líon iomlán ar cuireadh oiliúint air go dtí seo agus os cionn 220,000 ó 2016. Forbraíodh clár píolótach nua agus rinneadh é a phíolótú mar ullmhúchán lena rolladh amach ó 2020.

\* Ó foilsíodh an Tuarascáil Bhliantúil 2019 seo agus an earráid chlóscríbhneoireachta a rinneadh, leasíodh líon na Nochtadh Cosanta ó **2,105** go **57**.







Soláthar  
Seirbhíse

# Feidhmíocht Oibríochtúil

## Réamhrá

Tomhaiseadh feidhmíocht oibríochtúil 2019 go príomha de réir mar a cuireadh ar PSN do 2019 ar fáil. Leagadh amach ann, cineál agus méid na seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a bhí le soláthar ag FSS in 2019, mar fhreagairt ar an maoiniú a cuireadh ar fáil agus ar leibhéal na foirne a bhí le himscaradh.

San áireamh i PSN 2019 tá na tosaíochtaí agus na gníomhartha don eagraíocht de réir réimse seirbhíse, mar aon le spriocanna i gcoinne príomhtháscairí feidhmíochta agus leibhéal ghníomhaíochta a bhfuiltear ag súil leo. Cuimsítear sonraí mionsonraithe airgeadais agus AD mar aon le sceideal de thionscadail chaipitil atá beartaithe don bhliain. Faigheann PSN 2019 tacaíocht ó phleananna gnó mionsonraithe agus pleananna oibríochta, a shainaithníonn na daoine atá freagrach as gach tosaíocht agus gníomh, mar aon le hamlínte lárnaigh i gcoinne gach gníomhaíochta.

Tagann Grúpa Maoirseachta Feidhmíochta Náisiúnta FSS le chéile ar bhonn míosúil agus déanann sé athbhreithniú ar fheidhmíocht i gcoinne an NSP. Mar thaca leis an bpróiseas athbhreithnithe feidhmíochta seo, déantar sraith tuarascálacha feidhmíochta a tháirgeadh agus a fhoilsiú ar líne gach ráithe. Tugtar achoimre thíos ar fheidhmíocht FSS i gcoinne na dtosaíochtaí, na gníomhartha agus na spriocanna i PSN 2019.

## Tosaíochtaí agus Gníomhartha

Tá os cionn 125 tosaíocht ag PSN 2019 le 555 gníomh tacaíochta thar gach réimse de sholáthar seirbhíse agus feidhmeanna cumasúcháin. Seo a leanas an seasamh maidir leis na gníomhartha seo:

- Tá 441 gníomh (80%) de réir sceidil le soláthar. Astu seo:
  - Tá 142 gníomh (26%) curtha i gcrích
  - Tá 299 gníomh (54%) ar an mbóthar ceart le bheith críochnaithe faoin amlíne atá leagtha amach sa NSP
- Tá moill ar 109 gníomh (beagnach 20%)
- Níl dul chun cinn déanta ar 5 gníomh (1%).

Tá nuashonruithe ar go leor tosaíochtaí agus gníomhartha san áireamh sa Tuarascáil Bhliantúil seo sna rannáin ábhartha seirbhíse. Is iad saincheisteanna acmhainní, srianta acmhainne, spleáchais ar pháirtithe seachtracha nó tosca nach bhfuil faoi smacht díreach úinéir an ghnímh mar chúis go príomha leis na tosaíochtaí agus na gníomhartha a bhfuil moill orthu nó nach bhfuil dul chun cinn déanta orthu. Beidh tionchar acu seo ar ár gcumas ár bpríomhspríocanna táscairí feidhmíochta nó ár leibhéal ghníomhaíochta pleanáilte a bhaint amach. Tá aon rioscáil á maolú trí chaidreamh breise le páirtithe leasmhara ábhartha chun saincheisteanna a réiteach agus nuair is ábhartha cuirtear san áireamh iad i gclár riosca.

## Príomhtháscairí feidhmíochta agus leibhéal ghníomhaíochta

Tugtar forbheathnú ardleibhéal thíos ar na príomhtháscairí feidhmíochta agus sonraí gníomhaíochta 2019 i gcoinne 2018. Is féidir an tsraith iomlán sonraí a fheiceáil in Aguisín 3.

## Cúram sláinte pobail

- Cúram príomhúil
  - Laistigh de chúram príomhúil, tháinig feabhas ar rochtain ar theiripe cheirde (othair le feiceáil laistigh de 12 sheachtain), cosliacht, oftailmeolaíocht, sláinte béil agus seirbhísí ortadóntacha (iad siúd a fheictear le haghaidh measúnaithe laistigh de 6 mhí). Tá dúshlán fós ann laistigh de réimsí na teiripe urlabhra agus teanga, na héiteolaíochta, na seirbhísí diaitéitice agus na síceolaíochta chomh maith le hualaí cásanna altranais.
- Seirbhísí meabhairshláinte
  - Bhí deacrachtaí ann foireann oilte a earcú agus a choinneáil ar fud na seirbhísí meabhairshláinte.
  - Bhí dúshlán ar leith ann maidir le Seirbhísí Meabhairshláinte Leanáil agus Déagóirí (CAMHS) 7/7 a sholáthar mar gheall ar an easpa comhairleoirí ar bhonn náisiúnta agus idirnáisiúnta. Leanadh leis an méadú (3.2%) ar líon na n-atreoruithe CAMHS a chonacthas. Tháinig méadú freisin ar líon na n-iontrálacha chuig aonaid othair chónaithe ghéarmhíochaine do leanáil agus do dhéagóirí mar chéatadán d'iontrálacha foriomlána leanáil chuig aonaid ghéarmhíochaine d'othair chónaithe meabhairshláinte (21.6%).
  - Tháinig méadú beag ar liostaí feithimh i gcomparáid le 2018 ach bhí siad beagán níos fearr ná spriocanna PSN 2019.
  - Cé gur tháinig méadú (4.3%) ar líon na síciatrachta atreoruithe pobail deireadh saoil a chonacthas sna seirbhísí meabhairshláinte, thairg na daoine sin coinní laistigh de 12 sheachtain ag foirne meabhairshláinte um shíciatracht pobail deireadh saoil (-1.6%) nó cuireadh coinne ar fáil dóibh agus chonacthas (-1.3%), níos measa.
- Seirbhísí míchumais
  - Tá na ceanglais maidir le seirbhísí agus tacaíochtaí laistigh de sheirbhísí míchumais níos mó ná na hacmhainní atá ar fáil agus cé go bhfuil feabhsúcháin á ndéanamh in go leor réimsí, tá dúshlán fós ann i réimsí eile.
  - Tá feabhas tagtha ar chomhlíonadh na rialachán tar éis iniúchtaí an Udarás um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte (UFCS) (0.6%) mar aon lenár gcomhlíonadh le céatadán na measúnuithe leanáil a cuireadh i gcrích (12.6%) laistigh de na hamlínte atá leagtha amach sna rialacháin (ag tabhairt dá haire gur tháinig méadú suntasach ar líon na n-iarratas ar mheasúnú riachtanas in 2019). Mar sin féin, níl ár gcomhlíonadh foriomlán go maith (9.8%). Cuirfean an Nós Imeachta Oibríocháin Caighdeánach athbhreithnithe chun Measúnú Riachtanais a chumasú go criticiúil chun amlínte measúnaithe a fheabhsú i bhfeidhm ó Eanáir 2020. Tá leithdháileadh post teiripe nua ailínithe le maolú a chur ar an riaráiste/moilleanna a bhaineann leis na Measúnuithe Riachtanais a chur i gcrích.
  - Tá níos mó uaireanta cúnaimh phearsanta á gcur ar fáil (0.8%). Mar sin féin, tá laghdú tagtha ar líon na n-uaireanta tacaíochta baile a chuirtear ar fáil do dhaoine faoi mhíchumas (-4.4%) mar aon lenár bhfreagra ar lucht fágála scoile (-24.6%) agus céimithe oiliúna athshláinaithe (-2.4%) chun socrúchán a sholáthar dóibh.
  - Tá laghdú tagtha ar líon na socrúcháin éigeandála nua ó 2018 (-39.4%) mar aon le líon na ndaoine a bhog ó shuíomhanna comhchruinnithe go suíomhanna pobail (-33.5%). Tá sé seo mar gheall ar easpa maoinithe idirthréimhsigh agus leanúnaigh chun tacú lena n-aistriú; tá sé mar gheall ar an easpa tithíochta a bheith ar fáil sa tír freisin agus mar gheall ar oibreacha gaolmhara chun comhlíonadh UFCS a chinntiú.

- Seirbhísí do dhaoine scothaosta
  - Athraíonn líon na ndaoine scothaosta a fhaigheann tacaíocht bhaile ag am ar bith ag brath ar leibhéal riachtanas na ndaoine a bhaineann leas as na seirbhísí. In ainneoin na hacmhainne suntasaí a leithdháiltear ar thacaíocht bhaile, leanann an t-éileamh ar thacaíocht bhaile ag dul thar an leibhéal seirbhíse a fhéadtar a mhaoiniú.
  - Tá liostaí feithimh le haghaidh tacaíochta baile mar ghné den tseirbhís toisc nár choinnigh acmhainní suas le fás an daonra nó leis an spleáchas méadaitheach atá ag teacht ar líon na ndaoine os cionn 80 bliain d'aois, laistigh den chohórt os cionn 65 bliana.
  - Tháinig méadú ar líon na n-uaireanta tacaíochta baile a cuireadh ar fáil in 2019 (2.1%); tháinig laghdú (-7.2%) ar an líon a fuair tacaíocht bhaile ó phacáistí dianchúraim baile.
  - Cuidíonn an Scéim Náisiúnta um Chúram Idirthréimhseach le hothair in ospidéal ghéarmhíochaine atá réidh le scaoileadh saor ach a dteastaíonn cúram baile altranais uathu nó tréimhse téarnaimh suas le 4 seachtaine ar a mhéad. Maoiníonn an scéim na hothair seo i dtithe altranais príobháideacha a éascaíonn othair a scaoileadh saor go tráthúil ó ospidéal ghéarmhíochaine.
  - Tháinig laghdú (-1.3%) ar líon na ndaoine a fhaigheann tacaíocht trí chúram idirthréimhseach i suíomhanna cúraim mhalartacha, ach tháinig méadú (1.4%) orthu siúd a maoiníodh faoin NHSS agus méadú freisin ar chéatadán na ndaoine le NHSS atá ag fáil tacaíochta coimhdeacha stáit (6.3%). Mhéadaigh comhlíonadh na rialachán tar éis cigireachtaí UFCS (10.2%).
- Bhí méadú ar ghníomhaíocht fhoriomlán géarmhíochaine (cás othar cónaitheach agus lae) (1.5%) ach go sonrach cóireáil cásanna lae (2.8%).
- Tháinig méadú ar líon na n-othar cónaitheach (1.4%) agus cásanna lae (5.7%) os cionn 75 bliain d'aois a scaoileadh abhaile
- Tháinig méadú ar líon na bhfreastal ar RÉ (idir nua (2.2%) agus fillte (12.1%)).
- Is dúshlán mór i gcónaí na hamanna feithimh atá roimh othair sa RÉ agus, mar is cuí, a ligean isteach san ospidéal.
- Tháinig méadú (15.5%) ar na laethanta leapa a cailleadh mar gheall ar mhoill ar scaoileadh abhaile.
- Thit líon iomlán na ndaoine a bhí ag fanacht le coinne othair chónaitheach nó cás lae in 2019, d'ainneoin thionchar ceithre lá stailce agus cailleadh níos mó ná 9,500 cás dá bharr. Leanann FSS agus an Ciste Náisiúnta um Cheannach Cóireála (NTPF) ag díriú ar líon iomlán na ndaoine atá ag fanacht agus ar na daoine sin atá ag fanacht is faide agus leanfaidh siad ar aghaidh in 2020 chun pleananna cóireála aonair a chomhaontú d'othair laistigh den chóras poiblí nó go seachtrach nuair is cuí.
- Is dúshlán suntasach fós iad ár liostaí feithimh d'othair sheachtracha. Mhéadaigh líon iomlán na ndaoine a bhí ag fanacht leis an gcéad choinne d'othair sheachtracha le linn 2019. Arís, bhí tionchar suntasach ag an stailc, agus cailleadh 45,000 coinne d'othair sheachtracha dá bharr. Tá réimse beart á dhéanamh chun liostaí feithimh agus amanna feithimh othar seachtrach a laghdú. Mar a léiríodh thuas, leanann FSS agus NTPF ag díriú ar líon iomlán na ndaoine atá ag fanacht agus orthu siúd atá ag fanacht na tréimhse is faide agus féachfaidh siad in 2020 le measúnú aonair a chomhaontú agus, mar is iomchuí, pleananna cóireála gaolmhara d'othair laistigh den chóras poiblí nó go seachtrach i gcás oiriúnach.
- Méhadaigh ár bhfeidhmíocht fhoriomlán RÉ maidir le daoine a scaoileadh abhaile nó a ligean isteach laistigh de 6 nó 9 n-uaire an chloig ó chlárú (-2.9% agus -1.6% faoi seach) nó iad siúd in RÉ ar feadh níos mó ná 24 uair an chloig (lena n-áirítear daoine os cionn 75 bliana d'aois).
- Tháinig feabhas beag (0.4%) ar am taithí othar RÉ < 24 uair in 2019 in ainneoin méaduithe suntasacha ar fhreastal ar RÉ i ndeireadh na bliana 2019.
- Laghdaigh líon na ndaoine a bhí ag fanacht 13 seachtaine nó níos lú le haghaidh gnáthionscópachta ar an drólann (-6.3%), agus cé gur laghdaigh líon na ndaoine a bhí ag fanacht ar feadh 4 seachtaine nó níos lú le haghaidh ionscópachta práinní ar an drólann (-17.4%), níor chomhlíonamar ár sprioc leibhéal feidhmíochta. D'aithin Clár Ionscópachta FSS an riachtanas maidir le hacmhainn bhreise shuntasach ar fud an chórais chun tacú le spriocanna a bhaint amach go leanúnach. Tá dul chun cinn á dhéanamh bunaithe ar mhaoiniú breise forbartha NTPF agus FSS a chur ar fáil, ach gan forbairt acmhainne breise beidh sé dúshlánach sa ghearrthéarma na hacmhainní breise a bhaint amach.
- Cé gur tháinig méadú ar líon na gcásanna nua CPE in 2019 (24.5%), mhéadaigh céatadán na n-ospidéal a chuir i bhfeidhm na ceanglais maidir le hothair a scagadh de réir treoirilínte CPE (34.7%), agus tháinig méadú freisin ar chéatadán na n-ospidéal a chuir an beartas náisiúnta i bhfeidhm maidir le gníomhairí frithmhiocróbacha srianta (62.6%).
- Tháinig méadú in 2019 ar chéatadán na n-othar stróic ghéarmhíochaine a fuair an chuid is mó dá gcóireáil in aonad géarmhíochaine nó stróic (3.8%) agus tháinig méadú freisin ar na hothair sin a raibh stróic géarmhíochaine iscéimeach orthu a fuair trombalú (30.9%).

## Seirbhísí géarmhíochaine

Mhéadaigh ár ngníomhaíocht fhoriomlán in ospidéal ghéarmhíochaine in 2019 thar 2018 ag léiriú na n-éileamh méadaithe atá á gcur ar ár seirbhísí – leanann an t-éileamh seo ag fás de réir mar a théann an daonra i méid agus in aois agus de réir mar a éascaíonn dul chun cinn teicneolaíochta idirghabhálacha nua i mbainistiú galair.

Is cuid lárnach den phleanáil bhliantúil sa tseirbhís sláinte ná pleanáil an gheimhridh chun a chinntiú go n-ullmhaítear an córas do na brúna seachtracha breise a bhaineann le tréimhse an gheimhridh. Le Grúpa Maoirseachta Geimhridh agus naoi bhFoireann Gníomhaíochta Geimhridh sainláithreáin le linn thréimhse an gheimhridh 2018/2019 cuireadh ar fáil smacht láidir don chóras ar sholáthar seirbhíse le linn na tréimhse dúshlánaí seo, ag cabhrú le feabhsú inbhuanaithe a sholáthar ar fheidhmíocht cúraim neamhsceidéalta ar fud na bunscoile, an phobail agus seirbhísí géarmhíochaine do thréimhse an gheimhridh. Agus é ag ullmhú do gheimhreadh 2019/2020, foilsíodh *Plean Geimhridh Náisiúnta FSS 2019-20*. Díriodh leithdháileadh de €26m ar thacaíocht a thabhairt do sheirbhísí trí:

- €13m do NHSS chun an tréimhse roimh an maoiniú a laghdú go ceithre seachtaine go dtí an 31 Nollaig 2019
- Maoiniú cúraim idirthréimhseach €4.2m chun tacú le scaoileadh saor ó ospidéal ghéarmhíochaine
- €2m do phacáistí tacaíochta baile chun tacú le haistrithe moillithe cúraim agus liostaí feithimh pobail
- Leithdháileadh €6.8m ar thionscnaimh Fhoireann Gníomhaíochta an Gheimhridh, agus dáileadh maoiniú idir na naoi gceantar ECSP bunaithe ar an daonra.

Tugtar forbhreathnú ardleibhéal thíos ar na príomhtháscairí feidhmíochta agus sonraí gníomhaíochta 2019 in aghaidh 2018.

# Sláinte agus Folláine an Daonra

Baineann sláinte agus folláine an daonra le cuidiú lenár ndaonra iomlán fanacht sláintiúil agus folláin trí dhíriú ar chosc, ar chosaint agus ar chur chun cinn agus feabhsú sláinte.

Is bunsprioc é seirbhís sláinte inbhuanaithe a fhorbairt chun tacú le sláinte an daonra agus é a fheabhsú. I *Sláintecare* aithnítear an tábhacht a bhaineann le tacú le daoine aire a thabhairt agus a sláinte agus a bhfolláine féin a chosaint. Tá fealsúnacht an chórais iomláin mar bhonn agus taca ag *Éire Shláintiúil*, an straitéis náisiúnta maidir le sláinte agus folláine fheabhsaithe, ina bhfuil freagracht tras-rialtais agus tras-sochaíoch. Tá ról ceannaireachta tábhachtach ag an gcóras sláinte i gcónaí maidir le hathrú córais iomláin a thiomáint i dtreo cultúir in Éirinn a leagann béim agus luach níos mó ar chosc agus ar dhaoine a choinneáil i dea-riocht.

## Sláinte agus Folláine

### Creat Éire Shláintiúil a Chur i bhFeidhm

- Seoladh Pleananna Forfheidhmithe Éire Shláintiúil don dá ECSP eile agus tá pleananna feidhmithe i bhfeidhm anois do na naoi ECSP go léir. Leanadh de chur i bhfeidhm phleananna *Éire Shláintiúil* i gcúig cinn de na seacht nGrúpa Ospidéal.
- Foilsíodh *Men on the Move, A Community Based Physical Activity Programme for Adult Men in Ireland – Evaluation Report: Executive Summary*. Sa tuarascáil leagtar béim ar an gcaoi ar laghdaigh na fir a ghlac páirt rathúil i gclár gníomhaíochta corpartha 12 seachtaine in ocht gComhpháirtíocht Spóirt Áitiúil (LSPanna) a meáchan agus a riosca cardashoithíoch faoi 30% agus ar fheabhsaigh siad a sláinte agus a bhfolláine iomlán. Cuireadh tús le hobair ar an gclár a rolladh amach ar fud an líonra náisiúnta de 29 LSP.
- I gcomhpháirtíocht le Jigsaw, seachadadh roinnt ceardlann do 411 ceannaire óige agus oibríthe óige lena n-áirítear:
  - 20 ceardlann *Réamheolas ar Mheabhairshláinte na nÓg*
  - 4 ceardlann *Ag tabhairt Aire do d'Fholláine*.

### Sláinte agus folláine an daonra a fheabhsú

- An tábhacht a bhaineann le gach teagmháil a chur san áireamh
  - Is clár oiliúna suaitheanta é Tábhacht a Thabhairt do Gach Teagmháil (TTGT) atá deartha chun na milliúin teagmhálacha laethúla a bhíonn ag baill foirne le hothair agus úsáideoirí seirbhíse a úsáid chun athrú iompraíochta sláintiúil a spreagadh agus tacú leis an athrú sin. In 2019, chuir 1,792 ball foirne an oiliúint r-Fhoghlama TTGT in idirghabháil ghairid i gcrích agus chuir 367 ball foirne túsle an oiliúint TTGT duine le duine in idirghabháil ghairid i gcrích.
- Tacaíocht Féinbhainistíochta
  - Leanadh den obair leis na hInstitiúidí Ardoideachais chun an curaclam tacaíochta féinbhainistíochta (SMS) a thabhairt chun críche, lena n-áirítear é a chur i bhfeidhm.
- An Clár um Bhia Sláintiúil agus Maireachtáil Ghníomhach
  - Is clár sé seachtaine é an Clár Cócaireachta Pobail atá maoinithe ag FSS, Bia Sláintiúil atá Éasca le

Déanamh, a chuirtear ar fáil i bpobail faoi mhíbhuntáiste chun tacú le daoine tuiscint níos fearr a fháil ar chothú agus chun scileanna cócaireachta a fhoghlaim. D'fhreastail 5,100 duine ar chlár chócaireachta pobail timpeall na tíre.

- Seoladh an *Beartas Bia, Cothaithe agus Hiodráitithe nua d'Othair Aosacha in Ospidéal Ghéarmhíochaine*. Forbraíodh sraith uirlisí chun tacú le cur chun feidhme áitiúil agus tá sé ar fáil ar hse.ie. Tá sé mar aidhm ag an mbeartas nua seo a chinntiú go bhfaigheann gach othar aosach in ospidéal ghéarmhíochaine seirbhís bia agus cothaithe othar-lárnaithe, óna ligean isteach go dtí a scaoileadh saor ón ospidéal.
- Leanadh le seachadadh an fheachtais START i gcomhpháirtíocht le Safefood, lenar cuireadh ar fáil roinnt leideanna praiticiúla, indéanta chun cabhrú le hathruithe ar stíl mhaireachtála níos sláintiúla a dhéanamh. Tá an feachtas mar bhonn agus taca ag *Meáchan Sláintiúil d'Éirinn: Beartas agus Plean Gníomhaíochta um Otracht 2016-2025* agus *Creat Meáchan Sláintiúil do Leanáí (0-6 bliana)* ceangailte go díreach le teaglaigh le linn cluiche leathcheannais CLG i bPáirc an Chrócaigh agus na Craobhchomórtais Náisiúnta Treabhdóireachta.
- Clár Oideachais
  - Tugtar tacaíocht do mhúinteoirí bun scoile agus iar-bhunscoile chun timpeallachtaí dearfacha scoile a chruthú, beartais um bhia sláintiúil a fhorbairt, gníomhaíocht choirp a chomhtháthú sa lá scoile agus chun déileáil agus athléimneacht a thabhairt isteach trí chlár foghlama sóisialta agus mothúchána. Le linn 2019, seachadadh 89 cúrsa oiliúna do 1,599 múinteoir bun scoile agus iar-bhunscoile ar fud na tíre.
  - Forbraíodh Cairt agus Creat Náisiúnta um Champas Sláintiúil i gcomhpháirtíocht leis an RS agus Institiúidí Ardoideachais.
- Clár Alcóil
  - Forbraíodh *An Scór a bheith ar Fhios agat: Ábhair Acmhainne um Úsáid Substaintí don tSraith Shinsearach OSPA* mar acmhainn fhianaise-bhunaithe do mhúinteoirí de mhic léinn idir 15 agus 18 mbliana d'aois. Tá sé deartha chun daoine óga a spreagadh chun réimse leathan ábhar a bhaineann leis na rioscaí a bhaineann le drugaí agus alcól a iniúchadh agus a mheas.
  - Spreagadh daoine féachaint ar a gcaidreamh le halcól tríd an tástáil féinmheasúnaithe a dhéanamh [askaboutalcohol.ie](http://askaboutalcohol.ie) le linn na seachtaine feasachta ar dhochar a bhaineann le halcól. Tá an uirlis féinmheasúnaithe deartha chun cabhrú le daoine níos mó a thuiscint faoin tionchar a bhíonn ag an ól ar a saol. D'úsáid 14,000 duine an uirlis idir mí Aibreáin 2017 agus mí na Nollag 2019.

- Éire Saor ó Thobac
    - Tá seachtar as gach 10 gcaiteoir tobac ag iarraidh éirí as agus déanann ceathrar as gach deichniúr iarracht éirí as gach bliain. Cruthaítear go méadaíonn tacaíocht iompraíochta an seans atá ag caiteoir tobac éirí as faoi dhó agus gur idirghabháil chostéifeachtach í. Sáraíodh an sprioc náisiúnta de 45% maidir le céatadán na gcaiteoirí tobac a bhain úsáid as seirbhís QUIT FSS agus nach bhfuil ag caitheamh tobac ag an gcruinniú leantach ceithre seachtaine.
    - Cuireadh an beartas náisiúnta campais saor ó thobac chun cinn ar fud shuíomhanna uile an CHO agus an Ghrúpa Ospidéal. Seoladh dámhachtain sparánachta nua do sheirbhís ospidéal agus pobail mar aitheantas ar chur i bhfeidhm feabhsaithe Bheartas an Champais Saor ó Thobac.
  - Is cuid thábhachtach de shláinte agus folláine fhoriomlán í sláinte agus folláine ghnéis agus tá sí ar cheann de na príomhthosaíochtaí faoi *Éire Shláintiúil*
    - Seachadadh an bunchlár i gcur chun cinn na sláinte gnéis i 10 suíomh ar fud na tíre, ag tacú le soláthraithe seirbhíse atá ag iarraidh a muintín, a scileanna agus a n-eolas i réimse chur chun cinn sláinte gnéis a fhorbairt agus cur chun cinn sláinte gnéis a ionchorprú ina gcuid oibre.
    - Is tionscnamh domhanda é *Fast Track Cities* a bhfuil sé mar aidhm aige tionscnaimh um chosc, chóireáil agus tacaíocht VEID a threisiú, agus an stiogma a bhaineann le VEID a laghdú.
    - Leis an maoiniú de €450,000, tugadh tacaíocht d'fhorbairtí i seirbhísí tástála agus for-rochtana pobalbhunaithe i mBaile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach agus Gaillimh, chomh maith le feachtais phoiblí ar stiogma a laghdú.
    - Cuireadh clár céimnithe VEID bunaithe ar dhrugaí i bhfeidhm. Fógraíodh soláthar saor in aisce de Phróifíolacsas Réamhnochta do dhaoine ó dhaoine atá i mbaol. Cuimsítear sa Chlár um Phróifíolacsas Réamhnochta úsáid réamhchlaonta de chógas frith-víreasacha chun ionfhabhtú VEID a chosc, laistigh de sheirbhís iomlánaíoch a chuimsíonn monatóireacht agus tástáil rialta chomh maith le comhairle agus comhairleoireacht ar chleachtais ghnéis níos sábháilte. Cuireadh tús le rolladh amach tosaigh an chlár seo i gclinicí poiblí ar ionfhabhtuithe gnéas-tarchurtha.
    - Seoladh an tseirbhís teileafóin Chomhairleoireachta Náisiúnta um Thoirchis Géarchéime 'Mo Roghanna' agus is féidir níos mó faoi seo a fheiceáil ar leathanach [49] den Tuarascáil Bhliantúil seo.
    - Cuireadh tús le rolladh amach na Seirbhíse Náisiúnta Dáileacháin Coiscín i suíomhanna tríú leibhéal i mí na Samhna 2019 trínar féidir le coláistí tríú leibhéal dáileoirí coiscín saor in aisce a ordú ón FSS, ag soláthar coiscíní agus faisnéis sláinte gnéis saor in aisce do mhic léinn ar champais ar fud na tíre.
    - Forbraíodh agus seoladh cúrsa nua r-Fhoghlama LGBT+ i gcomhar le LGBT Ireland. Tá sé deartha chun cabhrú leis an bhfoireann go léir tuiscint a fhorbairt ar an gcaoi ar féidir le hathruithe simplí ar chleachtas laethúil seirbhís fheabhsaithe a sholáthar don phobal LGBT+.
  - Cothú
    - Foilsíodh an *Creat um Mheáchan Sláintiúil do Leanáí (0-6 bliana)*. Mar chuid dá chur i bhfeidhm, forbraíodh agus seoladh dhá mhodúl oiliúna ar líne d'fhoireann atá ag obair le leanáí agus teaghlaigh.
    - Nascadh suíomh gréasáin beathú cíche de chuid FSS le mychild.ie, mar aon leis na leathanaigh Facebook chun suíomh saineolaí amháin a sholáthar le haghaidh comhairle agus raon tacaíochtaí níos saibhre maidir le faisnéis faoi shláinte leanáí do thuismitheoirí agus do dhaoine a bheidh ina dtuismitheoirí. Le cumasc na suíomhanna, chonacthas rannpháirtíocht mhéadaithe agus an-dearfach ar na postálacha maidir le beathú cíche.
- ### An daonra a chosaint ar bhagairtí ar a shláinte agus ar a bhfolláine
- Imdhíonadh
    - Fuair 42.2% d'oibrithe cúram sláinte vacsaín flíú séasúrach le linn na tréimhse 2018/2019 in áiseanna cúraim fadtéarmacha. Is méadú suntasach é seo ar ghlacadh 2018 (33.1%). Fuair 53.2% d'oibrithe cúram sláinte an vacsaín flíú séasúrach in ospidéal ghéarmhíochaine, méadú ar 2018 (44.8%).
    - Seoladh clár vacsaín 2019/2020 um papalómaivíreas daonna (HPV) i scoileanna. Tá an vacsaín á tabhairt anois do gach mac léinn céad bliana i meánscoileanna, lena n-áirítear buachaillí den chéad uair. Mar chuid den fheachtas forbraíodh físeáin nua agus eolacha. Seachadadh níos mó ná 60,000 pacáiste faisnéise ar fud na tíre sular thosaigh an clár vacsaínithe i mí Mheán Fómhair. Beidh glacadh na vacsaíne ar fáil níos déanaí in 2020 toisc go bhfuil an clár fós ar siúl.
  - Ionad Cosanta Sláinte agus Faireachais
    - Cosnaíonn an tIonad Cosanta Sláinte agus Faireachais ár ndaonra ó bhagairtí ar a shláinte agus ar a bhfolláine trí imscrúdú, faireachas agus bainistiú ar rialú galar tógálach. Fógraíodh 644 ráig de ghalair thógálacha faoin sceideal náisiúnta um thuairisciú galair thógálacha.
- ### Seirbhís Sláinte Comhshaoil
- Ag freagairt do thionchar an Bhreathimeachta, méadaíodh an acmhainn chun a chinntiú go bhféadfaí rialuithe oifigiúla ar allmhairí bia ag calafoirt agus aerfoirt a dhéanamh agus go bhféadfaí iarratais bhreise ar dheimhnithe onnmhairithe bia a chomhlíonadh. Tá tuilleadh faisnéise maidir le hullmhú don Bhreathimeacht le feiceáil ar leathanach [25] den Tuarascáil Bhliantúil seo.
  - Go ginearálta, b'ard an comhlíonadh leis an *Acht Sláinte Poiblí (Tobac), 2002*. Mar sin féin, bhí 124 cás ionchúisimh ann in 2019 as ar eascair ciontuithe as cionta a bhaineann le tobac.
  - Dearadh an *tAcht Sláinte Poiblí (Leapacha Gréine) 2014* chun daoine óga a chosaint agus rogha níos eolasaí a chur chun cinn i measc daoine fásta maidir le húsáid leapacha gréine. Le linn na bliana, leanadh den obair ar chigireachtaí a dhéanamh, ceannacháin tástála agus cigireachtaí rúnsiopaera.

- Cuireadh tús le hobair ar Chonradh Seirbhíse nua a chomhaontú idir Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann agus FSS.
- Leanadh den obair leis an Roinn Sláinte san ullmhúchán d'fhorálacha suntasacha a fhorfheidhmiú faoin *Acht Sláinte Poiblí (Alcól) 2018* a thiocfaidh i bhfeidhm in 2020.
- Bhí idircaidreamh leis an Roinn Sláinte agus Uisce Éireann chun athbhreithniú a dhéanamh ar an leibhéal reatha comhlíonta le riachtanais fluairídthe.

## An tSeirbhís Scagthástála Náisiúnta

- BowelScreen
  - Tugadh faoi chumarsáid spriocdhírthe agus cur chun cinn an chláir BowelScreen chun an glacadh leis an gclár a mhéadú i measc fir agus mná incháilithe idir 60-69 bliana d'aois. Bhí an rannpháirtíocht i measc na bhfear níos ísle fós ná na mná agus tugadh faoi fheachtais dhírthe a dhírigh ar fhir i rith na bliana, lena n-áirítear an clár a chur chun cinn trí bhotháin fir agus ag na Craobhchomórtais Treabhdóireachta.
- Diabetic RetinaScreen
  - Cuireadh an tionscadal chun scagthástáil faireachais dhigitigh a thabhairt i bhfeidhm agus tá cuireadh á thabhairt do dhaoine anois freastal ar scagadh faireachais dhigitigh ar fud na tíre. Leis an tsamhail seo, cuirfeadh feabhas ar an mbealach cóireála d'othair agus tacóidh sé le samhail cúraim níos pobalbhunaithe.
- BreastCheck
  - Cuireadh síneadh aoise an chláir BreastCheck i bhfeidhm tuilleadh agus leathnaíodh an scagthástáil do na mná eile 67 bliana d'aois mar aon le cuid de mhná atá 68 bliana d'aois.
  - Bhí an glacadh fós ard le líon níos mó ban ag freastal ar scagthástáil mamagrafaíochta ná mar a bhí dhírthe. Tá dúshlán fós ann, áfach, maidir lena chinntiú go bhfeictear gach bean laistigh den chreat ama molta, agus bhí 49% de na mná ar tugadh cuireadh dóibh scagthástáil a dhéanamh in BreastCheck ag fanacht níos faide ná 24 mí lena mamagram scagtha.
  - Léirigh tuarascáil a d'fhoilsigh an Chlárlann Náisiúnta Ailse Éireann gur tháinig feabhas 15% ar an ráta marthanais cúig bliana d'ailse chíce baineann idir 1994 agus 2015. Le scagthástáil fheabhsaithe, tá ailse chíce á dhiagnóisiú níos luaithe ag céim níos luaithe, agus mhéadaigh céatadán na gcásanna céim 1 ó 21% i 1994-1999 go 33% i 2008-2015.
- CervicalCheck
  - Ó cuireadh tús leis an gclár in 2008, rinneadh níos mó ná 3m scagthástáil agus tá rátaí ailse cheirbheacs in Éirinn laghdaithe 7% bliain ar bhliain. Braitheadh níos mó ná 100,000 cás de chealla ceirbheacs neamhghnácha, agus d'fhéadfadh go leor acu a bheith ina n-ailse mura mbraitear iad.
  - Rinneadh 234,000 tástáil smearaidh i ngach suíomh in 2019 i gcomparáid le 370,000 in 2018. Tharla an méadú in 2018 mar gheall ar an éileamh ar scagthástálacha

lasmuigh den timthriall le linn ghéarchéim CervicalCheck. Ba chóir a thabhairt faoi deara, chun críocha cumhdaigh, nach dtuairiscíonn CervicalCheck ach na tástálacha sin a rinneadh i suíomh cúraim phríomhúil agus ba ionann iad sin agus 206,315 in 2019 i gcomparáid le 339,161 in 2018.

- Mar thoradh ar an idirbheartaíocht rathúil conartha le saotharlanna bhí cumas méadaithe ann, rud a chabhraigh le hamanna slánúcháin a athbhunú go sé seachtaine do mhná faoi Lúnasa 2019. Bhí sé seo ríthábhachtach chun go leanfaí den scagthástáil cheirbheacs in Éirinn.
- Athbhunaíodh an tionscadal scagthástála le haghaidh HPV agus rinneadh obair shuntasach chun ullmhú do scagthástáil HPV a thabhairt isteach go luath in 2020.
- Rinneadh infheistíocht shuntasach in acmhainní a mhéadú lena n-áirítear comhairleoirí a fhostú i bpaiteolaíocht agus i gcoloscópacht. Tugadh acmhainní breise isteach freisin i mbainistíocht clár, saotharlann, foireann tacaíochta agus dearbhú cáilíochta.
- Cuireadh foireann shuntasach agus próiseas pleanála gaolmhar i bhfeidhm chun tacú le hathbhreithniú Choláiste Ríoga na gCnámhseoirí agus na Ginéiceolaíochta (RCOG) a cuireadh i gcrích i mí na Nollag. Chinntigh sé seo go bhfuair mná a dtuairiscí RCOG go tráthúil agus go hatruach.
- Leantar ag soláthar tacaíochtaí do mhná a dtéann an t-iniúchadh CervicalCheck i bhfeidhm orthu tríd an Oifigeach Idirchaidrimh Pobail.

### Cur i bhfeidhm Fiosrúchán Scóipe ar an gClár Scagthástála CervicalCheck, 2018 (Tuarascáil Scally)

Foilsíodh tuarascálacha ar dhul chun cinn maidir le cur i bhfeidhm mholtaí an *Fhiosrúcháin Scóipe ar an gClár Scagthástála CervicalCheck, 2018* (Tuarascáil Scally) i rith na bliana ag léiriú dul chun cinn suntasach. Tá FSS freagrach as 42 den 58 moladh a chur i bhfeidhm agus, ó foilsíodh Tuarascáil Scally, tá 105 de na 116 gníomh maidir leis na moltaí seo curtha i gcrích aici. Tá impleachtaí ag go leor de na moltaí ar gach seirbhís sláinte agus ní bhaineann siad leis an gclár CervicalCheck amháin.

- Mar thoradh ar thionscadal dearaidh eagraíochta tháinig struchtúr rialachais feabhsaithe agus líon suntasach ceapachán nua i ngach clár. Ina measc seo bhí comhairleoirí cliniciúla, bainistíocht oibríochtaí agus poist sláinte poiblí.
- Sheol an tSeirbhís Scagthástála Náisiúnta a céad *Straitéis Comhpháirtíochta Othar agus Poiblí 2019-2023* ina leagtar amach conas a neartóidh sí a comhpháirtíocht le hothair agus leis an bpobal sna ceithre bliana amach romhainn, lena n-áirítear a chinntiú gur féidir le húsáideoirí seirbhíse tionchar a imirt ar chinntí maidir le dearadh, seachadadh agus meastóireacht seirbhísí.
- Rinneadh tuilleadh oibre chun an próiseas dearbhaithe cáilíochta a fheabhsú ar fud na gclár go léir, lena n-áirítear treoirilínte a nuashonrú agus coistí agus acmhainní dearbhaithe cáilíochta a neartú.









Cúram  
Sláinte  
Pobail

# Seirbhísí Cúraim Phríomhúil

I *Sláintecare* leagtar amach an gá le haistriú ó sholáthar cúraim ó shuíomhanna géarmhíochaine go pobail, ag tacú le galair ainsealacha a chosc agus a bhainistiú ar leibhéal an phobail.

Dá bharr, tá Líonraí Cúraim Sláinte Pobail (CHNanna) mar an t-aonad bunúsach eagraíochta chun seirbhísí a sholáthar sa phobal. Is aonaid gheografacha iad CHNanna a sholáthraíonn seirbhísí do mheán-daonra de 50,000. Beidh 96 CHN ann agus beidh idir ocht agus 14 CHN ag gach ECSP a chuirfidh ar chumas cur chuige ildisciplíneach comhordaithe i leith soláthar cúraim, ag soláthar torthaí níos fearr do dhaoine a dteastaíonn seirbhísí agus tacaíochtaí uathu laistigh de líonraí agus thar líonraí.

- Aontaíodh naoi suíomh foghlama CHN agus earcaíodh naoi mBainisteoir Líonra Pobail. Ina theannta sin, earcaíodh 65 ball foirne lena n-áirítear teiripeoirí agus altraí. Le forbairt na suíomhanna seo, cuirfear bonn eolais faoi rolladh amach na 96 CHN sa todhcháí.
- Acmhainn a thógáil i gcleachtadh ginearálta
  - Tá ról lárnach ag Dochtúirí Ginearálta maidir le cúram a bhogadh i dtreo seirbhísí cúraim príomhúil a bhaint amach. Thángthas ar chomhaontú maidir le hathchóiriú conarthach Dochtúirí Ginearálta ar shraith beart maidir le seirbhísí nua a sholáthar lena n-áirítear bainistíocht galar ainsealach agus haemochromatóis, ina raibh Dochtúirí Ginearálta ag obair go dlúth le foirne áitiúla ildisciplíneacha CHN i soláthar cúraim, go háirithe chun leasa dóibh siúd a bhfuil riachtanais chasta sláinte acu.
  - I measc na mbeart nuachóirithe tá réimsí r-Shláinte, bainistíocht cógais agus obair ildisciplíneach. I measc na bpríomhthionscnamh tá an t-oideas leictreonach á rolladh amach agus forbairt de thaifid othar leictreonacha achomair agus cúraim roinnte a fhágfaidh go mbeidh cúram sláinte níos sábháilte agus níos éifeachtaí.
- Cuireadh tús le hearcú 40 teiripeoir saothair leis an mbéim ar aghaidh a thabhairt ar othair atá ag fanacht thar 52 seachtaine.
- Cuireadh roinnt tionscnamh feabhsúcháin cáilíochta laistigh d'fhoirne idirghabhála pobail (CITanna) agus Teiripe Fhrithmhiocróbach Phairentreach Othar Seachtrach (OPAT) i bhfeidhm lena n-áirítear tús a chur le clinic haemochromatóis in Ionad Cúraim Phríomhúil Thuama agus athbhreithniú ar sheirbhísí OPAT.
- Trí idirbheartaíocht rathúil leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, leasaíodh téarmaí na Scéime Oibre Neamhthipiciúla lena gcuirtear feabhas ar earcaíocht agus coinneáil Dochtúirí Ginearálta le béim ar leith ar sheirbhísí Lasmuigh de Ghnáthuaireanta aireanta Dochtúirí Ginearálta. Ligeann an Scéim Oibre Neamhthipiciúil do dhaoine lasmuigh den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch obair chonartha ghearrthéarmach áirithe a dhéanamh nach gcumhdaítear leis an *Acht um Cheadanna Fostaíochta 2006*.
- Cuireadh i gcrích rolladh amach an chórais Náisiúnta Taifead agus Faisnéise Fiaclóireachta. Is é seo an chéad chóras faisnéise cliniciúla de chuid FSS ar fud na tíre. Tá an córas beo in 221 ionad cúraim príomhúil ar fud 26 chontae agus tá rochtain ag gach fiaclóir FSS air ar fud na tíre.

- Heipitéas C
  - Mar chuid den chlár cóireála heipitéas C, forbraíodh sé shuíomh cóireála pobail nua agus tá ullmhúchán ar bun le haghaidh dhá shuíomh géarmhíochaine nua. Ceapadh sainchomhairleoir nua chun for-rochtain agus rialachas cliniciúil a sholáthar i seirbhísí for-rochtana pobail agus géarmhíochaine. Leathnaíodh seirbhísí altranais i dtír shuíomh cóireála géarmhíochaine freisin.
  - Cuireadh tús le cruthúnas nua ar choincheap maidir le dáileadh agus oideasú pobail ag Dochtúirí Ginearálta. Cuireadh seisiúin oiliúna agus tacaíochta ar fáil do naonúr dochtúirí ginearálta agus ochtar gcógaiseoir pobail.

## Ionaid chúraim príomhúil

Tá leathnú an chúraim phobail agus príomhúil ag croílár na físe de *Sláintecare*. Tá sé ríthábhachtach chun bonneagar nua-aimseartha, dea-fheistithe agus inrochtana a fhorbairt d'fhonn athrú a chur ar an mbealach a gcuirimid cúram ar fáil. Tacaíonn ionaid chúraim príomhúil le haistriú straitéiseach cúraim agus seirbhísí go cúram príomhúil, lena gcinntítear rochtain níos fearr ar chúram, ag tairiscint siopa ilfhreastail do dhaoine aonair agus do theaghlaigh ar raon leathan seirbhísí cúraim príomhúil sa phobal. Aithníodh 341 ionad tosaíochta le linn 2012 bunaithe ar riachtanas seirbhíse, áiseanna atá ann cheana agus leibhéal na díothachta.

- As an 341 a sainaithníodh, tá 129 ag feidhmiú ag deireadh 2019 agus tá 74 sa phróiseas forbartha. I dtéannta a chéile is ionann é seo agus 203 nó 60% de na 341 ionad bunaidh a sainaithníodh. Críochnófar athbhreithniú uileghabhálach ar na hionaid chúraim príomhúil go léir in 2020 lena n-áirítear nuashonrú ar rangú na láithreacha beartaithe agus cinneadh ar an gcaoi a dtabharfar tosaíocht do sheachadadh breise.
- Sainaithníodh raon samhlacha seachadta freisin lena n-áirítear forbairt ionad trí fhorbairt maoinithe ag an státchiste (Plean Caipitil), Clár Comhpháirtíochta Poiblí Príobháidí agus trí léas oibríochta.

## Torthaí sláinte a fheabhsú do na daoine is leochaillí sa tsochaí

- Seirbhísí andúile
  - Soláthraíodh maoiniú breise de €2.28m thar thrí bliana chun dul i ngleic le mí-úsáid drugaí agus alcóil sa phobal, ag tacú leis an 12 thionscnamh straitéiseacha sláinte chun aghaidh a thabhairt ar thosaíochtaí atá leagtha amach sa Straitéis Náisiúnta Drugaí chun *Dochar a Laghdú, Tacú le hAisghabháil, Freagra sláinte ar úsáid drugaí agus alcóil in Éirinn 2017-2025*.
  - I gcomhar le Tusla, táthar ag tabhairt aghaidh ar riachtanais leanaí a dtéann fadhb alcóil tuismitheora agus úsáid drugaí eile i bhfeidhm orthu. Foilsíodh *Dochar faoi Cheilt, Treoir Chleachtais*, lena leagtar amach conas an bhearna idir seirbhísí do dhaoine fásta agus leanaí a dhúnadh i bhfabhar cur chuige níos dírithe ar theaghlaigh a mheasann riachtanais leanaí cleithiúnacha agus baill eile den teaghlach. Forbraíodh agus cuireadh tús le clár oiliúna r-Fhoghlama. Cuireadh tús freisin le forbairt na hoiliúna cleachtais bunaithe ar scileanna um dhochar faoi cheilt.

Forbraíodh bileog faisnéise ar leithligh *Ár Súile a Oscailt go Dochar faoi Chéile* chun tacú leis an bhfoireann cabhrú leis na teaghaigh sin a bhfuil an dochar ag dul i bhfeidhm orthu.

- Seirbhísí do dhaoine gan dídean
  - Rinneadh dul chun cinn ar Chur i bhFeidhm *Atógáil Éireann, Plean Gníomhaíochta do Thithíocht agus Easpa Dídine* trí thionóntachtaí breise de Housing First a bunaíodh i gCorcaigh, i Luimneach, i nGaillimh, i réigiún an Oirdheiscirt agus i mBaile Átha Cliath. Tá feabhas curtha ar thacaíochtaí sláinte sna réimsí seo agus cuireadh tús le forbairt creata monatóireachta agus meastóireachta sláinte.
- An lucht siúil, dídeanaithe, iarrthóir tearmainn agus pobail Romach
  - Ceapadh ochtar comhordaitheoir meabhairshláinte don Lucht Taistil ar ocht gcinn de na ECSPanna agus rinneadh forbairt ar chomhshamhail chúraim chéimnithe ar fud seirbhísí cúraim phríomhúil agus meabhairshláinte chun tacú le baill den Lucht Siúil a bhfuil riachtanais mheabhairshláinte acu.
- *Seoladh Lámhleabhar Acmhainní Oiliúna FSS um Fhoréigean Baile, Gnéasach agus Inscne-bhunaithe, Aitheantas agus Freagairt d'Íospartaigh Foréigin Baile, Gnéis agus Inscnebhunaithe i mBaol* i gcomhpháirtíocht le Sonas.
- Seoladh feachtas laghdaithe um dhíobháil drugaí atá dírithe ar dhaoine óga atá ag freastal ar fhéilte ceoil na hÉireann chun feachtas a mhúscailt faoi na rioscaí a bhaineann le húsáid drugaí agus conas na díobhálacha a laghdú. Is éard a bhí i gceist leis an bhfeachtas acmhainní oiriúnaithe a fhorbairt d'fhéilte lena n-áirítear stalláí faisnéise a bhunú ag na himeachtaí a thairgeann faisnéis phraiticiúil maidir le laghdú díobhála, chomh maith le comhairle maidir le conas na rioscaí a bhaineann le húsáid drugaí a laghdú. Rinneadh taighde freisin i gcomhar le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath chun treochtaí drugaí agus cleachtais laghdaithe díobhála a imscrúdú i measc lucht freastail féilte na hÉireann.

## Seirbhísí um Fhoirceannadh Toirchis

Leathnaíonn an *tAcht Sláinte (Rialú um Fhoirceannadh Toirchis) 2018*, a síníodh sa dlí in 2018, na himthosca inar féidir foirceannadh toirchis a cheadú go dlíthiúil in Éirinn agus soláthraítear an tseirbhís, a chuaigh beo an 1 Eanáir 2019, anois i seirbhísí pobail agus géarchúraim ar fud na tíre. Cuireadh maoiniú breise de €12m ar fáil in 2019 chun tacú le seirbhísí.

- Seoladh líne chabhrach teileafóin agus seirbhís chomhairleoireachta 24 uair an chloig saor in aisce Mo Roghanna (1800 828 010) agus soláthraíonn sí faisnéis agus comhairleoireacht rúnda agus saor in aisce dóibh siúd atá ag iompar clainne nach raibh pleanáilte. Ó cuireadh tús léi an 1 Eanáir, fuair an líne chabhrach 16,007 glao lena n-áirítear 13,214 chuig an líne faisnéise agus tacaíochta agus 2,793 chuig an líne altranais.
- Seoladh suíomh gréasáin nua [myoptions.ie](http://myoptions.ie) freisin agus soláthraíonn sé faisnéis faoi thacaíochtaí leanúnacha toirchis agus conas rochtain a fháil ar sheirbhísí um fhoirceannadh toirchis.
- Ceapadh Ceannaire Cliniciúil um Fhoirceannadh Seirbhísí Toirchis i mí na Nollag. Beidh an Ceannaire ina chathaoirleach ar Fhóram Comhairleach Cliniciúil ina mbeidh ionadaithe ó na príomhpháirtithe leasmhara go léir. Tacóidh an fóram le soláthar leanúnach seirbhíse ardchaighdeán, sábháilte do mhná a dteastaíonn an tseirbhís seo uathu.
- Tá 352 dochtúir ginearálta ag soláthar seirbhísí um fhoirceannadh toirchis.
- Tá 10 gcinn de na 19 ospidéal máithreachais ag soláthar an raon iomlán de sheirbhísí um fhoirceannadh toirchis agus tá socrúithe ar bun le haghaidh méadú céimnithe ar ospidéal mháithreachais eile. Tá gach ospidéal máithreachais ag soláthar cúraim do dheacrachtaí a d'fhéadfadh a bheith ag mná tar éis deireadh a chur le toircheas, diagnóis mínormáltacht féatais marfach nó cásanna ina bhfuil sláinte/beatha na máthar i mbaol.
- Tá gach ospidéal máithreachais ag soláthar na seirbhísí coimhdeacha atá riachtanach chun toircheas a fhoirceannadh lena n-áirítear soláthar frith-D agus scananna.

# Seirbhísí Meabhairshláinte

## Seirbhísí dírithe ar athshlánú

- Seoladh *An tSamhail Cúraim do Dhaoine le Breoiteacht Mheabhrach Thromchúiseach agus Sheasmhach agus Riachtanais Chasta*. Tá sé seo mar chuid de raon tionscnamh a forbraíodh chun cúram dírithe ar théarnamh a sholáthar d'úsáideoirí seirbhíse lena n-áirítear dhá aonad speisialaithe athshlánaithe náisiúnta a bhunú agus próiseas atreoraithe náisiúnta a chruthú.
- Tógann *Creat Náisiúnta um Athshlánú i Meabhairshláinte 2018-2020* ar iarrachtaí díograiseacha úsáideoirí seirbhíse, baill teaghlai, cúramóirí agus soláthraithe seirbhíse chun seirbhís mheabhairshláinte atá dírithe ar théarnamh a fhorbairt. Tugtar sa Chreat breac-chuntas ar cheithre príomhphrionsabal, lena n-áirítear gníomhartha agus bearta atá mar bhonn agus taca le seirbhís atá dírithe ar théarnamh. D'fhorbair gach CHO plean forfheidhmithe don chreat ina réimse féin.
- Tacaíonn an Plean Gníomhaíochta um Athshlánú Folláine (WRAP) le daoine a dtéarnamh folláine a bhainistiú agus aithnítear go hidirnáisiúnta é mar cheann de na huirlisí féinbhainistíochta is mó éilimh chun meabhairshláinte agus folláine a chothabháil. Tionóladh lá oiliúna éascaitheora cúig lá ar fud roinnt ECSPanna a thug deis d'fhoireann agus d'úsáideoirí seirbhíse oiliúint le chéile mar éascaitheoirí WRAP.

## Meabhairshláinte dhearfach a chur chun cinn

- Seoladh seirbhís nua teileafóin saor in aisce 24 uair an chloig (1800 111 888) a sholáthraíonn faisnéis faoi conas rochtain a fháil ar sheirbhísí. I gcomhpháirtíocht leis an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna soláthróidh an líne teileafóin thiomnaithe seo cúnamh dóibh siúd a bhfuil drochshláinte mheabhrach orthu agus dá dteaghlai rochtain a fháil ar fhaisnéis nuair is mó a theastaíonn sí. Ó rinneadh [yourmentalhealth.ie](http://yourmentalhealth.ie) a athfhorbairt agus a sheoladh in 2018, tugadh os cionn 845,000 cuairt ar an láithreán.
- Leantar céimeanna simplí cumhachtacha ó lá go lá chun ár meabhairshláinte féin a chosaint agus chun tacú leis na daoine a bhfuil gean againn orthu ar an raidió agus ar na meáin shóisialta. Tá faisnéis nuashonraithe ar fáil ar [yourmentalhealth.ie](http://yourmentalhealth.ie).
- Ag teacht le *Tuarascáil an Tascfhórsa Náisiúnta Meabhairshláinte don Aos Óg 2017*, tá seirbhís nua éisteachta gníomhach téacs-bhunaithe, Crisis Text Line, á bunú do dhaoine atá ag smaoineamh ar iad féin a mharú nó a bhfuil géarchéim mheabhairshláinte rompu, agus tá 300 saorálai á n-earcú chun tacaíocht a sholáthar. Beidh sí ar an gcéad seirbhís teachtaireachtaí téacs rúnda 24 uair an chloig seacht lá saor in aisce in Éirinn do dhaoine atá i ngéarchéim am ar bith, áit ar bith. Tá an tionscnamh seo maoinithe ag FSS agus tá sé dírithe den chuid is mó ar dhaoine 16 go 34 bliana d'aois arb é teachtaireachtaí an modh rannpháirtíochta is fearr leo ach tá sé ar fáil do dhaoine de gach aois. Nascfaidh an tseirbhís daoine le saorálai, a bheidh ag obair go cianda agus ar cuireadh oiliúint orthu chun éisteacht, suaimhneas agus treoir a thabhairt do dhaoine ina nóiméad géarchéime. In 2019, cuireadh oiliúint ar 255 saorálai. Bhí 3,300 idirchaidreamh le húsáideoirí seirbhíse, agus bhí 79% díobh idir 14 agus 34 bliana d'aois. Léiríonn an rátáil cáilíochta ó úsáideoirí seirbhíse ar na gealltanais seo rátáil sástachta 92%.

## Rochtain ar sheirbhísí meabhairshláinte a fheabhsú agus sreabhadh úsáideoirí seirbhíse a fheabhsú

- Feabhas a chur ar sheirbhísí cúraim príomhúil
  - Soláthraíonn líonra Jigsaw raon seirbhísí luath-idirghabhála do dhaoine óga idir 12 agus 25 bliana d'aois a bhfuil deacrachtaí meabhairshláinte éadroma go measartha acu. Tá forbairt dhá sheirbhís nua i gContae Chill Mhantáin agus i gContae Thiobraid Árann ag leanúint ar aghaidh, ag leathnú seirbhísí meabhracha don aos óg ó 12 go 14 in 2020.
  - Cuireadh foireann síciatrachta nua amháin deireadh saoil i bhfeidhm, ag méadú an líon iomlán go 32 fhoireann ar fud na tíre.
- Seirbhísí meabhairshláinte tánaisteacha a fheabhsú
  - Cuireadh foireann nua amháin um Sheirbhísí Meabhairshláinte Leanai agus Déagóirí (CAMHS) i bhfeidhm sa Chabhán/Muineachán, lena méadaítear an líon iomlán go 71.

## Idirchaidreamh le húsáideoirí seirbhíse, baill teaghlai agus cúramóirí

- Ghlac 80 duine, lena n-áirítear úsáideoirí seirbhísí, baill teaghlai, lucht tacaíochta agus soláthraithe seirbhíse páirt i gclár píolótach trí lá go leith bunaithe ar scileanna. Cur chuige comhoibríteach a bhí sa tionscnamh seo chun tacú le scileanna maidir le hidirchaidreamh meabhairshláinte agus oiliúint fóraim téarnaimh. Tar éis rath an phiolóta, cuireadh an clár i bhfeidhm ar fud na tíre.
- Seoladh tuarascáil *My Voice Matters* a chuimsíonn torthaí dhá shuirbhé náisiúnta ar eispéireas daoine ar sheirbhísí meabhairshláinte i bhFSS. Áiríodh sa taighde a mhaoinigh FSS taithí 1,188 úsáideoir seirbhíse agus 786 ball teaghlai, cairde, cúramóirí agus lucht tacaíochta, idir dhearfach agus dhiúltach, agus úsáideadh na torthaí chun feabhsúcháin seirbhíse a threorú. I measc na réimsí sástachta bhí cúram a fuarthas ó Dhochtúirí Ginearálta agus i measc na réimsí a bhfuil feabhas ag teastáil uathu tá rochtain ar phleananna téarnaimh/cúraim i scríbhinn, tacaíochtaí teiripeacha i suíomhanna géarmhíochaine agus caitheamh le dínit agus le meas. Cuireadh tús le hathbhreithniú ar phleananna téarnaimh/cúraim chun tacú le planáil chúraim aonair lena n-áirítear riachtanais oiliúna na foirne agus na n-úsáideoirí seirbhíse.
- Tá samhail chúraim chéimithe á forbairt chun bealaí soiléire cúram meabhairshláinte a bhunú isteach agus idir cúram príomhúil, seirbhísí andúile agus sainseirbhísí meabhairshláinte dóibh siúd atá gan dídean i gCúram Sláinte Pobail Thoir, Baile Átha Cliath Theas, Cill Dara agus Cúram Sláinte Pobail Iarthar Chill Mhantáin agus Cúram Sláinte Pobail Lár na Tíre, Lú, na Mí. Ba cheart go gcinnteodh sé seo rochtain thráthúil agus cúram sláinte meabhrach cuí chun freastal ar a riachtanais mheabhairshláinte.
- Rinneadh dul chun cinn suntasach maidir le forbairt tacaíochtaí digiteacha meabhairshláinte a chur chun cinn, lena n-áirítear píolótú tionscnamh chun rochtain ar chomhairleoireacht a fheabhsú ar líne, líne faisnéise *YourMentalHealth* bunaithe ar an teileafón agus *Crisis Text Line Ireland* a bhunú. I measc na dtionscnamh eile tá idirghabhálacha teiripe iompraíochta cognaíochta bunaithe ar an idirlíon agus comhairliúcháin síciatracha iargúlta (teile-síciatracht) a phiolótú.

## Clár Chliniciúla a Chur i bhFeidhm

- Leanadh leis an tsamhail chúraim do chóireáil neamhoird itheacháin in Éirinn.
  - Forbraíodh sainfhoirne pobail neamhoird itheacháin i seirbhísí do dhaoine fásta agus i CAMHS. Is í an aidhm ná 16 fhoireann a bhunú ar fud na tíre agus go dtí seo tá trí fhoireann i bhfeidhm.
- Tacaíonn an clár PiLaR le teaghlach a bhfuil neamhoird itheacháin orthu. Deimhníonn meastóireacht neamhspleách ar an gclár, a rinne Coláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath (UCD) i gcomhar le húsáideoirí seirbhíse, cliniceoirí, baill teaghlach agus cairde gur foinsé luachmhar faisnéise agus tacaíochta é an clár dóibh siúd a thacaíonn le duine le neamhoird itheacháin. Go dtí seo d'fhreastail os cionn 600 ball teaghlach agus cairde ar an gclár ceithre seachtaine saor in aisce ag fáil faisnéise, oideachais agus tacaíochta.

## Cosc ar fhéinmharú

Leagtar amach i *Nascadh don Saol, Straitéis Náisiúnta na hÉireann chun Féinmharú a Laghdú 2015-2020* fíis d'Éirinn ina gcailltear níos lú beatha trí fhéinmharú agus tugtar cumhacht do phobail agus do dhaoine aonair a meabhairshláinte agus a bhfolláine a fheabhsú. Le linn 2019:

- Cuireadh i gcrích an t-athbhreithniú straitéiseach eatramhach ar *Nascadh don Saol*.
- Seoladh *Tuarascáil Bhliantúil na hOifige Náisiúnta um Féinmharú a Chosc 2018*, ag cur béime ar fhorbairtí a bhaineann leis an gcur i bhfeidhm leanúnach de *Nascadh don Saol*. Príomhphointe fócasach ab ea an soláthar feabhsaithe d'oiliúint féinmharaithe agus féin-dochair saor in aisce, bunaithe ar fhianaise, i bpobail ar fud na tíre.
- Foilsíodh *Plean Náisiúnta Oideachais agus Oiliúna um Nascadh don Saol 2019-2020* agus tógfaidh sé cumas ranna rialtais, eagraíochtaí neamhrialtasacha, eagraíochtaí pobail, grúpaí agus daoine aonair chun na daoine atá i mbaol féinmharaithe agus féin-dochair a aithint agus freagairt go cuí dóibh.
  - I gcomhpháirtíocht le Fondúireacht Ospís na hÉireann, tionóladh an chéad chlár traenáil-an-traenáil in iarghabháil féinmharaithe i mí na Bealtaine d'fhoireann a thacaíonn leo siúd a cailleadh trí fhéinmharú, chun tuiscint níos fearr a thabhairt dóibh ar an bpróiseas caointe, ag léiriú luach na hionbhá, na comhbhá agus na daonnachta. Bhí ceardlanna breise ar siúl i mí an Mheithimh sa phobal.
  - Tugadh an tuarascáil, *Tacaíochtaí Mhéala Féinmharaithe a Fheabhsú in Éirinn*, chun críche agus tá 21 gníomh ann lena cur i bhfeidhm.

# Seirbhísí Míchumais

## Saolta a Bhunathrú – clár athchóirithe chun bogadh i dtreo samhlaigha cúraim pobalbhunaithe, duine-lárnach

- Mar chuid de chur i bhfeidhm *Buiséad Pearsantaithe do Dhaoine faoi Mhíchumas in Éirinn – Tuarascáil an Tascfhórsa ar Bhuiséid Phearsantaithe* rinneadh roinnt tionscadal taispeána a chur chun cinn. Tabharfaidh samhail na mbuiséad pearsantaithe níos mó smachta do dhaoine faoi mhíchumas rochtain a fháil ar sheirbhísí sóisialta pearsanta maoinithe ag sláinte, rud a thabharfaidh níos mó neamhspleáchais agus rogha dóibh rochtain a fháil ar an mbealach is fearr ar sheirbhísí a fhreastalaíonn ar a riachtanais aonair is fearr. Meastar go nglacfaidh 180 rannpháirtí páirt sa tionscadal.

## Am le bogadh ar aghaidh ó shuíomhanna comhchruinnithe – Straitéis um Chuimsiú Pobail

- Tá tacú le daoine faoi mhíchumas maireachtáil go maith laistigh dá bpobal agus i ngnáth-theach, rud a thacaíonn

lena roghanna agus lena ngnáthamh ar aon dul leis an *Am chun Bogadh ar aghaidh ó Shocrúithe Comhchruinnithe – Straitéis um Chuimsiú Pobail*. In 2019, d'aistrigh 103 duine ó shuíomhanna institiúideacha go tithe cónaithe le tacaíocht leanúnach ina bpobal.

## Comhlíonadh le rialacháin chónaithe na n-ionad a ndearna UFCS iniúchadh orthu

- Rinneadh dul chun cinn ar obair le roinnt ionad cónaithe ainmnithe chun tacaíocht a sholáthar chun pleananna comhlíonta a fhorbairt do chlárú UFCS atá le hathnuachan i rith na bliana.

## Idirchaidreamh le húsáideoirí seirbhíse

- Tionóladh roinnt gealltanais úsáideoirí seirbhíse le go leor soláthraithe seirbhíse míchumais i rith na bliana agus bunaíodh Grúpa Athbhreithnithe Rialachais le hionadaíocht úsáideoirí seirbhíse.

## Treoracha Nua – seirbhísí lae a fheabhsú le cur ar chumas daoine rogha agus roghanna a bheith acu faoin gcaoi a maireann siad a saol agus conas a chaitheann siad a gcuid ama

- Chuaigh maoiniú nua forbartha seirbhíse nua de €12m chun leasa 1,416 lucht fágála scoile agus iad siúd a d'fhág oiliúint athshlánúcháin in 2019.
- Seoladh acmhainn r-fhoghlama nua don fhoireann a thacaíonn le daoine faoi mhíchumas atá ag freastal ar sheirbhísí lae. Forbraíodh é le hionchur ó úsáideoirí seirbhíse, baill teaghlaigh, baill foirne, seirbhísí pobail príomhshrutha agus fostóirí. Tacóidh an modúl atá ar fáil ar HSELand le beagnach 6,000 ball foirne i 1,000 ionad seirbhíse lae ar fud an chontae ag léiriú torthaí dearfacha do dhaoine, lena n-éascaítear rochtain ar sheirbhísí príomhshrutha sa phobal, fostaíocht a bhaint amach agus a bheith ina mbaill foirne luachmhara.
- Dírionn an creat náisiúnta do phleanáil duine-lárnach an soláthar seirbhísí agus tacaíochtaí ar an duine agus ar an gcaoi ar mháith leo a shaol a chaitheamh. Úsáidfean an fhoghlaim ó na suíomhanna taispeána seo chun próiseas a threorú chun an creat seo a chur i bhfeidhm níos leithne do gach duine fásta faoi mhíchumas.

## Seirbhísí do leanaí agus do dhaoine óga lena gcinntítear conair shoiléir seirbhísí amháin

- Cuireadh 90 post teiripe breise i bhfeidhm chun tacú le measúnú ar sheirbhísí riachtanas.
- Mar chuid den athchumrú ar sheirbhísí míchumais do dhaoine 0-18 i bhfoirne líonra míchumais leanaí, críochnaíodh an próiseas earcaíochta do bhainisteoirí líonra míchumais leanaí. Cuireann sé seo ar chumas na bhfoirne líonra a chur i bhfeidhm atá ailínithe leis na 96 CHN atá beartaithe.

## Tacaíocht faoisimh dóibh siúd faoi mhíchumas agus dá dteaghlaigh

- Tacaíonn cúram faoisimh le teaghlaigh chun strus a laghdú, agus cobhsaíocht a sholáthar. Tugann sé deiseanna freisin do dhaoine faoi mhíchumas idirghníomhú le daoine nua, ag leathnú a gciorca

sóisialta. Le linn 2019 osclaíodh saoráidí breise ar fud na ECSPanna ag soláthar 12 theach nua, ceann i ngach ECSP agus trí cinn i mórcheantar Bhaile Átha Cliath. Le linn 2019, osclaíodh 12 ionad faoisimh ionad-bhunaithe nua go dtí seo, agus mar thoradh air sin seachadadh 6,455 oíche leaba breise do 763 duine.

## Straitéis Néar-Athshlánúcháin

- Seoladh an *Straitéis agus an Beartas Náisiúnta chun an Creat Forfheidhmithe um Sheirbhísí Néar-Athshlánúcháin a sholáthar in Éirinn ón Teoiric go Gníomh 2019-2021*. Is í an aidhm torthaí othar a fheabhsú trí sheirbhísí néar-athshlánúcháin a chumrú i líonraí athshlánaithe cliniciúla bainistithe daonra-bhunaithe (MCRN). Tabharfar isteach an chéad MCRN sa tionscadal piolótach i gCúram Sláinte Pobail an Oirthir agus i mBaile Átha Cliath Theas, i gCill Dara agus in Iarthar Chill Mhantáin. Chun tacú leis seo, forbraíodh beartais, nósanna imeachta agus bealaí cúraim comhaontaithe.

## An tAthbhreithniú ar Sheirbhísí Sláinte na hÉireann do Dhaoine Aonair a bhfuil Neamhoird Speictrim Uathachais orthu a chur i bhfeidhm

- Roghnaíodh duine a bhfuil taithí mhaireachtála aige/aici chun suí ar bhord an Chláir Neamhord Speictrim Uathachais (ASD). Bunaíodh an bord chun cur i bhfeidhm an *Athbhreithnithe ar Sheirbhísí Sláinte na hÉireann do Dhaoine Aonair a bhfuil Neamhoird Speictrim Uathachais orthu* a threorú, ag cur ar chumas obair foirne comhoibritheach le rannpháirtíocht na gcinnteoirí oibríochta agus cliniciúla sinsearach, tacaíocht ghairmiúil agus acadúil neamhspleách agus ionadaíocht daoine a bhfuil taithí mhaireachtála acu ar ASD.
- Tá dhá ghrúpa oibre bunaithe ag an gClár Feabhsúcháin Seirbhíse ASD agus rinneadh dul chun cinn ar na réimsí seo a leanas:
  - Cur chuige measúnaithe caighdeánaithe/conair a shainaithint le húsáid i ngach seirbhís a dhéileáil le measúnú orthu siúd a bhfuil uathachas orthu
  - Feasacht a chothú ar phobal an uathachais agus ar na seirbhísí agus na tacaíochtaí atá ar fáil.

# Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta

## Na tacaíochtaí cuí a sholáthar dóibh siúd atá á scaoileadh amach as ospidéal ghéarmhíochaine, ag díriú ar scaoileadh amach moillithe

- Tacaíonn seirbhísí tacaíochta baile le daoine scothaosta maireachtáil ina dtithe agus ina bpobal féin. Mar chuid de phleanáil an gheimhridh, soláthraíodh 410,000 uair tacaíochta baile breise chun seachadadh seirbhíse a fheabhsú i rith míonna an gheimhridh (lena n-áirítear 550 pacáiste tacaíochta baile).
- Soláthraíodh maoiniú breise de €2m ar bhonn aon uaire i mí Dheireadh Fómhair chun 1,100 pacáiste tacaíochta baile eile a sholáthar chun tacú le 510 duine a fhágann an t-ospidéal agus 600 pacáiste tacaíochta baile chun tacú le tacaíochtaí baile pobail a sholáthar.
- Tríd an scéim cúraim idirthréimhsigh tugadh tacaíocht do 11,094 duine bogadh ó ospidéal ghéarmhíochaine go tithe altranaís príobháideacha agus iad ag fanacht go dtabharfaí

a n-iarratas NHSS chun críche nó ar feadh tréimhse téarnaimh suas le ceithre seachtaine chun tacú lena bhfillleadh abhaile.

- Chun tacú leo siúd a fhágann an t-ospidéal agus chun leanúint dá gcúram agus a measúnú ar riachtanais níos fadtéarmaí sa suíomh pobail is oiriúnaí, tá obair tosaithe ar phrótacal scaoilte a fhorbairt chun prótacal a mheas.

## Scéim tacaíochta baile reachtúil agus rialachán

- Bunaíodh comhchlár oibre idir an Roinn Sláinte agus FSS, chun scéim tacaíochta baile reachtúil agus rialachán a dheardh agus tá obair á cur chun cinn i gceithre shruth oibre:
  - Múnla leasaithe de sholáthar seirbhíse
  - Múnla maoinithe inbhuanaithe
  - Múnla coimisiúnaithe seirbhíse
  - Roghanna maidir le soláthraithe seirbhíse a rialú.

## Tacú le cur i bhfeidhm an Chláir Cúraim Chomhtháite do Dhaoine Scothaosta

- Cuireadh raon tionscnamh i bhfeidhm chun rolladh amach an Chláir Cúraim Chomhtháite do Dhaoine Scothaosta a chur chun cinn. Leanadh le samhlacha nua cúraim chomhtháite a leabú sna 13 láithreán ceannródaíochta atá ann go náisiúnta, lena n-áirítear forbairt cosán cúraim athdheartha.
- Trí phleanáil chúraim níos spriocdhírthe a sholáthar do dhaoine a bhfuil riachtanais chasta acu, léirítear le sampla sonraí ó mhol tipiciúil ceannródaíoch:
  - Bhí leibhéil arda castachta ag 97% de dhaoine ag an bpointe atreoraithe
  - Tá ag éirí le 78% sa bhaile
  - Forbraíodh agus athbhreithníodh plean cúraim ag 85% díobh siúd a chonacthas
  - Chonacthas 95% ar feadh tréimhse ceithre seachtaine nó níos lú agus aistríodh chuig a bhfoireann cúraim phríomhúil iad.

## Cur i bhfeidhm na Straitéise Náisiúnta Cúramóirí

- Tá rolladh amach an mhodúil measúnaithe riachtanas cúramóirí á chur chun cinn.

## Córas interRAI Ireland a chur i bhfeidhm

- Is córas faisnéise le tacaíocht bogearraí é interRAI a sholáthraíonn measúnú cuimsitheach ar riachtanais chúram sláinte duine chun tacú le pleanáil chúraim phearsantaithe. An tionscadal Uirlis Measúnaithe Aonair a tugadh air roimhe seo, a rinneadh ar bhonn píolótach in Ospidéal Beaumont, Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh agus Ospidéal Ollscoile Thamhlachta, tá an cur i bhfeidhm leathnaithe ar fud suíomhanna ospidéal agus pobail ar fud na tíre ionas go gcuirtear cúram ar fáil sa suíomh is oiriúnaí bunaithe ar riachtanais aitheanta an duine.
- Rinneadh soláthar díoltóir bogearraí nua don chóras measúnaithe agus bronnadh díoltóir rathúil air.
- Rinneadh measúnuithe interRAI i mbreis agus 30 ionad géarmhíochaine agus pobail ar fud na hÉireann agus mar thoradh air sin rinneadh measúnú ar riachtanais chúraim ar níos mó ná 6,000 duine aosta.

## Seirbhísí agus tacaíochtaí do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu a fheabhsú

Rinneadh cur chun feidhme *Straitéis Náisiúnta Néaltraithe na hÉireann 2014* le béim ar bhealaí cúraim a fhorbairt ar fud na suíomhanna cúraim go léir, agus cuir chuige solúbtha agus pearsantaithe i leith cúraim a chur i bhfeidhm.

- Foilsíodh an *Tuarascáil um Leanúntas Cúraim do Dhaoine in Éirinn a bhfuil Néaltrú orthu* in 2019. Sa tuarascáil seo, rinneadh athbhreithniú ar mhúnlaí cúraim fhadtéarmaigh agus soláthraíonn sí moltaí chun tacú le forbairt sa todhchaí de chúram cónaitheach agus baile do dhaoine a bhfuil néaltrú orthu.
- Foilsíodh na tuarascálacha meastóireachta deiridh ó thionscnaimh shonracha néaltraithe le tacaíocht ón FSS/Genio a dhírigh ar chur chuige pearsantaithe agus solúbtha i leith cúraim. Cuirfidh an fhoghlaim ón gclár seo bonn eolais faoin athbhreithniú ar sheirbhísí cúram baile agus ar sheachadadh tacaíochtaí baile.
- Tar éis rath an fheachtais Ag Tuiscint le Chéile ag an bhFéile Bloom in 2018, ba é *Memories are Made of This*, seó ó na 1950idí a téama gáirdín do 2019 a dhírigh ar mheabhrú, ag cur béime ar thábhacht agus luach an ruda a mheabhraítear agus ní ar an rud a ndéantar dearmad air. Anois tá os cionn 40 comhpháirtí náisiúnta agus beagnach 300 seaimpín gníomhachtaithe pobail ag obair chun feasacht a mhéadú ar an gcaoi ar féidir le gach duine ról a imirt chun pobail a bheith ionchuimsitheach.
- Mhéadaigh líon na seomraí acmhainní teicneolaíochta cuimhne sa phobal go 26, ag tacú le daoine atá ina gcónaí sa bhaile trí fhaisnéis agus comhairle a sholáthar dóibh siúd a bhféadfadh inní a bheith orthu fúthu féin nó faoi dhuine muinteartha leo le lagú cuimhne nó diagnóis néaltraithe.
- Mar chuid den Chlár Tacaíochta Iar-Diagnóiseach, foilsíodh treoir ar shíc-oideachas do dhaoine le néaltrú ag an gcéim iar-dhiagnóiseach.
- Leanadh le rolladh amach na hoiliúna agus an oideachais i néaltrú le foirne cúraim phríomhúil, seirbhísí tacaíochta baile, Dochtúirí Ginearálta agus ospidéal ghéarmhíochaine.

# Seirbhísí Cúraim Mhaolaithigh

Díríonn cúram maolaitheach ar chabhrú le daoine de gach aois maireachtáil go maith le breoiteacht a chuireann srian ar a saol agus an caighdeán beatha is fearr a bhaint amach de réir mar a eiríonn a dtinneas níos measa.

## Seirbhísí cúraim mhaolaithigh a fheabhsú d'othair agus do theaghlaigh a bhfuil tinneas orthu a chuireann srian ar a saol

- Críochnaíodh trí aonad nua d'othair chónaitheacha cúraim mhaolaithigh i bPort Láirge, Maigh Eo agus Cill Mhantáin agus beidh siad le hoscait in 2020.
- *Seoladh Seirbhísí Cúraim Mhaolaithigh do Dhaoine Fásta – Múnla Cúraim d'Éirinn* a sholáthraíodh creat chun tacú le gach duine a bhfuil riocht beatha nó bagairt saoil air rochtain a fháil ar leibhéal cúraim mhaolaithigh atá oiriúnach dá riachtanais d'fhonn cáilíocht na beatha

a bharrfheabhsú. Mar chuid dá rolladh amach, cuireadh tús le forbairt foirm atreoraithe leictreonaigh nua cúraim mhaolaithigh a dhéanfaidh an próiseas atreoraithe do Dhochtúirí Ginearálta a shruthlíniú, agus cáilíocht agus comhsheasmhacht na sonraí atreoraithe a fhaigheann ospidéal a fheabhsú.

- Ceapadh an dara comhairleoir míochaine maolaitheach péidiatraice i Sláinte Leanaí na hÉireann.
- I gcomhpháirtíocht le seirbhísí cúraim phríomhúil, tá na Comhordaitheoirí Altraí Cliniciúla do Dhálaí Teorannú Beatha i gceannas ar fhorbairt an Fhilleáin Náisiúnta Othar – Filleán do Leanaí agus Daoine Óga darb ainm *My Story*. San fhilleán roinntear faisnéis chliniciúil agus phearsanta atá ábhartha don othar le daoine gairmiúla sna suíomhanna géara agus pobail araon.







Seirbhísí RéamhOspidéil  
agus Ospidéil  
Ghéarmhíochaine

# Seirbhísí Ospidéal Ghéarmhíochaine

Tá ról lárnach ag seirbhísí géarmhíochaine maidir le sláinte an daonra a fheabhsú trí sheirbhísí riachtanacha a sholáthar lena n-áirítear cúram réamhospidéal, cúram éigeandála, cúram práinneach, cúram sceidealta, cúram tráma, máinliacht agus cúram criticiúil.

## Feabhas a chur ar cháilíocht an chúraim agus ar shábháilteacht othar

- Foilsíodh suirbhé ar ionfhabhtuithe a fuarthas in ospidéal agus ar úsáid fhrithmhiocróbach in ospidéal na hÉireann a léirigh feabhsuithe a raibh fáilte rompu ón suirbhé roimhe seo in 2012. Is féidir tuilleadh faisnéise a fheiceáil sa chuid Sábháilteacht Chliniciúil, Cáilíochta agus Othar den Tuarascáil Bhliantúil seo.
- Tháinig rialachán nua i bhfeidhm in 2019 chun cabhrú le sábháilteacht othar a fheabhsú tríd an slabhra soláthair cógaisíochta a chosaint ar insíothlú le cógais fhalsaithe (nó góchumtha). Tá Rialachán Tarmiligthe an Choimisiúin Eorpaigh (AE) 2016/161 maidir le Gnéithe Sábháilteachta ar Tháirgí Cógais lena n-Úsáid ag an Duine á chur i bhfeidhm chun a chinntiú go bhfuil córas fíoraithe ó cheann go ceann i bhfeidhm in ospidéal ghéarmhíochaine.
- Forbraíodh nó nuashonraíodh roinnt treoirínte cliniciúla náisiúnta lena n-áirítear:
  - Treoirínte cliniciúla ar bhainistiú seipsise
  - Treoirínte cliniciúla ar an scór náisiúnta luathrabhaidh (NEWS)
  - Treoirínte cliniciúla maidir le cógais síceatrópacha a fhorordú go cuí le haghaidh comharthaí neamh-chognaíoch i ndaoine le néaltrú.

## Rochtain ar chúram sceidealta (pleanáilte) agus neamhsceidealta (neamhphleanáilte) a fheabhsú

- Chonacthas 31,000 othar breise i ranna othar seachtrach i gcomhar leis an NTPF. Cuireadh cóireáil ar 27,000 othar breise a raibh gá acu le nósanna imeachta othar cónaitheach nó cás lae agus críochnaíodh 6,400 scóip breise.
- Is cúis imní fós ar fud ár n-ospidéal leibhéal na n-aistrithe cúraim moillithe agus bíonn tionchar diúltach aige ar chumas na seirbhísí géarmhíochaine tacú le héileamh cúraim neamhsceidealta. Leanadh den fhócas ar shreabhadh othar a fheabhsú agus tá obair ar siúl le seirbhísí pobail ar chur chuige comhtháite i leith an dúshláin.
- I mí Feabhra, seoladh an *tSamhail Cúraim do Mháinliacht Ceann agus Muineál Ota-laraingeolaíochta: samhail cúraim d'Éirinn*. Forbraíodh an tsamhail chúraim chun dea-chleachtas i máinliacht ota-laraingeolaíochta (Cluas, Srón agus Scornach) a shainiú in ospidéal na hÉireann.
- Leanann ospidéal ghéarmhíochaine de chomhtháthú níos mó a chur chun cinn idir láithreáin níos lú agus níos mó chun an chumraíocht is fearr agus is sábháilte a chinntiú chun seirbhísí cúraim sceidealta ar ardchaighdeán a sholáthar.
- Leanann seirbhísí géarmhíochaine d'oibriú leis na cláir chliniciúla náisiúnta chun seachadadh tionscnamh cosán cúraim a chur chun cinn i dtrí réimse speisialtóra cúraim sceidealta tosaíochta de réir *Sláintecare*.
- Cuid lárnach den athdhearadh cúraim sceidealta is ea forbairt seirbhísí clinice faoi threoir cleachtóirí ar féidir leo compháirteanna géire seirbhíse den tseirbhís a sheachadadh go sábháilte.

- Tá obair ar siúl trí na cláir chliniciúla náisiúnta agus le seirbhísí pobail chun seirbhísí diagnóiseacha a fhorbairt le fócas ar leith ar phleanáil an gheimhridh.
- Osclaíodh 75 leaba breise faoin bPlean Geimhridh.
- Osclaíodh sé leaba ard-spleáchais agus leaba aonaid dianchúraim amháin in Ospidéal Ollscoile Mater Misericordiae, mar aon le hoscailt chéimnithe seacht leaba measúnaithe trasphlandaithe.
- Chuaigh Córas Luathrabhaidh an Leighis Éigeandála (EMEWS) beo in Ospidéal Mhuire Lourdes, Droichead Átha agus Ospidéal Ollscoile Mater Misericordiae i mí na Nollag. Tá sé beartaithe go dtosódh tuilleadh suíomhanna go luath in 2020.

## Sainseirbhísí náisiúnta a fhorbairt agus a fheabhsú

- Leanadh le moltaí a chur i bhfeidhm maidir le *hAthbhreithniú Beartais na Roinne Sláinte: Aonaid Chóireála Ionsaithe Gnéis*.
- D'oibrigh seirbhísí géarmhíochaine agus an NTPF le láithreáin ainmnithe chun rochtain ar mháinliacht bariatrach agus seirbhísí bainistíochta meáchain a fheabhsú.
- Cairdeolaíocht Uile-Oileáin
  - Osclaíodh leaba breise aonaid dianchúraim pédiatraice (PICU) i Sláinte Leanaí Éireann (CHI) i gCromghlinn i mí Dheireadh Fómhair agus tá an líon iomlán de 25 leaba PICU breise le bheith ar bun go luath in 2020.

## Comhtháthú idir seirbhísí pobail agus géarmhíochaine a fheabhsú chun samhail seirbhíse nua-aimseartha agus sruthlínithe a chur chun cinn ar aon dul le *Sláintecare*

- Leanadh den obair ar sholáthar seirbhíse comhtháite a fhorbairt trí sheirbhísí for-rochtana, teile-cógaisíocht, clinicí fíorúla agus obair trasearnála.
- Cuireadh tús le hobair ar thionscnaimh cúram sceidealta pobalbhunaithe a fhorbairt.

## Sláinte agus folláine othar agus foirne a fheabhsú

- Leanadh den obair sna hospidéal ghéarmhíochaine ar chur i bhfeidhm leanúnach phleananna *Éire Shláintiúil*.
- Leanadh le cur i bhfeidhm Chreat TTGT mar phríomh-chumasóir chun athrú iompraíochta stíl mhaireachtála a chur chun cinn i measc úsáideoirí seirbhíse.
- Leis an teagmháil le comhordaitheoirí SMS leanadh le tacaíocht a thabhairt do straitéisí um chosc ar ghalair ainsealacha agus SMS.
- Tugadh tacaíocht agus spreagadh don fhoireann dul i mbun tionscnamh agus feachtas, lena n-áirítear oiliúint athléimneachta, chun a sláinte agus a bhfolláine féin a fheabhsú in ionad oibre an ospidéal.
- Cuireadh feachtais chumarsáide náisiúnta i bhfeidhm in ospidéal, ag treisiú teachtaireachtaí sláinte dearfacha d'úsáideoirí seirbhíse agus don fhoireann.
- Cuireadh Campais Saor ó Thobac chun cinn i ngach suíomh ospidéal ghéarmhíochaine.

### Bainistíocht feidhmíochta seirbhísí oibríochta a fheabhsú

- Leanadh den obair chun an Creat Comhlíonta Conartha Comhairleach a leabú in 2019, agus rinneadh feabhsuithe maidir le comhsheasmhacht iarratais an chreata.

### Tacú le forbairt cumais ríomhshláinte

- Rinneadh tuilleadh dul chun cinn maidir le príomhchláir ríomhshláinte a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm lena n-áirítear Córas Comhtháite Bainistíochta Othar a sholáthar do CHI agus córais ghéarmhíochaine TF ospidéal a ullmhú do dhaonra an Aitheantóra Sláinte Aonair (IHI).

- Tacaíodh le tionscadail leanúnacha rShláinte, ar nós an Córas Náisiúnta Faisnéise Saotharlainne Leighis, an Bun-Chóras Faisnéise Géarmhíochaine, an Córas Náisiúnta Íomháiithe Leighis Comhtháite, agus an Córas Bainistíochta Cliniciúla Máithreacha agus Nuabheirthe.

### Tacú le dul chun cinn na mbeartas agus na dtionscnamh faoi stiúir Oifig an Phríomhoifigigh Altranais

- Leanadh le rolladh amach agus cur i bhfeidhm an *Chreata um Fhoireann Altraí Sábháilte agus Meascán Scileanna i Socruithe Cúraim Leighis agus Máinliachta Ginearálta agus Speisialtóra in Ospidéal Aosaigh in Éirinn 2018* agus cuireadh tús leis an obair ar chéim a dó den chreat (i suíomhanna cúraim éigeandála).

## Straitéis Tráma

Is fadhb mhór shláinte í an díobháil do shláinte an phobail, cibé acu a thomhaistear í le caillteanas de bhlianta de shaol táirgiúil, míchumas fada nó buan, nó costas airgeadais. Cuireann gortuithe ualach suntasach ar dhaoine aonair, ar a dteaghlach agus ar an tseirbhís sláinte. Is féidir feabhsuithe ar thorthaí d'othair a bhaint amach trí chúram tráma pleanáilte díriú ar othair a sholáthar.

*Mhol Córas Tráma d'Éirinn – Tuarascáil an Ghrúpa Stiúrtha Tráma* go dtabharfaí isteach córas tráma uilechuimsitheach d'Éirinn le Mór-Ionad Tráma amháin a bheith lonnaithe i mBaile Átha Cliath a fhreastalaíonn ar an Líonra Tráma Lárnach, agus ceann eile le bheith lonnaithe in Ospidéal Ollscoile Chorcaí a fhreastalaíonn ar Líonra Tráma an Dheiscirt. Nascfaidh an córas tráma na Príomh-Ionaid Tráma, Aonaid Tráma, ospidéal éigeandála áitiúla agus aonaid díobhála le líonraí cúraim tráma a chuirfeadh chúram agus athshlánú réamh-ospidéal freisin.

Príomhghníomh ón Straitéis Tráma is ea an Lárionad Tráma Mór a ainmniú don Lár-Líonra Tráma agus rinneadh é seo trí chreat ainmniúcháin sonraíochtaí seirbhíse, roghanna agus critéir mheasúnaithe a fhorbairt. Bhí an creat ina ábhar do chomhairliúcháin poiblí. D'úsáid Painéal Measúnaithe Neamhspleách an creat athbhreithnithe chun athbhreithniú a dhéanamh ar aighneachtaí ó sé ospidéal i mBaile Átha Cliath a sainathnódh mar roghanna don Lárionad Mór Tráma agus d'Aonaid Tráma Bhaile Átha Cliath. Cuirfidh an painéal comhairle ar fáil do FSS go luath in 2020 maidir leis na hospidéal a ainmniú mar Lárionad Mór Tráma don Líonra Tráma Lárnach agus Aonaid Tráma Bhaile Átha Cliath agus déanfaidh FSS moladh don Aire.

Le ceapadh Ceannaire Cliniciúil Náisiúnta do Sheirbhísí Tráma i mí an Mheithimh, ceann de na gníomhaíochtaí láithreacha ar tugadh tosaíocht dó sa tuarascáil, cuirfear bunús riachtanach chun an córas tráma nua a chur i bhfeidhm agus a mhaoirsiú.

## Seirbhísí Ailse

Ba é an príomhfhócas maidir le seirbhísí ailse a chur chun cinn in 2019 ná cur i bhfeidhm leanúnach na *Straitéise Náisiúnta Ailse 2017-2026*. Sa straitéis, leagtar amach ceithre phríomhthosaíocht: an t-ualach ailse a laghdú; an cúram is fearr a sholáthar; rannpháirtíocht othar agus cáilíocht na beatha a uasmhéadú; agus athrú a chumasú agus a chinntiú.

### An t-ualach ailse a laghdú

- Bunaíodh Líonra um Chosc ar Ailse na hÉireann leis an gClár Náisiúnta um Rialú Ailse (NCCP), Fondúireacht Marie Keating, Cumann Ailse na hÉireann agus Breakthrough Cancer Research. Spreagann an líonra comhoibriú leis an aidhm den riosca ailse don daonra a laghdú.

- Chuir an NCCP le forbairt an *Phlean um Chosc ar Ailse Chraicinn 2019-2022*, a foilsíodh i Márta 2019. Tá an plean díriú ar dhul i ngleic leis an gcineál ailse is coitianta in Éirinn. Déantar níos mó ná 11,000 cás d'ailse chraicinn a dhiagnóisiú gach bliain agus meastar go mbeidh líon na gcásanna níos mó ná dhá oiread faoi 2045. Dírionn an Plean ar an bhfíric go bhféadfaí an chuid is mó d'ailse craicinn a chosc agus d'aithin sé na grúpaí tosaíochta mar leanaí, oibríthe lasmuigh, iad siúd a ghlacann páirt i ngníomhaíochtaí fóillíochta lasmuigh agus úsáideoirí leapacha gréine.
- Rinneadh dul chun cinn ar bhunú Bord luathbhraite agus tionóladh trí chruinniú.

- Rinneadh anailís ar shonraí siarghabhálacha d'othair ailse cholaireicteach a ndearnadh diagnóis orthu in ED chun forbairt treoirthionscadail a threorú.
- Tá treoirlínte cothaithe d'othair ailse á bhforbairt.

### An cúram is fearr a sholáthar

- Osclaíodh an tAonad Oinceolaíochta Radaíochta nua-thógtha in Ospidéal Ollscoile Chorcaí (CUH). Soláthraíonn CUH cúram ailse do thart ar 2,000 othar gach bliain agus tá sé mar lárionad barr feabhais do chóireáil ailse i réigiún an iardheiscirt. Is é an chéad ospidéal poiblí sa tír é a úsáideann Cóireáil Radaíochta Dromchla-threoraithe a fheabhsaíonn luas agus cruinneas agus a laghdaíonn an gá atá le hothair a dhíluailiú le linn a gcóireála, rud a chuireann feabhas ar eispéireas an othair.
- Ceapadh Ceannaire Cliniciúil chun seirbhís leanaí, déagóirí agus aosaigh óga (CAYA) a fhorbairt d'Éirinn. Tá grúpaí oibre CAYA curtha ar bun freisin, a chuirfidh chun cinn na réimsí marthanais, cúraim mhaolaithigh, torthúlachta, riachtanais oideachais agus áiseanna cúraim roinnte.
- Tá samhail chúraim á fhorbairt do chlár náisiúnta géineolaíochta ailse agus tá dul chun cinn maith déanta ar fhorbairt seirbhísí staire teaghlaiigh d'othair a bhfuil ailse chíce orthu. Ceapadh ceannaire náisiúnta géanóm freisin.
- Tá obair ar siúl chun clinici rochtana gasta a fhorbairt do gach ailsí. Tá clinic haematúire curtha ar bun dóibh siúd a bhfuil comharthaí agus airíonna ailse duánach agus lamhnán orthu.
- Tá an tionscadal láraithe oinceolaíochta máinliachta ar siúl le plean feidhmithe ceadaithe ag an Aire Sláinte.

- Seoladh treoirlínte náisiúnta maidir le hailsí éasafagacha agus ailsí ubhagáin agus bunaíodh prótacail d'fhoirne ildisciplínacha le haghaidh ailsí chraicinn, colaireicteacha, scamhóg agus cíche.
- Bhí 2019 mar phointe suntasach do thionscadal an Chórais Náisiúnta Faisnéise Ailse (NCIS) agus tharla an chéad 'dul beo' in Ospidéal Naomh Lúcas, Ráth Garbh. Ba é Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh an dara láithreán a chuaigh beo leis an gcóras i mí na Samhna 2019. Ceadaíonn NCIS faisnéis a thaifeadadh faoi chás ailse othair, diagnóis agus cóireáil le drugaí ailse, agus tacaíonn sé le cúram othar oinceolaíochta agus haemato-oinceolaíochta ar fud na hÉireann.

### Rannpháirtíocht othar agus cáilíocht na beatha a bharrfheabhsú

- Seoladh an Measúnú Náisiúnta ar Riachtanais Marthanais Ailse. Soláthraíonn sé sonraí ar an staid reatha do mharthanóirí agus seirbhísí ailse in Éirinn agus sonraítear ann na gníomhaíochtaí chun cúram marthanais ailse a fhorbairt i saolré na *Straitéis Náisiúnta Ailse 2017-2026*.
- Ceapadh Ceannaire Cliniciúil le haghaidh Síceo-Oinceolaíochta, a bhfuil sé de chúram air seirbhísí tacaíochta síceolaíochta a chruthú go náisiúnta d'othair ailse agus a dteaghlaiigh.
- Tionóladh an chéad chruinniú den Choiste Comhairleach Othar Ailse. Is féidir tuilleadh faisnéise faoin gcoiste a fheiceáil ar leathanach [28] den Tuarascáil Bhliantúil seo.
- Chruthaigh an fhoireann speisialtóra altraí ailse Clár nua um Oideachas Othar Imdhíteiripe in Ospidéal Ollscoile Mater Misericordiae. Cuireann an clár oideachas ar othair faoin gcaoi a n-oibríonn imdhíteiripe agus tacaíonn sé leo ar a dturas cóireála, ag feabhsú an phróisis chóireála iomláin.

## Tuarascáil Chur Chun Feidhme ar an Straitéis Náisiúnta Ailse 2017-2026

Foilsíodh an chéad tuarascáil cur chun feidhme ar an *Straitéis Náisiúnta Ailse 2017-2026*, ina leagtar amach an dul chun cinn a baineadh amach ar 52 moladh na straitéise.

Aimsíodh sa tuarascáil go bhfuil dul chun cinn suntasach déanta ó seoladh an straitéis, agus ar na buaicphointí lárnacha áirítear:

- Cosc ar ailse a chomhtháthú sna teachtaireachtaí faoi *Éire Shláintiúil*
- Rátaí glactha le haghaidh scagthástáil ailse
- Múnla cúraim do chógais frith-ailse ó bhéal a fhoilsiú
- Dul chun cinn á dhéanamh ag Meithleacha ar mharthanas agus sícea-oinceolaíocht
- Is dúshlán fós é an sainfhoirne saothair ailse a chinntiú go bhfuil baill foirne oiriúnacha i bhfeidhm. Leantar le ceapacháin lárnacha a dhéanamh, áfach, chun seirbhísí níos fearr agus níos sábháilte a chinntiú dár n-othar
- Cuireadh an chéim phíolótach don Chreat Nua Ailse um Cháilíocht agus Sábháilteacht i gcrích i rith na bliana, agus na chéad chéimeanna eile lena n-áirítear é a rolladh amach go náisiúnta d'ailse scamhóg.

Is féidir faisnéis bhreise faoi bhuaicphointí lárnacha eile a fháil sa chuid seo.

# Seirbhísí Ban agus Leanaí

Táimid tiomanta d'fhorbairt seirbhísí sláinte do mhná agus do naíonáin tríd an gClár Náisiúnta Sláinte Ban agus Naíonáin (NWIHP) agus an tSamhail Náisiúnta Cúraim do Sheirbhísí Cúraim Sláinte Péidiatraice. Tá an dá fhócas ar sheirbhísí a neartú trí iad a thabhairt le chéile ar bhealach comhtháite.

## An Clár Náisiúnta Sláinte do Mhná agus do Naíonáin

Seoladh an chéad *Straitéis Náisiúnta Máithreachais 2016-2026 – Todhchaí Níos Fearr a Chruthú le Chéile* in 2016.

Leagtar amach sa straitéis treoirphlean chun an tseirbhís a chuirtear ar fáil do mháithreacha agus dá leanaí a fheabhsú go suntasach, agus tá a cur chun feidhme mar phríomhfhócas don tseirbhís sláinte. Le linn na bliana, rinneadh obair chun dul i ngleic le tosaíochtaí na straitéise agus tá samplaí de seo le feiceáil thíos.

- Sannadh béim ar leith ar an gcosán cúraim tacaíthe. Tá an cosán seo, a shainithnítear mar an bealach is lú forbartha ar fud seirbhísí máithreachais, beartaithe do thoircheas a mheastar a bheith ina ghnáthriosca i gcás go soláthraíonn cnáimhseacha atá ag obair laistigh de chreat ildisciplíneach cúram go príomha. Rinneadh athbhreithniú bunlíne ar sheirbhísí máithreachais agus cuireadh i gcrích é. Fuair an t-athbhreithniú seo amach go raibh 10% go 35% de mhná á mbainistiú anois laistigh den chosán cúraim tacaíthe le linn na tréimhse réamhbhreithe, ar fud 16 ospidéal/aonad máithreachais. Aithníodh san athbhreithniú freisin go dtéann mná sa chonair chúraim tacaíthe i múnla cúraim roinnte lena ndochtúir teaghlaigh. Bhí láithreach pobalbhunaithe ag 15 de na 16 seirbhís agus chuir 10 gcinn díobh áiríthintí ar fáil i gclínici sa phobal.
- Tá gach líonra máithreachais ar leibhéal difriúil forbartha. Le linn 2019 rinneadh dul chun cinn ar fud gach ceann acu ach tá gá le tuilleadh oibre ar a bhforbairt. Faoi láthair, soláthraíonn líonraí máithreachais seirbhísí eile lena n-áirítear foirceannadh toirchis, gíniceolaíocht ghinearálta (lena n-áirítear acmhainn a chruthú do chlinicí colpascópachta), agus seirbhísí torthúlachta. Tá obair ar bun freisin chun an tseirbhís breithe baile a aistriú go líonraí máithreachais, ag cur béime breise ar an ról tábhachtach atá ag na líonraí máithreachais ar fud cúraim príomhúil agus thánaistigh, chomh maith le sláinte agus folláine.
- Soláthraíonn ceithre aonad déag/ospidéal máithreachais scanadh aimhrialtachta féatais 20 seachtaine do mhná anois, agus soláthraíonn an cúigiú láithreán déag an scanadh ach níos déanaí sa toircheas. Tá na ceithre aonad eile ag obair i dtreo soláthar iomlán de réir mar a líontar poist agus de réir mar a fhásann an toilleadh ar an talamh.
- Forbraíodh plean náisiúnta do ghíniceolaíocht shiúlach. Is é aidhm an phlean an acmhainn i réimse na gíniceolaíochta ginearálta a mhéadú, agus é mar aidhm amanna feithimh do mhná a laghdú, lena n-áirítear othair a bhfuil inmheatróis orthu. Tá sé mar aidhm ag an bplan seirbhísí gíniceolaíochta ginearálta a atreorú chuig samhail chúraim shiúlaigh (féach agus cóireáil) seachas an tsamhail chúraim thraidisiúnta maidir le tarchur othar seachtrach chuig nós imeachta lae/othair chónaithe.
- Ceapadh Ceannaire Clínicíúil um Foirceannadh Seirbhísí Thoirchis ag deireadh 2019. Tá tuilleadh faisnéise le feiceáil ar leathanach [49] den Tuarascáil Bhliantúil seo.

- Tá aip forbartha ag an tSeirbhís Mheabhairshláinte Imbhreithe Speisialta d'fhoireann cúram sláinte chun faisnéis a sholáthar faoi mheabhairshláinte imbhreithe agus seirbhísí gaolmhara. Is é aidhm an aip faisnéis a sholáthar chun tacú le cleachtas caighdeánaithe fianaise-bhunaithe ar fud na seirbhíse sláinte, do mhná a bhfuil fadhbanna sláinte meabhrach acu sa tréimhse imbhreithe.
- Foilsíodh plean maidir le cur i bhfeidhm na moltaí ó thuarascáil *Úsáid Mogaíra Ura-Gíniceolaíochta i Nósanna Imeachta Máinliachta* ón bPríomhoifigeach Leighis, RS. Mar chuid den phlean forfheidhmithe, forbraíodh suíomh gréasáin tiomnaithe chun faisnéis agus ceisteanna coitianta a sholáthar maidir le comharthaí agus airíonna deacrachtaí le hionchlannáin úra-ghíniceolaíochta.

## Samhail Chúraim Péidiatraicigh

**Leanúint le maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt de sheirbhísí péidiatraiceacha agus ar an bhforbairt nua d'ospidéal leanaí**

- I mí Eanáir 2019, d'aistrigh na trí ospidéal leanaí i mBaile Átha Cliath agus an Grúpa Ospidéal Leanaí ó cheithre aonán ar leithligh, arna rialú go neamhspleách, go heagraíocht aonair nua, CHI.
- Osclaíodh an tIonad Cúraim Práinneach agus Othar Seachtrach Péidiatraice in Ospidéal Connolly i mí Iúil, ag soláthar réimse seirbhísí. Déileálann an tIonad Cúraim Práinne le mionghortuithe nó tinnis a dteastaíonn cóireáil phras uathu, ach nach bhfuil bagrach don bheatha. Meastar go bhfeicfidh an Roinn Othar Seachtrach Péidiatraice suas le 17,000 leanbh in aghaidh na bliana, nuair a bheidh siad ag feidhmiú go hiomlán agus ba cheart go gcuirfeadh sí le laghdúithe suntasacha ar liostaí feithimh. Ina chéad chúig mhí ó osclaíodh é bhí titim 38% ar liosta feithimh ginearálta na bpéidiatraice. Tá Aonad Fiaclóireachta FSS agus Aonad Measúnaithe agus Cóireála Mí-Úsáid Ghnéasach Leanaí san Ionad freisin.
- Lean FSS ag obair leis an Roinn Sláinte, CHI agus Bord Forbartha Náisiúnta na nOspidéal Péidiatraice chun oscailt an dara Ionad Cúraim Práinne i dTamhlacht agus an tOspidéal Leanaí nua a chur ar aghaidh.
- Cuideoidh forbairt bhreise ar na haonaid péidiatraiceacha réigiúnacha i CUH, Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh (UHG) agus Ospidéal na hOllscoile, Luimneach (UHL) trí chomhairleoirí péidiatraiceacha breise a earcú le ceann de phríomhchoincheapa na Múnla Náisiúnta Cúraim do Sheirbhísí Chúraim Sláinte Péidiatraice a chur i bhfeidhm atá chun cúram a sholáthar chomh gar do theach an othair agus atá oiriúnach go clínicíúil.
- Mar thoradh ar thionscadal infheistíochta caipitil €1.2m aistríodh an tAonad Riosca Cairdiach san Aos Óg (CRY) ag CHI chuig saoráid othar seachtrach saintógtha níos mó i mí Mheán Fómhair. Is éard atá i gceist le cóireáil CRY ná meastóireacht agus cóireáil chuimsitheach orthu siúd a ndearnadh diagnóis orthu nó atá i mbaol riochtaí croí oidhreachta atá mar phríomhchúis le bás tobann cairdiach san aos óg.
- Earcaíodh foireann bhreise chun tacú le seirbhísí breise i CHI lena n-áirítear:
  - Seirbhísí réamaiteolaíochta
  - Seirbhís gascheall haemaiteolaíochta
  - Teiripe antaibheathach othar seachtrach
  - Seirbhísí néar-mháinliachta.
- Leanadh le seirbhísí scolóise a fhorbairt chun amanna feithimh rochtana ar mháinliachta a laghdú.

# An tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna

Is í an tSeirbhís Náisiúnta Otharchairr (an SNO) an soláthraí reachtúil réamhchúraim agus cúraim idirmheánaigh don Stát. I gceantar cathrach Bhaile Átha Cliath, soláthraíonn an SNO agus Briogáid Dóiteáin Bhaile Átha Cliath seirbhísí otharcharranna atá á maoiniú ag FSS. Freagraíonn an SNO do ghlaonna éigeandála agus práinneacha, iompraíonn sí othair cúraim idirmheánaigh agus déanann sí aisghabháil aosach, péidiatraice agus nuabheirthe.

## Tacú leis an *Straitéis um Chur i bhFeidhm Sláintecare*

- Lean an obair ar aghaidh ag tacú agus ag leathnú scéimeanna céadfhreagróirí pobail le níos mó ná 260 grúpa céadfhreagróra pobail agus os cionn 4,000 saorálaí pobail i bhfeidhm anois ar fud na tíre.
- Reáchtáil Seirbhís Aisghabhála Cúraim Chriticiúil an SNO a siompóisiam tionscnaimh i mí an Mheithimh. Ba é téama an tsiompóisiam ná Nascacht i mBreiteacht Chriticiúil agus bhí ionadaíocht den scoth ó gach réimse den tseirbhís sláinte, an Roinn Sláinte agus Seirbhís Aisghabhála Thuaisceart Éireann.
- Chuir an SNO i gcomhpháirtíocht le seirbhísí meabhairshláinte tús le líne theileafóin faisnéise nua YourMentalHealth i mí Dheireadh Fómhair chun faisnéis a sholáthar faoi thacaíochtaí agus seirbhísí meabhairshláinte ar fud na tíre. Ag oibriú 24/7, is í an uimhir Saorghlao ná 1800 742 444 ag cur úsáideoirí seirbhíse ar an eolas faoi na tacaíochtaí agus na seirbhísí áitiúla atá ar fáil agus conas rochtain a fháil orthu. Mar ullmhúchán don líne theileafóin a bheith beo, fuair glacadóirí glaonna an SNO oiliúint bhreise ó ghairmithe sláinte meabhrach chun cabhrú leo an tseirbhís is oiriúnaí a threorú.

## Córas Tráma d'Éirinn – Tuarascáil an Ghrúpa Stiúrtha Tráma a chur i bhfeidhm

- Thángthas ar chomhaontú leibhéal seirbhíse idir FSS agus Mearfhreagairt Phobal na hÉireann chun seirbhís aeriteiripe a sholáthar ó Aeradróm Ráth Chúil in aice le Sráid an Mhuilinn i gContae Chorcaí. Chuaigh an tseirbhís beo i mí Iúil 2019.
- Cuireadh prótacail sheachbhóthar tráma agus ortaipéideacha i bhfeidhm ó Portiuncula go Gaillimh agus ón Nás go Tamhlacht.

## Rialachas agus sábháilteacht othar fheabhsaithe a sheachadadh

- Leanadh den obair ar chur i bhfeidhm ar *Phlean Cabhlaigh agus Trealamh an SNO*. Áiríodh leis seo feithiclí nua sainchuspóra a oiriúnú go speisialta a ligeann don SNO a bheith réidh don gheimhreadh. Tiomáint ceithre roth atá sna feithiclí seo agus cuideoidh siad le cúram réamh-ospidélí a sholáthar le linn drochaimsire.
- Tá foireann Anailíse Gnó agus Sonraí an SNO curtha ar bun chun rialachas cliniciúil a neartú. Tacóidh an fhoireann leis an anailís ar fhaisnéis chliniciúil a chabhróidh le tuiscint a fháil ar dhéimeagrafaic othar, na cóireálacha a chuirtear ar fáil, srl. ar bhealach níos tráthúla.
- Seoladh an tAonad Freagartha Gluaisrothar Éigeandála i gCathair Chorcaí. Soláthraíonn an t-aonad seo freagairt thapa ar ghlaonna tromchúiseacha atá ag bagairt saoil ar 112/999 agus tá sé in ann ainliú níos gasta trí thrácht trom nó ceantair a bhfuil deacair teacht orthu chun an t-othar a chobhsú sula dtagann an t-otharcharr.









Soláthar  
Cúraim Sláinte  
a Chumasú

# Soláthar Cúraim Sláinte a Chumasú

## Oifig an Phríomhoifigigh Faisnéise

- Soláthraíonn Oifig an Phríomhoifigigh Faisnéise seirbhísí agus tacaíocht TFC ar fud FSS, ag éascú comhtháthaithe laistigh agus trasna seirbhísí pobail, ospidéal agus soláthraithe cúraim speisialaithe eile. In 2019, ba é an leithdháileadh caipitil TFC ná €85m. Cuireadh roinnt tionscadal lárnach chun cinn lenar cuireadh ar aghaidh cur i bhfeidhm *Sláintecare*.
- Leis an Aitheantóir Sláinte Aonair (ASA) atá ríthábhachtach do Ríomhshláinte agus Taifid Sláinte Leictreonacha (EHRanna) cumasaítear othair agus cliaint a bhaineann leas as seirbhísí sláinte a shainnithint chomh maith lena dtaifid sláinte. Is é an tSeirbhís Aitheantóirí Sláinte a bunaíodh go foirmiúil i mbliana mar chuid de Sláintecarea oibríonn an ASA.
  - Tá an bonneagar teicniúil a thacaíonn le Clár ASA a raibh daonra 6.7m ann ar dtús, ag feidhmiú ó 2017 agus tá uimhreacha ASA á sholáthar aige do 8,000 idirbheart leictreonach in aghaidh an lae. Críochnaíodh clár oibre in 2019 chun cumas meaitseála taifead ASA.
  - Tá soláthar ASAanna don Chóras Náisiúnta Nuabheirthe agus Máithreachais ar an mbealach le seachadadh i Ráithe 2 de 2020. Tá sé seo sa bhreis ar an gclár oibre leanúnach chun an ASA a rolladh amach chuig córais dochtúirí ginearálta, ospidéal agus náisiúnta agus tionscadail eile a aibhsíodh sa tuarascáil seo.
- Chuaigh an Córas Náisiúnta Faisnéise Ailse beo. Is féidir leis eolas a tháifeadadh faoi chás ailse othair, diagnóis agus cóireáil le drugaí ailse ar fud na hÉireann. Cuireadh i bhfeidhm é ar bhonn céimnithe ar fud na 26 láithreán Teiripe Córasach Ailse (Ceimiteiripe) a chumasaíonn tacaíocht dhigiteach chun ceimiteiripe a fhorordú agus a riar.
- Tá rochtain ag baill foirne fiacloireachta cúraim phríomhúil anois ar tháifid chóireála fiacloireachta atá digitithe go hiomlán dá n-othair go léir tar éis dóibh rolladh amach ar fud na tíre de Chóras Náisiúnta Taifead agus Faisnéise Fiacloireachta FSS. Tá an córas beo anois in 221 áit i 26 chontae.
- Tá obair ag dul ar aghaidh maidir le soláthar an chórais náisiúnta TSL agus an taifead cúraim roinnte. Mar chéad chéim forbraíodh cás gnó géarmhíochaine TSL agus tá obair ag dul ar aghaidh ar an bpróiseas ceadaithe leis na ranna rialtais ábhartha. Cuireadh tús le hardchóras nua r-Shláinte le haghaidh haemaifilia agus neamhoird fuilithe oidhreachta. Forbraíodh é i gcomhar leis an Ionad Náisiúnta Téachta in Ospidéal San Séamas, CHI i gCromghlinn, OSC, OOG agus Cumann Haemaifilia na hÉireann, mhaoinigh FSS é mar cheann de thrí thionscadal nuálacha Teach Solais a bhfuil sé mar aidhm acu úsáid na dteicneolaíochtaí r-Shláinte a bharrfheabhsú i gcóras cúraim sláinte na hÉireann.

- Seoladh clár bunaidh chun baill foirne a threorú trí na huirilí digiteacha a bhfuil rochtain acu orthu cheana féin a úsáid agus chun cur lena gcuid scileanna litearthachta digití i gcomhar leis na Seirbhísí Gnó Sláinte (SGS) agus i gcomhar leis an Roinn Cumarsáide, Gníomhaíochta Aeráide agus Comhshaoil. Is iad na haidhmeanna atá leis ná baill foirne a spreagadh agus a ghríosú chun a bheith muiníneach ar líne trí oibriú ar ardáin agus seirbhísí digiteacha atá ann cheana i dteannta le comhpháirtíochtaí luachmhara a chothú chun tacú le clochlú digiteach.
- Seachadadh 4,500 feiste (ríomhairí glúine, deasc) agus 3,900 fón cliste chuig baill foirne pobalbhunaithe na líne tosaigh, lena n-áirítear altraí sláinte poiblí, fisiteiripeoirí, teiripeoirí urlabhra agus teanga, foireann fiacloireachta, diaiteiteach srl. Tionscadal náisiúnta a bhí anseo agus áiríodh gach ceann de na naoi ECSP.
- Rinneadh uasghrádú ar theicneolaíocht chumarsáide chun tacú le suíomhanna pobail atá ann cheana agus cinn nua lena n-áirítear 18 uasghrádú seasta teileafónaíochta, 20 foirgneamh nua agus os cionn 50 nasc líonra.
- Is é Tionscadal an Chórais Bainistíochta Cliniciúla Máithreacha agus Nuabheirthe dearadh agus cur i bhfeidhm TSL do gach bean agus leanbh i seirbhísí máithreachais agus nua-naíochta in Éirinn. Ligeann an taifead seo faisnéis othar a roinnt le soláthraithe cúraim ábhartha, i bhformáid chaighdeánaithe, de réir mar is gá trí réiteach atá cumasaithe ag teicneolaíocht a úsáid.
- Tionóladh an Fóram Acadaimh Dhigitigh tionscnaimh i Meán Fómhair 2019. Tionólfar na Fóraim seo gach ráithe agus is áit iad chun smaointeoireacht agus cleachtas ar shaincheisteanna sláinte digití, clochlú digiteach agus nuálaíochtaí ar fud na seirbhíse sláinte a roinnt agus a mhúnlú ag foireann leighis, lucht acadúil, ceannairí tionscail, othair agus saoránaigh.

## Acmhainní Daonna Náisiúnta

### Straitéis Idirchaidrimh nua a Fhorbairt

- Críochnaíodh an próiseas forbartha don Straitéis Idirchaidrimh nua tar éis próiseas comhairliúcháin cuimsitheach.
- Leanadh den obair chun *Riachtanais an Phobail um Athrú a Shainmhíniú – Treoir um Athrú Seirbhísí Sláinte* a chur i bhfeidhm trí fhócas ar chumarsáid agus feasacht, forbairt oideachais agus cleachtas, sineirgíocht ar leibhéal náisiúnta agus feabhsú cleachtas athraithe laistigh den chóras seachadta. Is é an Treoir um Athrú Seirbhísí Sláinte an creat beartais agus an cur chuige comhaontaithe maidir le hathrú don tseirbhís sláinte agus is bunchloch é chun an t-athrú daoine agus cultúir a sholáthar atá riachtanach chun *Sláintecare*, athchóiriú na hearnála poiblí agus tosaíochtaí corparáideacha, a chur i bhfeidhm.
- Rinneadh athbhreithniú ar an tSamhail Earcaíochta atá ann cheana. Tá tús curtha leis an obair tosaigh ar an tsamhail seo agus táthar ag súil go mbeidh sé críochnaithe in 2020.

- Sheachaid Acadamh Ceannaireachta na Seirbhíse Sláinte cohórt amháin de gach ceann de na príomhchláir forbartha ceannaireachta, Leading Care I, Leading Care II agus Leading Care III. Bhuaigh Acadamh Ceannaireachta na Seirbhíse Sláinte FSS an duais náisiúnta as an Straitéis Foghlama agus Forbartha is fearr ag na Dámhachtainí Ceannaireachta agus Bainistíochta AD.
- Forbraíodh Plean Gníomhaíochta mar fhreagairt ar thorthaí shuirbhé foirne 2018. Sainmhíniú an doiciméad seo rannpháirtíocht na foirne, leagann sé béim ar na buntáistí a bhaineann le lucht saothair gafa a bheith ag baill foirne agus othair, agus leagtar béim air go bhfuil rannpháirtíocht foirne ina chomhpháirt lárnach i bhforbairt polasaithe agus straitéisí.
- Tá níos mó ná 1m clár r-Fhoghlama curtha i gcrích go dtí seo ar thairseach foghlama agus forbartha ar líne FSS, HSE LanD. Baineadh an chloch mhíle seo amach tar éis rolladh amach clár oiliúna éigeantach náisiúnta agus áitiúil lena n-áirítear: Réamheolas ar Thús Áite do Leanaí, Sláinteachas Láimhe don Fhoireann Chliniciúil, Dínit ag an Obair agus raon modúl sláinte agus sábháilteachta.
- Tá cur i bhfeidhm Córas Náisiúnta Comhtháite Taifead Foirne agus Párola (NiSRP) amháin á rolladh amach go náisiúnta faoi láthair. Cuireadh an clár beo i bhfeidhm san Oirthear agus tá pleananna ag dul chun cinn len é a chur i bhfeidhm san Oirdheisceart i mBealtaine 2020.
- Tá Grúpa Stiúrtha Náisiúnta, faoi chomhchathaoirleacht Feabhsú Cálíochta agus AD Náisiúnta, i bhfeidhm chun maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm na Seirbhíse Nascadh agus na Straitéise Sábháilteachta a thugann aghaidh ar fhoréigean agus ionsaí a bhaineann le hobair. Tá nuashonrú stádaís ar an straitéis seo ar siúl faoi láthair.
- Díreoidh an Creat san Ionad Oibre Sláintiúil ar shláinte fhísiciúil, shíceasóisialta agus phearsanta na foirne san ionad oibre. Cuireadh tús le hobair i rith na bliana ar phacáiste acmhainní a fhorbairt chun faisnéis a sholáthar do bhainisteoirí agus a bhfoireann maidir le hionad oibre sláintiúil a fhorbairt lena n-áirítear na tacaíochtaí/na hacmhainní atá ar fáil chun tacú len é a chur i bhfeidhm. Táthar ag súil go seolfar an Creat san Ionad Oibre Sláintiúil in 2020.
- Tá oiliúint bhainistíochta struis ar eachtraí criticiúla ar siúl go náisiúnta le trí sheisiún oiliúna, a chuimsíonn 32 ball foirne nua-oilte, agus 12 lá oiliúna maoirseachta inseirbhíse.

## Airgeadas Náisiúnta

- Cuireadh tacaíocht shuntasach ar fáil don chóras oibríochta chun socrú baineistíochta airgeadais a fheabhsú le linn 2019, lena n-áirítear an timthriall pleanála airgeadais (meastacháin/pleanáil seirbhíse agus buiséadú) do 2020 a thabhairt ar aghaidh ar a laghad 4-6 seachtaine.
- Tá cur i bhfeidhm Chóras Comhtháite Bainistíochta Airgeadais (CCBA) don chóras sláinte agus cúraim shóisialta arna mhaoiniú go poiblí (lena n-áirítear gach eagraíocht maoinithe faoi Alt 38 agus eagraíochtaí maoinithe alt 39 níos mó) ag dul ar aghaidh mar chuid den Chlár Athchóirithe Airgeadais. Tá an clár seo ar cheann de thosaíochtaí neamhchliniciúla is tábhachtaí FSS agus is príomh-chumasóir é do *Sláintecare* agus na

feabhsuithe níos leithne ar an tseirbhís sláinte a thacaíonn leis. Le linn na bliana, leanadh den obair ar dhearaí próisis, cairt chuntais agus struchtúr fiontraíochta don CCBA agus cuireadh an soláthar i gcrích do chomhpháirtí tacaíochta forfheidhmithe córais sheachtraigh. Cuireadh tús le céim na n-ullmhúchán den chéim mhionsonraithe náisiúnta dhearaidh agus tógála i mí na Nollag.

- Críochnaíodh an creat-tionscadal costála pobail agus tá a aschuir curtha leis, i measc rudaí eile, an dréachtphlean Forfheidhmithe Maoinithe Gníomhaíochta-Bhunaithe 2020 go 2022 (lena n-áirítear costáil phobail) atá FSS ag iarraidh, le tacaíocht ón Roinn Sláinte, a thabhairt ar aghaidh tríd an Oifig Phraghsála Cúraim Sláinte, ar aon dul le Sláintecare. Chuir sé bonn eolais freisin faoin straitéis tuairiscithe atá san áireamh le Creat Bainistíochta Airgeadais FSS atá mar bhonn agus taca le forbairt agus le cur i bhfeidhm CCBA.

## Seirbhísí Gnó Sláinte

- D'éirigh leis an gClár Náisiúnta Taifead agus Párola Foirne Comhtháite (NiSRP) réiteach SAP AD agus párola a chur i bhfeidhm le féinseirbhís i réigiún an Oirthir. Rinneadh é seo i gcomhar le hOifig an Phríomhoifigigh Faisnéise. Chuaigh an córas beo i mBealtaine 2019 agus freastalaíonn sé ar 18,000 ball foirne.
- Cuireadh rolladh amach Thionscadal Cobhsaíochta Párola FSS i gcrích san Iarthar agus sa Deisceart, ag aistriú fostaithe FSS agus pinsinéirí chuig réiteach bogearraí párola nua.
- Leathnaíodh an tSeirbhís Náisiúnta Lóistíochta tuilleadh agus anois soláthraíonn sí timpeall 80% den timpeallacht reachtúil sláinte.
- Is tionscadal ilbhliana é an Clár Feabhsúcháin Pinsean a bhaineann le seirbhísí pinsin, le céim 1 den chlár dírithe ar chomhlíonadh Scéim Pinsin na Seirbhíse Poiblí Aonair. Tá fostaithe FSS faoin scéim (35,000) ag fáil ráitis phinsin bhliantúla anois, agus léiríonn an chéad ráiteas an tréimhse ó 2013-2018.
- Chomhoibrigh SGS le hOllscoil Luimnigh chun Teastas agus Dioplóma Feabhais Slabhra Soláthair Phoiblí creidiúnaithe saincheaptha a fhorbairt agus a sheachadadh.
- Chuir Straitéis Bharainneach chun coigiltis agus éifeachtúlachtaí a sheachadadh tionscadail i bhfeidhm go rathúil thar raon seirbhísí, agus leanfaidh sí ag leabú samhail inbhuanaithe barr feabhais oibríochta chun forbairt poist agus éifeachtúlachtaí a sholáthar laistigh den chóras sláinte.

## Infheistíocht Chaipitil i gCúram Sláinte

Éilíonn an tseirbhís sláinte saoráidí cúraim sláinte a fheabhsaíonn folláine in othair agus in úsáideoirí seirbhíse, a thugann cumhacht don fhoireann agus a ligean do sheirbhís a sheachadadh go héifeachtach agus go héifeachtúil, allínithe le *Plean Forbartha Náisiúnta 2018-2027* an Rialtais. Chun é seo a chinntiú, déantar Plean Caipitil FSS cúig bliana a athnuachan gach bliain, ag cur san áireamh oibreacha a tosaíodh, riachtanas ag athrú, straitéisí atá ag teacht chun cinn agus buiséad atá ar fáil.

- Sheol Eastáit SGS sraith uirlisí athbheithnithe chun tionscadail chaipitil a sheachadadh. Déanann an tsraithuirlisí cur síos mionsonraithe ar an bprótacal faofa seanbhunaithe chun gach tionscadal caipitil a mheas, a thionscnamh, a bhainistiú agus a riar. Ba cheart go gcinnteodh cur i bhfeidhm an phrótacail comhsheasmhacht, cáilíocht agus luach ar airgead ar fud an eastáit cúram sláinte agus tá sé ar fáil don fhoireann uile trí inlíon SGS.
- Rinneadh obair ar roinnt príomhthionscadal caipitil chun timpeallacht fhisiceach a chruthú agus a chothú a fheabhsaíonn folláine in othair agus in úsáideoirí seirbhíse. I measc na dtionscadal seo tá:
  - Ospidéal Náisiúnta Athshlánúcháin
  - An tSeirbhís Náisiúnta Meabhairshláinte Fóiréinseach
  - Ionaid cúraim phríomhúil
  - Ospidéal Náisiúnta Máithreachais
  - Tithíocht do chlár chónaithe cúram sóisialta.
- Ag freagairt aiseolais ón suirbhé foirne *Tá do Thuairim Tábhachtach 2018*, bunaíodh foireann cumarsáide inmheánach chun tionscnaimh a chur chun cinn a chuirfeadh le feachtas na foirne ar chuspóirí eagraíochtúla. Ina measc seo bhí forbairt [healthservice.ie/staff](#), suíomh gréasáin poiblí tiomnaithe don fhoireann agus nuashonruithe físe míosúla ón bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ó cheannairí sinsearach. Ó seoladh na tionscnaimh seo, tá teagmháil fheabhsaithe tríd ár suíomh gréasáin, ag laghdú an ghá le ríomhphoist chraolta FSS.
- Pleanáladh agus tacaíodh le raon feachtais um athrú iompraíochta agus faisnéise seirbhíse in 2019; I measc na mbuaicphointí bhí an tseirbhís nua toirchis neamhphleanáilte *My Options*, Gairdín Bloom *Dementia Understand Together*, agus seoladh sheirbhís tacaíochta [mychild.ie](#) FSS agus leabhar do thuismitheoirí agus do thuismitheoirí atá ag súil le páiste.

## Cumarsáid Náisiúnta

- I gcomhpháirtíocht le hOifig Forfheidhmithe an Chláir Cúraim Sláinte, rinneadh obair ar Threochlár Digiteach FSS chun eispéreas an úsáideora ar líne a athrú. Rinneadh níos mó ná 30 suíomh gréasáin neamhspleách, micrea-láithreáin agus bailiúcháin ábhar a chomhtháthú leis an [hse.ie](#) nua.
- Rinne foireann dhigiteach FSS an t-ábhar a athdhearadh agus a aistriú ó 15 láithreán gréasáin neamhspleách FSS go suíomh gréasáin nua na seirbhíse sláinte poiblí. I measc na suíomhanna seo bhí:
  - [breastcheck.ie](#)
  - [bowelscreen.ie](#)
  - [quit.ie](#)
  - [askaboutalcohol.ie](#).
- Rinneadh [breastfeeding.ie](#) a chomhtháthú freisin le breis agus 200 treoir sláinte nua ar ábhair a bhaineann le sláinte leanaí agus toircheas i gcomhar leis an gClár Cothaithe agus le cliniceoirí ar fud na seirbhíse sláinte.
- Cuireadh tús le hobair ar eolair seirbhísí ar líne a chuirfidh ar chumas othar agus úsáideoirí seirbhíse an fhaisnéis a theastaíonn uathu faoi sheirbhísí ina gceantar féin a fháil.
- Chuir foireann na meán sóisialta (cuid den fhoireann dhigiteach) tacaíocht straitéiseach, comhairle agus oiliúint ar fáil do roinnt cuntas meán sóisialta ar fud na mórghréasán sóisialta go léir. Baineadh úsáid as na meáin shóisialta chun daoine le ceisteanna cúram sláinte a chur ar an eolas, oideachas a chur orthu agus cabhrú leo. Ba é an rud is déanaí a cuireadh leis an tsraith cainéal meán sóisialta ná cuntas Instagram a chruthú do FSS.
- Fuair HSELive 182,000 teagmháil r-phoist, teileafóin agus comhrá gréasáin i rith na bliana. Chuir siad faisnéis, tacaíocht agus comharthaíocht ar fáil chun a chur ar chumas daoine nascleanúint a dhéanamh ar an tseirbhís sláinte agus rochtain a fháil ar an gcúram a theastaíonn uathu.
- Chuir Preasoifig FSS 2,100 freagra i scríbhinn ar fáil maidir le ceisteanna iriseoirí le linn 2019.

## Seirbhís Aisiocaíochta Cúraim Phríomhúil (SACP)

- Foilsíodh *Plean Straitéiseach na Seirbhíse Incháilitheachta agus Aisiocaíochta Cúraim Phríomhúil 2019-2021* in 2019 agus sainithníodh sé sprioc straitéiseacha agus 26 gníomh ardleibhéil de réir na físe *Sláintecare*. Chun seirbhís phoiblí shofhreach ar ardchaighdeán a chinntiú caithfear an bealach a ndéanaimid gnó lenár gcustaiméirí agus lenár ngeallsealbhóirí a nuáil agus a oiriúnú go leanúnach. Spreagfaidh an plean seo na roghanna seo agus tosaíocht a thabhairt d'iarraichtaí.
- Cuireadh seirbhísí aisiocaíochta ar fáil do níos mó ná 7,000 conraitheoir as seirbhísí sláinte a sholáthar do phobal ina bpobal féin.
- Aisiocadh ospidéal go lárnach faoin Scéim Náisiúnta um Bainistíocht Drugaí as raon cógas ardchostas sonraithe i réimsí oinceolaíochta, néareolaíochta agus heipitíteas C.
Líon na n-othar a fuair rochtain ar leaba speisialtóra d'othair chónaithe laistigh de sheacht lá i rith na bliana tuairiscithe		3,809	3,674	-3.5%
<b>Seirbhísí Cúraim Mhaolaithigh Pobail</b>				
Líon na n-othar a fuair sainchóireáil cúraim mhaolaithigh ina ngnátháit chónaithe sa mhí		3,405	3,484	2.3%



Gníomhaíocht	Fíormhéid Tuairiscithe 2018	Sprioc PSN 2019	Fíormhéid Tuairiscithe 2019	% Athrú ó Sprioc 2019
<b>Seirbhísí Cúraim Mhaolaithigh Leanaí</b>				
Líon na leanaí atá faoi chúram na gComhordaitheoirí Altraí Cliniciúla do Leanaí le Coinníollacha Teorannú Beatha (altra for-rochtana leanaí)		280	308	10.0%
Líon na leanaí atá faoi chúram na foirne sainchúraim mhaolaithigh péidiatraice (le linn na míosa tuairiscithe)		97	36*	–
* Baineann na sonraí le hEanáir go Meán Fómhair 2019 agus mar sin níl sé oiriúnach athraitheas deireadh bliana a áireamh				
<b>Seirbhísí Ospidéil Géarmhíochaine</b>				
<b>Gníomhaíocht Urscaoilte</b>				
Othar Cónaitheach	641,959	637,173	636,550	-0.1%
Cás lae (scagdhealaithe san áireamh)	1,073,916	1,069,702	1,104,495	3.3%
<b>Iomlán cásanna othar cónaitheach agus lae</b>	<b>1,715,875</b>	<b>1,706,875</b>	<b>1,741,045</b>	<b>2.0%</b>
Scaoileadh éigeandála d'othair chónaithe	439,443	444,010	438,961	-1.1%
Scaoileadh roghnach othar cónaitheach	91,808	85,660	91,371	6.8%
Scaoileadh othar cónaitheach máithreachais	110,708	107,503	106,218	-1.2%
Scaoileadh othar cónaitheach > 75 bliana	124,774	124,094*	126,565	2.0%
Scaoileadh cás lae > 75 bliana	192,784	190,526	203,776	7.0%
<b>Cúram Éigeandála</b>				
Freastail nua ar RÉ	1,224,495	1,228,415	1,251,506	1.9%
Freastail fillte ar RÉ	99,236	99,570	111,252	11.7%
Freastail ar aonaid ghortuithe	93,997	96,518	99,222	2.8%
Freastail éigeandála eile	49,918	50,633	44,456	-12.2%
<b>Breitheanna</b>				
Líon iomlán na mbreitheanna	61,092	60,861	59,406	-2.4%
<b>Othair Sheachtracha</b>				
Líon na n-othar a d'fhreastail nó a d'fhill mar othar seachtrach	3,337,048	3,339,859	3,354,919	0.4%
<b>Urscaoilte Moillithe</b>				
Líon na laethanta leapa a cailleadh mar gheall ar scaoileadh amach moillithe	206,606	≤200,750	238,544	18.8%
Líon na leapacha atá faoi réir moille scaoilte	476	≤550	545	-0.9%
<b>Ionfhabhtuithe a bhaineann le Cúram Sláinte (HCAI)</b>				
Líon na gcásanna nua CPE	532	N/b	661	–
* Gníomhaíocht Ionchais 2019 athbhreithnithe ó 124,197 go 124,094				

An tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna	Gníomhaíocht	Fíormhéid Tuairiscithe 2018	Sprioc PSN 2019	Fíormhéid Tuairiscithe 2019	% Athrú ó Sprioc 2019
	Líon iomlán na nglanna AS1 agus AS2 (otharcharr éigeandála)	337,754	333,800	348,053	4.3%
	Líon iomlán na nglanna AS3 (aistrithe idir-ospidéal)	32,983	34,000	31,738	-6.7%
	Líon na nglanna aistrithe feithicle cúraim idirmheánaigh (ICV)	29,875	32,000	28,122	-12.1%
	Líon na nglanna 1 ECHO stádas cliniciúil curtha gníomhachtaithe	5,101	5,100	5,215	2.3%
	Líon na nglanna 1 ECHO stádas cliniciúil nuair a bhaintear an láthair amach (ní chuirtear san áireamh na glanna a cuireadh ar ceal en route)	4,877	4,940	4,965	0.5%
	Líon na nglanna 1 DELTA stádas cliniciúil gníomhachtaithe	140,249	141,000	145,136	2.9%
	Líon na nglanna 1 DELTA stádas criticiúil nuair a bhaintear an láthair amach (ní chuirtear san áireamh na glanna a cuireadh ar ceal en route)	128,574	129,000	132,775	2.9%
	Seirbhís Aerailighis – Uaireanta (An Roinn Cosanta)	451	480	454	-5.4%
	Garda Cóstá na hÉireann – Glanna (An Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt)	121	200	109	-45.5%

Seirbhís Aisíocaíochta do Chúram Príomhúil	Gníomhaíocht	Fíormhéid Tuairiscithe 2018	Sprioc PSN 2019	Fíormhéid Tuairiscithe 2019	% Athrú ó Sprioc 2019	
	<b>Cártaí Leighis</b>					
	Líon na ndaoine cumhdaithe ag cártaí leighis ar an 31 Nollaig	1,565,049	1,541,667	1,544,374	0.2%	
	Líon na ndaoine a cumhdaithe ag cártaí cuairte DG ar an 31 Nollaig	503,329	528,079	524,494	-0.7%	
	<b>Iomlán</b>	<b>2,068,378</b>	<b>2,069,746</b>	<b>2,068,868</b>	<b>0.0%</b>	
	<b>Scéim na Seirbhísí Ginearálta Leighis</b>					
	Líon iomlán na míreanna oideasaithe	58,192,133	58,347,423	59,397,043	1.8%	
	Líon na n-oideas	18,691,105	18,685,315	18,946,154	1.4%	
	<b>Scéim an Tinnis Fhadtéarmaigh</b>					
	Líon iomlán na míreanna oideasaithe	8,892,719	8,829,947	9,423,721	6.7%	
	Líon na n-éileamh	2,525,456	2,506,941	2,690,489	7.3%	
	<b>An Scéim Íocaíochta Drugaí</b>					
	Líon iomlán na míreanna oideasaithe	7,585,690	7,544,139	7,864,176	4.2%	
	Líon na n-éileamh	2,310,928	2,272,160	2,336,973	2.9%	
	<b>Scéimeanna Eile</b>					
	Líon éileamh scéim na ndrugaí ardteicneolaíochta	714,937	708,859	773,906	9.2%	
	Líon cóireálacha scéim na seirbhísí cóireála fiacloireachta	1,113,777	1,185,985	1,049,293	-11.5%	
	Líon cóireálacha scéim na seirbhísí oftalmacha pobail	793,540	793,256	775,146	-2.3%	

# Aguisín 4: Bonneagar Caipitil

Tugann an t-agusín seo breac-chuntas ar thionscadaí chaipitil: 1) a críochnaíodh in 2017/2018 agus a bhí i bhfeidhm in 2019; 2) le bheith críochnaithe agus ag feidhmiú in 2019; nó 3) atá le bheith críochnaithe in 2019 agus beidh ag feidhmiú in 2020. Nuashonraíodh na costais mar a thaispeántar i PSN 2019 chun an fíorchaiteachas a léiriú.

Cúram Sláinte Pobail											
Saoráid	Sonraí an tionscadail	Dáta Pleanáilte le Críochnú (de réir PSN 2019)	Dáta Nuashonraí le raithe le Críochnú	Dáta Oibríochta Pleanáilte (de réir PSN 2019)	Dáta Oibríochta Nuashonraí	Leapacha Breise	Leapacha Ionadacha	Costas Caipitil €m		Impleachtaí 2019	
								2019	Iomlán	WTE	Costais Ioncaim €m
<b>Seirbhísí Cúraim Phríomhúil</b>											
<b>Dún na nGall, Sligeach, Liatroim, an Cabhán, Muineachán</b>											
Cora Droma Rúisc, Co. Liatroma	Ionad Cúraim Phríomhúil, trí chomhaontú léasa	R4 2019	R2 2020	R4 2019	R3 2020	0	0	0.00	0.15	0	0
<b>Cúram Sláinte Pobail an Iarthair</b>											
Béal Átha hAimhnaís, Co. Mhaigh Eo	Ionad Cúraim Phríomhúil, trí chomhaontú léasa	R4 2019	R4 2020	R4 2019	R1 2021	0	0	0.00	0.08	0	0
Baile Ros Comáin	Sineadh leis an Ionad Cúraim Phríomhúil, trí chomhaontú léasa	R1 2019	R1 2020	R1 2019	R1 2020	0	0	0.11	0.15	0	0
<b>Cúram Sláinte Pobail an Mheán-Iarthair</b>											
Catadh an Treoigh, Cathair Luimnigh	Ionad Cúraim Phríomhúil, trí chomhaontú léasa	R4 2018	R2 2019	R1 2019	R3 2019	0	0	0.19	0.19	0	0
Cill Mocheallóg, Co. Luimnigh	Ionad Cúraim Phríomhúil, trí chomhaontú léasa	R3 2019	R3 2019	R3 2019	R2 2020	0	0	0.08	0.08	0	0
<b>Cúram Sláinte Pobail Corcaigh Chiarraí</b>											
Cathair Chorcaí Thuaidh	Ionad Cúraim Phríomhúil Nua	R2 2018	R4 2018	Céimnithe ó R3 2018	Céimnithe ó R4 2018	0	0	1.52	19.26	0	0
Cloich na Coillte, Co. Chorcaí	Ionad Cúraim Phríomhúil, trí chomhaontú léasa	R4 2019	R4 2019	R4 2019	R3 2020	0	0	0.01	0.15	0	0
An Magadh Nua, Co. Chorcaí	Ionad Cúraim Phríomhúil, trí chomhaontú léasa	R2 2019	R1 2020	R2 2019	R3 2020	0	0	0.02	0.10	0	0
Baile an Chaisleáin, Co. Chorcaí	Ionad Cúraim Phríomhúil, trí chomhaontú léasa	R4 2019	R2 2020	R4 2019	R1 2021	0	0	0.00	0.10	0	0
Carrag Thuathail, Co. Chorcaí	Ionad Cúraim Phríomhúil, trí chomhaontú léasa	R1 2019	R1 2019	R1 2019	R3 2019	0	0	0.15	0.15	0	0
Beantraí, Co. Chorcaí	Ionad Cúraim Phríomhúil, trí chomhaontú léasa	R3 2019	R1 2020	R3 2019	R4 2020	0	0	0.00	0.15	0	0
Trá Lí, Co. Chiarraí	Ionad Cúraim Phríomhúil, trí chomhaontú léasa	R2 2019	R3 2019	R2 2019	R2 2020	0	0	0.70	0.80	0	0
Oileán Chiarraí, Co. Chiarraí	Ionad Cúraim Phríomhúil, trí chomhaontú léasa	R3 2019	R4 2020	R3 2019	R2 2021	0	0	0.00	0.10	0	0

Cúram Sláinte Pobail											
Saoráid	Sonraí an tionscadail	Dáta Pleanáilte le Críochnú (de réir PSN 2019)	Dáta Nuashonraíthe le Críochnú	Dáta Oibríochta Pleanáilte (de réir PSN 2019)	Dáta Nuashonraíthe	Leapacha Breise	Leapacha Ionadacha	Costas Caipitil €m		Impleachtaí 2019	
								2019	Iomlán	WTE	Costais Ioncaim €m
<b>Cúram Sláinte Pobail an Oirdheiscirt</b>											
Ospidéal Naomh Dymna, Co. Cheatharlach	Tionscadal athchóirithe damáiste dóiteáin, cóiríocht sláinte meabhrach agus cúraim phríomhúil (maoinithe ó árachas)	R1 2019	R1 2019	R2 2019	R2 2019	0	0	0.50	1.32	0	0
<b>Cúram Sláinte Pobail an Oirthir</b>											
Ospidéal Ríoga, Domhnach Broc, Baile Átha Cliath 4	Ionad Cúraim Phríomhúil, trí chomhaontú léasa (Réiteach eastramhach)	R3 2019	R3 2019	R4 2019	Níor cuireadh tús leis fós	0	0	1.32	1.44	0	0
Baile an Teampaill/ An Garrán Cnó, Baile Átha Cliath 14	Sineadh leis an Ionad Cúraim Phríomhúil, trí chomhaontú léasa	R2 2019	R1 2020	R2 2019	R2 2020	0	0	0.01	0.10	0	0
Seanchill, Baile Átha Cliath 18	Ionad Cúraim Phríomhúil, trí chomhaontú léasa	R4 2019	R4 2019	R4 2019	R4 2019	0	0	0.19	0.20	0	0
Ráth Droma, Co. Chill Mhantáin	Ionad Cúraim Phríomhúil, trí chomhaontú léasa	R4 2019	R1 2021	R4 2019	Níor cuireadh tús leis fós	0	0	0.00	0.15	0	0
<b>Cúram Sláinte Pobail Bhaile Átha Cliath Theas, Chill Dara agus Iarthar Chill Mhantáin</b>											
Rialto, Baile Átha Cliath 8	Ionad Cúraim Phríomhúil, trí chomhaontú léasa	R2 2019	R1 2020	R3 2019	R2 2020	0	0	0.00	0.50	0	0
Tamhlacht Corr an Dairín, Baile Átha Cliath 24	Sineadh leis an Ionad Cúraim Phríomhúil, trí chomhaontú léasa	R4 2019	R4 2019	R4 2019	R1 2020	0	0	0.03	0.05	0	0
<b>Cúram Sláinte Pobail Lár na Tíre, Lú agus na Mí</b>											
Campas Naomh Fiontán, Port Laoise, Co. Laoise	Aonad Seirbhísí Andúile Pobail – saoráid nua le haghaidh seirbhísí comhairleoireachta agus tacaíochta	R1 2019	R4 2018	R1 2019	R4 2018	0	0	0.13	3.26	0	0
<b>Cúram Sláinte Pobail Chathair Thuaidh agus Chontae Bhaile Átha Cliath</b>											
Ionad Sláinte Fhásóg na Rós, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15	Athchóiriú ar Ionad Sláinte Fhásóg na Rós chun soláthar seirbhísí cúraim phríomhúil a chur i gcrích i líonra na Coilre Duibhe/Bhaile Bhlainséir	R4 2019	R3 2020	R1 2020	R4 2020	0	0	0.06	1.95	0	0
Baile Átha Cliath Thoir Thuaidh (Cnoc an tSamhraidh), Baile Átha Cliath 1	Ionad Cúraim Phríomhúil de réir CPP	R4 2018	R4 2018	R1 2019	R1 2019	0	0	0.00	0.00	0	0

Cúram Sláinte Pobail											
Saoráid	Sonraí an tionscadail	Dáta Pleanáilte le Críochnú (de réir PSN 2019)	Dáta Nuashonraíthe le Críochnú	Dáta Oibríochta Pleanáilte (de réir PSN 2019)	Dáta Nuashonraíthe	Leapacha Breise	Leapacha Ionadacha	Costas Caipitil €m		Impleachtaí 2019	
								2019	Iomlán		WTE
<b>Seirbhísí Meabhairshláinte</b>											
<b>Cúram Sláinte Pobail Corcaigh Ciarraí</b>											
Ospidéal Ollscoile Chiarraí	Athchóiriú agus uasghrádú ar an Aonad Géarmhíochaine Meabhairshláinte, céim 2.	R1 2019	R1 2019	R1 2019	R3 2019	0	15	1.28	2.26	0	0
<b>Cúram Sláinte Pobail Lár na Tíre, Lú agus na Mí</b>											
Naomh Loman, an Muileann gCearr, Co. na hIarmhí	Athchóiriú ar an iar-Aonad Leanaí agus Teaghligh chun aistriú foirne meabhairshláinte ón bpríomhfhoirgneamh a éascú	R1 2019	R1 2019	R1 2020	R4 2019	0	0	0.39	1.60	0	0
<b>Cúram Sláinte Pobail Tuaisceart Chathair agus Tuaisceart Chomtae Bhaile Átha Cliath</b>											
Ardán Stanhope, Baile Átha Cliath Lár Thuaidh	Athchóiriú ar Ardán Stanhope chun cóiríocht a sholáthar do 10 duine atá i dTeach Weir faoi láthair	R4 2019	R3 2020	R1 2020	R4 2020	0	10	0.21	3.15	0	0
An tSeirbhís Náisiúnta Meabhairshláinte Foirne, Port Reacram, Co. Bhaile Átha Cliath	Céim 1, 100 leaba ionadach agus 70 leaba breise (lena n-áirítear 30 leaba athshláintithe dianchúraim, 10 leaba do leanaí agus do dhéagóirí, 10 leaba do mhíchumas inleachtúil sláinte meabhrach agus 20 leaba mheán-slán)	R4 2019	R1/R2 2020	R1 2020	Céimnithe 2020/2021	70	100	56.80	190.00	0	0
Naomh Ita, Port Reacram, Co. Bhaile Átha Cliath	Uasghrádú ar an mbunurlár, limistéar na cistine	R2 2019	R3 2019	R3 2019	R3 2019	0	0	0.49	1.20	0	0
<b>Seirbhísí Míchumais</b>											
<b>Dún na nGall, Sligeach, Liatroim, an Cabhán, Muineachán</b>											
Teach na Creige agus Chluain na Maitín, Co. Shligigh	Sé aonad ag céimeanna éagsúla den cheannach/fógáil nua/athchóiriú chun freastal ar riachtanais tithíochta do 24 duine atá ag aistriú ó shuíomhanna comhchruinnithe	Seachadadh céimnithe 2019	Seachadadh céimnithe 2020	Seachadadh céimnithe 2019	Seachadadh céimnithe 2020	0	24	1.20	2.63	0	0
<b>Cúram Sláinte Pobail an Iarthair</b>											
Bráithre na Carthanachta, Gaillimh	Aonad amháin le ceannach/athchóiriú chun freastal ar riachtanais tithíochta do cheathrar atá ag aistriú ó shuíomh comhchruinnithe	R3 2019	R3 2020	R3 2019	R4 2020	0	4	0.00	0.95	0	0
Áras Attracta, Béal Átha na Mhuice, Co. Mhaigh Eo	Trí aonad ag céimeanna éagsúla den cheannach/foirgneamh nua/athchóiriú chun freastal ar riachtanais tithíochta do 10 duine atá ag aistriú ó shuíomhanna comhchruinnithe	Seachadadh céimnithe 2019	Seachadadh céimnithe 2020	Seachadadh céimnithe 2019	Seachadadh céimnithe 2021	0	10	1.09	1.60	0	0

Cúram Sláinte Pobail											
Saoráid	Sonraí an tionscadail	Dáta Pleanáilte le Críochnú (de réir PSN 2019)	Dáta Nuashonraíthe le Críochnú	Dáta Oibríochta Pleanáilte (de réir PSN 2019)	Dáta Nuashonraíthe	Leapacha Breise	Leapacha Ionadacha	Costas Caipitil €m		Impleachtaí 2019	
								2019	Iomlán	WTE	Costais Ioncáim
<b>Cúram Sláinte Pobail an Mheán-Iarthair</b>											
Ionacha na Carthanachta, Co. Luimnigh	Cúig aonad ag céimeanna éagsúla ceannaigh/tógala nua/athchóirithe chun freastal ar riachtanais tithíochta do 20 duine atá ag aistriú ó shuíomhanna comhchruinnithe	Seachadadh céimnithe 2019	Seachadadh céimnithe 2020	Seachadadh céimnithe 2019	Seachadadh céimnithe 2020	0	20	1.10	3.95	0	0
Ionacha na Carthanachta, Ros Cré, Co. Thiobraid Árann											
Bráithre na Carthanachta, Co. Luimnigh											
<b>Cúram Sláinte Pobail Corcaigh Ciarraí</b>											
Cathair Chorcaí	Ionad For-Rochtana Leanai a sholáthar. Comh-mhaoinithe ag FSS	R3 2019	R3 2019	R4 2019	R4 2019	0	0	1.00	6.50	0	0
Cluain Fhionnain, Co. Chiarraí	Sé aonad ceannaigh/athchóirithe chun freastal ar riachtanais tithíochta do 24 duine atá ag aistriú ó shuíomhanna comhchruinnithe	Seachadadh céimnithe 2019	Seachadadh céimnithe 2020	Seachadadh céimnithe 2019	Seachadadh céimnithe 2020	0	24	0.30	3.00	0	0
Co. Chorcaí											
<b>Cúram Sláinte Pobail an Oirdheiscirt</b>											
Ionad Naomh Pádraig, Co. Chill Chainnigh	Aonad amháin ceannaigh/athchóirithe chun freastal ar riachtanais tithíochta do cheathrar atá ag aistriú ó shuíomhanna comhchruinnithe	R1 2019	R2 2020	R2 2019	R3 2020	0	4	0.35	1.00	0	0
<b>Cúram Shláinte Pobail an Oirthir</b>											
Ospidéal Náisiúnta Athshlánúcháin, Ascaill Bhaile an Róistigh, Dún Laoghaire, Co. Baile Átha Cliath	Athfhorbairt/athsholáthar Chéim 1 ar an tsaoráid atá ann cheana i bhforbairt chéimnithe. Comh-mhaoinithe ag Ionataobhas NRH	R4 2019	R1 2020	R2 2020	R2 2020	0	120	55.9	113.16	0	0
<b>Cúram Sláinte Pobail Bhaile Átha Cliath Theas, Chill Dara agus Iarthar Chill Mhantáin</b>											
Naomh Eoin Dé, Ionad Naomh Raphael, Cill Droichid, Co. Chill Dara	Aonad amháin ceannaigh/athchóirithe chun freastal ar riachtanais tithíochta do cheathrar atá ag aistriú ó shuíomhanna comhchruinnithe	R1 2019	R1 2019	R1 2019	R2 2020	0	4	0.05	0.63	0	0
<b>Cúram Sláinte Pobail Lár na Tíre, Lú agus Mí</b>											
Muiriosa, Dealbhna, Co. na hIarmhí	Aonad amháin ceannaigh/athchóirithe chun freastal ar riachtanais tithíochta do bheirt atá ag aistriú ó shuíomhanna comhchruinnithe	R1 2019	R4 2019	R1 2019	R4 2019	0	2	0.23	0.59	0	0

## Cúram Sláinte Pobail

Saoráid	Sonraí an tionscadail	Dáta Pleanáilte le Críochnú (de réir PSN 2019)	Dáta Nuashonraí le raithe le Críochnú	Dáta Oibríochta Pleanáilte (de réir PSN 2019)	Dáta Nuashonraí le raithe	Leapacha Breise	Leapacha Ionadacha	Costas Caipitil €m		Impleachtaí 2019		
								2019	Iomlán	WTE	Costais Ioncaim €m	
<b>Cúram Sláinte Pobail Tuaisceart Chathair agus Tuaisceart Chomtae Bhaile Átha Cliath</b>												
Iníonacha na Carthanachta, Rosalie, Port Mearnóg, Baile Átha Cliath 13	Dhá aonad ceannaigh/athchóirithe chun freastal ar riachtanais tithíochta d'ochtar ag aistriú ó shuíomhanna comhchruimithe	Seachadadh céimnithe 2019	Seachadadh céimnithe 2019	Seachadadh céimnithe 2019	Seachadadh céimnithe 2019/2020	0	8	0.06	1.16	0	0	
<b>Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta</b>												
<b>Dún na nGall, Sligeach, Liatroim, an Cabhán, Muineachán</b>												
Ospidéal Pobail Dhún na nGall, Co. Dhún na nGall	Uasghrádú agus athchóiriú chun comhlíonadh UFCS a bhaint amach	R4 2019	R4 2020	R4 2019	R1 2021	0	0	0.78	3.30	0	0	
Ospidéal Pobail Chaim Domhnach, Co. Dhún na nGall	Uasghrádú agus athchóiriú chun comhlíonadh UFCS a bhaint amach	R4 2019	R1 2021	R4 2019	R2 2021	0	0	0.00	4.24	0	0	
<b>Cúram Sláinte Pobail Corcaigh Ciarraí</b>												
Ospidéal Pobail Chathair Sathbhínn, Co. Chiarraí	Uasghrádú agus athchóiriú chun comhlíonadh UFCS a bhaint amach	R4 2019	R2 2021	R1 2020	R2 2021	0	0	0.20	3.79	0	0	
Ospidéal Pobail Lios Tuathail, Co. Chiarraí	Uasghrádú agus athchóiriú chun comhlíonadh UFCS a bhaint amach	R4 2019	R2 2021	R1 2020	R2 2021	0	0	0.21	3.44	0	0	
Ospidéal Pobail Dhún Mánmhaí, Co. Chorcaí	Uasghrádú agus athchóiriú chun comhlíonadh UFCS a bhaint amach	R3 2019	R4 2019	R4 2019	R4 2019	0	0	0.85	1.36	0	0	
<b>Cúram Sláinte Pobail an Oirdheiscirt</b>												
Ospidéal Phádraig, Cnoc Eoin, Cathair Phort Láirge	Aonad altranais 100 leaba in áit na leapacha i St. Patrick's and St. Otteran's (lena n-áirítear 20 leaba siátrachta deireadh saoil agus 80 leaba scothaosta le fanacht fada)	R3 2019	R1 2020	R2 2020	R3 2020	15	65	13.10	25.20	0	0	
Aonad Cúraim Mhaolaithe (Ospidéal na hOllscoile, Port Láirge)	Bloc nua a fhorbairt lena n-áireofar aonad cúraim mhaolaithe, aona chómhaoiniú ag Ospis Phort Láirge * Tá sonraí faoi chostais caipitil san áireamh in Ospidéal na hOllscoile, Port Láirge i nGrúpa Ospidéal an Deiscirt/an Iardheiscirt	R1 2019	R2 2019	R2 2019	R2 2019	20	0	*	*	0	0	

Cúram Sláinte Pobail											
Saoráid	Sonraí an tionscadail	Dáta Pleanáilte le Críochnú (de réir PSN 2019)	Dáta Nuashonraíthe le Críochnú	Dáta Oibríochta Pleanáilte (de réir PSN 2019)	Dáta Oibríochta Nuashonraíthe	Leapacha Breise	Leapacha Ionadacha	Costas Caipitil €m		Impleachtaí 2019	
								2019	Iomlán	WTE	Costais Ioncáim €m
<b>Cúram Sláinte Pobail an Oirthir</b>											
Aonad Altranais Pobail Dheilgine, Co. Bhaile Átha Cliath	Uasghrádú agus athchóiriú chun comhlíonadh UFCS a bhaint amach	R3 2019	R1 2020	R4 2019	R1 2020	0	46	1.64	2.58	0	0
<b>Cúram Sláinte Pobail Bhaile Átha Cliath Theas, Chill Dara agus Iarthar Chill Mhantáin</b>											
Tigh Motháin Thuaidh, Co. Bhaile Átha Cliath	Aonad Altranais Pobail nua 100 leaba	R2 2019	R3 2019	R3 2019	R2 2020	50	50	6.72	23.68	0	0
Ospidéal Peamount, An Catsián Nua, Co. Bhaile Átha Cliath	Aonad Altranais Pobail nua 100 leaba. Comh-mhaoinithe ag Peamount	R3 2019	R3 2019	R4 2019	R2 2020	51	49	8.5	26.58	0	0
<b>Cúram Sláinte Pobail Lár na Tíre, Lú agus na Mí</b>											
Aonad Altranais Pobail Naomh Seosamh, Baile Átha Troim, Co. na Mí	Uasghrádú agus athchóiriú chun comhlíonadh UFCS a bhaint amach (lena n-áirítear aonad néaltrithe 12 leaba) agus dhá leaba faoisimh ar leith i dtógáil nua an aonaid néaltrithe	R1 2019	R3 2019	R1 2019	R4 2019	0	14	2.13	7.51	0	0
<b>Cúram Sláinte Pobail Tuaisceart Chathair agus Tuaisceart Chomtae Bhaile Átha Cliath</b>											
Aonad Altranais Pobail Seancara/Clarehaven, Baile Átha Cliath 11	Uasghrádú, leathnú agus athchóiriú chun comhlíonadh UFCS a bhaint amach. Céim 1 Clarehaven, céim 2 Seancara	R4 2018	Céim 1 R4 2019 Céim 2 R1 2021	R1 2019	Céim 1 R4 2019 Céim 2 R1 2021	0	0	3.84	7.53	0	0
<b>Seirbhísí Réamhospidéal agus Ospidéalí Ghéarmhíochaine</b>											
Saoráid	Sonraí an tionscadail	Dáta Pleanáilte le Críochnú (de réir PSN 2019)	Dáta Nuashonraíthe le Críochnú	Dáta Oibríochta Pleanáilte (de réir PSN 2019)	Dáta Oibríochta Nuashonraíthe	Leapacha Breise	Leapacha Ionadacha	Costas Caipitil €m		Impleachtaí 2019	
								2019	Iomlán	WTE	Costais Ioncáim €m
<b>Seirbhísí Ospidéalí Ghéarmhíochaine</b>											
<b>Sláinte Leanáil na hÉireann</b>											
Ospidéal Uí Chonghaile, Baile Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15	Ionad Cúraim Práinne Péidiatraitice	R3 2019	R3 2019	R4 2019	R3 2019	0	0	8.6	26.72	0	0



## Seirbhísí Réamhospidéal agus Ospidéal Ghéarmhíochaine

Saoráid	Sonraí an tionscadail	Dáta Pleanáilte le Críochnú (de réir PSN 2019)	Dáta Nuashonraíthe le Críochnú	Dáta Oibríochta Pleanáilte (de réir PSN 2019)	Dáta Nuashonraíthe	Leapacha Breise	Leapacha Ionadacha	Costas Caipitil €m		Impleachtaí 2019		
								2019	Iomlán	WTE	Costais Ioncáim €m	
<b>Grúpa Ospidéal Lár Tíre Bhaile Átha Cliath</b>												
Ospidéal Réigiúnach Lár na Tíre, Port Laoise, Co. Laoise	Síneadh nua sráide ospidéal	R4 2019	R4 2019	R4 2019	R4 2019	0	0	1.72	1.86	0	0	
<b>Grúpa Ospidéal RCSI</b>												
Ospidéal Mhuire Lourdes, Droichead Átha, Co. Lú	Céim 3: Obrádlanna a fheistiú agus a threalmhú	R1 2019	R4 2019	R1 2019	Oscailt chéimnithe R1-R2 2020	0	0	2.00	12.78	0	0	
Ospidéal Beaumont, Baile Átha Cliath 9	Cóiríocht a sholáthar don chlár um Ionphlanduithe Cochla – athchóiriú ar bhanda Naomh Máirtín atá ann cheana féin tar éis scaghealaithe duánach a dhispreagadh	R1 2019	R2 2019	R1 2019	R3 2019	0	0	0.00	1.64	0	0	
<b>Grúpa Ospidéal Oirthear na hÉireann</b>												
Ospidéal Ollscoile Naomh Uinseann, Páirc na Leamhán, Baile Átha Cliath	Dhá shaotharlann cataitearaithe a sholáthar tríd an gClár Athsholáthair Trealaimh	R4 2018	R4 2018	R3 2019	R3 2019	0	0	0.10	2.85	0	0	
<b>Grúpa Cúraim Sláinte Ollscoile Saolta</b>												
Ospidéal na hOllscoile Leitir Ceanáin, Co. Dhún na nGall	Aonad Raideolaíochta Nua. San áireamh tá ultrafhuaime breise agus seomra CT móide sraith idirghabhála ilchuspóireach. Airítear uasghrádú/athchóiriú ar an ducht faoi thalamh. Cuid-mhaoinithe ag Friends of LGH	R2 2019	R3 2019	R3 2019	R3 2019	0	0	5.83	13.24	0	0	
Ospidéal Ollscoile Shligigh	Seomra Idirghabhála iomlán a chur in ionad seomra fluaitroscóp	R3 2019	R2 2020	R4 2019	R3 2020	0	0	0.51	3.02	0	0	
Ospidéal Ollscoile Shligigh	Aonad Diaibéiteach a sholáthar chun tús a chur le seirbhís cardéil inslin péidiatraithe	R3 2019	R4 2020	R4 2019	R1 2021	0	0	0.18	1.80	0	0	
Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh	Seomra TF nua a sholáthar don ospidéal	R3 2019	Céim 1 R3 2019 Céim 2 R3 2020	Céim 1 R3 2019	Céim 1 R3 2019 Céim 2 R3 2020	0	0	0.15	1.22	0	0	

## Seirbhísí Réamhospidéal agus Ospidéal Ghéarmhíochaine

Saoráid	Sonraí an tionscadail	Dáta Pleanáilte le Críochnú (de réir PSN 2019)	Dáta Nuashonraí le raithe le Críochnú	Dáta Oibríochta Pleanáilte (de réir PSN 2019)	Dáta Oibríochta Nuashonraí	Leapacha Breise	Leapacha Ionadacha	Costas Caipitil €m		Impleachtaí 2019		
								2019	Ionlán	WTE	Costais Ioncáim €m	
Ospidéal na hOllscoile, Gaillimh	Dhá shaotharlann cataitearaithe cairdiach a ionadú agus oibreacha cumasúcháin a dhéanamh do thrú saotharlann cataitearaithe	R4 2019	Céim 1 R4 2019 Céim 2 ar athló	R1 2020	Céim 1 R1 2020 Céim 2 ar athló	0	0	1.23	5.20	0	0	
<b>Grúpa Ospidéal an Deiscirt/an Iardheiscirt</b>												
Ospidéal Ollscoile Chorcaí	Aonad Oinceolaíochta Radaíochta Nua	R1 2019	R2 2019	Oscailt chéimnithe ó R4 2019	Oscailt chéimnithe ó R4 2019	0	0	13.94	49.28	0	0	
Ospidéal Ollscoile Chorcaí	Tionscadal Eolaíochta Fola – an tsaotharlann paiteolaíochta atá ann cheana a leathnú agus a athchóiriú chun tairiscintí seirbhísí bainistíochta a éascú	R4 2019	R1 2021	R1 2020	R2 2021	0	0	0.09	4.72	0	0	
Ospidéal Ginearálta Thiobraid Árann Theas	Aonad modúilach 40 leaba	R4 2018	R1 2020	R2 2019	Ó R1/R2 2020	40	0	8.03	11.05	0	0	
Ospidéal na hOllscoile Port Láirge	Bloc nua a fhorbairt chun leapacha ionadacha othar cónaitheach a áireamh <i>** Is comhthionscadal caipitil é seo idir seirbhísí géarmhíochaine agus cúram maoláitheach – feach faoi Sheirbhísí Daoine Scothaosta le haghaidh tuilleadh sonraí</i>	R1 2019	R2 2019	R4 2019	Oscailt chéimnithe ó R4 2019	0	48	3.99**	31.37**	0	0	
Ospidéal na hOllscoile Port Láirge	Athsholáthar córais atáiraim dóiteáin agus solaisithe éigeandála	R1 2019	R3 2020	R1 2019	R3 2020	0	0	2.76	4.54	0	0	
<b>Grúpa Ospidéal OL</b>												
Ospidéal an Aonaigh, Co. Thiobraid Árann	Clár síneadh agus athchóirithe Bloc Ward, lena n-áirítear 16 sheomra singil agus 4 sheomra dubailte – páirt-mhaoinithe ag Cairde Ospidéal an Aonaigh	R3 2019	R2 2020	R4 2019	R3 2020	3	21	0.66	6.87	0	0	
Ospidéal Ginearálta na Inse, Co. an Chláir	Othair sheachtracha (réiteach lasmuigh den láthair)	R3 2019	R3 2020	R4 2019	R4 2020	0	0	0.00	0.60	0	0	
Ospidéal na hOllscoile Luimnigh	Athchumrú AMAU agus OPD	R4 2019	Tionscadal ar athló	R4 2019	Tionscadal ar athló	0	0	0.00	1.65	0	0	

## Seirbhísí Réamhospidéal agus Ospidéal Ghéarmhíochaine

Saoráid	Sonraí an tionscadail	Dáta Pleanáilte le Críochnú (de réir PSN 2019)	Dáta Nuashonraithe le Críochnú	Dáta Oibríochta Pleanáilte (de réir PSN 2019)	Dáta Nuashonraithe	Leapacha Breise	Leapacha Ionadacha	Costas Caipitil €m		Impleachtaí 2019		
		Dáta Nuashonraithe le Críochnú	Dáta Oibríochta Nuashonraithe	2019	Iomlán			WTE	Costais Ioncaim €m			
<b>An tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna</b>												
Stáisiún otharcharranna Éadan Doire, Co. Ulbh Fhailí	Stáisiún nua otharcharranna	R1 2019	R1 2019	R1 2019	R1 2019	0	0	0.08	2.19	0	0	
Ospidéal Pobail Naomh Seosamh, Srath an Ulláir, Co. Dhún na nGall	Seomra scithe otharcharranna a sholáthar in Ospidéal Naomh Seosamh, Srath an Ulláir	R3 2019	R4 2020	R3 2019	R1 2021	0	0	0.00	0.82	0	0	

## Seirbhísí Corparáideacha

Saoráid	Sonraí an tionscadail	Dáta Pleanáilte le Críochnú (de réir PSN 2019)	Dáta Nuashonraithe le Críochnú	Dáta Oibríochta Pleanáilte (de réir PSN 2019)	Dáta Nuashonraithe	Leapacha Breise	Leapacha Ionadacha	Costas Caipitil €m		Impleachtaí 2019	
		Dáta Nuashonraithe le Críochnú	Dáta Oibríochta Nuashonraithe	2019	Iomlán			WTE	Costais Ioncaim €m		
Ospidéal Naomh Seosamh, Luimneach,	Athchoirigh an spás folamh atá ann cheana le haghaidh bainistíocht pinsin	R3 2019	R1 2020	R3 2019	R1 2020	0	0	0.82	1.23	0	0

## Tionscnaimh Chaipitil Bhreise Deiseanna acmhainne Luath-Leaba – Géarchúram Ospidéal

Saoráid	Sonraí an tionscadail	Dáta Pleanáilte le Críochnú (de réir PSN 2019)	Dáta Nuashonraithe le Críochnú	Dáta Oibríochta Pleanáilte (de réir PSN 2019)	Dáta Nuashonraithe	Leapacha Breise	Leapacha Ionadacha	Costas Caipitil €m		Impleachtaí 2019		
		Dáta Nuashonraithe le Críochnú	Dáta Oibríochta Nuashonraithe	2019	Iomlán			WTE	Costais Ioncaim €m			
<b>Leapacha Geimhridh 2018/2019</b>												
Iliomad	75 leaba géarmhíochaine a sholáthar (níonsonraithe i bPlean an Gheimhridh)	Q1 2019	Q1 2019	R2 2019	R2 2019	75	0	1.17	1.17	0	0	
<b>Leapacha Geimhridh 2019/2020</b>												
Iliomad	Provision of 202 beds of which 16 are critical care	R4 2019	Móilithe	R1 2020	Móilithe	202	0	7.43	7.43	0	0	

# Aguisín 5: Tuarascáil Bhliantúil ar Éifeachtúlacht Fuinnimh

Mar fhreagairt ar reachtaíocht *SI 426 de 2014 (IR 542 de 2009 roimhe seo)*, a éilíonn ar eagraíochtaí san earnáil phoiblí tuairisciú go bliantúil, tugann an t-aguisín seo breac-chuntas ar sheasamh FSS maidir lena úsáid fuinnimh agus na bearta a rinneadh chun tomhaltas a laghdú.

Mar cheann de na húsáideoirí fuinnimh is mó san earnáil phoiblí ní mór don tseirbhís sláinte gníomhú mar eiseamláir den chleachtas is fearr maidir le gníomhú ar son na haeráide, astaíochtaí a laghdú agus éifeachtaí díobhálacha an athraithe aeráide ar shláinte a mhaolú.

I measc na bpríomhbheart atá leagtha amach sa Phlean Gníomhaíochta Aeráide don earnáil phoiblí tá spriocanna maidir le héifeachtúlacht fuinnimh 50% agus laghdú 30% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2030. Ina theannta sin, caithear gach foirgneamh san earnáil phoiblí, lena n-áirítear foirgnimh chúram sláinte, a uasghrádú go rátáil fuinnimh B2 a mbeidh mórchlár athchóirithe gan fasach ag teastáil uaidh.

Tá roinnt clár oibre curtha ar bun mar chuid den *Phlean Forfheidhmithe um Laghdú Fuinnimh Eastáit*.

## Forbhreathnú ar Úsáid Fuinnimh in 2019

Comhlíonann an Oifig Náisiúnta Inbhuanaitheachta Sláinte ceanglais *IR 426* go hiomlán agus tá gach pointe méadair FSS do 2019 fíoraithe aici. Tá na sonraí seo á mbaillíochtú faoi láthair ag Údarás Fuinnimh Inbhuanaithe na hÉireann (SEAI) agus táthar ag súil go mbeidh na sonraí fíoraithe tomhaltais fuinnimh seo ar fáil ón SEAI i lár 2020.

Is é an forbhreathnú thíos an úsáid fhíoraithe fuinnimh in 2018 (seachas gníomhaireachtaí Alt 38 agus Alt 39). Cuirfear úsáid fuinnimh fíoraithe 2019, nuair a eiseoidh SEAI é, ar fáil ag [hse.ie/sustainability](https://hse.ie/sustainability).

- 227,200 MWh de leictreachas
- 596,826 MWh de bhreoslaí iontaise
- 374 MWh de bhreoslaí in-athnuaite.

## Gníomhartha a rinneadh in 2019

- Chuir Oifigí Eastáit SGS feabhas ar chleachtais agus ar fheidhmíocht bainistíochta fuinnimh trí bhunú Biúro Fuinnimh Eastáit, a bunaíodh i gcomhpháirtíocht leis an SEAI. Forbraíodh é seo mar thionscnamh pólótach inscálaithe i Réigiún an Oirthir agus rinneadh é a rolladh amach go dtí na Ceantair Thiar agus Theas in 2019. Áiríodh leis seo cláir feasachta fuinnimh a chur i bhfeidhm agus cláir deiseanna a fhorbairt do thionscadail éifeachtúlachta fuinnimh d'fhonn maoiniú deontais do thionscadail a chur chun cinn.
- Rinneadh dul chun cinn ar Thionscadail Éifeachtúlachta Fuinnimh tosaigh a sainaitníodh ar chlár deiseanna.
- Tá an ceanglas maidir le hAthbhreithniú Dearaidh Éifeachtúil ó thaobh Fuinnimh san áireamh anois i Scóip na Seirbhísí d'fhoirne dearaidh do thionscadail nua agus d'athchóirithe móra. Cinntíonn sé seo go ndéanann dearadh foirgneamh cúram sláinte nua an éifeachtúlachta fuinnimh a uasmhéadú agus go gcomhlíonann siad na caighdeáin fuinnimh.

- Leanúint leis an gClár Feasachta Fuinnimh Foirne Optamaithe Cumhachta ag an Obair i gcomhpháirtíocht le hOifig na nOibreacha Poiblí (OPW), lena n-áirítear an Comórtas Múchadh Mór a raibh sé mar aidhm aige foireann ospidéal a chumhachtú in ocht n-ospidéal géarmhíochaine chun smacht a fháil ar an bhfuinneamh a ídítear ina n-ionad oibre agus nósanna coigilte fuinnimh a leabú.
- D'fhreastail níos mó ná 200 ball foirne cúram sláinte ar sheisiún tiomnaithe ar Éifeachtúlacht Fuinnimh ag Seimineár Gníomhaíochta Aeráide na hEanála Sláinte.

## Gníomhartha atá beartaithe do 2020

- Oibreacha an Bhiúro Fuinnimh faoi stiúir Eastáit a chomhdhlúthú i ngach réigiún agus oifig FSS.
- An Biúro Fuinnimh a leathnú chun tacú le heagraíochtaí deonacha Alt 38 agus Alt 39.
- An Clár Optamaithe Cumhachta ag an Obair a fhorbairt tuilleadh.

Dul i dteagmháil leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe chun rochtain ar Mhaoiniú Gníomhaíochta Aeráide a chur chun cinn chun tacú le clár leanúnach astaíochtaí carbóin a laghdú.







# Rialachas Airgeadais

# Forléargas Feidhmíochta agus Airgeadais 2019

## Réamhrá

Bliain de dhúshláin leanúnacha ab ea 2019 do FSS arna spreagadh ag castachtaí an éilimh leanúnaigh ar sheirbhísí inár seirbhísí géarchúraim, pobail agus cúraim shóisialta.

Ba bhliain í freisin inar athbhunaíodh fáilte, ar an 28 Meitheamh 2019, de Bhord seachtrach ag eascairt as tabhairt isteach an *Achta um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2019*. Tá ceithre choiste curtha ar bun chun cabhrú leis an mBord a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Is iad na coistí seo:

- An Coiste Iniúchta agus Riosca
- An Coiste Daoine agus Cultúir
- An Coiste Feidhmíochta agus Seachadta
- An Coiste Sábháilteachta agus Cáilíochta

Tá FSS i mbun plean corparáideach nua a fhorbairt faoi láthair, arna threorú go hiomlán ag *Sláintecare*, a dhíreoidh ar threochlár soiléir meántéarmach a sholáthar don fhoireann, d'othair, d'úsáideoirí seirbhíse agus do na páirtithe leasmhara go léir.

## Comhthéacs Straitéiseach

Ceanglaítear ar FSS na hacmhainní atá ar fáil di a úsáid chun cineál agus méid na seirbhísí dá bhforáiltear sa phlean seirbhíse náisiúnta a sholáthar agus tosaíocht a thabhairt do shláinte an daonra a fheabhsú trí fholláine a chur chun cinn agus seirbhísí sábháilte sláinte agus cúraim shóisialta a sholáthar do shaoránaigh na hÉireann.

Tá an timpeallacht ina bhfeidhmíonn FSS níos casta i gcónaí. Bhí os cionn 4.9 milliún (m) duine ina gcónaí in Éirinn le linn 2019, sin méadú 3.8% ó Dhaonáireamh 2016 agus 8.1% ó 2010. De réir na hInstitiúide Taighde Eacnamaíochta agus Sóisialta (ITES), beidh an daonra in Éirinn méadaithe thart ar 1.1m duine eile faoi dheireadh 2030 agus mar sin ag cur le líon na ndaoine a dteastaíonn seirbhísí FSS uathu.

Tá daoine in Éirinn ag maireachtáil níos faide freisin agus tá ionchas saoil in Éirinn méadaithe beagnach dhá bhliain go leith ó 2007. Bhí an méadú ar ionchas saoil in Éirinn i gcónaí níos airde ná meán an AE le deich mbliana anuas. Beidh impleachtaí ag na hathruithe tuartha seo inár ndaonra ar an gcaoi a ndéanaimid cúram agus seirbhísí atá ag éirí níos casta a mhaoiniú agus a sholáthar.

Cé go bhfuil an daonra ag fás ar fud aoisghrúpaí, tá na méaduithe is suntasaí le feiceáil sa chohórt aoisghrúpa 65 bliana nó níos sine. Tá tuartha ag an ITES go mbeidh sciar an daonra 65 bliana d'aois agus níos sine méadaithe ó 1 in 8 go 1 as 6 faoi 2030 agus táthar ag súil go mbeidh dúbailt ar líon na ndaoine os cionn 85 bliana d'aois.

Cé go bhfuilimid ag maireachtáil níos faide le sláinte fheabhsaithe, tá fianaise ann go bhfuil dúshláin chasta sláinte ag daoine sna haoisghrúpaí níos sine mar chailteanas cognaíochta agus il-ghalair ainsealacha. Thuar Staidéar Fadaimseartha na hÉireann ar Aosú (SFEDA) 2018 go mbeidh méadú suas le 40% tagtha ar líon na ndaoine 50 bliain d'aois agus níos sine a bhfuil galar ainsealach amháin nó níos mó orthu ó 2016 faoi 2030.

Cuireann fachtóirí stíl mhaireachtála le castacht an tsoláthair sláinte in Éirinn. Áirítear leis seo tionchar caitheamh tobac, úsáid drugaí, tomhaltas alcóil agus murtall. Cé gur tháinig laghdú ar líon na ndaoine fásta a chaitheann tobac in Éirinn ó 27% in 2002 go 14% in 2019, thuairiscigh beagnach aon trian d'aosaigh na hÉireann iontógáil rialta alcóil throm agus tá na rátaí raimhre in Éirinn méadaithe ó 15% in 2007 go 18% faoi 2015.

Tá FSS go hiomlán sásta tacaíocht a thabhairt chun athruithe suntasacha ar shamhlacha reatha an chúraim sláinte agus sóisialta agus tá sí tiomanta do bheith ag obair leis an gClár Sláintecare agus an Roinn Sláinte chun an t-athrú a sheachadadh. Beidh fócas tras-rialtas agus sochaí níos mó i gceist leis seo chun cabhrú le daoine fanacht sláintiúil, samhlacha nua agus níos comhtháite de chúram sláinte agus sóisialta, lena n-áirítear comhtháthú níos fearr leis an earnáil dheonach, agus rannpháirtíocht níos mó ag saoránaigh, othair agus úsáideoirí seirbhíse sa dearadh agus cúram a sheachadadh. Leagann *Cúram Sláinte* amach an fhís chun claochlú a sholáthar ar an mbealach a eagraítear, a sheachadtar agus a *dtaithear* cúram in Éirinn sna 8 go 10 mbliana atá romhainn, a bhfuil sé mar aidhm aige eispéiris níos dearfaí agus torthaí níos fearr a bhaint amach d'othair, d'úsáideoirí seirbhíse agus do phobail áitiúla.

## Forléargas Airgeadais

Rinneadh iarrachtaí suntasacha le linn 2019 chun pleanáil airgeadais agus bainistíocht airgeadais fhoriomlán FSS a fheabhsú, rud a d'fhág gur seachadadh barrachas beag ar ár gcaiteachas neamhchaitil de €60.5m nó 0.35% den mhaoiniú iomlán.

### Anailís Ioncaim

Fuair FSS maoiniú ioncaim ón Roinn Sláinte de €16.471bn chun seirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta a sholáthar. Áiríodh leis seo leithdháileadh glan-mhaoinithe breise aon uaire de €426m arna sholáthar trí mheastachán forlíontach do 2019. Den mheastachán forlíontach a fuarthas bhí €50m ar fáil le haghaidh seirbhísí géarmhíochaine, €50m do dhaoine faoi mhíchumas, €157m don tSeirbhís Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil (SACP), €26m don Phlean Geimhridh, €51m do chomhaontuithe pá, €9m don Bhreathimeacht agus €83m do cheantair amhail costais na Gníomhaireachta um Éilimh ar an Stát agus a chlúdaíonn réimsí éileamh-bhunaithe mar phinsin agus cóireáil thar lear. Ar an iomlán, léirigh sé seo méadú de thart ar €1.249 billiún nó méadú 8.2% i gcomparáid le 2018.




Tábla 5: Anailís ar Ioncam Foriomlán FSS do 2019 agus 2018

Sruth Ioncaim	FY 2019 €'000	FY 2018 €'000	% Athrú
Deontas na Roinne Sláinte	16,471,023	15,221,624	8.2%
“An Chéad Mhuirear”	(85,174)	(139,871)	-39.1%
Ioncam Príobháideach Othar	408,249	406,079	0.5%
Ioncam Aoisliúntais ón bhfoireann	374,122	419,502	-10.8%
Ioncam Eile	130,075	113,846	14.3%
<b>Ioncam Iomlán in aghaidh de réir AFS</b>	<b>17,298,295</b>	<b>16,021,179</b>	<b>8.0%</b>


Tábla 6: Graf Ioncaim FSS 2005 go 2019

Cé go dtaispeánann Tábla 6 go bhfuil méadú tagtha ar ioncam agus ar mhaoiniú FSS go háirithe sna blianta ó 2016, caithfear féachaint air seo i gcomhthéacs na n-athruithe céatadán ar chaiteachas sláinte poiblí de réir capita, rud a léirítear i dTábla 7.



Tábla 7: Athruithe Céatadán ar Chaiteachas Sláinte Poiblí Per Capita, 2010 go 2018

Bhí caiteachas sláinte poiblí na hÉireann (caipiteal agus ioncam) ag méadú ó iseal de €13.4bn in 2013 go €17.9bn in 2019. Mar sin féin, tá ráta an mhéadaithe do gach duine in Éirinn i bhfad níos moille ná meánmhéadú na hEagraíochta um Chomhar agus Fhorbairt Eacnamaíochta (ECFE). Déanta na fírinne, idir 2010 agus 2018, ba é an méadú in aghaidh an duine ar chaiteachas ar shláinte poiblí ná 17% in Éirinn i gcomparáid le 25% ar an meán ar fud na 36 tír ECFE.



Tábla 8: Caiteachas FSS de réir Réimse Seirbhíse 2019 agus 2018

Réimse Seirbhíse	AFS 2019 €000	AFS 2018 €000	% Athrú	% den iomlán
Ospidéal Ghéarchúraim	6,813,419	6,299,385	8%	40%
Cúram Príomhúil	4,157,149	3,997,759	4%	24%
Cúram Sóisialta	3,441,315	3,264,017	5%	20%
Seirbhísí Tacaíochta Corparáide	480,691	393,445	22%	3%
Meabhairshláinte	964,101	891,376	8%	6%
Sláinte agus Folláine	240,647	214,181	12%	1%
Éileamh Eile faoi stiúir	1,140,512	1,046,190	9%	7%
<b>Caiteachas Iomlán</b>	<b>17,237,833</b>	<b>16,106,353</b>	<b>7%</b>	<b>100%</b>

### Anailís ar Chaiteachas agus ar Thorthaí

Ag deireadh 2019 sheachaid FSS barrachas measartha ioncaim thar chaiteachas de €60.5m nó 0.35% dá ioncam iomlán. D'eascair an barrachas seo go príomha mar thoradh ar bhearta maoinithe aonuaire agus coigiltis nach bhfuiltear ag súil go ndéanfar iad a mhacasamhlú in 2020.

Bhí an bhliain fós dúshlánach i seirbhísí oibríochta go háirithe i réimse na n-oibríochtaí géarmhíochaine ospidéal a thuairiscigh easnamh in 2019 ag eascairt as caiteachas níos mó ná mar a bhíothas ag súil leis a bhain go díreach le gníomhaíocht oibríochtúil agus éileamh ar sheirbhísí. Go ginearálta, chuir tionchar an mhaoinithe fhorlíontaigh bhreise agus na mbeart coigiltis ar chumas príomhréimsí seirbhíse eile barrachais a thuairisciú do 2019 nach gá a bhaint amach in 2020.

Is é an caiteachas foriomlán a tuairiscíodh do 2019 ná €17.238bn atá 7% níos airde ná an caiteachas in 2018. Déanann an tábla thuas anailís ar an gcaiteachas seo de réir réimse seirbhíse FSS. Is ionann cúram príomhúil agus cúram sóisialta le chéile agus timpeall 44% den chaiteachas agus is ionann soláthar géarmhíochaine ospidéal agus Seirbhísí Náisiúnta Otharcharranna agus beagnach 40% den chaiteachas sin.

Baineann an caiteachas méadaithe foriomlán de 7% nó €1.1bn in 2019 go príomha le bearta pá breise, socraíocht comhairleoirí a íoc agus caiteachas méadaithe i leith réimsí éileamh-bhunaithe mar phinsin agus gníomhaireacht éileamh stáit.

Tugtar anailís níos mionsonraithe in aghaidh an réimse seirbhíse níos déanaí sa tuarascáil seo.

### Seirbhísí Ospidéal Ghéarmhíochaine

Cuirtear seirbhísí géarmhíochaine ar fáil do dhaoine fásta agus do leanaí laistigh de shé Ghrúpa Ospidéal, Sláinte Leanáí Éireann agus an tSeirbhís Náisiúnta Otharcharranna (an SNO). I measc na seirbhísí seo tá cúram sceidealta (cúram pleanáilte), cúram neamhsceidealta (cúram neamhpleanáilte/éigeandála), diagnóisic, cóireáil ailse, seirbhísí máithreachais agus leanaí, chomh maith leis an gcúram éigeandála réamh-ospidéal agus idirmheánach a sholáthraíonn an SNO.

Oibríonn ospidéal ghéarmhíochaine go leanúnach chun rochtain ar chúram sláinte a fheabhsú, agus déanann siad a ndícheall a chinntiú go dtugtar tosaíocht do shaincheisteanna cáilíochta agus sábháilteachta othar, lena n-áirítear bainistíocht ionfhabhtaithe, laistigh de bhuiséid leithdháilte. Soláthraíonn na sé Ghrúpa Ospidéal an struchtúr chun líonra comhtháite ospidéal géarchúraim a sholáthar don daonra aosach i ngach limistéar geografach. Soláthraíonn Sláinte Leanáí Éireann seirbhísí péidiatraiceacha i mórcheantar Bhaile Átha Cliath agus ionchorpraíonn sé Bord Forbartha Náisiúnta na nOspidéal Péidiatraice atá freagrach as maoirseacht a dhéanamh ar thógáil an ospidéal nua do leanaí.

Ar an iomlán thuairiscigh seirbhísí na n-ospidéal géarmhíochaine easnamh do 2019. Mar gheall ar bhrúnna seirbhíse oibríocháin bhí costas cliniciúil neamhphá méadaithe, go háirithe drugaí agus saotharlann. I measc na mbrúnna eile ar chostais neamhphá tá glanadh agus cothabháil riachtanach maidir le riachtanais mhéadaithe rialaithe ionfhabhtaithe agus comhlíonta. Ó thaobh ioncaim de, is dúshlán fós é an laghdú leanúnach ar fháltais ó athruithe cothabhála próbháideacha ospidéal.

Bhí méid na gníomhaíochta othar cónaitheach beagán faoi bhun na sprice a leagadh amach i PSN 2019 (0.1%), cé go raibh an chastacht fhoriomlán beagán níos airde ná mar a bhí beartaithe (0.2%). Sháraigh gníomhaíocht cáis lae na spricanna a leagadh amach i PSN 2019, i dtéarmaí méid gníomhaíochta agus castachta foriomlán (3.5% agus 4.3% faoi seach). Bhí gníomhaíocht othar seachtrach chun tosaigh freisin ar sprioc PSN 2019 (0.4%). Tá na costais oibríocháin níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis á thiomáint go mór ag an leibhéal seachadta seirbhíse seo.

### Cúram Sóisialta – a chuimsíonn Seirbhísí Míchumais agus Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta

Ba é an dúshlán in 2019 do na seirbhísí cúraim shóisialta ná freastal ar an éileamh méadaitheach ar sheirbhísí mar thoradh ar dhaonra atá ag dul in aois a bhfuil ionchas saoil níos faide aige. Chiallaigh an t-athrú ar dhéimeagrafaic in Éirinn go gcaithfidh an tseirbhís sláinte oiriúnú do riachtanais athraitheacha a cuid úsáideoirí seirbhíse agus othar lena

n-áirítear seirbhísí a sholáthar do líon méadaitheach daoine scothaosta a bhfuil dúshlán mar mhíchumas, cailteanas cognaíocha agus galar ainsealach ag dul dóibh. Ar an iomlán thuairiscigh an réimse seirbhíse barrachas comhcheangailte a bhí á thiomáint go páirteach ag an gcéad bharrachas ó 2018 agus coigilteas aonuaire sa bhliain atá faoi athbhreithniú.

### Seirbhísí do Dhaoine Scothaosta

Bhí bainistíocht an fháis bliain ar bhliain san éileamh ar sheirbhísí sóisialta pobalbhunaithe ar cheann de na príomhdhúshláin do sheirbhísí daoine scothaosta in 2019. Tá an méadú is mó i ndaonra na hÉireann sa raon aoise 65 agus níos sine, agus is dúshlán faoi leith é freastal ar dhaoine atá ag fás, ag dul in aois agus ag éirí níos éagsúla le riachtanais seirbhíse níos casta. Soláthraíonn seirbhísí do dhaoine scothaosta raon leathan seirbhísí lena n-áirítear tacaíochtaí baile, tacaíochtaí pobail, cúram idirmheánach (idir chónaithe agus sa bhaile), chomh maith le cúram gearrhanachta agus fadrfhanachta nuair nach féidir leo fanacht sa bhaile a thuilleadh (Scéim Tacaíochta Tithe Altranais (NHSS)). Ar an iomlán, d'eascair an barrachas a tuairiscíodh sna seirbhísí do dhaoine scothaosta ó choigilteas ama amháin agus ón gcéad bharrachas a tugadh ar aghaidh ó 2018.

### Seirbhísí Míchumais

Cuirtear seirbhísí míchumais ar fáil dóibh siúd faoi mhíchumas coirp, céadfach, intleachtúil agus uathachas i suíomhanna lae, faoisimh agus cónaithe. I measc na seirbhísí tá cúntóir pearsanta, tacaíocht bhaile, tacaíochtaí ildisciplíneacha agus pobail eile. Bhí na costais a bhaineann le cúram cónaithe a sholáthar do dhaoine faoi mhíchumas intleachtúil, lena n-áirítear socrúcháin éigeandála a sholáthar, áit ar féidir le socrúcháin aonair costas suas le €0.5m a íoc, fós ina mbrú airgeadais suntasach don réimse seirbhíse seo in 2019. Is é riachtanas na gcliant agus castacht gach cáis aonair a chuirtear i láthair a spreagann an costas go príomha. Bhain caiteachas méadaithe suntasach eile in 2019 leis an gcostas a bhaineann le huairéanta tacaíochta baile i gcomparáid le blianta eile d'fhonn socrúcháin chónaithe ardchostas a mhaolú. Ar an iomlán thuairiscigh an réimse seirbhíse seo easnamh sa bhliain atá faoi athbhreithniú.

### Seirbhísí Meabhairshláinte

Cuirtear seirbhísí speisialtóra meabhairshláinte ar fáil i gceantair phobail áitiúla. I measc na seirbhísí seo tá seirbhísí géarmhíochaine d'othair chónaithe, ospidéal lae, clinicí d'othair sheachtracha, foirne meabhairshláinte pobalbhunaithe (CAMHS, daoine fásta ginearálta agus seirbhísí síciatracha deireadh saoil), meabhairshláinte míchumais intleachtúil, seirbhísí cónaithe pobail agus cúram cónaithe. I measc na bhfo-speisialtacha tá athshlánú agus aisghabháil, neamhoird itheacháin, síciatracht idirchaidrimh agus meabhairshláinte imbheirthe. Cuirtear Seirbhís Náisiúnta Meabhairshláinte Fhóirínseach ar fáil freisin, lena n-áirítear seirbhísí príosúin d'othair chónaithe agus inrochtana le saoráid nua-aimseartha atá oiriúnach don fheidhm, ag méadú an chumais go 130 leaba, ag oscailt in 2020.

Thuairiscigh seirbhísí meabhairshláinte easnamh beag in 2019 a d'eascair as leibhéal ard spleáchais ar ghníomhaireacht agus ragobair mar gheall ar dheacracht foireann a earcú chomh maith le leibhéal méadaitheach socrúcháin cónaithe ardchostas le soláthraithe príobháideacha seachtracha. Tá leibhéal an chaiteachais ar shocrúcháin chónaithe seachtracha ardchostais ag fás bliain i ndiaidh bliana mar gheall ar chastacht mhéadaitheach riachtanais an othair, chomh maith lenár gcumas agus ár srianta foirne féin.

### Seirbhísí Cúraim Phríomhúil

Thuairiscigh croí-sheirbhísí oibríochta laistigh de chúram príomhúil, cuimsiú sóisialta agus cúram maolaitheach barrachas ag deireadh 2019, inchurtha go príomha le coigilteas aon uaire bainteach le ham, a bhaineann le moill nó iarchur earcaíochta foirne.

Tacaíonn ionaid chúraim phríomhúil le haistriú straitéiseach cúraim agus seirbhísí go cúram príomhúil, lena gcinntítear rochtain níos fearr ar chúram, ag tairiscint siopa ilfhreastail do dhaoine aonair agus do theaghligh ar raon leathan seirbhísí cúraim phríomhúil sa phobal. As na 341 ionad tosaíochta a saináithníodh in 2012, tá 129 ag feidhmiú ag deireadh 2019 le 74 sa phróiseas forbartha. Cé gur chuir oscailt na n-ionad cúraim phríomhúil seo le blianta beaga anuas brú breise ar an mbonn costais oibríochta cúraim phríomhúil, tá na háiseanna seo ina gcuid lárnach den bhonneagar a theastaíonn chun seirbhísí cúraim phríomhúil a sholáthar do dhéimeagrafach atá ag dul in aois agus tá siad mar bhonn agus taca leis an aistriú foriomlán chuig cúram príomhúil.

### Seirbhísí Sláinte agus Folláine

Tacaíonn seirbhísí sláinte agus folláine, lena n-áirítear an tSeirbhís Scagthástála Náisiúnta agus an tseirbhís sláinte comhshaoil, lenár ndaonra iomlán fanacht sláintiúil agus folláin trí dhírú ar chosc, ar chosaint, ar chur chun cinn agus ar fheabhsú sláinte, ar éagothroime sláinte a laghdú, agus ar dhaoine a chosaint ar bhagairtí ar a sláinte agus a bhfolláine. Tacaíonn na seirbhísí laistigh de shláinte agus folláine le daoine agus le pobail a sláinte agus a bhfolláine a chosaint agus a fheabhsú; taighde, fianaise agus eolas a chur i ngníomh; gníomhú mar údarás ar shláinte, folláine agus forbairt beartais; córas sláinte cliste agus daonra níos folláine a thógáil. D'eascair an barrachas foriomlán a tuairiscíodh sa rannán seo in 2019 den chuid is mó ón gcéad bharrachas a tugadh ar aghaidh ó 2018.

### Scéim Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil

Tacaíonn an SACP le raon leathan seirbhísí cúraim phríomhúil a sholáthar don phobal i gcoitinne trí chonraitheoirí cúraim phríomhúil mar liachleachtóirí ginearálta, Dochtúirí Teaghligh, radharceolaithe nó cógaiseoirí as na seirbhísí saor in aisce nó ar chostas laghdaithe a sholáthraíonn siad don phobal thar raon pobail. scéimeanna nó socrúithe sláinte. Is iad na scéimeanna nó na socrúithe seo an bonneagar trína maoiníonn córas sláinte na hÉireann cion suntasach de chúram príomhúil don phobal. Is é SACP a oibríonn na scéimeanna ar bhonn reachtaíochta agus/nó bheartais an rialtais.

## Tionscnaimh a Bhaineann le hAirgeadas

### Athchóiriú Airgeadais

Leanann an Clár um Athchóiriú Airgeadais ag tacú le dul chun cinn cheann de phríomhthosaíochtaí straitéiseacha neamhchliniciúla FSS, eadhon córas comhtháite bainistíochta airgeadais agus soláthair (CCBAS) a chur i bhfeidhm ar fud sheirbhís sláinte na hÉireann. Tá sé mar aidhm ag an gcóras seo, mar aon leis na próisis náisiúnta chaighdeánacha a dtacóidh sé leis, an chaoi a bhfeidhmíonn Airgeadas sa tseirbhís sláinte a athrú. Cuirfidh sé ar chumas ár bhfoirne airgeadais tacú níos fearr lenár seirbhísí oibriú laistigh dá n-acmhainní atá ar fáil agus feabhas a chur ar a gcumas luach a sholáthar agus a thaispeáint d'othair.

Le linn 2019, leanadh den obair ar dhearaí próisis, cairt cuntas agus struchtúr fiontraíochta maidir leis an tionscadal CCBAS. Chuir FSS i gcrích soláthar rathúil comhpháirtí tacaíochta forfheidhmithe córais sheachtraigh in 2019. Cuireadh tús le hullmhúchán don chéim náisiúnta dearaidh agus tógála i mí na Nollag 2019.

### Maoiniú Bunaithe ar Ghníomhaíochtaí

Lean FSS ar aghaidh ag leabú maoiniú bunaithe ar ghníomhaíochtaí (MBG) in 2019. Tá an cineál maoinithe seo i bhfeidhm ar leibhéal éagsúla i roinnt réimsí seirbhíse FSS lena n-áirítear an tSeirbhís Aisíocaíochta Cúraim Phríomhúil, NHSS agus ospidéal ghéarmhíochaine.

Ina theannta sin, mar chuid den phlean *Sláintecare*, tá plan forbartha 3 bliana MBG ullmhaithe ag FSS a cuireadh faoi bhráid an Roinn Sláinte lena bhreithniú agus lena cheadú sula bhfoilseofar é.

## Ionchas do 2020

Tuigeann FSS na leibhéal seirbhíse foriomlána, agus na riachtanais shuntasacha choigiltis, a leagtar amach sa Phlean Seirbhíse Náisiúnta (NSP) 2020, a ghlac an Bord i mí na Samhna 2019, agus a d'fhorhmeas an tAire i mí na Nollag 2019.

Ó thús 2020, tá daonra na hÉireann, agus go deimhin an domhan, ag fulaingt tionchar ráig an Choróinvíris, nó COVID-19 mar atá sé ainmnithe ag an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (WHO).

Chuir FSS in iúl go soiléir nach mbeifear in ann cuid mhaith de na bearta coigiltis atá leagtha amach in PSN 2020 a sheachadadh mar gheall ar an ngá acmhainní a chur i bhfeidhm ar fhreagairt COVID-19 de réir mar a leanann sí ag forbairt i dteannta leis an gceanglas gach acmhainn atá ann a choinneáil agus acmhainn bhreise a oscailt mar chuid den fhreagra sin.

Tuairiscíonn Oifig Roinn Sláinte Poiblí FSS, a bhfuil ról an-suntasach acu i dtacú le FSS i mbainistiú thuairiscú leanúnach phaindéim COVID-19 don Phríomhoifigeach Cliniciúil (CCO) agus tuairiscítear a gcostais sna seirbhísí tacaíochta corparáideacha.

Admhaíonn FSS gur chuir na bearta leanúnacha COVID-19 brú breise suntasach ar go leor dár bhfoireann, go háirithe ár bhfoireann líne tosaigh agus cliniciúil atá ag tabhairt a gcuid uile agus a bhfuil meas agus ómós mór againn orthu.

# Ráiteas Rialachais agus Tuarascáil Chomhaltaí an Bhoird 2019

## 1. An Rialachas

Le linn 2019, bhí dhá shocraíocht ar leith i bhfeidhm i bhFSS maidir leis an rialachas.

Le linn na tréimhse idir an 1 Eanáir agus an 27 Meitheamh, ba í Stiúrlíonacht Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS) comhlacht rialaithe FSS faoin *Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2013*, agus bhí an tArd-Stiúrlíon cuntasach don Aire Sláinte.

Ón 28 Meitheamh i leith, is é an Bord comhlacht rialaithe FSS agus tá sé cuntasach don Aire Sláinte as a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Tá an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) cuntasach don Bhord ina dhiaidh sin agus tá sé freagrach as riarachán agus gnó FSS a bhainistiú agus a rialú ar bhonn ginearálta. Comhlíonann FSS raon leathan d'fheidhmeanna reachtúla a bhféadfadh impleachtaí suntasacha a bheith acu do dhaoine aonair agus don phobal i gcoitinne.

De réir an *Achta um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2019*, is féidir leis an Aire Sláinte treoracha a eisiúint do FSS maidir le cur i bhfeidhm bheartais agus chuspóirí an Aire agus an rialtais agus tosaíochtaí a chinneadh a gcaithfidh FSS aird a thabhairt orthu agus é i mbun a Phlean Seirbhíse a ullmhú. Ní mór do FSS cloí le treoracha a eisíonn an tAire Sláinte.

Ar aon dul le feidhmiú mholtaí *Sláintecare* maidir leis an rialachas, ba chéim thábhachtach é Bord neamhspleách a bhunú chun socruithe rialachais a nuachóiriú agus a neartú agus chun an t-athchóiriú a chur ar aghaidh.

## 2. Ról Bhord FSS

### Dualgais agus freagrachtaí an Bhoird

De réir an *Achta Sláinte 2004* (arna leasú), is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna lárnacha an Bhoird:

- Is é comhlacht rialaithe na Feidhmeannachta a bhfuil an t-údarás aige, in ainm na Feidhmeannachta, chun feidhmeanna na Feidhmeannachta a chomhlíonadh
- Ceanglaítear air é féin a shásamh go bhfuil córais, nósanna imeachta agus cleachtais iomchuí curtha i bhfeidhm
  - (i) chun cuspóirí FSS a bhaint amach
  - (ii) maidir leis an fheidhmíocht inmheánach agus cuntasacht i ndáil leis na gnéithe ag seo a leanas de réir mar a bhaineann siad le FSS:
    - a. na feidhmeanna a chomhlíonadh
    - b. a chuspóirí a bhaint amach de réir an phlean chorparáidigh
  - (iii) chun comhlíonadh na mbeartas a chumasú (cibé acu atá leagtha amach i gcóid, i dtreoirlínte nó in aon cháipéis eile, nó in aon teaglaím díobh siúd) de chuid an Rialtais nó de chuid Aire den Rialtas sa mhéid go bhféadfaidh na beartais siúd difear a dhéanamh d'fheidhmeanna na Feidhmeannachta nó baint a bheith aige leo.
- Ceanglaítear air socruithe a chur i mbun agus a chur i bhfeidhm chun feidhmíocht an Phríomhoifigigh Feidhmiúcháin a bhainistiú.

Tá an Bord cuntasach don Aire as a gcuid feidhmeanna thuasluaite a chomhlíonadh agus cuirfidh siad an tAire ar an eolas i scríbhinn faoi aon ábhar a mheasann siad aird an Aire a bheith de dhíth.

Faoin *gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)*, tá comhaltaí an Bhoird freagrach mar aon as ceannaireacht agus treoir a thabhairt do ghníomhaíochtaí FSS laistigh de chreat rialuithe atá stuama agus éifeachtach sa chaoi gur féidir riosca a mheas agus a bhainistiú.

Ceanglaítear ar an mBord feidhmiú ar bhonn láneolasach agus eiticíúil, leis an gcúram cuí agus an dúthracht chúí, de mheon macánta agus ar mhaithe le leas an Chomhlachta Stáit, ag tabhairt aird chúí ar a chuid freagrachtaí dlíthiúla agus na cuspóirí atá leagtha síos ag an Rialtas.

Tá an Bord freagrach as an POF agus an lucht bainistíochta sinsearach cuntas a thabhairt as comhlíonadh éifeachtach a chuid freagrachtaí. Tá sé de fhreagracht ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ar an bhfoireann bainistíochta sinsearaí atá aige cinnte a dhéanamh de go gcuirtear an fhaisnéis uile atá de dhíth ar fáil don Bhord chun é a chur ar a chumas a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Caitheadh an POF dearbhú a thabhairt don Bhord freisin go bhfuil na feidhmeanna atá tarmilgthe aige chuige á gcomhlíonadh go cuí.

De réir an Chóid, déanann Bord FSS a chuid feidhmeanna a sholáthar trína ról a chomhlíonadh, agus is iad na feidhmeanna sin:

- An Cheannaireacht a Sholáthar – trí phleananna a bheith ann atá ailínithe le cuspóirí agus beartais an rialtais agus a chinntiú go mbaintear an úsáid is fearr as acmhainní chun na pleananna sin a bhaint amach
- Maoirseacht a chur ar fáil don bhainistíocht
- Ardchaighdeán eiticíúla a leagan síos
- Comhlíonadh
- Freagracht Chomhchoiteann
- Comhairle a chur ar fáil don Aire.

Nuair a bunaíodh an Bord, rinne an tAire Sláinte a phríomhthosaíochtaí a leagan amach mar seo a leanas:

- Creat Rialachais Chorparáidigh éifeachtach a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, agus cuimsithe leis sin an rialachas cliniciúil, agus córas bainistíochta feidhmíochta agus cuntasachta.
- Plean a fhorbairt chun cur leis an iontaoibh agus an muinín atá ag an bpobal i bhFSS, agus sa tseirbhís sláinte go ginearálta
- A chinntiú go dtacaíonn FSS go hiomlán le clár athchóirithe sláinte an Rialtais, faoi mar atá leagtha amach sa *Straitéis um Chur i bhFeidhm Sláintecare* agus le cur i bhfeidhm an chláir sin.
- Don bhliain 2019, bainistíocht bhuiséadach éifeachtach a fheidhmiú, lena n-áirítear an luach a bhaintear amach leis na hacmhainní atá ann cheana féin a fheabhsú agus spriocanna maidir leis an gcoigilteas a bhaint amach, agus é mar aidhm aige sin an Plean Seirbhíse Náisiúnta a sheachadadh laistigh de thréimse feidhme an Bhuiséid.

## 2.1 Cinnteoireacht, Mhaoirseacht agus Rialú

Bhunaigh an Bord na meicníochtaí seo a leanas chun a chinntiú go bhfeidhmíonn sé cinnteoireacht, maoirseacht agus rialú iomchuí i ndáil le feidhmeanna FSS.

### 2.1.1 Creat Beartais na Toscaireachta agus Socruithe Rialachais

Tá na feidhmeanna atá tarmligthe ag an mBord don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin, agus atá tarmligthe dá réir sin ag an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin don Fhoireann Bainistíochta Feidhmiúcháin sonraithe i gCreat Beartais Toscaireachta FSS agus sna Socruithe Rialachais. Tá foráil déanta sa dlí d'fhostaithe a bhfuil feidhmeanna tarmligthe nó fo-tharmligthe dóibh chun na feidhmeanna sin a tharmligean arís eile dá réir, freisin.

### 2.1.2 Feidhmeanna Forchoimeádta

Tá sceideal foirmeálta ag an mBord maidir le cúrsaí faoi leith atá forchoimeádta agus nach féidir cinneadh a dhéanamh ina leith ach amháin ag an Bord (**feidhmeanna forchoimeádta**), ionas go mbeifear lánchinnite de go bhfuil treo agus rialú FSS go slán daingean faoi smacht an bhoird (féadfar faomhadh an Aire a bheith de dhíth le haghaidh cuid de na hábhair). Tá feidhmeanna forchoimeádta an Bhoird mionsonraithe san Ordú Toscaireachta a eísíodh leis an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus áirítear leo:

- Plean Corparáideach FSS a bheith glactha, agus sonraithe ann cuspóir, táscairí agus spriocanna iomchuí chun an fheidhmíocht a thomhas
- Treoir straitéiseach agus mórpheananna gníomhaíochta a athbhreithniú agus a threorú

- Beartais agus Nósanna Imeachta na bainistíochta riosca
- Na pleananna seirbhíse agus na buiséid bhliantúla a fhaomhadh
- Cuspóirí feidhmíochta a leagan síos
- An mhonatóireacht a dhéanamh ar an gcur i bhfeidhm, agus feidhmíocht FSS a mheas
- Maoirseacht a dhéanamh ar mhórchinntí faoin gcaiteachas caipitil agus faoin infheistíocht; agus
- Cuntais bhliantúla agus tuarascálacha bliantúla FSS a fhaomhadh.

### 2.1.3 Sceideal Tinrimh, Táillí agus Speansais

Faoi réir Alt 3(A) den *Acht Sláinte 2004* (mar a foráladh in Alt 16K den *Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2013*), bhí sé de dhualgas ar an Stiúrthóireacht cruinniú amháin ar a laghad a bheith aici i ngach ceann de 11 mhí den bhliain. Le linn na tréimhse 1 Eanáir – 27 Meitheamh 2019, tháinig Stiúrthóireacht FSS le chéile 10 n-uaire. Féach Tábla 10A.

Faoi réir Sceideal 2, mír 2A den *Acht Sláinte 2004* (arna leasú le hAlt 32(b) den *Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Acht Rialachais 2019)*), tá sé de dhualgas ar an mBord cruinniú amháin ar a laghad a bheith acu i ngach aon tréimhse de 11 mhí sa bhliain sin. Ón tráth ar bunaíodh é, an 28 Meitheamh 2019, tháinig Bord an FSS le chéile naoi n-uaire, agus sé cruinnithe Boird mhíosúla réachtáilte aige, chomh maith le trí chruinniú breise. Tá taifead tinrimh chruinnithe an Bhoird léirithe i dTábla 10A. Pléitear feidhmeanna coimeádta agus príomhréimsí eile ag cruinnithe an Bhoird.

Tábla 9: Stiúrthóireacht – Tinreamh ag Cruinnithe 1 Eanáir – 27 Meitheamh 2019

Stiúrthóireacht	29/01/2019	05/02/2019	06/03/2019	13/03/2019	26/03/2019	30/04/2019	13/05/2019	25/05/2019	11/06/2019	25/06/2019	Líon cruinnithe a tionóladh	Speansais Stiúrthóireachta
Anne O' Connor	✓	✓	✓	✓	✓	✓	–	✓	✓	–	8	€526.00
Dean Sullivan	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	10	€11,041.00
Colm Henry	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	–	9	€5,101.00
Rosarii Mannion	✓	✓	✓	✓	–	✓	✓	✓	✓	✓	9	€4,555.00
Stephen Mulvany	✓	–	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	8	n/b
Liam Woods	–	✓	✓	✓	✓	✓	✓	–	–	–	6	€3,903.00
Paul Reid (Ceaptha an 14/05/2019)	–	–	–	–	–	–	–	✓	✓	✓	3	€3,411.00

Tábla 10A: Comhaltaí an Bhoird – Tinreamh ag Cruinnithe an Bhoird 28 Meitheamh – 31 Nollaig 2019

Comhalta de chuid an Bhoird	28/06/2019	26/07/2019	27/09/2019	18/10/2019	01/11/2019	04/11/2019	29/11/2019	09/12/2019	13/12/2019	Líon cruinnithe a tionóladh	Luach Saothair
Ciarán Devane (Cathaoirleach)	✓	✓	✓	–	✓	✓	✓	✓	✓	8	€39,996
Deirdre Madden* (Leas-Chathaoirleach)	✓	✓	✓	✓	✓	–	✓	✓	✓	8	n/b
Fergus Finlay	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	9	€7,500
Aogán Ó Feargháil	✓	✓	✓	✓	–	✓	✓	✓	✓	8	€7,500
Sarah McLoughlin	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	9	€7,500
Fiona Ross	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	9	€7,500
Mark Molloy	✓	✓	✓	–	–	✓	✓	–	–	5	€7,500
Fergus O'Kelly	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	9	€7,500
Brendan Lenihan	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	9	€7,500
Yvonne Traynor	✓	✓	✓	–	✓	✓	✓	✓	✓	8	€7,500
Tim Hynes	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	✓	–	8	€7,500

\* Ní fhaigheann Deirdre Madden táille as a bheith ina comhalta de chuid Bhoird FSS de réir na rialach, duine amháin tuarastal amháin. Mar sin féin, déantar luach coibhéiseach a íoc le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh, maidir le hathlúonadh a poist.

Tábla 10B: Taisteal agus Cothabháil Chomhaltaí an Bhoird

Comhalta de chuid an Bhoird	Taisteal agus Cothabháil
Ciarán Devane (Cathaoirleach)	€3,090.06
Deirdre Madden (Leas-Chathaoirleach)	€2,569.69
Fergus Finlay	n/b
Aogán Ó Feargháil	€2,136.46
Sarah McLoughlin	€985.58
Fiona Ross	n/b
Mark Molloy	€1,647.20
Fergus O'Kelly	n/b
Brendan Lenihan	€2,268.00
Yvonne Traynor	€278.12
Tim Hynes	n/b

#### 2.1.4 An Bhainistíocht Feidhmiúcháin

Tá an Bord freagrach as an bPOF agus as an mBainistíocht Shinsearach a thabhairt chun cuntais as a bhfreagrachtaí a chomhlíonadh go héifeachtach. Tá sé de fhreagracht ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus ar a Fhoireann Bainistíochta Sinsearaí a chinntiú go gcuirtear an fhaisnéis uile is gá ar fáil don Bhord chun é a chumasú chun a chuid feidhmeanna a chomhlíonadh. Caitheadh an POF dearbhú a thabhairt don Bhord freisin go bhfuil na feidhmeanna atá tarmáigthe aige chuige á gcomhlíonadh go cuí.

## Coistí

Tá foráil san *Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas), 2019* le haghaidh bunú Coiste Iniúchóireachta agus aon Choiste eile a mheasann an Bord a bheith riachtanach chun críche cabhair agus comhairle a chur ar fáil maidir le comhlíonadh fheidhmeanna an Bhoird.

Cuireadh deireadh leis an gCoiste Iniúchóireachta agus leis an gCoiste Riosca de chuid FSS a bhí ann roimhe seo agus ar cuireadh i mbun iad in 2014 de réir fhorálacha Acht 2013 agus bunaíodh Coiste Iniúchóireachta agus Riosca an 26 Iúil 2019 de réir fhorálacha Acht 2019.

Anuas ar Choiste Iniúchóireachta agus Riosca a bhunú, tá trí Choiste eile bunaithe ag an mBord chun maoirseacht níos mine a dhéanamh ar réimsí ar leith de réir mar atá sainmhínithe i dtéarmaí tagartha na gCoistí sin, faoi seach. Tá na téarmaí tagartha atá ag Coistí an Bhoird foilsithe ar shuíomh gréasáin FSS <https://www.hse.ie/eng/about/who/board-members/committees-of-the-board/>, agus tagann siad faoi réir athbhreithnithe tréimhsiúla.

Is iad seo a leanas na Coistí sin:

- An Coiste um Dhaoine agus Cultúr
- An Coiste Feidhmíochta agus Seachadta
- An Coiste Sábháilteachta agus Cáilíochta.

Feidhmíonn gach aon cheann de na Coistí seo faoi Chathaoirleach comhaontaithe atá ina chomhalta de chuid an Bhoird ar leith agus tá tríúr ball ar a laghad agus ceathrar pearsanra seachtracha neamhspleácha ar a laghad ina gcomhalta orthu. Tá na scileanna agus an taithí ábhartha ag gach aon duine díobh chun feidhmeanna an Choiste a chomhlíonadh. Tá litir cheapacháin agus téarma oifige ar leith ag na baill sheachtracha go léir.

Tá na coistí i dteideal a iarraidh ar aon bhainisteoir/bhall foirne de chuid FSS freastal ar chruinniú de chuid an Choiste agus a bheith i láthair ann, agus cuireann na Coistí an fhoráil seo chun feidhme go rialta. Sa chás nach bhfuil an Coiste sásta leis na sonraí atá i nuashonruithe ó bhéal nó i scríbhinn na mbainisteoirí, forchoimeádann sé an ceart tuilleadh faisnéise agus tinreamh breise a lorg os comhair an Choiste, más rud é go meastar go bhfuil gá leis sin.

Soláthraíonn gach Cathaoirleach Coiste nuashonrú eolais ag gach cruinniú Boird maidir le hobair an Choiste atá déanta ón gcruinniú Boird is deireanaí roimhe. Scaiptear cóipeanna de mhiontuairiscí chruinnithe an Choiste ar gach ball den Bhoird ar bhonn rialta tar éis dóibh a bheith formheasta. Coinnítear Log Bearta mionsonraithe le haghaidh gach aon Choiste chun na bearta a éiríonn as cruinnithe na gCoistí a thaifeadadh agus a rianú, agus déantar iad a athbhreithniú ag gach cruinniú chun cinnte a dhéanamh de go bhfuil na bearta oiriúnacha curtha ar aghaidh.

Cé go ndéanann an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca maoirseacht agus comhairle maidir leis an oibriúchán foriomlán i ndáil leis an mBainistíocht Riosca, déanann gach Coiste ar leith athbhreithniú ar an riosca ábhartha laistigh dá réimse freagrachta féin lena chinntiú go ndéantar bainistíocht iomchuí agus éifeachtach ar an riosca.

Leithdháileadh an mhaoirseacht ar Rioscaí Corparáideacha FSS ar na Coistí mar seo a leanas:

### An Coiste Iniúchóireachta agus Riosca

- Bonneagar caipitil agus trealamh rithábhachtach
- An Chibearshlándáil
- An dea-cháil eagrúcháin
- Córais TFC agus an Bonneagar TFC
- Córas rialuithe inmheánacha lena n-áirítear bainistíocht a dhéanamh ar an leithdháileadh acmhainní agus tosaíocht a dhéanamh ina leith
- Ospidéal na Leanaí
- Gníomhaireachtaí arna maoiniú ag FSS
- Breatimeacht.

### An Coiste um Dhaoine agus Cultúr

- An fórsa saothair míochaine agus cliniciúil
- An t-athrú, lena n-áirítear an t-athrú cultúrtha, a bhainistiú
- Sábháilteacht, sláinte agus folláine na foirne
- An Bhainistíocht Feidhmíochta agus an Chuntasacht i ndáil leis an duine aonair
- An Ghníomhaíocht Thionsclaíoch agus an Leanúnachas Gnó.

### Feidhmíocht agus Soláthar

- An acmhainn agus an t-éileamh ar rochtain
- Seirbhísí míchumais
- Forbairt agus cur i bhfeidhm an bheartais agus na reachtaíochta.

### An Coiste Sábháilteachta agus Cáilíochta

- Cumraíocht na n-ospidéal reatha
- An tlonfhabhtú agus an Fhiotaíocht Fhrithmhiocróbach atá Gaolmhar leis an gCúram Sláinte
- Seirbhísí scagtha
- Neamhchomhlíonadh Rialachán
- COVID-19.

D'fhonn an clár oibre a ullmhú le haghaidh na cruinnithe a bheidh á dtionól agus chun faireacht a dhéanamh ar bhearta leantacha, tagann comhaltaí an Choiste le chéile le linn tréimhsí a bhfuil baill de chuid bhainistíochta FSS in éagmais. Glacann an Coiste sólas agus dearbhú ón obair a dhéantar sna Coistí Boird eile agus oibríonn sé i gcomhpháirt leo, agus sainchúram ar leith ag gach ceann acu mar atá doiciméadaithe ina dtéarmaí tagartha féin. Bíonn idirchaidreamh idir na ceithre Choiste de chuid an Bhoird tríd an rannpháirtíocht rialta a bhíonn idir Cathaoirligh an Choiste, trí na miontuairiscí a bheith roinnte, agus trí chomhchruinnithe den Choiste Iniúchóireachta agus Riosca agus an Coiste Sábháilteachta agus Cáilíochta a bheidh ar siúl go luath in 2020 chun saincheisteanna a bhfuil tábhacht fhrithpháirteach ag baint leo a mheas.

Tá baill sheachtracha Choistí i dteideal táillí, agus déanann an Roinn Sláinte agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe iad sin a fhaomhadh. Íoctar táillí le formhór na mball seachtrach seachas iad siúd atá ina bhfostaithe sa tseirbhís phoiblí cheana. Tá ráta socraithe do gach cruinniú a fhreastalaíonn siad orthu suas go dtí uasmhéid gach bliain agus déantar é sin a phróiseáil tríd an bpárolla.



Don tréimhse 01 Eanáir – 27 Meitheamh, bhí feidhm ag an méid seo a leanas:

- Cathaoirleach an Choiste Riosca – Ráta €402.39 an cruinniú suas go huasmhéid €2,414 in aghaidh na bliana
- Is é an táille a ndearna an Roinn Sláinte agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe a fhaomhadh do Chathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta Reachtúla ná an ráta atá ann do Chathaoirleach chatagóir 4 chomhlacht stáit neamhthráchtála, sé sin €8,978 sa bhliain.

Na comhaltaí eile go léir – Ráta €285 an cruinniú suas go huasmhéid €1,710 in aghaidh na bliana.

## An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca

Tá an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca curtha i mbun de réir *Alt 40H den Acht Sláinte 2004* arna leasú le *hAlt 23 den Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2019* agus is dá réir sin a dhéantar é a chothabháil. Aithnítear sa reachtaíocht go bhfuil ról ag an gCoiste Iniúcháireachta maoirseacht agus comhairle a sholáthar i ndáil leis an mbainistíocht riosca freisin. Mar gheall air sin, leathnaíodh a theideal ionas gurb é ‘An Coiste Iniúcháireachta agus Riosca’ chun na gnéithe iomlána dá shainchúraim a chur in iúl.

Tá dualgas curtha ar chomhaltaí an Choiste leis an reachtaíocht triúr baill de chuid an Bhoird ar a laghad a bheith ann, chomh maith le ceathrar daoine eile ar a laghad a bhfuil na scileanna agus an taithí ábhartha acu, i dtuairim an Bhoird, chun feidhmeanna an choiste a chomhlíonadh, a mbeidh duine amháin ar a laghad acu cáilíocht ghairmiúil a bheith agat i gcuntasáíocht nó in iniúchadh.

Faoin reachtaíocht reatha, ceanglaítear ar an gCoiste:

- Comhairle a thabhairt don Bhord agus don POF ar ábhair airgeadais a bhaineann lena fheidhm
- Tuairisc a thabhairt uair amháin gach uile bliain, ar a laghad, i scríbhinn don Bhord agus don POF ar na hábhair sin agus ar ghníomhaíochtaí an Choiste an bhliain roimhe sin agus cóip den tuarascáil sin a chur faoi bhráid an Aire.

Cuimsíonn feidhmeanna an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca raon de shaincheisteanna airgeadais, reachtúla, comhlíonta agus rialachais, de réir mar atá leagtha amach sa reachtaíocht.

Mar thaca lena shainchúram reachtúil, tá téarmaí tagartha bunaithe ag an gCoiste arna fhorghéas ag an mBord. Tá foráil déanta iontu siúd do ról an Choiste a leathnú amach le go gcuimseofar na réimsí seo a leanas leis:

- Comhairle a thabhairt don Bhord agus don POF ar ábhair airgeadais agus gníomhaíochtaí tuairiscithe gaolmhara a dhéanamh, lena n-áirítear tuairisc chomhlíonta a chur faoi bhráid an Bhoird agus an Aire Sláinte, de réir mar is gá
- Athbhreithniú a dhéanamh ar oiriúnacht bheartais chuntasaíochta FSS, ar ráitis airgeadais bhliantúla, ar an tuarascáil bhliantúil agus ar na dearbhuithe riachtanacha maidir leis an rialachas corparáideach agus ar aon ábhair agus comhairle atá de dhíth chun barúil sásúil a thabhairt ina leith sin don Bhord
- Maoirseacht a chur ar fáil ar oibriúchán rialuithe inmheánacha FSS agus, go háirithe, comhairle a thabhairt ar oiriúnacht, éifeachtúlacht agus éifeachtacht nósanna imeachta FSS a bhaineann leis an soláthar poiblí agus an éadail poiblí, agus leis an sealbhú agus an díúscairt sócmhainní

- Maoirseacht agus comhairle a sholáthar maidir le Feidhm Iniúchta Inmheánaigh FSS.
- Maoirseacht agus comhairle a sholáthar maidir le hoibriú chreat Bainistíochta Riosca FSS agus bearta gaolmhara laistigh den fheidhm bhainistíochta riosca
- Comhairle a thabhairt a bhaineann le beartais frithchalaíse, leis an maoirseacht ar fheidhmíocht an phróisis agus na beartas um an nochtadh cosanta agus socruithe le haghaidh imscrúduithe speisialta
- Athbhreithniú a dhéanamh ar na socruithe le haghaidh na n-iniúchtaí inmheánacha agus seachtracha agus ar an bhfreagra a thugann an lucht bainistíochta ar na moltaí agus na hargóintí atá déanta iontu
- Aon ról agus freagrachtaí eile a dhéanann Bord FSS a thiomnú don Choiste.

Ceanglaítear ar an bPríomhoifigeach Feidhmiúcháin a chinntiú go gcuirtear tuarascálacha iniúchta, pleananna iniúchta agus tuarascálacha míosúla uile a bhaineann leis an gcaiteachas ar fáil don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca, agus má tá cúis aige a bheith in amhras go ndéantar aon mhídhílsiú ábhartha ar airgead na Feidhmeannachta, nó aon chomhshó calaíseach nó go bhféadfaí go ndearnadh mí-úsáid ar mhaoín na Feidhmeannachtais, an t-ábhar sin a thuairisciú don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca a luaite is gur féidir.

Ina theannta sin, cuireann an POF faisnéis ar aon ábhar nó nós imeachta airgeadais is gá don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh ag an gCoiste nuair a iarrann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca air amhlaidh a dhéanamh ina mbaineann an fhaisnéis sin le:

- a. Aon chonradh atá molta ag an bhFeidhmeannacht le bheith déanta lena mbaineann caiteachas de mhéid níos mó ná tairseach ar leith le bheith sonraithe ag an gCoiste, agus
- b. Aon imeachtaí dlí a thionscnófaí nó a bhagrófaí i gcoinne na Feidhmeannachta a d’fhéadfadh dliteanas airgeadais a bheith mar thoradh orthu.

D’fhonn foráil a dhéanamh maidir leis an leanúnachas uasta idir an dá Choiste, d’fhan Cathaoirleach an Choiste a bhí ann roimhe seo i bhfeidhm suas go dtí deireadh mhí na Nollag 2019. Ina theannta sin, ceapadh ball de chuid an tsean-Choiste Iniúcháireachta chomh maith le beirt bhall de chuid an tsean-Choiste Riosca le bheith ar an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca nua, chomh maith le ball seachtrach amháin eile.

Tá an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca tar éis plean oibre mionsonraithe a chomhaontú chun 2020 a chlúdach a bhfuil sé de sprioc aige aghaidh a thabhairt ar phríomhról agus freagrachtaí an choiste ar bhealach atá córasach agus cuimsitheach. Agus a phlean oibre tosaigh á ullmhú do 2019 agus ina dhiaidh sin do 2020, chuir an Coiste aird ar phleananna oibre an Choiste Iniúcháireachta roimhe seo agus an Choiste Riosca roimhe seo nuair a bhí gnéithe ábhartha agus ionchorpraithe sna pleananna oibre nua.

Tá an POF tar éis na baill seo a leanas de chuid lucht Bainistíochta Sinsearaí FSS a shannadh chun freastal ar chruinnithe an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca. An Príomhoifigeach Airgeadais, an Stiúrthóir Náisiúnta um Iniúchadh Inmheánach agus an Stiúrthóir Náisiúnta um Dhearbhú Cáilíochta agus Fíorú.

Tábla 11: Ballraíocht, Tinreamh agus Luach Saothair an Choiste Iniúcháireachta

Comhalta de chuid an Choiste Iniúcháireachta 2019	11/02/2019	11/03/2019	15/04/2019	10/06/2019	Táille a Íocadh don Tréimhse 01 Eanáir – 30 Meitheamh 2019
Tom O'Higgins ( <i>Cathaoirleach</i> )	✓	✓	✓	✓	€4,489
Patricia Barker	✓	–	✓	–	€570
Richard George	✓	✓	✓	✓	€1,140
Ann Markey	✓	✓	✓	✓	n/b
Stephen McGovern	✓	✓	✓	✓	€1,140
Liam Woods ( <i>inmheánach</i> )	✓	–	✓	–	n/b
Anne O'Connor ( <i>inmheánach</i> )	–	–	–	✓	n/b

Tábla 12: Ballraíocht, Tinreamh agus Luach Saothair an Choiste Riosca

Comhalta de chuid an Choiste Riosca 2019	25/01/2019	08/03/2019	29/04/2019	Táille a Íocadh don Tréimhse 01 Eanáir – 30 Meitheamh 2019
Sheila Ryan ( <i>Cathaoirleach</i> )	✓	✓	✓	€1,207.17
Colm Campbell	✓	✓	✓	€855
Laverne Mc Guinness	✓	✓	✓	€855
Pat Kirwan	✓	✓	✓	Rialacha 'Duine Amháin Tuarastal Amháin'
Peter Lachman	–	✓	–	Rialacha 'Duine Amháin Tuarastal Amháin'
Anne Carrigy	✓	✓	–	Fuair sí €570 lena ballraíocht ar an gCoiste Riosca suas go dtí an 8 Aibreán 2019
Bernie O'Reilly	✓	✓	✓	€855
Colm Henry ( <i>inmheánach</i> )	✓	✓	–	n/b
Margaret Murphy	–	✓	✓	€570

Tábla 13A: Ballraíocht, Tinreamh agus Luach Saothair an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca

Comhalta de chuid an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca 2019	27/08/2019	08/10/2019	13/09/2019	16/10/2019	04/11/2019	09/12/2019	Táille a Íocadh don Tréimhse 01 Iúil – 31 Nollaig 2019
Tom O'Higgins ( <i>Cathaoirleach</i> )	✓	✓	✓	✓	✓	✓	€4,489
Brendan Lenihan ( <i>Leas-Chathaoirleach</i> )	✓	✓	✓	✓	✓	✓	Comhalta de chuid an Bhoird
Fiona Ross	✓	✓	✓	✓	✓	✓	Comhalta de chuid an Bhoird
Fergus Finlay	✓	–	✓	✓	✓	✓	Comhalta de chuid an Bhoird
Tim Hynes	✓	✓	–	–	✓	–	Comhalta de chuid an Bhoird
Ann Markey	✓	✓	✓	✓	✓	✓	€1,710
Colm Campbell	✓	–	✓	–	✓	✓	€855
Pat Kirwan	✓	✓	✓	–	✓	✓	Rialacha 'Duine Amháin Tuarastal Amháin'
Martin Pitt	–	–	–	–	✓	✓	

Tábla 13B: An Inniúlacht agus Taithí Oiriúnach don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca

Comhalta de chuid an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca 2019	An Inniúlacht agus Taithí Oiriúnach
Tom O'Higgins ( <i>Cathaoirleach</i> )	Cuntasóir Cairte; Iar-Chomhpháirtí de chuid PWC; Iar-Uachtarán Chuntasóirí Cairte na hÉireann; Stiúrthóir Neamhfheidhmeannach Gairmiúil Neamhspleách.
Brendan Lenihan ( <i>Leas-Chathaoirleach</i> )	Cuntasóir Cairte; Iar-Uachtarán Chuntasóirí Cairte na hÉireann; Stiúrthóir Neamhfheidhmeannach Gairmiúil Neamhspleách; Iar-fheidhmeannach airgeadais atá ina shainchomhairleoir anois.
Fiona Ross	Cathaoirleach, Grúpa CIÉ; Iar-Stiúrthóir Leabharlann Náisiúnta na hÉireann; Stiúrthóir Neamhfheidhmeannach Gairmiúil Neamhspleách.
Fergus Finlay	Iar-POF Barnardos; Iar-chomhairleoir polaitiúil; colúnaí; Ball de chuid an Údaráis Rialála Carthanais.
Tim Hynes	Príomhoifigeach Faisnéise, AIB plc.
Anne Markey	Cuntasóir Cairte; Stiúrthóir Neamhfheidhmeannach Gairmiúil Neamhspleách; Iar-fheidhmeannach airgeadais atá ina shainchomhairleoir anois.
Colm Campbell	Ceann Foirne Cúnta atá imithe ar scor de chuid Óglaigh na hÉireann le freagracht as an mBainistíocht Riosca.
Pat Kirwan	Leas-Stiúrthóir – An Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát, le freagracht speisialta as an riosca agus oibríochtaí.
Martin Pitt	Cuntasóir Cairte; Iar-Chomhpháirtí de chuid PWC; Stiúrthóir Neamhfheidhmeannach Gairmiúil Neamhspleách; Cathaoirleach Bhord Comhairleach Oifig Iniúcháireachta Thuaisceart Éireann.

## An Coiste um Dhaoine agus Cultúr

Is é ról atá ag an gCoiste um Dhaoine agus Cultúr ná an timpeallacht ina dtacaítear leis an fhoireann sa tseirbhís sláinte agus lena dtugtar aitheantas dóibh a fheabhsú d'fhonn an tallann atá ann a chur chun barr a feidhme agus chun cumas ceannaireachta na ndaoine ar leith atá ag obair le chéile a chothú chun an cultúr atá ag teastáil a chur ar aghaidh ar fud na seirbhíse sláinte ar mhaithe le cúram sláinte níos sábháilte agus níos sábháilte a chur ar fáil.

Agus an ról seo á chomhlíonadh aige, soláthróidh an Coiste maoirseacht straitéiseach agus comhairle ar ábhair éagsúla chun tacú leis na cuspóirí uailmhianacha atá sa Straitéis i leith an Phearsanra na daoine cearta a bheith againn, a bhfuil na scileanna cearta acu, agus go mbeidh siad lonnaithe san áit cheart agus ag an am ceart.

Díreoidh sé a aird ar na príomhréimsí seo: Ceannaireacht, Cultúr, Tallann agus Cumas.

Níl an Coiste freagrach as aon fheidhmeanna feidhmiúcháin agus níl sé dílsithe d'aon chumhachtaí feidhmiúcháin. Maidir lena dhualgais agus a fheidhmeanna, ní chomhlíonann sé ach amháin ról comhairleach agus tacaíochta.

Tá an Coiste údaraithe ag Bord FSS a ról maoirseachta a úsáid chun:

- Maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt chultúir atá oscailte agus oilte, dírithe ar an duine atá comhbhách agus atruach, cultúr ina gcothaítear an tallann agus lena spreagtar an nuálaíocht agus an sármhaitheas
- Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm shainordú FSS i leith daoine agus béim ann ar rialachas feabhsaithe agus feidhmíocht agus cuntasacht éifeachtach

- Dearbhú a thabhairt don Bhord go bhfuil na socrúithe seo láidir agus éifeachtach agus go dtacaíonn siad le comhlíonadh a chuspóirí
- Athbhreithniú a dhéanamh ar rioscaí a bhaineann leis an sainordú atá aige i ndáil le daoine agus comhairle a thabhairt maidir le meicníochtaí bainistíochta agus bearta chun iad sin a fheabhsú
- Aon fhaisnéis nó míniúcháin a iarraidh a theastaíonn uaidh ó aon fhostaí de chuid FSS nó ó aon ghníomhaireacht arna maoiniú ag FSS, go hiomlán nó go páirteach
- Comhairle neamhspleách dlí nó comhairle neamhspleách ghairmiúil a fháil ar aon dul le beartas soláthair FSS
- Iarr ar dhaoine freastal ar chruinniú an Choiste Daoine agus Cultúir a bhfuil an taithí agus an saineolas ábhartha acu, de réir mar is gá
- Tuairiscí a dhéanamh ar aon ábhar a mheasann sé a bheith ábhartha le bheith tugtha faoi bhráid an Bhoird.

Ghlac an Coiste um Dhaoine agus Cultúr le plean oibre mionsonraithe atá dírithe ar na réimsí seo, ag clúdach ról agus freagrachtaí lárnacha an choiste lena chinntiú go bhfaigheann gach réimse atá faoina shainchúram agus a théarmaí tagartha an aird atá oiriúnach. Chuir an coiste an plean feidhmithe a forbraíodh don Straitéis i leith Daoine san áireamh.

Tá an POF tar éis na baill seo a leanas de chuid lucht Bainistíochta Sinsearaí FSS a shannadh chun freastal ar chruinnithe an Choiste um Dhaoine agus Cultúr: Anne Marie Hoey, an Stiúrthóir Náisiúnta Acmhainní Daonna, an Dr Philip Crowley, an Stiúrthóir Náisiúnta um Fheabhsú Cáilíochta agus an Dr Paul Connors, an Stiúrthóir Náisiúnta Cumarsáide.

Tábla 14: Ballraíocht, Tinreamh agus Luach Saothair an Choiste um Dhaoine agus Cultúr

An Coiste um Dhaoine agus Cultúr in 2019	16/08/2019	04/10/2019	27/11/2019	Táille a Íocadh don Tréimhse 01 Iúil - 31 Nollaig 2019
Yvonne Traynor ( <i>Cathaoirleach</i> )	✓	✓	✓	Comhalta de chuid an Bhoird
Aogán Ó Fearghail	✓	✓	✓	Comhalta de chuid an Bhoird
Mark Molloy	✓	✓	–	Comhalta de chuid an Bhoird
Sarah Mc Loughlin	–	✓	✓	Comhalta de chuid an Bhoird
Bernie O'Reilly	✓	✓	✓	€855

## An Coiste Feidhmíochta agus Seachadta

Is é ról an Choiste Feidhmíochta agus Seachadta comhairle a thabhairt don Bhord ar gach ábhar a bhaineann leis an bhfeidhmíocht laistigh den tseirbhís sláinte lena chinntiú go ndéantar feidhmíocht dá leithéid a bharrfheabhsú ar fud gach réimse ábhartha den scórchárta cothromaithe comhaontaithe chun eispéireas níos fearr a chinntiú do na othair agus do na húsáideoirí seirbhíse.

Agus a ról á chomhlíonadh aige, soláthraíonn an Coiste maoirseacht straitéiseach agus comhairle ar ábhair a bhaineann leis an bpleanáil, leis an bhforbairt agus leis an monatóireacht ar phleananna ábhartha lena chinntiú go bhfuil cuspóirí an Bhoird á gcomhlíonadh acu.

Tá aird dírithe ar na príomhréimsí a bhaineann le gnóthachtáil, feabhsú agus foghlaim feidhmíochta i gcomhthéacs creata cuntasachta iomchuí agus cur chuige incriminteach chun scórchárta cuimsitheach a fhorbairt.

Tá an Coiste údaraithe ag Bord FSS a ról maoirseachta a úsáid chun:

- Gach uile ghné den fheidhmíocht agus den seachadadh laistigh den tseirbhís sláinte
- Dul chun cinn a bhaint amach maidir le cuspóirí an Bhoird
- Pleananna seirbhíse straitéiseacha agus bliantúla a fhorbairt
- Dearbhú a thabhairt don Bhord go bhfuil na pleananna seo cuimsitheach, láidir agus go léiríonn siad tosaíochtaí an Aire agus an Bhoird go cuí
- Feidhmíocht i gcoinne pleananna den sórt sin
- Úsáid na teicneolaíochta chun feidhmíocht a fheabhsú agus chun tuairiscí ar ghnóthachtáil feidhmíochta

- Athbhreithniú a dhéanamh ar rioscaí ardleibhéil a bhaineann leis an seachadadh feidhmíochta
- Aon fhaisnéis nó míniúcháin a iarraidh a theastaíonn uaidh ó aon fhostaí de chuid FSS nó ó aon ghníomhaireacht arna maoiniú ag FSS, go hiomlán nó go páirteach
- Comhairle neamhspleách dlí nó comhairle neamhspleách ghairmiúil a fháil ar aon dul le beartas soláthair FSS
- Iarr ar dhaoine freastal ar chruinniú an Choiste Feidhmíochta agus Seachadta a bhfuil an taithí agus an saineolas ábhartha acu, de réir mar is gá
- Tuarascálacha a fháil ar rioscaí arna sainaitheint do shábháilteacht na foirne agus maoirseacht a dhéanamh ar phleananna forbartha chun rioscaí dá leithéid a réamh-mheas agus freagairt a thabhairt dó agus é mar aidhm timpeallacht oibre shábháilte a chruthú agus a chothabháil agus an líon tarluithe díobhálacha a laghdú.
- Tuairiscí a dhéanamh ar aon ábhar a mheasann sé a bheith ábhartha le bheith tugtha faoi bhráid an Bhoird.

Ghlac an Coiste Feidhmíochta agus Seachadta le plan oibre mionsonraithe, ag clúdach ról agus freagrachtaí lárnacha an choiste lena chinntiú go bhfaigheann gach réimse atá faoina shainchúram agus a théarmaí tagartha an aird atá oiriúnach.

Tá an POF tar éis na baill seo a leanas de chuid lucht Bainistíochta Sinsearaí FSS a shannadh chun freastal ar chruinnithe an Choiste Feidhmíochta agus Seachadta: Anne O'Connor, Príomhoifigeach Oibríochtaí, Dean Sullivan, Príomhoifigeach Straitéise agus Pleanála, Stephen Mulvany, Príomhoifigeach Airgeadais.

Tábla 15: Ballraíocht, Tinreamh agus Luach Saothair an Choiste Feidhmíochta agus Seachadta

An Coiste Feidhmíochta agus Seachadta 2019	27/08/2019	04/10/2019	09/10/2019	12/11/2019	22/11/2019	Táille a Íocadh don Tréimhse 01 Iúil – 31 Nollaig 2019
Tim Hynes ( <i>Cathaoirleach</i> )	✓	✓	✓	✓	✓	Comhalta de chuid an Bhoird
Brendan Lenihan	✓	✓	✓	✓	✓	Comhalta de chuid an Bhoird
Fergus Finlay	✓	✓	✓	✓	✓	Comhalta de chuid an Bhoird
Sarah Mc Loughlin	✓	✓	✓	✓	✓	Comhalta de chuid an Bhoird
Louis Flynn	–	✓	✓	✓	✓	Rialacha 'Duine Amháin Tuarastal Amháin'
Regina Moran	–	✓	✓	–	✓	€855

## An Coiste Sábháilteachta agus Cáilíochta

I bhfianaise phróifíl agus chineál na seirbhísí a sholáthraíonn FSS, chinn an Bord ar Choiste ar leith a bhunú chun díriú ar na gnéithe cliniúla de sholáthar cúraim sláinte agus sóisialta pearsanta. Dá réir sin, rinne sé Coiste Sábháilteachta agus Cáilíochta a chur i mbun.

Cuimsítear le raon feidhme údarás an Choiste gach gné de shábháilteacht agus de cháilíocht laistigh den tseirbhís sláinte poiblí. Is é an ról atá ag an gCoiste ná maoirseacht straitéiseach a dhéanamh agus comhairle a thabhairt i ndáil le:

- an Creat Sábháilteachta Othar agus Úsáideoirí Seirbhíse
- an Creat Dearbhú Cáilíochta
- Creat Feabhsúcháin Cáilíochta FSS.

Níl an Coiste freagrach as aon fheidhmeanna feidhmiúcháin agus níl sé dílisithe d'aon chumhachtaí feidhmiúcháin. Maidir lena dhualgais agus a fheidhmeanna, ní chomhlíonann sé ach amháin ról comhairleach agus tacaíochta. Tuairiscíonn Cathaoirleach an Phainéil Athbhreithnithe Neamhspleách Náisiúnta do Chathaoirleach an Choiste.

Tá téarmaí tagartha leagtha amach ag an gCoiste atá faoia ag an mBord. Tá foráil déanta iontu siúd do ról an Choiste a leathnú amach le go gcuimseofar na réimsí seo a leanas leis:

- Maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chur i bhfeidhm Chláir agus Straitéisí Náisiúnta a bhaineann le clár oibre sábháilteachta agus cáilíochta FSS
- Maoirseacht a dhéanamh ar fhorbairt sraith náisiúnta de príomhtháscairí feidhmíochta sábháilteachta agus cáilíochta a ndearnadh tástáil orthu agus feabhsúcháin sábháilteachta a thomhas ina gcoinne siúd, agus monatóireacht a dhéanamh orthu
- Mionscrúdú a dhéanamh ar an dearbhú cáilíochta agus sábháilteachta i réimsí dála: ach gan a bheith teoranta dóibh: tuarascálacha rialála, tuarascálacha ar eachtraí, tuarascálacha iniúchta ar chúram sláinte, gearáin chliniciúla agus riosca
- Monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm cleachtas sábháilteachta nua agus a chinntiú go bhfuil córais agus cláir iomchuí i bhfeidhm chun tacú le baill foirne cultúr sábháilteachta agus feabhsú cáilíochta a chur i bhfeidhm agus a chothú.
- Tuarascálacha a fháil ar rioscaí arna sainiúint do shábháilteacht an othair agus an úsáideora seirbhíse

araon, agus maoirseacht a dhéanamh ar phleananna forbartha chun rioscaí dá leithéid a réamh-mheas agus freagairt a thabhairt dó agus é mar aidhm córais cúraim oibre sábháilte a chruthú agus a chothabháil agus an líon tarluithe díobhálacha a laghdú.

- Athbhreithniú a dhéanamh ar éifeachtacht na gcóras atá curtha ar bun ag an lucht bainistíochta chun rioscaí a aithint, a mheas, a bhainistiú, a mhonatóiriú agus a thuairisciú, trí thuarascálacha rialta a fháil ón Stiúrthóir Náisiúnta oiriúnach
- An Plean Seirbhíse Náisiúnta agus na cláir oibre bhliantúla ghaolmhara ó réimsí seirbhíse an Stiúrthóra Náisiúnta ábhartha mar a bhaineann siad leis an tsábháilteacht agus an cháilíocht a athbhreithniú agus a fhaomhadh, agus comhairle a thabhairt don Bhord maidir le hacmhainní leordhóthanacha agus suíomh atá oiriúnach do na feidhmeanna sin laistigh den FSS.
- Maoirseacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an dea-chleachtas chun cinnte a dhéanamh de go ngníomhtar i gceart agus go gasta ar an méid a fhaightear amach ó theagmhais, ó athbhreithnithe, i dtuarascálacha, i ngearáin, in éilimh agus i mbealaí eile agus go mbíonn an chumarsáid éifeachtach mar bhonn agus mar thaca leo.
- Dearbhú a thabhairt go bhfuil córais iomchuí i bhfeidhm chun a chinntiú go gcomhlíontar na hoibleagáidí reachtúla go léir a fhorchuirtear ar FSS agus a bhaineann le sábháilteacht na n-othar agus na n-úsáideoirí seirbhíse agus le cúrsaí cáilíochta
- Tacú le caidrimh oibre chomhoibríthe a bheith curtha i mbun ar fud na seirbhíse sláinte idir na gairmeacha éagsúla chun feabhas a chur ar shábháilteacht agus ar cháilíocht an chúraim atá le fáil ann.

Ghlac an Coiste Sábháilteachta agus Cáilíochta le plean oibre mionsonraithe, ag clúdach ról agus freagrachtaí lárnacha an choiste lena chinntiú go bhfaigheann gach réimse atá faoina shainchúram agus a théarmaí tagartha an aird atá oiriúnach. Chuir an Coiste aird ar phlean oibre an Choiste Riosca a bhí ann roimhe seo san áireamh sa bhreithneoireacht agus rinneadh é a ionchorprú sa phlean oibre nua aige.

Tá an POF tar éis na baill seo a leanas de chuid lucht Bainistíochta Sinsearaí FSS a shannadh chun freastal ar chruinnithe an Choiste Sábháilteachta agus Cáilíochta: An Dr Colm Henry, Príomhoifigeach Cliniciúil, Patrick Lynch, Stiúrthóir Náisiúnta Dearbhaithe Cáilíochta agus Fíoraithe agus an Dr Philip Crowley, Stiúrthóir Náisiúnta um Fheabhsú Cáilíochta.

Tábla 16: Ballraíocht, Tinreamh agus Luach Saothair an Choiste Sábháilteachta agus Cáilíochta

Comhalta de chuid an Choiste Sábháilteachta agus Cáilíochta 2019	22/08/2019	26/09/2019	23/10/2019	21/11/2019	12/12/2019	Táille a Íocadh don Tréimhse 01 Iúil – 31 Nollaig 2019
Deirdre Madden ( <i>Leas-Chathaoirleach</i> )	✓	✓	✓	✓	✓	Comhalta de chuid an Bhoird
Mark Molloy	✓	✓	✓	✓	–	Comhalta de chuid an Bhoird
Fergus O' Kelly	✓	–	✓	✓	–	Comhalta de chuid an Bhoird
Yvonne Traynor	✓	✓	–	✓	✓	Comhalta de chuid an Bhoird
Margaret Murphy	✓	–	–	–	–	€285
Cathal O Keffe	✓	✓	✓	✓	✓	Rialacha 'Duine Amháin Tuarastal Amháin'
Anne Carrigy	–	✓	✓	✓	✓	€855
Chris Luke	–	–	✓	✓	✓	€855

## Tacaíocht don Bhord agus do na Coistí

Feidhmíonn Rúnaí Bhord FSS mar Rúnaí na gCoistí agus tá tacaíocht riaracháin bhreise curtha ar fáil di trí Oifig an Bhoird.

## Nochtaí atá de dhíth faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)

Tá an Bord freagrach as go ndéanfar cinnte de gur chomhlíon FSS le ceangaltais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ('An Cód'), mar atá foilsithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016.

Ceanglaítear leis an gCód an t-ábhar seo a leanas a bheith nochta.

## Sochair Ghearrthéarmacha Fostaithe

Tá sochair ghearrthéarmacha fostaithe de bhreis is €60,000 leagtha amach i nóta 7 de na Ráitis Airgeadais Bhliantúla.

## Costais Chomhairleachta\*

Áirítear le costais chomhairliúcháin costais anailíse sheachtracha ó shaineolaithe agus comhairle a fhaigheann an lucht bainistíochta lena gcuirtear leis an gcinnteoireacht agus le treocht an bheartais. Ní chuimsítear leo feidhmeanna seachfhoinsithe gur gnáthghnó na heagraíochta iad.

Tábla 17: Costais Chomhairleachta

Costais Chomhairleachta	2019 €'000	2018 €'000
Comhairle Dlí	220	5,038
Comhairle cánach agus airgeadais	-11	348
Caidreamh poiblí/margaíocht	227	575
Acmhainní Daonna agus Pinsin	400	896
Pleanáil Straitéiseach agus Feabhsú Gnó	6,414	8,658
Comhairleacht TF	2,829	2,352
Eile	15,712	23,529
<b>Iomlán na gCostas Comhairleachta</b>	<b>25,791</b>	41,396
Seo a leanas anailís iomlán ar na costais chomhairleachta:		
Costais chomhairleachta caipitlithe	-	-
Costais chomhairleachta gearrtha ar loncam agus Caiteachas agus Cúlchistí loncaim Coinnithe	25,791	41,396
<b>Iomlán na gCostas Comhairleachta</b>	<b>25,791</b>	41,396

\* San áireamh i Nóta 8 Caiteachas Neamhphá, Costais Oifige agus Riaracháin, Táillí Dlí agus Gairmiúla.

## Costais Dlí agus Socraíochtaí\*

Tugann Tábla 18 thíos miondealú ar na méideanna a aithníodh mar chaiteachas in 2019 maidir le costais dlí, socraíochtaí agus imeachtaí idir-réitigh agus eadrána a bhaineann le conarthaí le tríú páirtithe. Ní áirítear leis seo caiteachas a thabhaítear maidir le comhairle dlí ghinearálta a fuair FSS, a nochtar i gcostais Chomhairleachta thuas i dTábla 17.

Tábla 18: Costais Dí agus Socraíochtaí

Costais Dí agus Socraíochtaí	2019 €'000	2018 €'000
Táillí dí - imeachtaí dí	17,920	15,789
Íocaíochtaí idir-réitigh agus eadrána	97	91
Socraíochtaí	1,616	2,833
<b>Iomlán</b>	<b>19,633</b>	18,713

\* San áireamh i Nóta 8 Caiteachas Neamhphá, Costais Oifige agus Riaracháin, Táillí Dí agus Gairmiúla.

Níl aon chostais maidir le cúrsaí leanúnacha a bhaineann le comhlachtaí Stáit eile.

Ba é líon na gcásanna a bhí clúdaithe ag na costais dlíthúla thuas ná 1,964 in 2019 (2018: 1,671).

D'íoc Cuideachta Árachais FSS costais agus socruithe dlí breise. Tá na costais dlí a bhaineann le héilimh a phróiseálann an Ghníomhaireacht um Éilimh ar an Stát faoi théarmaí na Scéime Slánaíochta Cliniciúla agus na Scéimeanna Slánaíochta Ginearálta nocht i nóta 11 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais Bhliantúla.

### Caiteachas Taistil agus Cothabhála\*

Tá miondealú ar an taisteal agus cothabháil curtha ar fáil i dTábla 19 thíos, mar seo a leanas:

Tábla 19: Caiteachas ar Thaisteal agus Cothabháil

Caiteachas ar Thaisteal agus Cothabháil	2019 €'000	2018 €'000
Is mar seo a leanas a aicmítear an caiteachas ar thaisteal agus cothabháil:		
<b>Intíre</b>		
– Stiúrthóireacht	21	31
– Fostaithe	72,553	67,719
<b>Idirnáisiúnta</b>		
– Stiúrthóireacht	4	8
– Fostaithe	789	904
<b>Iomlán</b>	<b>73,367</b>	68,662

\* San áireamh i Nóta 8 Caiteachas Neamhphá, Costais Oifige agus Riaracháin, Táillí Dí agus Gairmiúla.

### Caiteachas ar Fháilteachas\*

Ba é an caiteachas iomlán comhiomlán a tabhaíodh maidir le fáilteachas ná €Nialas. Baineann gach costas cineál siamsaíochta a nochtar sna ráitis airgeadais le cláir chliniciúla Cliant/Othar agus nochtar iad faoi Ilghnéitheach/Áineas.

\* San áireamh i Nóta 8 Caiteachas Neamhphá, Costais Oifige agus Riaracháin, Táillí Dí agus Gairmiúla.

### Ráiteas Comhlíontachta

Chloígh FSS le riachtanais an *Chóid Chleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2016* agus tá nósanna imeachta curtha i bhfeidhm aici chun comhlíonadh an Chóid a chinntiú

Sínithe thar ceann Bhord FSS



Ciarán Devane  
Cathaoirleach

13 Bealtaine 2020



# Ráiteas ar Rialú Inmheánach

Is léiriú é an Ráiteas seo ar Rialú Inmheánach ar an staid don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019. Ina bhfuil cur chuige agus freagracht Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte maidir le Bainistíocht Riosca, Rialuithe Inmheánacha agus Rialacha leagtha amach.

## 1. Freagracht as an gCóras Rialaithe Inmheánaigh

Thar ceann Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (FSS), dearbhaím freagracht an Bhoird as a chinntiú go gcothaítear agus go bhfeidhmítear córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Ullmháíodh an ráiteas seo de réir an cheanglais atá leagtha amach sa *Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)* atá curtha amach ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe (DPER).

Tá foráil déanta san *Acht Sláinte 2004* arna leasú le h*Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2019* do bhord a bheith bunaithe (an “Bord”), arb é comhlacht rialaithe FSS é, agus údarás aige, in ainm FSS, a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Tá an Bord cuntasach don Aire Sláinte as a fheidhmeanna a chomhlíonadh. Foráiltear leis an Acht leasaithe de 2004 freisin do Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin (POF) atá cuntasach don Bhord. Caithfidh an Bord é féin a shásamh go bhfuil córais iomchúí rialaithe inmheánaigh curtha i bhfeidhm.

Ceanglaítear ar an mBord athbhreithniú a dhéanamh ar na rialuithe agus na nósanna imeachta atá glactha ag FSS d’fhonn dearbhú réasúnach a thabhairt dó féin go bhfuil siad leordhóthanach chun oibleagáidí reachtúla agus rialachais a chomhlíonadh ag FSS. Tá an Bord freagrach as an rialachas, an maoirseacht agus as an bhfeidhmíocht go léir a neartú. Tá taithí agus saineolas leordhóthanach ag comhaltáí an Bhoird maidir le hábhair a bhaineann le feidhmeanna FSS chun a chur ar a gcumas a chur go mór le feidhmíocht éifeachtach agus éifeachtúil na bhfeidhmeanna sin. Foráiltear leis an Acht leasaithe de 2004 freisin go mbunófar Coiste Iníúcháireachta agus Riosca agus cibé coistí nó fochoistí eile a mheasann an Bord a bheith riachtanach chun cabhrú leis chun a fheidhmeanna a chomhlíonadh.

Tá ceithre choiste bunaithe ag an mBord chun maoirseacht níos mionsonraithe a sholáthar ar réimsí ar leith mar a shainmhínítear i dtéarmaí tagartha an choiste faoi seach. Is iad seo a leanas na coistí sin:

- an Coiste Iníúchta agus Riosca
- an Coiste Feidhmíochta agus Seachadta
- an Coiste Sábháilteachta agus Cáilíochta
- an Coiste um Dhaoine agus Cultúr

Tá na téarmaí tagartha atá ag Coistí an Bhoird foilsithe ar shuíomh gréasáin FSS, agus tagann siad faoi réir athbhreithnithe tréimhsiúla.

## 2. Cuspóir an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha ionas go ndéanfar an riosca a bhainistiú agus a laghdú, seachas chun deireadh a chur leis an riosca agus dá bhrí sin tá an t-athbhreithniú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh deartha chun dearbhú éifeachtúlachta réasúnta a sholáthar, seachas dearbhú iomlán. Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha sa chaoi go ndéantar idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh go cuí, agus go gcoiscítear nó go mbraítear earráidí ná mírialtachtaí go tráthúil.

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha freisin chun a chinntiú go bhfuil prótacail agus beartais chuí curtha i bhfeidhm agus go bhfuil siad á n-oibriú go héifeachtach i gcomhthéacs na sábháilteachta cliniciúla agus i gcomhthéacs shábháilteacht na n-othar.

Bhí an córas rialaithe inmheánaigh, atá de réir na dtreoirínte a d’eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm i bhFSS don bhliain dar chríoch 31 Nollaig 2019 agus go dtí dáta fhaomhadh na ráiteas airgeadais, cé is moite de na ceisteanna rialaithe atá sonraithe thíos.

## 3. Cumas Riosca a Láimhseáil

Ina cháilíocht mar comhlacht rialaithe FSS, tá freagracht iomlán ar an mBord as an gcóras rialaithe inmheánaigh agus bainistíochta riosca. Féadfar don Bhord coistí a bhunú chun cúnamh agus comhairle a sholáthar i dtaca lena chuid dualgas agus feidhmeanna a chomhlíonadh.

Cuireadh an Coiste Iníúcháireachta agus Riosca i mbun an 26 Iúil 2019 de réir fhorálacha Acht 2019. Tháinig an Coiste Iníúcháireachta agus Riosca seo isteach in áit an Choiste Iníúcháireachta agus an Choiste Riosca a bhí curtha ar bun roimhe sin, in 2014, de réir fhorálacha an *Achta um Sheirbhís Sláinte (Rialachas) 2013*. Is ionann ballraíocht an Choiste Iníúcháireachta agus Riosca agus Cathaoirleach seachtrach neamhspleách, triúr ball seachtracha eile agus ceathrar ball de chuid an Bhoird. Tá na scileanna agus an taithí ábhartha ag gach aon duine díobh chun feidhmeanna an Choiste a chomhlíonadh, agus ina measc tá gairmithe airgeadais ardcháilithe a bhfuil ardchumas acu.

I measc na bhfreagrachtaí atá aige, ceanglaítear ar an gCoiste Iníúcháireachta agus Riosca:

- comhairle a thabhairt don Bhord agus don POF ar ábhair airgeadais a bhaineann lena gcuid bhfeidhmeanna, chomh maith le ceisteanna comhlíonta atá gaolmhar leo siúd
- comhairle a thabhairt don Bhord agus don POF ar rialtacht agus cuibheas na n-idirbheart atá taifeadta sna cuntais, chomh maith le héifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh arna fheidhmiú ag FSS
- maoirseacht agus comhairle a sholáthar maidir le hoibriú chreat Bainistíochta Riosca FSS agus bearta gaolmhara
- maoirseacht agus comhairle a sholáthar maidir le Feidhm Iníúchta Inmheánaigh FSS.

Feidhmíonn an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca de réir Cairt chomhaontaithe ina bhfuil ról, dualgais agus údarás an Choiste leagtha amach go mion beacht. Tá de cheanglas ar an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca teacht le chéile 4 huaire in aghaidh na bliana ar a laghad. Tháinig an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca le chéile sé huaire le linn 2019, tar éis dó a bheith curtha ar bun i mí an Mheithimh. Tháinig an Coiste Iniúcháireachta, mar a bhí ann roimhe sin, le chéile ceithre huaire agus tháinig an Coiste Riosca, mar a bhí ann go dtí sin, le chéile trí huaire le comhchruinniú den Choiste Iniúcháireachta agus den Choiste Riosca ar aon ócáid amháin eile.

Tá feidhm Iniúcháireachta Inmheánaí curtha ar bun ag FSS, a bhfuil pearsanra leis an oiliúint chuí ann, agus feidhmíonn seo de réir cairt i scríbhinn arna faomhadh ag an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca.

Tuairiscíonn Stiúrthóir Náisiúnta na hIniúcháireachta Inmheánaí don Choiste Iniúcháireachta agus Riosca agus don POF agus tá sé ina bhall d'Fhoireann Bainistíochta Feidhmíocháin FSS (FBF). Déanann an Coiste Iniúcháireachta agus Riosca comhaontú agus monatóireacht ar chlár oibre an Iniúchta Inmheánaigh.

Tá feidhm Iniúchta Inmheánaigh FSS freagrach as a chinntiú go ndéantar clár cuimsitheach d'obair iniúchta go leanúnach ar fud FSS. Is é aidhm na hoibre seo ná dearbhú a thabhairt go bhfuil na rialuithe agus na nósanna imeachta curtha i bhfeidhm ar aon dul leis an dea-chleachtas agus na rialacháin iomchuí, agus go ndéanfar moltaí chun na rialuithe agus na nósanna imeachta sin a fheabhsú. Clúdaíonn raon feidhme na feidhme Iniúchta Inmheánaigh gach córas agus gníomhaíocht ar fud FSS lena n-áirítear comhlachtaí atá arna maoiniú ag FSS.

Le linn 2019 chríochnaigh an tIniúchadh Inmheánach roinnt mhaith oibre mar chuid dá plean oibre bliantúil bunaithe ar an riosca, agus eisíodh 164 tuarascáil iniúchta, ina raibh 1,159 moladh déanta maidir le FSS agus na gníomhaireachtaí arna maoiniú aici. Cuireadh béim ar leith ar gníomhaireachtaí maoinithe a iniúchadh agus ar iniúchtaí TFC. Bhreithnigh Coiste Iniúcháireachta agus Riosca FSS agus an FBF torthaí na dtuarascálacha seo.

Bunaithe ar obair na hIniúcháireachta Inmheánaí agus ar thorthaí na mbeart iniúchta inmheánaigh ar leith, bhí tuairim iniúchta curtha ar fáil i dTuarascáil Bhliantúil 2019 an Stiúrthóra Náisiúnta Iniúcháireachta Inmheánaigh, ar an iomlán, gur féidir dearbhú teoranta a sholáthar maidir leis na próisis rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe airgeadais.

Tá tuairim an Iniúchta Inmheánaigh bunaithe ar na trí rátáil fhéideartha agus a sainmhíneadh seo a leanas:

Rátáil na Tuairime Foriomláine	Sainmhíniú
1. Leordhóthanach	Ar an iomlán, tá córas leordhóthanach rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe i bhfeidhm.
2. Teoranta	Tá laigí sa chreat rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe nach mór aghaidh a thabhairt orthu.
3. Míshásúil	Tá laigí suntasacha sa chóras rialachais, bainistíochta riosca agus rialaithe nach mór aghaidh a thabhairt orthu go práinneach.

Tá FSS tar éis beartas bainistíochta riosca a fhorbairt ina sonraítear go cruinn na ról agus na dualgais atá ag baill foirne ag gach leibhéal maidir le riosca (idir airgeadais agus neamhairgeadais). Cuirtear in iúl do bhaill foirne ag gach uile leibhéal é. Tá FSS tiomanta a chinntiú go bhféachtar ar bhainistíocht riosca mar rud a bhaineann le gach duine, go ndaingnítear é mar chuid den ghnó laethúil agus go mbíonn sé mar bhonn agus taca ag an timthriall pleanála agus feidhmíochta i dtaca le straitéisí agus oibriúchán.

Is iad na bainisteoirí ag gach leibhéal de FSS atá freagrach don POF as cur i bhfeidhm agus cothú rialaithe inmheánaigh éifeachtaigh i ndáil lena bhfeidhmeanna agus lena n-eagraíochtaí ar leith. Is é aidhm dhaingniú na freagrachta as an gcóras rialaithe inmheánaigh ná a chinntiú, ní hamháin gur féidir le FSS fadhbanna rialaithe a bhrath agus freagairt dóibh má thagann siad chun cinn trí na prótacail chuí a úsáid chun iad a chur in iúl do bhainisteoirí níos airde, ach freisin go bhfuil cultúr cuntasachta agus freagrachta i bhfeidhm san eagraíocht ina hiomláine.

Bunaithe ar an bhFiosrúchán Scópála ar an gClár Scagthástála Cervical/Check (Tuarascáil Scally), choimisiúnaigh an FBF Foireann Bhainistíochta Riosca chun tograí a ullmhú maidir leis an mBainistíocht Riosca i bhFSS.

Is éard a bhí ar an ngrúpa oibre seo na príomhbhainisteoirí FSS a dhéanann ionadaíocht ar gach réimse den tseirbhís náisiúnta, Eagraíochtaí Cúraim Sláinte Pobail (ECSPanna), agus Grúpaí Ospidéal. Bhí sé urraithe ag an Stiúrthóir Náisiúnta, Dearbhú Cáilíochta agus Fiorú, agus thacaigh saineolaithe seachtracha bainistíochta riosca leis.

Tugadh an t-athbhreithniú seo chun críche in 2019 agus ghlac an Bord leis an tuarascáil athbhreithnithe agus leis na moltaí inti i mí Mheán Fómhair 2019.

I measc na moltaí atá san Athbhreithniú, áirítear an gá atá ann, i ndáil leis FSS:

- Cur chuige um Bainistíocht Riosca Fiontair (BRF) a ghlacadh
- Clár BRF a bhunú
- Príomhoifigeach Riosca tiomnaithe a cheapadh

Leanúint ar aghaidh le cur i bhfeidhm mholtaí an ghrúpa oibre seo in 2020.

Tá feidhm Iniúchta Cúram Sláinte bunaithe ag FSS atá ina chuid lárnach den fheidhm Dhearbhaithe Cáilíochta agus Fíoraíthe. Pearsanra atá oile go cuí atá ar an bhFoireann Iniúchta Cúram Sláinte. Is é aidhm na foirne seo ná dearbhú a thabhairt go bhfuil na rialuithe agus na nósanna imeachta atá gaolmhar leis an soláthar cúraim sláinte curtha i bhfeidhm ar aon dul leis an dea-chleachtas agus na rialacháin iomchuí, agus go ndéanfar moltaí chun na rialuithe agus na nósanna imeachta sin a fheabhsú. Clúdaíonn raon feidhme na Foirne Iniúchta Cúraim Sláinte gach córas agus gníomhaíocht ar fud FSS lena n-áirítear comhlachtaí atá arna maoiniú ag FSS.

Comhaontaítear an clár oibre iniúchta Sláinte leis an gCoiste Sábháilteachta agus Cáilíochta (roimhe seo an Coiste Riosca). Le linn 2019, chuir an foireann iniúchta um Chúram Sláinte 56 iniúchadh i gcrích agus rinne Coiste Iniúcháireachta agus Riosca FSS na torthaí a mheas.

Tá clár oibre bliantúil an Iniúchta Inmheánaigh comhordaithe le clár oibre na feidhme iniúchta um Chúram Sláinte agus déanfar tuilleadh forbartha air seo in 2020 chun comhíniúchtaí a chur i bhfeidhm.

Tá an Coiste Feidhmíochta agus Seachadta curtha ar bun chun comhairle a thabhairt don Bhord ar gach ábhar a bhaineann leis an bhfeidhmíocht laistigh den tseirbhís sláinte lena chinntiú go ndéantar feidhmíocht dá leithéid a bharrfheabhsú ar fud na réimse ábhartha den scórchárta cothromaithe comhaontaithe chun eispéireas níos fearr a chinntiú do na hothair agus do na húsáideoirí seirbhíse.

Soláthraíonn Coiste Sábhálteachta agus Cailíochta FSS comhairle don Bhord maidir le saincheisteanna Sábhálteachta agus Cailíochta Othar.

Soláthraíonn Coiste um Dhaoine agus Cultúr i bhFSS comhairle don Bhord ar gach ábhar a bhaineann leis an bpleanáil foirne agus an fórsa saothair.

Tagann gach Coiste de chuid FSS le chéile go rialta de réir a gcairteacha ar leith agus comhlíonann siad ról monatóireachta breise thar ceann an Bhoird.

## 4. An Creat Riosca agus Rialaithe

Cuid dhílis den dea-rialachas is ea an bhainistíocht riosca. Tá FSS tar éis Beartas Bainistíochta Riosca Comhtháite a fhorbairt, arna threorú ag na prionsabail um bhainistíocht riosca a sonraíodh in ISO10 31000 (Is Caighdeán atá aitheanta go hidirnáisiúnta é ISO 31000 agus é bunaithe ar chomhairle saineolaithe i réimse na bainistíochta riosca). Rinneadh an beartas seo agus na treoirlínte ann a nuashonrú agus a chur in iúl do na baill foirne ábhartha. Is iad na ceannairí Cailíochta agus Sábhálteachta Othar sna réimsí seirbhíse a éascaíonn agus a thacaíonn le baill foirne ó thaobh chur i bhfeidhm an bheartais seo de.

De réir bheartas bainistíochta riosca FSS, caithfear sainaitheint réamhghníomhach a dhéanamh ar rioscaí atá ina mbagairt do chur i bhfeidhm cuspoirí, agus caithfear bearta a chur i ngníomh chun na rioscaí sin a mhaolú go leibhéal inghlactha. Leagtar amach sa bheartas na próisis bainistíochta riosca atá i bhfeidhm agus tugtar sonraí faoi róil agus dhualgais na foirne i dtaca leis an riosca. Is iad na bainisteoirí uile ag gach leibhéal den FSS atá freagrach as an mbainistíocht riosca.

Tá an POF freagrach as gníomhaíochtaí FSS a threorú agus a stiúradh, lena n-áirítear forbairt an bheartais bainistíochta riosca. Déanann an Coiste Iníúcháireachta agus Riosca agus an Bord araon creat bainistíochta riosca FSS a fhorghéar.

Thar ceann an Bhoird, déanann an Coiste Iníúcháireachta agus Riosca maoirseacht ar oibriú Chreat Bainistíochta Riosca FSS, agus tugann sé comhairle ina leith.

Tá clár riosca i bhfeidhm ag na leibhéil is tábhachtaí san eagraíocht. Aithnítear iontu seo na príomhrioscaí atá le tabhairt ag FSS. Rinneadh breithniú agus measúnú ar na rioscaí ar na clár seo de réir a dtábhachta. Ar leibhéal eagraíochtúil, tá an Clár Riosca Chorpáraidigh faoi réir na monatóireachta agus an nuashonraithe uair sa ráithe. Leagtar amach sna clár riosca na rialuithe reatha, an rátáil riosca, agus aon rialuithe breise a theastaíonn chun gach riosca a mhaolú, agus dáiltear na tascanna seo ar dhaoine faoi leith a chaithefidh iad a chur i gcrích de réir sprioc-am sonraithe. Gné amháin den phróiseas monatóireachta ráithiúil ná monatóireacht a dhéanamh ar chur i gcrích na rialuithe breise a theastaíonn agus an riosca a athmheasúnú ar bhunús an méid sin.

Ag deireadh 2019 thug an FBF faoi athbhreithniú mór ar an gClár Riosca Chorpáraidigh. Rinneadh é sin a fhorghéar i mí Feabhra 2020.

Rinneadh freagracht a tharmligean faoin *Acht um Ghníomhaireacht Bainistíochta an Chisteáin Náisiúnta (Leasú), 2000*, chuig an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát (CSA) as bainistíú teagmhas cliniciúil agus oibriúcháin a eascraíonn ón Scéim Slánaíochta Cliniciúla (CIS) agus ón Scéim Slánaíochta Ginearálta (SCA). Soláthraíonn an SCA sainchomhairle agus bainistíocht riosca do FSS, agus tacaíonn CBTN, an Córas Leictreonach Tuairiscithe Ar Bhainistíú Teagmhas Náisiúnta, leo seo.

Tá creat rialaithe inmheánaigh i bhfeidhm i bhFSS, a ndéantar monatóireacht leanúnach air lena chinntiú go spreagtar cultúr éifeachtach rialaithe inmheánaigh. Tá Cód Rialachais FSS leagtha amach ar hse.ie agus cuimsítear an méid seo a leanas leis:

(Agus é seo á scríobh, tá an Cód Rialachais á nuashonrú chun socruithe rialachais reatha FSS a d'eascair as ceapachán chomhaltaí an Bhoird i mí an Mheithimh in 2019 a chur san áireamh.)

- Léiríonn an Cód Rialachais na caighdeáin, beartais agus nósanna imeachta reatha iompraíochta atá le cur i bhfeidhm ag FSS agus laistigh dó, agus sna gníomhaireachtaí arna maoiniú aige agus laistigh dóibh chun seirbhísí a sholáthar thar a cheann
- Tugtar cur síos mionsonraithe sa chreat cuntasachta ar na modhanna a úsáidfear chun bainisteoirí sa tseirbhís sláinte, lena n-áirítear iad siúd in Eagraíochtaí Cúram Sláinte Pobail (ECSPanna) agus Grúpaí Ospidéal, a choinneáil cuntasach as a gcuid feidhmíochta maidir le soláthar seirbhísí, caighdeáin agus sábhálteacht othar, airgeadas agus an fórsa oibre
- Tá creat nósanna imeachta riaracháin i bhfeidhm, lena gcuimsítear an deighilt dualgas, córas tarmligin agus cuntasachta, córas údaraithe caiteachais, agus tuairisciú rialta ó bhainisteoirí
- Is cuid lárnach den chóras rialaithe inmheánaigh iad Rialacháin Airgeadais Náisiúnta FSS, agus dearadh iad le go mbeidís ag teacht leis na riachtanais reachtúla agus lena chinntiú go mbeidís ag comhlíonadh na dtreoirlínte eárnála poiblí arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóiriú.
- Tá córas buiséid déabhlóidithe bliantúil i bhfeidhm i bhFSS, agus gach bliain, déanann an tAire Sláinte an plean seirbhíse bliantúil a fhaomhadh go foirmiúil sa Phlean Seirbhíse Náisiúnta. Socraítear teorainneacha cuntasachta ar leith, agus déanann an Grúpa um Mhaoirseacht ar Fheidhmiú Náisiúnta (NPOG) na teorainneacha seo a mhonatóiriú go mion thar ceann an Ard-Stiúrthóra.
- Tá réimse leathan beartas, nósanna imeachta, prótacail agus treoirlínte i bhfeidhm i bhFSS maidir le rialuithe oibriúcháin agus airgeadais.
- Cuireann FSS athbhreithniú cuimsitheach bliantúil i bhfeidhm ar an gcóras rialaithe inmheánaigh, a gcuirtear síos go mion air níos faide ar aghaidh sa tuarascáil seo.
- Tá córais agus rialuithe ann a bhfuil d'aidhm acu sláine na gcóras teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide laistigh den FSS a chinntiú. Is réimse ardtosaíochta é seo do FSS mar gheall ar na dúshláin a bhaineann le hilchórais a bhainistíú ar fud FSS ar fad. Tá forbairtí leanúnacha ar siúl d'fhonn slándáil a fheabhsú agus d'fhonn a chinntiú go bhfuil an leibhéal cuí acmhainní agus scileanna ag FSS chun sláine a cuid córas a chosaint lena chinntiú go bhfuil sonraí agus faisnéis gcosaint.

Anuas air sin, ní mór do na bainisteoirí sinsearacha uile ag Grád VIII nó níos airde Ráiteas um Dhearbhú Rialuithe (CAS) a chur i gcrích. De réir an ráitis seo, is gá do bhainisteoirí a dhearbhu go bhfuil siad eolach ar na príomhrialuithe agus cód rialachais atá i bhfeidhm i bhFSS, agus go bhfuil siad á gcomhlíonadh.

## 5. Soláthar

Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag FSS lena chinntiú go gcloítear le rialacha agus treoirínte reatha soláthair. Agus earraí agus seirbhísí á soláthar, ní mór do gach réimse laistigh den FSS cloí leis na nósanna imeachta soláthair ábhartha atá leagtha amach go mion i Rialacháin Airgeadais Náisiúnta FSS.

Ag seo thíos, tá ceisteanna a bhaineann le rialaithe ar an soláthar leagtha amach faoi cheannteideal 8, Fadhbanna Rialaithe Inmheánaigh.

## 6. Monatóireacht agus Athbhreithniú Leanúnach

Tá nósanna imeachta foirmeálta curtha ar bun chun próisis rialaithe a mhonatóiriú, agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as bearta ceartaitheacha a chur i bhfeidhm, agus don Bhord agus don lucht bainistíochta sinsearaí. Dearbhaím go bhfuil na córais mhonatóireachta leanúnacha seo a leanas i bhfeidhm:

- Táthar tar éis rioscaí príomhúla agus rialuithe gaolmhara leo a shainaithint agus tá próiseas curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na rialuithe sin
- Tá socruithe tuairiscithe curtha ar bun ag na leibhéil uile ar a bhfuil freagracht as an mbainistíocht airgeadais sannta
- Déanann bainisteoirí sinsearacha athbhreithniú rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil, agus ar thuarascálacha airgeadais ina léirítear feidhmíocht FSS os coinne buiséad/réamhaisnéisí
- Déanann an Roinn Sláinte athbhreithniú rialta ar fheidhmíocht FSS i dtaca le buiséid agus pleananna seirbhíse chomh maith le príomhthuariscíú neamh-airgeadais eile a chur san áireamh, mar shampla fórsa saothair a phleanáil
- Tagann an POF agus FBF le chéile mar chuid den ghnáthghnó dhá uair sa mhí, ar a laghad
- Bíonn cruinnithe míosúla Boird ann ar a bhfreastalaíonn an POF agus baill an FBF
- Tagann Coistí uile an Bhoird le chéile go rialta chun athbhreithniú a dhéanamh ar réimsí a thagann faoina sainchúram sonrach agus chun comhairle agus aiseolas a thabhairt don Bhord

Tá freagracht ar an nGrúpa Náisiúnta Maoirseachta Feidhmíochta (NPOG) mar chuid den phróiseas cuntasachta foriomlán maoirseachta a dhéanamh ar an bhfeidhmíocht i gcoinne an Phlean Seirbhíse Náisiúnta.

Tagann baill an NPOG le chéile uair sa mhí chun an fheidhmíocht i gcoinne an Phlean Seirbhíse Náisiúnta a mheas. Ullmhaítear tuarascáil mhíosúil don POF ar an bhfeidhmíocht lena n-áirítear sonraí faoi aon saincheisteanna feidhmíochta tromchúiseacha a bhfuil gá leo a bheith ardaithithe go hoifigiúil.

Soláthraíonn an POF eolas nuashonraithe faoin bhfeidhmíocht don Bhord ar bhonn míosúil lena n-áirítear na haschuir ábhartha ón NPOG.

Ina theannta sin mar a thagraítear dó in alt 3, tá coistí iomchuí ceaptha ag an mBord chun comhairle a thabhairt don Bhord maidir le cur i bhfeidhm a chuid feidhmeanna.

Is gné ríthábhachtach den mhonatóireacht ar an gcórais rialaithe inmheánaigh laistigh den FSS í obair na Iníúcháireachta Inmheánaí. Is é atá mar bhonn is taca ag plean oibre bliantúil Iníúcháireachta Inmheánaí ná anailís na bpríomhrioscaí a bhfuil FSS neamhchosanta orthu, agus is é an Coiste Iníúcháireachta agus Riosca a dhéanann an plean sin a fhorhmeas. Freastalaíonn Stiúrthóir Náisiúnta na hIníúcháireachta Inmheánaí ar chruinnithe uile an Choiste Iníúcháireachta agus Riosca, agus bíonn cruinnithe rialta pearsanta aige le Cathaoirleach an Choiste Iníúcháireachta agus Riosca chomh maith leis an POF.

Cuireann obair an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (ARCC) le monatóiriú agus athbhreithniú éifeachtacht rialuithe inmheánacha FSS. Déanann an Bord, an FBF agus an Coiste Iníúcháireachta agus Riosca athbhreithniú ar thagairtí agus moltaí a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litreacha bainistíochta, a theastais iníúcháireachta nó a thuarascálacha bliantúla, agus tugtar faoi na moltaí sin a chur i bhfeidhm.

## 7. Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh

Dearbhaím go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm i bhFSS chun monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht a nósanna imeachta um bainistíocht riosca agus an rialú bainistíochta. Is é atá ina thacaíocht le monatóiriú agus athbhreithniú FSS ar an gcórais rialaithe inmheánaigh ná obair na n-iníúcháirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Iníúcháireachta agus Riosca agus na mbainisteoirí sinsearacha i bhFSS atá freagrach as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe inmheánaigh.

Dearbhaím gur chuir FSS athbhreithniú bliantúil i bhfeidhm maidir le héifeachtúlacht na Rialuithe Inmheánacha don bhliain 2019, inar díriodh ar na gnéithe seo a leanas:

- Miontuairiscí/tuarascálacha an Choiste Iníúcháireachta agus Riosca
- Torthaí, moltaí agus Tuairimí Iníúchta ó thuarascálacha iníúchta inmheánaigh
- Tuarascáil Bhliantúil Stiúrthóir Náisiúnta na hIníúcháireachta Inmheánaí
- Torthaí a thagann chun cinn ón gceistneoir maidir leis an Rialú Inmheánach
- Staid na moltaí a bhí déanta i dtuariscálacha ar an Athbhreithniú ar Éifeachtúlacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh a bhí déanta blianta eile roimhe
- Moltaí ó litreacha bainistíochta an ARCC
- Clár iníúcháireachta 2019 an ARCC agus go háirithe na rioscaí i dtaca le hiniúchadh a sainaitníodh sa chlár
- Tuairiscálacha an Choiste Cuntas Poiblí
- Miontuairiscí an Bhoird agus an FBF
- Miontuairiscí na meithle stiúrtha/na meithle oibre/na meithleacha cur i bhfeidhm srl.
- Athbhreithniú seachtrach a dhéanann FSS chun cabhrú maidir le fadhbanna rialaithe inmheánaigh a shainaithint agus beartais is próisis ghnó leasaithe a chur i bhfeidhm
- Próiseas athbhreithnithe ráithiúil Chlár Riosca Chorparáidigh FSS

- Torthaí a d'éascair as na socruithe monatóireachta ar an gcomhlíonadh le gníomhaireachtaí Alt 38 agus le gníomhaireachtaí Alt 39
- Aiseolas faoi fheidhm Iniúchta Chúram Sláinte FSS.

Ar bhonn bliantúil, éilíonn FSS ar gach ball foirne sinsearach ag Grád VIII (nó a mhacasamhail) agus níos airde, ceistneoir faoi rialú inmheánach (ICQ) a chomhlánú; dearadh an ceistneoir sin chun aiseolas riachtanach a sholáthar i ndáil le príomhréimsí rialaithe. Cuireann sé seo ar chumas FSS monatóireacht a dhéanamh ar éifeachtúlacht na rialuithe is tábhachtaí agus bearta ceartaitheacha a dhírú ar cibé réimse ina dteastaíonn siad.

D'fhostaigh FSS gnólacht iniúchóireachta neamhspleách trí phróiseas iomaíoch a rinne athbhreithniú ar thart ar 6.5% de rannpháirtithe an ICQ chun sláine na bhfreagraí a bhailíochtú.

Tá an Coiste Iniúchóireachta agus Riosca, chomh maith leis an POF agus an FBF, chun athbhreithniú a dhéanamh ar an tuairisc a rinneadh i dtaca le hathbhreithniú an chórais rialaithe inmheánaigh.

De réir thorthaí an athbhreithnithe, tá fianaise ann:

- Go bhfuil FSS tar éis sraith beartas agus nósanna imeachta a ghlacadh, atá ina bonn leis an gcreat rialaithe inmheánaigh
- Áit a bhfuiltear tar éis rioscaí ardleibhéil a shainaitheint, go bhfuil rialuithe maolaithe/cúiteacha curtha i bhfeidhm de ghnáth.
- Le linn an athbhreithnithe seo, sainaitníodh cásanna neamhchomhlíonta a d'fhéadfadh FSS a chur i mball ábhartha. Mar sin féin, tá fianaise ann go bhfuil clár gníomhaíochta nó pleananna á bhforbairt chun an timpeallacht rialuithe a fheabhsú go hiondúil
- Ardaíodh feacht daoine le linn 2019 maidir leis an ngá le rialuithe inmheánacha, agus an méadú suntasach atá fós ag teacht ar líon na mball foirne a rinne an suirbhé ICQ, a raibh méadú breise 9% tagtha air. Tá sé tugtha le fios in anailís atá déanta go bhfuil tuiscint agus feacht an-ard ag formhór na mbainisteoirí ar a bhfreagracht i leith na rialuithe inmheánacha. Cé go dtugann an anailís seo le fios go bhfuil an chuid is mó de na bainisteoirí ag tuairisciú leibhéil láidre comhlíonta le rialuithe inmheánacha, tá fianaise ann fós go bhfuil easpa comhsheasmhachta aonfhoirmeach freagraí ann in 2019, rud a léiríonn go bhfuil gá le tuilleadh iarrachta a dhéanamh in 2020 chun an tuiscint agus an comhlíonadh i dtaca leis na rialuithe inmheánacha a fheabhsú.
- Tá feacht agus tuiscint mhéadaitheach ar an ngá atá ann le bainisteoirí FSS a bheith cuntasach agus freagrach chun córas láidir rialaithe inmheánaigh a chinntiú. Tá fianaise ann fós, áfach, ar easpa tuisciana ar na croí-threoirilínte agus na beartais ábhartha ar fud na heagraíochta. Beidh béim bhreise, dála seisiúin oiliúna bainistíochta agus foirne, mar chuid lárnach de phleananna feabhsúcháin rialaithe do 2020.
- Tá dearbhú teoranta ann, seachas dearbhú iomlán, maidir leis an gcóras reatha rialaithe inmheánaigh, go bhfuil sé in ann na príomhrioscaí bunúsacha a mhaolú/a bhainistiú, a bhfuil gníomhaíochtaí airgeadais neamhchosanta orthu. Laghdaíonn cásanna neamhchomhlíonta an méid dearbhaithe gur féidir a sholáthar. Leanfaidh FSS ag díriú go mór ar fheabhsuithe a dhéanamh sna réimsí seo go fóill ar an mbonn gearr-théarmach agus méan-téarmach araon.

Tá na laigí rialaithe a breathnaíodh san athbhreithniú leagtha amach i gcuid 8 Saincheist Rialaithe Inmheánaigh mar aon le gníomh bainistíochta atá á dhéanamh chun aghaidh a thabhairt ar na saincheistean seo.

## 8. Ceistean Rialaithe Inmheánaigh

### i. Córas Comhtháite Bainistíochta Airgeadais agus Soláthair (CCBAS)

Níl aon chóras aonair airgeadais agus soláthair ag FSS.

Ós rud é nach bhfuil a leithéid de chóras i bhFSS, tá dúshlán bhreise roimh oibriú éifeachtach an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh i gceist. Tá athdhearbhú déanta ag roinnt athbhreithnithe seachtracha ar an gcomhdhearcahd i measc lucht airgeadais FSS nach bhfuil na córais airgeadais reatha oiriúnach don fheidhm.

Ós rud é nach bhfuil aon chóras náisiúnta amháin ann, is gá an-chuid oibre a dhéanamh de lámh lena chinntiú go bhfuil na córais airgeadais logánta agus an Réiteach um Thuairisciú Náisiúnta Airgeadais sioncrónaithe agus go réitíonn siad lena chéile. Tá an cur chuige seo ag éirí níos dúshlánaí mar gheall ar athruithe atá ag teacht ar an struchtúr eagraíochtúil agus mar gheall ar an gcóras a bheith ag éirí sean.

Príomhghné den Chlár Athchóirithe Airgeadais is ea aon chóras bainistíochta agus soláthair airgeadais comhtháite náisiúnta amháin, nó CCBAS, a chur i bhfeidhm, bunaithe ar shraith de phróisis airgeadais agus soláthair caighdeánach náisiúnta comhaontaithe, ar Chairt Náisiúnta Cuntais agus Struchtúr Náisiúnta Fiontraíochta agus ar Shamhail Náisiúnta Seirbhísí Comhroinnte nua.

Beidh sé mar chumasóir suntasach do thionscadal CCBAS Creat Bainistíochta Airgeadais a fhorbairt ina sainaitheofar an próiseas, an rialachas agus na rialuithe a theastaíonn chun cleachtas bainistíochta airgeadais éifeachtach a chur i bhfeidhm ar fud an chórais sláinte. Is doiciméad beo é an Creat a rinne Coiste Stiúrtha an Chláir Athchóirithe Airgeadais (FRP) é a fhorghnó an uair is deireanaí i mí an Mheithimh 2019. Leanfar le forbairt an chreata agus na straitéisí gaolmhara de réir mar a théann an clár ar aghaidh.

Tar éis próiseas tairisceana poiblí a bheith déanta i gceart roghnaíodh an SAP mar an t-ardán bogearraí do CCBAS i mí an Mheithimh 2017.

Cuireadh an próiseas soláthair do Chomhtháthaitheoir Córais (SI) chun tacú le FSS an córas laistigh den SAP a dhearadh, a thógáil, agus tástáil a dhéanamh air, agus tugadh é sin uile chun críche i Meán Fómhair 2019 agus cheadaigh an Bord ceapachán an SI dá réir i mí na Nollag 2019. Déanfar dearadh, tógáil agus tástáil mhionsonraithe an chórais náisiúnta le linn 2020 agus cuirfear tús le himscaradh ar fud an chórais sláinte in 2021.

Tá sé beartaithe go mbeidh clár CCBAS curtha i bhfeidhm in 80% den chóras sláinte poiblí faoi dheireadh ráithe 2 in 2024 agus de réir na tosaíochta bunaithe ar na réimsí sin a bhfuil caiteachas suntasach i gceist leo.

## ii. Comhlíontacht le Rialacha Soláthair

Tabhaíonn FSS caiteachas ar thuairim is €2.7bn ar earraí agus seirbhísí faoi réir na rialachán soláthair arna leagan amach go mionsonraithe i Rialachán Náisiúnta Airgeadais FSS agus atá tacaíte le Treoir 2014/24 an AE agus leis na Treoirínte um Sholáthar Poiblí le haghaidh Earraí agus Seirbhísí. De réir an leagan athbhreithnithe den chód cleachtas chun comhlachtaí stáit a rialú, agus de réir an chreata bheartais um an soláthar poiblí, tá sé de cheanglas ar FSS a dheimhniú, i gcás gach aon chonradh atá ar luach €25k nó níos mó ná sin, go ngnóthaítear na conarthaí sin ar bhonn iomaíoch de réir na riachtanas i dtaca leis an soláthar poiblí, agus tá air freisin tuairisciú a dhéanamh ar an méid neamhchomhlíonta atá sainaitheanta.

Is léir ó thorthaí an athbhreithnithe a rinneadh ar an gcóras rialaithe inmheánaigh gur fadhb fós do FSS é an comhlíonadh leis na rialachán soláthair, go háirithe maidir leis an easpa comhlíonta atá ann i dtaca leis na gnéithe seo a leanas:

- Ceanglais chun an soláthar a dhéanamh de réir conarthaí bailí atá i bhfeidhm cheana féin
- Ceanglais i ndáil leis an tástáil mhargaidh, leis an bpróiseas tairisceana agus le feidhmiú próiseas iomaíoch
- Ceanglais i ndáil le tuairisciú an neamhchomhlíonta de réir chód agus chiorcláin RCPA.

Ina theannta sin, tá sé nochtá san athbhreithniú freisin go bhfuil easpa feasachta ann maidir le tacaíochtaí soláthair éagsúla dála HBSPASS arb é an suíomh faisnéise um chonarthaí soláthair atá ag FSS a bhfuil toimhde déanta de go mbeadh gach sealbhóir buiséid ar an eolas faoi agus ar cheart dó é a úsáid chun earraí agus seirbhísí a sholáthar thar ceann FSS.

Rinneadh na ceisteanna rialaithe seo don bhliain 2019 a shainaithint trí na hiniúchtaí leanúnacha a rinne feidhm Iniúchta Inmheánaigh FSS chomh maith le torthaí an ICQ agus an próiseas dearbhaithé rialuithe.

Ní féidir le FSS figiúr cinnte dearfa a thabhairt maidir leis an ráta neamhchomhlíonta i dtaca leis an soláthar. Mar sin féin, tá FSS ag súil le go mbeid sé ar a chumas é seo a chur ar fáil maidir le figiúir 2020. Tá foireann soláthair FSS, a bhfuil sé de chúram aici an anailís seo a chur ar fáil, ar ath-implonú faoi láthair chun feidhmiú i sruthanna oibre tosaíochta COVID-19 atá á bhfeidhmiú faoi láthair na huairé. Is léir ón monatóireacht atá déanta ag an lucht Bainistíochta agus ag an bhfoireann Iniúcháireachta Inmheánaigh ar an neamhchomhlíonadh gur ceist do FSS é an comhlíonadh leis na rialachán soláthair.

Tá FSS ag leanúint ar aghaidh leis an gclár athchóirithe a chur ar aghaidh faoi láthair maidir lena fheidhm soláthair, ionas gur féidir leis comhlíonadh na rialachán soláthair poiblí a fheabhsú agus leibhéal úsáide na gconarthaí a bhronnann FSS agus an Oifig um Sholáthar Rialtais (OGP) a mhéadú.

I gcomhthéacs chóras soláthair reatha FSS agus an easpa CCBAS atá ann, aithnítear go dtógfaidh sé roinnt mhaith blianta chun déileáil leis na fadhbanna comhlíonta i ndáil leis an soláthar ina n-iomláine.

Tá FSS tar éis leanúint ar aghaidh leis an dul chun cinn in 2019 maidir le cuid mhaith tionscnamh atá bunaithe ar thrí phríomhthéama:

## An Foinsíú

Tá Soláthar Sheirbhís Ghnó Sláinte (SGS) tar éis plean foinsithe 3-bliana a fhorbairt do FSS, a bhfuil mar aidhm shonrach aige, conarthaí a chur i bhfeidhm le haghaidh gach earra agus seirbhís a theastaíonn ó FSS agus ar féidir é/í a sholáthar.

Is ionann an clúdach conartha comhlíontach faoi láthair i ndáil leis an gcaiteachas bainistithe agus €1.2bn, is é sin le rá thart ar 44% de leibhéal an chaiteachais infhála in 2019. Tá sé measta ag Soláthar FSS, bunaithe ar an ngníomhaíocht atá beartaithe le déanamh faoi láthair, go bhfuiltear ag súil go méadóidh an figiúr seo suas go €1.7bn nó 63% den chaiteachas infhála faoi dheireadh 2020.

## Bonneagar Tacúil

- Freagracht as maoirsiú agus bainistíú na bhforbairt TF bainteacha a thabhairt do Leas-Stiúrthóir Náisiúnta i Soláthar SGS
- Rialú stoic feabhsaithe trí sheoladh leanúnach an Ionaid Náisiúnta Dáileacháin (NDC) agus trí sheoladh an chórais bainistithe stoic, Córas Pointe Úsáide (POS) sna ECSPanna agus sna Grúpaí Ospidéal.
- Forbairt leanúnach ar an gCóras Praghsála agus Foinsithe Cuidithe (PASS) a leanfaidh ag cabhrú le foireann FSS trí rochtain agus infheictheacht conarthaí reatha a fheabhsú.

## Comhlíontacht

- Plean 3-bliana um Fheabhsú Comhlíontachta 2017-2020 i Ráithe 4 2016, ina dtugtar aghaidh ar réiteach fadhbanna neamhchomhlíontachta sainaitheanta. Tá clár feabhsaithe comhlíontachta á chur i bhfeidhm go córasach faoi láthair ar fud ECSPanna agus Grúpaí Ospidéal ar leith i gcomhpháirt le Soláthar SGS.
- Forbairt tuarascála ar chomhlíontacht soláthair ar líne a chuireann sonraí ar fáil maidir leis an neamhchomhlíontacht i réimsí Seirbhíse. Tá an tuarascáil seo in úsáid faoi láthair ach níl sí curtha i bhfeidhm i ngach réimse de FSS go fóill. Chomh luath is atá sí forbartha ina hiomláine, úsáidfear an tuarascáil seo le neamhchomhlíontacht a aithint agus mar uirlis phointe cóimheasa monatóireachta mar chuid d'fheidhmiú céimneach an Phlean um Fheabhsú Comhlíontachta.
- Sraith dhigiteach uirlisí um Pleanáil Chorporáideach Soláthair (GPP) a fhorbairt a bheidh ar fáil ar líne do gach uile ECSP agus Grúpa Ospidéal. Tá sé beartaithe go soláthróidh an uirlis ar líne seo anailís agus faisnéis shaincheaptha ar nós gníomhaíocht soláthair, caiteachas atá níos mó ná €25K, leibhéal comhlíontachta agus coigiltis.

De bhreis air sin, beidh feidhmíocht soláthair den scoth i gceist leis an tionscadal CCBAS. Mapáladh na próisis ghnó phríomhúla maidir leis an soláthar agus úsáidfear iad chun cabhrú le próisis fheabhsaithe um ghnó barainneach a dhearadh. Fágfar dá bharr go mbeid comhlíontacht níos fearr ach tógfaidh sé roinnt mhaith blianta chun é sin a chur ar aghaidh.

## iii. Rialachas ar Dheontais do Gníomhaireachtaí Seachtracha

In 2019, bhain timpeall €4.7 billiún de chaiteachas iomlán FSS le deontais do ghníomhaireachtaí seachtracha. Tá cur síos san *Acht Sláinte 2004* ar an gcreat dlíthiúil faoina dtugann FSS maoiniú deontais do ghníomhaireachtaí. Maoiníonn FSS breis is 2,000 ghníomhaireacht gach uile bhliain, idir ospidéal mhóra dheonacha a bhfuil breis is €300m faighte aige, agus ghníomhaireachtaí pobail beaga, a bhfuil €500 faighte acu.

Tá creat rialachais FSS ag teacht leis na socruithe bainistíochta agus cuntasachta le haghaidh deontas ó mhaoiniú stáchtiste, arna leagan amach sa treoir a d'fhoilsigh an DPER i Meán Fómhair 2014, le heisceacht cheadaithe amháin ann maidir le socruithe réamh-mhaoinithe.

Mar gheall ar nádúr sonrathach na socruithe maoinithe leis na gníomhaireachtaí Alt 38 agus Alt 39, ní mór do FSS leanúint de mhaoiniú tráthúil a chinntiú, go háirithe maidir le pá conarthach agus costais foirne a chuimsíonn suas le 80% den chaiteachas.

Sula ndéantar socrú maoinithe ar bith, cinneann FSS an t-uasmhéid maoinithe a bhfuil sé i gceist aici é a chur ar fáil mar aon le leibhéal na seirbhíse a sholáthrófar don mhaoiniú sin. I gcás na ngníomhaireachtaí móra, íocann Aonad Cistíochta FSS airgead amach bunaithe ar phróifíilí airgid aontaithe.

Tá an córas um rialú inmheánach atá i bhfeidhm i ngníomhaireachtaí maoinithe aonair faoi réir athbhreithnithe ar bhonn samplach ag an rannán Iníúchta Inmheánaigh.

Braitheann an riachtanas atá ann tuairiscí airgeadais agus tuairisceáin foirne a chur isteach agus cruinnithe monatóireachta a réachtáil ar cé chomh mór is atá an ghníomhaireacht.

In 2019, aithníodh laigí ag athbhreithniú bliantúil ar rialú inmheánach FSS, tríd an bpróiseas Athbhreithnithe um Dhearbhú Rialuithe, agus go háirithe na tuarascálacha iniúchta inmheánaigh maidir le próisis a bhaineann le monatóireacht agus maoirseacht ar roinnt gníomhaireachtaí.

Tá dhá chineál comhaontaithe conartha ag FSS leis na gníomhaireachtaí seo atá, den chuid is mó, curtha in oiriúint de réir an leibhéil mhaoinithe atá i bhfeidhm.

- Socrú Seirbhíse (SA), gníomhaireachtaí sláinte a fhaigheann maoiniú os cionn €250,000
- Comhaontú Cúnaimh Deontais (GA), gníomhaireachtaí sláinte a fhaigheann maoiniú níos lú ná €250,000.

Fuarthas amach le linn na n-iníúchtaí seachtracha agus inmheánacha:

- Níor tharla cruinnithe monatóireachta chomh minic agus a éilítear de réir threoirínte FSS
- Bhí easpa fianaise ann go ndearnadh an t-athbhreithniú ar na sonraí feidhmíochta airgeadais riachtanacha, ar nós cuntais bhainistíochta agus sonraí gníomhaíochta
- I measc na gcomhaontuithe conarthacha a bhaineann le soláthar maoinithe, tá ceanglas ar dheontaithe socruithe bainistíochta agus rialachais riosca cuí a bheith i bhfeidhm acu agus ceanglas ann go gcoifidh siad le treoirínte soláthair phoiblí agus beartas pá na hearnála poiblí. Léiríonn iniúchtaí agus taisctí maidir le Ráiteas Comhlíontachta Bliantúil (ACS), roinnt bearnaí sna socruithe rialachais, i gcomhlíonadh beartas pá na hearnála poiblí i gcásanna áirithe agus, go háirithe, tá soláthar fós ina ábhar buartha.

Tá na céimeanna atá glactha ag FSS le blianta beaga anuas chun aghaidh a thabhairt ar na laigí a aithníodh leagtha amach thíos. Chuir na tionscnaimh seo FSS ar a suaimhneas, go méid réasúnta, go bhfuil struchtúir agus nósanna imeachta rialachais cuí i bhfeidhm leis na gníomhaireachtaí seo.

- Ag deireadh 2019, bhí 91% (2018:95%) den mhaoiniú clúdaithe le SA/GA a bhí críochnaithe. Scaiptear tuairiscí ina leith seo ar bhonn míosúil chuig na réimsí seirbhíse, ECSPanna agus na Grúpaí Ospidéal chun a n-aird a tharraingt orthu, de réir mar is cuí.

- Réachtáladh seisiún faisnéise ar an gCreat Rialachais d'fhoireann FSS agus d'fhoireann ó na gníomhaireachtaí araon i ngach aon ECSP i mí na Samhna agus mí na Nollag 2019. Bhí na seisiúin faisnéise seo dírithe ar phríomhghnéithe an Chreat Rialachais agus go háirithe ar an riachtanas go mbeadh na SAanna agus na GAanna críochnaithe faoi dheireadh mhí Feabhra 2020.
- Teastaíonn Ráitis Chomhlíontachta Bliantúla ó gach Gníomhaireacht Alt 38 (timpeall 74% de mhaoiniú iomlán) agus ó gach Gníomhaireacht Alt 39 a bhfuil breis is €3 milliún aici (timpeall 14% den mhaoiniú iomlán) Déanann na gníomhaireachtaí seo féin-dheimhniú gach bliain maidir leis na nósanna imeachta rialachais atá i bhfeidhm ag leibhéal an Bhoird agus na Feidhmeannachta laistigh dá n-eagraíocht féin. Cuirtear próiseas ACS FSS ar an eolas faoi aon bhearnaí sa chomhlíontacht a ligeann do FSS a chinntiú go ndéantar na feabhsuithe riachtanacha a mheas.
- Ceanglaítear ar foireann ECSP agus HG Tuairisceáin Monatóireachta Airgeadais Bliantúla (AFMR) agus Ráitis Airgeadais Bliantúla (AFS) a fháil, a thairgeadh agus a athbhreithniú. Forbraíodh an córas ar líne um Rialachas Soláthraithe Seirbhíse (SPG) ionas go n-éascaofar an tairgeadh a dhéanamh ar athbhreithnithe AFMRanna agus AFS. Cuirtear tuairiscí ar fáil ón gcóras SPG agus scaiptear iad chuig na ECSPanna agus na Grúpaí Ospidéal. Éascaítear an faireachán tráthúil agus an t-athbhreithniú ar an AFS agus ar an AFMR dá bharr.
- Tá FSS i mbun Aonaid Tacaíochta um Bainistíocht Conarthaí (CMSUanna) a bhunú i ngach aon cheann de na naoi ECSP. Beidh na CMSUanna ina n-acmhainn thábhachtach laistigh de na ECSPanna ó thaobh feabhas a chur ar an leibhéal bainistíochta agus maoirseachta maidir le gníomhaireachtaí Alt 38 agus Alt 39 atá maoinithe ag na ECSPanna. Táthar i mbun ceithre shuíomh phiólótacha a chur i bhfeidhm faoi láthair in ECSPanna 4, 6, 7 agus 9. Anuas air sin, tá ECSP 3, ECSP 5 agus ECSP 8 ag céim dheartha an-luath ar fad, agus táthar i mbun a gcuid CMSUanna a fhorbairt i láthair na huair. Faoi láthair, tá grúpa forfheidhmíthe ag obair le hionadaithe ó na ECSPanna seo chun próisis chuí CMSU a fhorbairt. I measc na bpríomhfhreagrachtaí don CMSU beidh sé de dhualgas acu a dhearbhu:
  - Go bhfaightear AFS agus AFMR na ngníomhaireachtaí ábhartha agus go ndéantar athbhreithniú orthu
  - Go bhfaightear rochtain ar phríomhcháipéisíocht dála phleananna Gnó, ráitis Cathaoirleach, cuntais bhainistíochta, fianaise ar Chruinnithe Athbhreithnithe Monatóireachta mar aon le sonraí gníomhaíochta lárnacha eile agus go ndéantar athbhreithniú orthu, de réir mar is gá.

Leanfaidh Aonad Comhlíontachta FSS ag feidhmiú i ról comhairleach agus tacaíochta le linn don tionscnamh seo a bheith curtha i bhfeidhm.

- In 2016, choimisiúnaigh FSS Athbhreithniú Seachtrach Rialachais ag leibhéal an Bhoird agus ag an leibhéal Feidhmiúcháin i roinnt gníomhaireacht Alt 38 áirithe. Tá 28 de na hathbhreithnithe sin críochnaithe agus tá na sé cinn eile idir lámha. Mar sin féin, tá tuarascáil deiridh nó dréacht-tuarascáil faighte ag Cathaoirleach uile na ngníomhaireachtaí uile le meas. Cuimsíonn gach

athbhreithniú freagairtí bainistíochta maidir le moltaí atá leagtha amach sna hathbhreithnithe agus tá próiseas leantach curtha ar bun ina leith seo. Mar chuid den phróiseas leantach, ceanglaítear ar FSS dul i dteagmháil le Cathaoirleach na mBord ábhartha de na gníomhaireachtaí chun an t-eolas is úrnua a fháil ar na pleananna chun dul chun cinn, agus tá próiseas leantach ráithiúil eile a dhéantar leis na Gníomhaireachtaí agus leis an bhfoireann bainistíochta sinsearaí sna ECSPanna agus sna Grúpaí Ospidéal.

- Tá tús curtha le próiseas soláthair do chlár athbhreithnithe leantaigh. Meastar go gcuimseoidh an clár athbhreithnithe leantaigh seo roinnt gníomhaireachtaí Alt 39 chomh maith leis na gníomhaireachtaí Alt 38. Bheifear ag súil leis go mbainfear leas, sna hathbhreithnithe seo, as an obair atáthar curtha chun críche sa phróiseas athbhreithnithe seachtrach reatha, agus go gcuirfear leo. Samhlaítear timthriall cúig bliana le hathbhreithniú ar ocht ngníomhaireacht in aghaidh na bliana.
- D'úsáid cuid de na gníomhaireachtaí móra Alt 38 agus Alt 39 torthaí an Ráitis Chomhlíontachta Bhliantúil, an Tuairisceáin Bhliantúil um Monatóireacht Airgeadais agus na n-athbhreithnithe seachtracha, chun a dtionscnaimh féin a chur i bhfeidhm d'fhonn Rialachas a fheabhsú ar leibhéal an Bhoird. Go sonracha bhí tionchair dhearfacha aige seo ar réimsí príomhúla mar shampla:
  - Feidhm iniúchta inmheánaigh a fhorbairt
  - Uainíocht na mBord
  - Struchtúir Choistí an Bhoird
  - Cóid Iompair a Fhorbairt
- Maidir leis na laigí a aithníodh i réimse an tsoláthair i dtaca le gníomhaireachtaí Alt 38 agus gníomhaireachtaí Alt 39, tá SGS ag leanúint leis an obair leis na gníomhaireachtaí siúd, agus tacaíocht leanúnach a thabhairt dóibh. Soláthraíodh rochtain ar líne ar an gCóras Praghsála agus Foinisithe Cúnta SGS (PASS) do gach gníomhaireacht a fhaigheann maoiniú bliantúil os cionn €150k. Cuireann sé seo rochtain ar fáil do na gníomhaireachtaí seo ar chonarthaí agus ar Chomhaontuithe Creata SGS/OGP. Tá Treoirphean Soláthair Chorpáraidigh tugtha chun críche agus tá sé curtha in iúl dóibh chomh maith le hoiliúint ó Sholáthar SGS.
- Tá athbhreithniú leanúnach ar thorthaí iniúchta a bhaineann leis an rialachas ar dheontais do ghníomhaireachtaí seachtracha mar thosaíocht ag FSS agus tá próisis bhunaithe i bhfeidhm chun iniúchadh inmheánach chomh maith le torthaí iniúcháireachta seachtraí (litreacha bainistíochta áitiúil agus litreacha bainistíochta náisiúnta) a athfhiosrú.

#### iv. Teicneolaíocht Faisnéise agus Cumarsáide (TFC)

Déanann Oifig an Phríomhoifigigh Faisnéise (OoCIO) raon iomlán seirbhísí TFC a sheachadadh agus a bhainistiú ar fud FSS agus i gcuid den earnáil ghéarmhíochaine deonaí. Tá os cionn 50,000 úsáideoir ag FSS atá ag úsáid thart ar 1,817 iarratas agus os cionn 1,000 láithreán líonraithe. Ina theannta sin, cuireann an OoCIO raon feidhmeanna náisiúnta ar fáil don earnáil ghéarmhíochaine dheonach agus tacaíonn sé go hindíreach lena lucht úsáidte. Tá thart ar 266 tionscadal TFC á gcur chun cinn faoi láthair, agus is clár nó tionscadail

mhóra ilbhliantúla iad thart ar 50 cheann díobh. Tá 318 ball foirne, buiséad ioncaim €51.26m agus buiséad caipitil de €85m ag an OoCIO faoi láthair.

Aithníodh laigí i réimse na rialuithe slándála ar fud codanna den fhearann le linn iniúchtaí inmheánacha lena n-áirítear prótacail phasfhocal feidhmchláir agus bainistiú rochtana slán. Aithníodh laigí i gcuid de na réimsí a ndearnadh iniúchadh orthu i bprótacail athshlánaithe ó thubaiste, go háirithe maidir le seanchórais agus córais oidhreachta. Tá an OoCIO tiomanta do rialuithe a fheabhsú maidir leis an gcibearshlándáil.

Tá roinnt clár ar siúl ag an OoCIO chun na laigí seo a bhainistiú ar fud ár bhfeairinn mhóir. Orthu seo tá an clár Windows 7 refresh, an clár singil sínithe isteach, uasghrádaithe bhonneagair phríomhthábhachta eile, agus uasghrádú bogearraí feidhmchláir a dhéanfaidh, le himeacht ama, bealach don mhéid seo a leanas a chur ar fáil:

- Logáil isteach aonair go fearainn agus go feidhmchláir a chinntíonn go bhfuil rochtain uathúil agus sábháilte ag na baill foirne go léir ar na fearainn agus ar na feidhmchláir
- Ardán ríomhphoist aonair chun cumarsáid agus comhoibriú tras-réigiúnach a fheabhsú
- Bonneagar uasghrádaithe le gnéithe slándála nua-aimseartha
- Feidhmchláir agus teicneolaíocht bunachar sonraí uasghrádaithe.

Tá tús curtha leis an aistriú go logáil isteach amháin don fhoireann a leanfar leis a bheith curtha i bhfeidhm i rith 2020/2021 ar fud na nECSPanna, na nGrúpaí Ospidéal agus SGS, chomh maith leis na rannóga lánacha.

Tá sé i gceist ag an OoCIO freisin feabhas a chur ar acmhainní chun a chinntiú go bhfuil foireann a bhfuil an meascán ceart scileanna teicneolaíochta aici lonnaithe sna suíomhanna ina bhfuil an gá is mó iontu.

Sheol an CIO athbhreithniú foirmiúil ar bheartais TFC i mí Eanáir 2020, mar chuid de ghnáthoibríochtaí laistigh de OoCIO. Beidh sé seo críochnaithe le linn Ráithe 3 de 2020. Tar éis an athbhreithnithe seo agus nuashonrú dóchúil roinnt beartas, tá sé beartaithe ag bainistíocht an OoCIO cleachtadh comhlíonta a dhéanamh chun leibhéal comhlíonta na mbeartas seo a mheas agus a bonnlíne a chur leis. Cuirfidh an measúnú comhlíonta seo bonn eolais faoi na bearta breise is gá a dhéanamh ansin.

Chuir lucht bainistíochta an OoCIO tús le Clár Imirce Bonneagair a aistroidh timpeallachtaí roghnaithe téarnaimh tubaiste go dtí an scamall. Cuirfidh céimeanna tosaigh an chlár seo bonn eolais faoin soláthar seirbhísí scamall a mbeidh tús curtha leis níos déanaí i mbliana. Cuimseoidh an soláthar sin soláthar d'aisghabháil tubaiste do na córais uile.

Ina theannta sin, leanfaidh rannán an Iniúchta Inmheánaigh le hiniúchtaí spriocdhírthe a dhéanamh ar bhonn bainistíochta riosca i gcomhar le saintacaíocht iniúcháireachta ICT seachtrach.

#### v. Bainistíocht Riosca

Mar atá mionsonraithe i gcuid 3, aithníonn FSS an tábhacht a bhaineann le Creat Bainistíochta Riosca láidir a bheith i bhfeidhm. Cheadaigh an Bord moltaí an Athbhreithnithe Bainistíochta Riosca i Meán Fómhair 2019. Leanfar ar aghaidh agus na moltaí seo a chur i bhfeidhm le linn 2020.



Admhaíonn FSS go bhfuil riosca ag baint le paidéim COVID-19 atá ann faoi láthair go bhféadfaí moill a chur ar na gníomhartha bainistíochta atá sainaitheanta sa chuid seo mar gheall ar thosaíocht a bheith tugtha do bhearta COVID-19. Is é an tosaíocht atá ag FSS ag an am seo ná muintir na hÉireann, is é sin le rá na daoine ar a bhfreastalaíonn sé, a chosaint agus scaipeadh COVID-19 a laghdú. Measann FSS, áfach, gur tosaíocht é an córas rialaithe inmheánaigh freisin.

## 9. Conclúid

Rinne Coiste Iniúchta agus Riosca FSS an tuarascáil ar an Athbhreithniú ar Éifeachtacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh i bhFSS a bhreith, agus thug an coiste céanna comhairle ina leith freisin, thar ceann an Bhoird.

Tá athrú mór ag teacht ar FSS i láthair na huair, agus tá dúshlán suntasach le tabhairt aige chomh maith, a bheith ann maidir lena freagra ar éigeandáil phaindéimeach COVID-19 atá le tabhairt ag an tír. Tá córas rialúcháin FSS fós ag brath ar chórais airgeadais oidhreachta na seanchomhlachtaí sláinte ar cuireadh í ina n-áit. Déanfar na córais oidhreachta seo a athsholáthar diaidh ar ndiaidh sna 3-5 bliana amach romhainn le córas aonair náisiúnta comhtháite airgeadais agus soláthair atá mionsonraithe roimhe seo, i gcuid 8.

Tá sé léirithe san athbhreithniú ar an gcóras rialaithe inmheánaigh go bhfuil teorainneacha agus laigí le feiceáil i gcóras rialuithe inmheánacha FSS. Mar sin féin, nuair a breathnaíodh na laigí seo tá roinnt fianaise ann maidir le pleananna gníomhaíochta maolaithe agus/nó bainistíochta a rinneadh chun an neamhchosaint ar an riosca a laghdú, agus is leor iad sin chun tacú leis na Ráitis Airgeadais Bhliantúla a bheith glactha. Ag an am céanna, fágann na laigí seo, nuair a chuirtear iad sa bhreis le tuairim fhoriomlán iniúchta teoranta 2019 a d'eisigh an Stiúrthóir Náisiúnta Iniúchóireachta Inmheánaí, nach féidir leis an athbhreithniú ach dearbhú teoranta a thabhairt maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh.

Admhaíonn FSS go bhfuil sé riachtanach na leibhéil fhoriomlána chomhlíonta maidir leis an gcóras rialaithe inmheánaigh a fheabhsú, agus tá an lucht bainistíochta sinsearaí ag tabhairt aghaidh air sin ach, mar sin féin, is comhartha maith é go bhfuil sé tugtha le fios san athbhreithniú 2019 seo go bhfuil feasacht ag dul i méid ar an tábhacht a bhaineann leis an gcuntasacht agus an fhreagracht fheabhsaithe ag gach leibhéal d'fhoireann FSS, chomh maith le rannpháirtíocht níos láidre sa phróiseas dearbhaithe rialuithe do 2019.

Aithníonn an Bord go bhfuil freagracht fhoriomlán air as an gcóras rialaithe inmheánaigh laistigh de FSS, agus leanfaidh siad ar aghaidh ag déanamh monatóireachta ar thuilleadh forbartha i dtaca le rialuithe, agus ag tacú leo. Déanfar dul chun cinn a athmheas in Athbhreithniú 2020 ar Éifeachtúlacht an Chórais Rialaithe Inmheánaigh.



**Ciarán Devane**  
Cathaoirleach

13 Bealtaine 2020

# Tuarascáil an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte

### Tuairim ar na ráitis airgeadais

Tá ráitis airgeadais Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte iniúchta agam don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2019 mar a éillítear faoi fhorálacha *Alt 36 Acht Sláinte 2004*. Is éard a chuimsítear leis na ráitis airgeadais ná

- an ráiteas ioncaim agus caiteachais
- an ráiteas ioncaim agus caiteachais chaipitiúil
- an ráiteas ar staid airgeadais
- an ráiteas ar athruithe sna cúlchistí
- an ráiteas sreabhaidh airgid agus
- na nótaí bainteacha, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasáíochta.

I mo thuairimse, i gcás na ráiteas airgeadais,

- is léiriú fíor iad ar shláinte chúrsaí Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte amhail ar an 31 Nollaig 2019 agus ar a ioncam is caiteachas don bhliain 2019
- ullmhaíodh i gceart iad de réir na gcaighdeán cuntasáíochta atá sonraithe ag an Aire, arna leagan amach sa chuid bunús réiteach na gcuntas sna beartais chuntasáíochta.

### Bunús na tuairime

Chuir mé m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais i bhfeidhm de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAanna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Cuirtear síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile comhlíonta agam de réir na gcaighdeán.

Creidim gur leor agus gur cuí an fhianaise iniúchta atá faighte agam le go mbeidh sí ina bonn le mo thuairim.


### Tuairisc ar fhaisnéis nach mbaineann leis na ráitis airgeadais, agus ar ábhair eile

Tá Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte tar éis eolas áirithe eile a chur i láthair i dteannta na ráiteas airgeadais. Áirítear leis an eolas seo an tuarascáil bhliantúil, a chuimsíonn an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltáí an Bhoird, mar aon leis an ráiteas ar rialú inmheánach. Cuirtear síos san aguisín leis an tuarascáil seo ar mo chuid freagrachtaí i ndáil le tuairisciú ar a leithéid sin d'eolas, agus ar chúrsaí eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta.

### Neamhchomhlíonadh soláthair

Tá sé nochta sa ráiteas ar an rialú inmheánach go bhfuil comhlíonadh na rialachán soláthair fós mar fhadhb d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, ach fós nach bhfuil sé ar chumas Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a chaiteachas ar earraí agus seirbhísí a thomhas i gcás nár chomhlíon na nósanna imeachta a úsáideadh leis na treoirlínte um sholáthar.

Sa ráiteas ar rialú inmheánach, leagtar amach na céimeanna atá á dtógáil ag Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte chun dul i ngleic lena neamhchomhlíonadh maidir leis na rialacha soláthair, ach aithníonn sé go dtógfaidh sé roinnt mhaith blianta na ceisteanna maidir leis an neamhchomhlíonadh soláthair a réiteach go huile is go hiomlán.



**Seamus McCarthy**

*An Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste*

14 Bealtaine 2020

## Aguisín leis an tuarascáil

### Freagrachtaí Chomhaltaí an Bhoird

Tá na baill freagrach as

- ullmhúchán na ráiteas airgeadais de réir an mhodha atá sonraithe faoi *Alt 36 d'Acht Sláinte 2004* agus de réir na gcaighdeán cuntasáiochta atá sonraithe ag an Aire Sláinte
- rialtacht na n-idirbheart a chinntiú
- meastóireacht a dhéanamh ar oiriúnacht an bhoinn leanúnaigh don chuntasáiocht, agus
- cibé rialú inmheánach a mheasann siad is gá le go bhféadfar ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíríteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chalaos nó ar bhotún.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtair Cuntas agus Ciste

Tá de cheanglas ormsa faoi *Alt 36 d'Acht Sláinte 2004* ráitis airgeadais Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a iniúchadh agus tuairisciú orthu do Thithe an Oireachtais.

Is é cuspóir m'iniúchta dearbhú réasúnta a fháil an bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíríteas ábhartha mar gheall ar chalaos nó ar bhotún. Is ionann dearbhú réasúnta agus leibhéal ard dearbhaithe, ach ní ionann é agus ráthaíocht go n-aimseoidh iniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na ISAnna mí-ráiteas ábhartha, más ann dó, i gcónaí. Féadfaidh míráitis tarlú mar gheall ar chalaos nó mar gheall ar bhotún agus meastar iad a bheith ábhartha más féidir a bheith ag súil go réasúnta go n-imreoidís tionchar, go haonair nó go comhiomlán, ar chinntí eacnamaíoch a dhéanann úsáideoirí ar bhonn na ráiteas.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, úsáidim breithiúnas gairmiúil agus sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Agus é sin á dhéanamh agam,

- déanaim rioscaí maidir le míráitis ábhartha sna ráitis airgeadais, cibé acu mar gheall ar chalaos nó ar bhotún, a shainaithint agus a mheas; déanaim nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh agus a chur i bhfeidhm a fhreagraíonn do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí le mo thuairim a bhunú uirthi. Tá an riosca nach n-aimseofar míráiteas ábhartha mar thoradh ar chalaos níos airde ná an riosca maidir le ceann a tharlaíonn mar gheall ar bhotún, mar go bhféadfadh sé go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, easnaimh d'aon ghnó, mífhaisnéis, nó gabháil treise ar an rialú inmheánach i gceist leis.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta a dhearadh atá oiriúnach sna cúinsí, ach nach bhfuil oiriúnach chun tuairim a chur in iúl maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar oiriúnacht na bpolasaithe cuntasáiochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasáiochta agus an nochta ghaolmhair.

- Críochnaím ar oiriúnacht úsáid bhonn gnóthais leantaigh na cuntasáiochta, agus ar bhunús na fianaise iniúchta atá faighte, ar cibé an bhfuil ná nach bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann maidir le teagmhais ná coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, dul ar aghaidh mar ghnóthas leantach. Má thagaim ar an tátal go bhfuil éiginnteacht ábhartha ann, éilítear orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh bainteach sna ráitis airgeadais nó, mura leor an nochtadh sin, mo thuairim a mhodhnú. Tá mo chuid tátal bunaithe ar an bhfianaise iniúchta a fuarthas suas chomh fada le dáta mo thuairisce. D'fhéadfadh sé go gcuirfeadh deireadh le Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte a fheidhmiú mar ghnóthas leantach, áfach, mar thoradh ar theagmhais ná coinníollacha a d'fhéadfadh teacht chun cinn amach anseo.

Cuirim in iúl dóibh siúd atá freagrach as rialachas, i measc nithe eile, raon feidhme beartaigh agus uainiú an iniúchta agus tátail shuntasacha an iniúchta, lena n-áirítear aon easnaimh a aimsim le linn m'iniúchta i dtaca le rialachas inmheánach.

### Eolas nach mbaineann leis na ráitis airgeadais

Ní chumhdaítear le mo thuairim faoi na ráitis airgeadais an t-eolas eile a chuirtear i láthair leis na ráitis sin, agus ní thugaim aon chineál tátail maidir le dearbhú ina leith.

I dtaca le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an t-eolas eile a léamh a cuireadh i láthair agus, le linn dom é sin a dhéanamh, breathnú an bhfuil an t-eolas eile neamhchomhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a fuarthas le linn an iniúchta, nó an cosúil ar shlí eile go bhfuil míráiteas ábhartha déanta ina leith. Más rud é go mbainim an tátal, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go bhfuil míráiteas ábhartha ann i dtaca leis an eolas eile sin, éilítear orm é sin a thuairisciú.

### Tuairisciú ar ábhair eile

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na léirbhreithnithe speisialta a bhaineann le comhlachtaí Stáit arna maoiniú ag an Stát maidir lena mbainistíocht agus lena bhfeidhmiú. Déanaim tuairisc má shainaithnímid nithe ábhartha ann a bhaineann leis an mbealach ina bhfuil gnó poiblí déanta.

Féachaim le fianaise a fháil ar an rialtacht idirbhearta airgeadais le linn an iniúchta. Tugaim tuairisc má éiríonn liom a nochtadh aon chás ábhartha nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh siad ceaptha nó nár chloigh idirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Tuairiscím freisin trí eisceacht más rud é, i mo thuairim,

- nach bhfuair mé an t-eolas agus na mínithe ar fad a theastaigh uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- nach raibh na taifid cuntasáiochta dóthanach le hiniúchadh na ráiteas airgeadais a cheadú go héasca agus i gceart, nó
- nach bhfuil na ráitis airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasáiochta.

# Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

	Nótaí	2019 €'000	2018 €'000
<b>Ioncam</b>			
Deontas Ioncaim na Roinne Sláinte	3(a)	16,471,023	15,221,624
Easnamh ar Ioncam agus Caiteachas tugtha ar aghaidh	3(b)	(85,174)	(139,871)
		<b>16,385,849</b>	15,081,753
Ioncam Othar	4	408,249	406,079
Ioncam Eile	5	504,197	533,347
		<b>17,298,295</b>	16,021,179
<b>Caiteachas</b>			
Pá agus Pinsin			
Cliniciúil	6 & 7	3,842,649	3,530,941
Neamhchliniciúil	6 & 7	1,268,349	1,230,996
Seirbhísí Eile Othar/Cliant	6 & 7	895,811	860,838
		<b>6,006,809</b>	5,622,775
Neamhphá			
Cliniciúil	8	1,186,858	1,098,509
Iompar Othar agus Seirbhísí Otharcharranna	8	74,724	69,522
Scéimeanna Cúram Príomhúil agus Cárta Leighis	8	3,285,665	3,176,042
Seirbhísí Eile Othar/Cliant	8	6,919	6,169
Deontais do Ghníomhaireachtaí Seachtracha	8	4,699,339	4,283,454
Tíos	8	269,512	259,042
Costais Oifige agus Riaracháin	8	618,248	609,943
Costais Oibriúcháin Eile	8	12,219	12,176
Táillí Fadchónaithe Aisíochta le hOthair	9	1	193
Scéim Árachais Heipitítis C	10	641	484
Íocaíochtaí leis an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát	11	390,939	318,690
An Scéim Tacaíochta do Thithe Altranais (Fair Deal) – Tithe Altranais Príobháideacha amháin	12	685,959	649,354
		<b>11,231,024</b>	10,483,578
Caiteachas Iomlán		<b>17,237,833</b>	16,106,353
		<b>60,462</b>	(85,174)
<b>Glanbharrachas/(Glan-easnamh) Oibriúcháin don bhliain</b>			

Táthar tar éis déileáil leis na gnóthachain agus cailteanais uile le heisceacht dímheasa agus amúchta tríd an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil.

Is éard ata cuimsithe le príomhráitis airgeadais FSS ná an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil, an Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí, an Ráiteas ar Staid Airgeadais agus an Ráiteas Sreabhaidh Airgid.

Ciarán Devane  
Cathaoirleach

13 Bealtaine 2020

Paul Reid  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

13 Bealtaine 2020


# An Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

	Nótaí	2019 €'000	2018 €'000
<b>Ioncam</b>			
Deontas Caipitil na Roinne Sláinte	3(a)	678,113	500,771
Barrachas Ioncaim Chaipitiúil agus Caiteachas tugtha ar aghaidh	3(b)	16,356	8,322
		<b>694,469</b>	509,093
Maoiniú Ioncaim Leagtha ar Thionscadail Chaipitil		1,665	1,607
Cur i bhFeidhm Fháltas na nDíuscairtí		2,979	4,199
Ranna Rialtais agus Foinsí Eile	13(c)	3,764	29,514
		<b>702,877</b>	544,413
<b>Caiteachas</b>			
Caiteachas Caipitiúil ar Thionscadail Chaipitil FSS	13(b)	362,682	347,756
Deontais Chaipitiúla do Ghníomhaireachtaí Seachtracha (Aguisín 1)	13(b)	324,967	180,301
		<b>687,649</b>	528,057
<b>Glanbharrachas Caipitil don Bhliain</b>		<b>15,228</b>	16,356

Táthar tar éis déileáil leis na gnóthachain agus cailteanais uile le heisceacht dímheasa agus amúchta tríd an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais agus an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil.

Is éard ata cuimsithe le príomhráitis airgeadais FSS ná an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil, an Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí, an Ráiteas ar Staid Airgeadais agus an Ráiteas Sreabhaidh Airgid.



**Ciarán Devane**  
Cathaoirleach

13 Bealtaine 2020



**Paul Reid**  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin


13 Bealtaine 2020

# Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

	Nótaí	Cúlchistí Ioncaim €'000	Cúlchistí Caipitil €'000	Cuntas Caipitilhe €'000	Iomlán €'000
<b>Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2018</b>		(1,269,501)	(130,072)	4,989,085	3,589,512
Traschur an (Easnaimh)/Bharrachais de réir Alt 33(3) d'Acht Sláinte 2004, arna leasú	3(b)	139,871	(8,322)		131,549
Glan (Easnamh)/Barrachas don bhliain		(85,174)	16,356		(68,818)
Fáltais Cuntas Diúscartha – gluaiseacht cúlchistí	14		(593)		(593)
Breiseanna Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh sa bhliain	13(a)			305,257	305,257
Infheistíocht an Stáit i Socruithe maidir le Lamháltas Seirbhíse CPP				15,118	15,118
Lúide: Glanluach na Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh a diúscaíodh sa bhliain de réir na leabhar				(10,674)	(10,674)
Lúide: Muirear dímhéasa sa bhliain	15			(181,774)	(181,774)
<b>Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2018</b>		<b>(1,214,804)</b>	<b>(122,631)</b>	<b>5,117,012</b>	<b>3,779,577</b>
<b>Iarmhéid amhail an 1 Eanáir 2019</b>		(1,214,804)	(122,631)	5,117,012	3,779,577
Traschur an Easnaimh/(Bharrachais) de réir Alt 33(3) d'Acht Sláinte 2004, arna leasú	3(b)	85,174	(16,356)		68,818
Glanbharrachas don Bhliain		60,462	15,228		75,690
Fáltais Cuntas Diúscartha – gluaiseacht cúlchistí	14		0		0
Breiseanna Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh sa bhliain	13(a)			333,735	333,735
Infheistíocht an Stáit i Socruithe maidir le Lamháltas Seirbhíse CPP				5,424	5,424
Lúide: Glanluach na Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh a diúscaíodh sa bhliain de réir na leabhar				(8,268)	(8,268)
Lúide: Muirear dímhéasa sa bhliain	15			(195,572)	(195,572)
<b>Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2019</b>		<b>(1,069,168)</b>	<b>(123,759)</b>	<b>5,252,331</b>	<b>4,059,404</b>

Is éard ata cuimsithe le príomhráitis airgeadais FSS ná an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil, an Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí, an Ráiteas ar Staid Airgeadais agus an Ráiteas Sreabhaidh Airgid.

Ciarán Devane  
Cathaoirleach

13 Bealtaine 2020

Paul Reid  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

13 Bealtaine 2020

# Ráiteas ar Staid Airgeadais

Amhail an 31 Nollaig 2019

	Nótaí	2019 €'000	2018 €'000
<b>Sócmhainní Seasta</b>			
Réadmhaoín, Gléasra agus Trealamh	15	5,404,501	5,274,606
<b>Sócmhainní Airgeadais</b>		<b>360</b>	<b>2</b>
Iomlán na Sócmhainní Seasta		<b>5,404,861</b>	5,274,608
<b>Sócmhainní Reatha</b>			
Fardail	16	170,162	164,196
An Trádáil agus Infháltais Eile	17	451,204	410,853
Airgead Tirim	21	353,605	114,128
<b>Creidiúnaithe (méideanna atá dlite laistigh d'aon bhliain amháin)</b>	18	<b>(2,096,590)</b>	(1,962,936)
Glandliteanais Reatha		<b>(1,121,619)</b>	(1,273,759)
<b>Creidiúnaithe (méideanna dlite tar éis níos mó ná bliain amháin)</b>	19	<b>(174,031)</b>	(179,385)
<b>Ioncam Iarchurtha</b>	20	<b>(49,807)</b>	(41,887)
Glansócmhainní		<b>4,059,404</b>	3,779,577
<b>Cuntas Caipitlithe</b>		<b>5,252,331</b>	5,117,012
<b>Cúlchistí Caipitil</b>		<b>(123,759)</b>	(122,631)
<b>Cúlchistí Ioncaim</b>		<b>(1,069,168)</b>	(1,214,804)
Caipiteal agus Cúlchistí		<b>4,059,404</b>	3,779,577

Is éard ata cuimsithe le príomhráitis airgeadais FSS ná an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil, an Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí, an Ráiteas ar Staid Airgeadais agus an Ráiteas Sreabhaidh Airgid.

*Ciarán Devane, Paul Reid*

Ciarán Devane  
Cathaoirleach

13 Bealtaine 2020

Paul Reid  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin


13 Bealtaine 2020

# Ráiteas ar Sreabhadh Airgid

Don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2019

	Nótaí	2019 €'000	2018 €'000
<b>Glan-Insreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibríocháin</b>	21	<b>297,542</b>	76,392
<b>Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta</b>			
Ús íoctha ar léasanna airgeadais		<b>(935)</b>	(993)
Bronnadh Scaireanna		<b>(358)</b>	0
Caiteachas caipitiúil cistithe as Leithdháileadh Caipitiúil – caipitlithe	13(b)	<b>(274,331)</b>	(261,051)
Caiteachas caipitiúil cistithe as Leithdháileadh Caipitiúil – gan a bheith caipitlithe	13(b)	<b>(413,317)</b>	(267,006)
Infheistíocht an Stáit i Socruithe maidir le Lamháltas Seirbhíse CPP – Gluaiseacht		<b>5,424</b>	15,118
Íocaíochtaí ó ioncam i ndáil le: éadail réadmhaoine, gléasra agus trealamh (glan ó thrádáil isteach)	13(a)	<b>(59,404)</b>	(44,207)
Maoiniú ioncaim curtha i bhfeidhm ar Chaipiteal		<b>1,665</b>	1,607
Fáltais ó dhíolachán réadmhaoine, gléasra agus trealamh (glan ó thrádáil isteach)	14	<b>2,979</b>	3,607
Glaneis-sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta		<b>(738,277)</b>	(552,925)
<b>Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoinithe</b>			
Deontas Caipitil a Fuarthas		<b>678,113</b>	500,771
Fáltais chaipitil ó fhoinsí eile	13(c)	<b>3,764</b>	29,514
Íocaíocht na heiliminte caipitil den léas airgeadais agus aisíocaíochtaí iasachtaí ó mhaoiniú ioncaim		<b>(1,665)</b>	(1,607)
Glaninsreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Maoiniúcháin		<b>680,212</b>	528,678
Méadú in airgead tirim agus coibhéisí airgid sa bhliain		<b>239,477</b>	52,145
Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim ag tús na bliana		<b>114,128</b>	61,983
<b>Airgead tirim agus coibhéisí airgid tirim ag deireadh na bliana</b>		<b>353,605</b>	114,128

Is éard ata cuimsithe le príomhráitis airgeadais FSS ná an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais, an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Caipitiúil, an Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí, an Ráiteas ar Staid Airgeadais agus an Ráiteas Sreabhadh Airgid.



Ciarán Devane  
Cathaoirleach

13 Bealtaine 2020



Paul Reid  
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin

13 Bealtaine 2020



# Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais

## Nóta 1 Beartais Chuntasaíochta

### An Ráiteas um Comhlíontacht agus Bunús an Ullmhúcháin

Tá na ráitis airgeadais ullmhaithe ar bhonn fabhráithe, i gcomhréir le coinbhinsiún an chostais stairiúil. Faoi *Alt 36(3) d'Acht Sláinte 2004*, sonraíonn an tAire na caighdeán chuntasaíochta atá le leanúint ag FSS. Tá an cleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh leis in Éirinn agus sa Ríocht Aontaithe (GAAP) agus FRS 102 glactha ag FSS de réir na gcaighdeán cuntasaíochta atá eisithe ag an gComhairle um Thuairisciú Airgeadais faoi réir na n-eisceachtaí seo a leanas atá sonraithe ag an Aire:

1. Ní ghearrtar dímhéas ar an Ráiteas loncaim agus Caiteachais, is ar an gCuntas Caipitilthe (Cúlchiste) a ghearrtar é. Faoi GAAP, caithear dímhéas a ghearradh sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais.
2. Déantar deontais a fhaightear ón Stát do cheannach réadmhaoine, gléasra agus trealaimh a thairgeadh sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais Chaipitiúil. Faoi GAAP, déantar deontais chaipitil a thairgeadh mar ioncam iarchurtha agus é amúchta thar shaolré fóna na maoin, gléasra agus trealaimh lena mbaineann, chun cóireáil chuntasaíochta an deontais a mheaitseáil leis an muirear dímhéasa a bhaineann leis. Déantar an caiteachas caipitiúil i dtaca le sócmhainní seachas iad siúd a ceannaíodh trí shocrú maidir le lamháltas seirbhíse, a thuairisciú sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais Chaipitiúil mar chaiteachas a tabhíodh. Faoi FRS 102, déantar a leithéid sin de chaiteachas a chaipitil, agus gearrtar é ar ioncam agus caiteachas ar feadh shaolré na sócmhainne.
3. Déantar cuntasaíocht ar phinsin de réir mar a úsáidtear iad. Ní fheidhmítear forálacha FRS 102 '*Alt 28: Sochair Fostaí*' agus ní aithnítear sna ráitis airgeadais an dliteanas le haghaidh sochair phinsin amach anseo a fabhráidh i rith na bliana.
4. Déantar éilimh faoin Scéim Slánaíochta Cliniciúla a bhíonn íoctha ag FSS, agus a bhíonn riartha ag an nGníomhaireacht Éilimh Stáit thar ceann FSS, déantar cuntas orthu ar bhonn 'íoc mar a úsáidtear'. Ní chomhlíonann seo FRS 102 '*Alt 21 – Soláthairtí agus Teagmhais*'. I gcás sonraí an mhéid atá aitheanta sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais in 2018, in éineacht leis an dliteanas amach anseo atá measta go hachtúireach agus a bhaineann leis an scéim seo amhail ar an 31 Nollaig 2019, tá siad sin leagtha amach i Nóta 11.
5. Thángthas ar chomhaontú ar an réiteach maidir le Conradh Comhairleoirí (2008) idir an Stát agus comhairleoirí míochaine i mí an Mheithimh 2018 agus déantar foráil ann maidir le luach saothair siarghabhálach a íoc le comhairleoirí incháilithe in 2019 agus 2020, faoi réir chomhlíonadh théarmaí an chomhaontaithe dhlíthiúil. Níor aithníodh an dliteanas measta a eascraíonn as an réiteach in 2018. Níl sé seo ag teacht le FRS 102 Alt 21 – Forálacha agus Teagmhais, a éilíonn go n-aithneofar an dliteanas atá dlite ag dáta dheireadh na bliana. Déanfar aitheantas an luacha saothair seo a mheaitseáil le maoiniú a dháilfear amach anseo ar bhonn 'fáltais agus íocaíochtaí' in 2019 agus in 2020. Tá tuilleadh sonraí faoin gceist seo leagtha amach i Nóta 26.

Ullmhaítear ráitis airgeadais FSS in Euro agus tá siad slánaithe go dtí an €'000 is gaire.

### Gnóthas Leantach

Tá FSS ag obair leis an Roinn Sláinte chun an Plean Cúraim Sláintecare agus an t-athchóiriú atá beartaithe ar fheidhmeanna lárnacha FSS a chur i bhfeidhm chomh maith le struchtúir réigiúnacha nua a thabhairt isteach chun seirbhísí sláinte agus sóisialta a chur ar fáil in Éirinn. Tá na cláir Rialtais seo tiomanta do FSS, sa chruth ina bhfuil sé faoi láthair, agus glactar leis go leanfar le gníomhaíochtaí uile FSS atá i bhfeidhm cheana féin. Leantar leis na ráitis airgeadais don bhliain 2019 a ullmhú ar an mbonn gnóthais leantacha.

### Aitheantas loncaim

#### Ioncam agus Deontas Caipitil na Roinne Sláinte

Bíonn airgead chun an tseirbhís sláinte a mhaoiniú vótáilte don Roinn Sláinte (Vóta 38). Soláthraíonn an Roinn Sláinte deontais do FSS le haghaidh seirbhísí riaracháin, caipitil agus neamhchaipitil.

Foráiltear in *Alt 33(1) an Achte Sláinte 2004*, arna leasú, go seolfaidh tAire Litir Chinnidh chuig FSS gach bliain ina leagfar amach an t-uasmhéid airgid is féidir le FSS a thabhtú sa bhliain airgeadais ábhartha. Fuarthas an Litir Chinnidh dheireanach i dtaca le 2019 ar an 23 Nollaig 2019.

De réir na gcaighdeán cuntasaíochta arna sonrú ag an Aire, déanann FSS cuntasaíocht ar dheontais ar bhonn fabhráithe. Dá réir sin, an méid a luaitear go sonrath sa Litir Chinnidh don bhliain airgeadais ábhartha, aithnítear é mar ioncam sa bhliain sin.

Déantar ioncam deontais i ndáil leis an riarachán agus seirbhísí neamhchaipitiúla a áireamh:

- sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais, i gcásanna a bhfuil sé curtha i bhfeidhm i réimsí caiteachais neamhchaipitiúla;
- sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais faoin gceannteideal '*Maoiniú loncaim arna chur i bhfeidhm i dTionscadail Chaipitiúla*', mar a n-úsáidtear airgead deontais neamhchaipitiúil chun caiteachais caipitiúil a mhaoiniú.

Tugtar cuntas ar ioncam deontais maidir le seirbhísí caipitiúla sa Ráiteas loncaim agus Caiteachais Chaipitiúil.

Éilítear faoi *Alt 33(3) d'Acht Sláinte 2004*, arna leasú, go ndéanfadh FSS seirbhísí a bhainistiú agus a chur ar fáil ar bhealach atá faoi réir Plean Seirbhíse faofa agus de réir an chinnidh atá curtha in iúl ag an Aire. Foráiltear san Acht go ngearrfar aon easnaimh ar ioncam agus caiteachas sa chéad bhliain airgeadais eile agus, faoi réir aontú an Aire agus cheadú na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, go gcuirfear aon bharrachas do shochar ioncaim agus caiteachais sa chéad bhliain airgeadais eile.

## Ioncam Eile

- (i) Aithnítear ioncam othar agus seirbhísí ag an tráth a gcuirtear an tseirbhís i gceist ar fáil.
- (ii) Aithnítear ranníocaíochtaí aoisliúntais ón bhfoireann ag an am a ndéantar an asbhaint (féach beartas cuntasáíochta pinsean thíos).
- (iii) Aithnítear ioncam ó gach foinse eile nuair a fhaightear é.

## Deontais do Ghníomhaireachtaí Seachtracha

Déanann FSS roinnt mhaith soláthraithe seirbhísí agus chomhlachtaí a mhaoiniú chun críche seirbhísí sláinte agus pearsanta sóisialta a sholáthar thar a cheann, de réir fhorálacha *Alt 38 agus Alt 39 an Achta Sláinte, 2004*. Sula dtéann FSS i mbun socrú den chineál sin, cinneann sé an t-uasmhéid maoinithe atá ar intinn aige a sholáthar sa bhliain airgeadais faoin socrú, agus an leibhéal seirbhíse ar mhaith leis a fháil ar mhalairt an mhaoinithe sin. Gearrtar an maoiniú, sa bhliain chuntasáíochta, ar ioncam agus caiteachas ag an uasleibhéal a cinneadh don bhliain, cé go mb'fhéidir nach n-íocfaí cuid áirithe amach go dtí an chéad bhliain eile.

## Léasanna

Léasanna Oibriúcháin – Cíosa atá le híoc faoi léasanna oibriúcháin, caitear leo sna ráitis airgeadais de réir mar a bhíonn siad dlite. Aithnítear dreasachtaí léasa thar théarma an léasa ar bhonn an mhéid chothroim.

Léasanna Airgeadais – Níl cead ag FSS dul i mbun oibleagáidí léasa airgeadais faoi Nósanna Imeachta Poiblí na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe gan cheadú ná aontú a bheith faighte roimh ré ó FSS. Áit a bhfuiltear tar éis sócmhainní a fháil ó chomhlachtaí réamhtheachtaí faoi léasanna airgeadais, tá FSS tar éis seilbh a ghlacadh ar na léasanna seo an tráth ar bunaíodh é. I gcás na léasanna sin, áirítear an eilimint chaipitil den tsócmhainn i sócmhainní seasta agus déantar díluacháil air thar a shaolré úsáide.

Aon sócmhainní a cheannaítear trí bhíthin léas airgeadais, luaitear iad, arna n-aithint i dtús báire, ag méid arb ionann é agus cóirluach na réadmhaoine léasaithe nó, más ísle, luach reatha na n-íosíocaíochtaí léasa tráth a gcuirtear tús leis an léas. Nuair a aithnítear i dtús báire é, aithnítear dliteanas léasa airgeadais ag luach arb ionann é agus cóirluach na réadmhaoine léasaithe nó, más ísle, luach reatha na n-íosíocaíochtaí léasa.

De bhreis ar an ngnáthchóireáil GAAP ar shócmhainní a fhaightear faoi léasanna airgeadais, gearrtar costas na sócmhainne ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil agus déantar an Cuntas Caipitilthe (Cúlchiste) a chur chun sochar le suim dá choibhéis. Áirítear gné chaipitil gan íoc atá sna hoibleagáidí léasa i gcreidiúnaithe. Úsáidtear an modh glanráta úis chun an t-ús a ríomh, agus gearrtar ar ioncam agus caiteachas é thar thréimhse an léasa.

## Deontais Chaipitil

Déantar maoiniú deontais chaipitil a thaifeadadh sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil. Anuas ar an maoiniú deontais chaipitil, maoinítear roinnt mionchaiteachais chaipitiúil ó ioncam. Cuirtear an méid ioncaim seo a chaitear sa bhliain maidir le mionchaipiteal chun dochair go hiomlán sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain. Tarlaíonn an cineál cuntasáíochta seo nach gcloíonn leis an gcleachtas cuntasáíochta a bhfuil glacadh leis, mar iarmhairt ar na heisceachtaí ón gcleachtas cuntasáíochta a bhfuil glacadh leis atá sonraithe ag an Aire.

## An Cuntas Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh agus Caipitilthe

Luacháil – Áirithe le Maoin, Gléasra agus Trealaimh tá Talamh, Foirgnimh, Obair idir Lámha, Trealaimh agus Mótarfheithiclí.

- Na luachanna anonn i dtaca le sócmhainní ó chomhlachtaí réamhtheachtaí ar ghlac FSS seilbh orthu, cuimsíodh iad sa chlár comhardaithe tosaigh ar an lá bunaíochta, 1 Eanáir 2005, ag a mbunchostas/luacháil. Áiríodh iarmhéid an chuntais dímheasa comhláin ghaolmhar freisin sa chlár comhardaithe sa chéad Ráiteas ar Staid Airgeadais. Nuair a bunaíodh FSS, bhí talamh comhlachtaí réamhtheachtacha san áireamh i luacháil a bhí bunaithe ar rátaí in aghaidh an heicteáir/mhéadair chearnaigh a bhí curtha ar fáil ag an Roinn Sláinte agus Leanaí tar éis dóibh dul i gcomhairle leis an Oifig Luachála. Rinneadh nuashonrú ar na luachálacha seo an uair dheireanach in 2002. Leanann FSS le luacháil a dhéanamh ar thalamh a tógadh ó chomhlachtaí réamhtheachtacha leis na rátaí seo. Is ceart a rá go bhfuil na tailte atá faoi úinéireacht FSS coinnithe chun seirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta a sholáthar.
- Aon bhreiseanna réadmhaoine, gléasra nó trealaimh a fuarthas ón 1 Eanáir 2005, luaitear iad ag an gcostas stairiúil lúide dímheas carntha.

Aithint Caiteachais Chaipitiúil – Faoi réir na gcaighdeán cuntasáíochta atá ordaithe ag an Aire, gearrtar caiteachas ar mhaoin, gléasra agus trealamh ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais nó ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil, ag brath ar an tsócmhainn a bheith maoinithe le maoiniú caipitil nó le maoiniú ioncaim.

Beartas Caipitilthe – Déantar sócmhainní a maoiníodh le caipiteal agus sócmhainní a maoiníodh le hioncam a chaipitliú má théann an costas os cionn tairseacha áirithe luacha: €2,000 le haghaidh trealamh ríomhaire agus €7,000 le haghaidh gach aicme sócmhainne eile. Déantar breiseanna sócmhainne atá faoin uasteorainn sin agus a mhaoinítear ó ioncam a dhíscríobh i mbliain a gceannaigh. Déantar breiseanna sócmhainní atá faoin uasteorainn seo agus a mhaoinítear ó chaipiteal a áireamh i Nóta 13(b) faoi 'Caiteachas ar thionscadail FSS nach bhfuil breiseanna Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh de thoradh orthu'. Tugtar miondealú ar bhreiseanna sócmhainní de réirfoinse maoinithe i Nóta 13(a) leis na cuntais.

Úsáidtear an múnla dliteanais bunaithe ar léas airgeadais chun Ionaid Chúram Príomhúil a fuarthas mar thoradh ar shocruithe maidir le lamháltas seirbhíse Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí (CPP) a chaipitliú agus cuntasaíocht a dhéanamh orthu.

Aithnítear luach na sócmhainne Ionad Cúram Sláinte agus an dliteanas maidir le lamháltas seirbhíse mar shócmhainní agus dliteanais sa Ráiteas ar Staid Airgeadais ag méideanna arb ionann iad agus cóirluach na réadmhaoine léasaithe ná, más ísle, luach reatha na n-íosíocaíochtaí léasa, ar cinneadh gach ceann acu nuair a cuireadh tús leis an léas. Ríomhtar íocaíochtaí léasa na todhchaí ar bhunús na n-íocaíochtaí muirir aonadaigh atá leagtha amach sa chonradh, atá le déanamh ag FSS go díreach. Úsáidtear an chuid réadmhaoine den mhuirear aonadach, móide aon chuid caipitil d'íocaíochtaí oibriúcháin, agus an chuid sin tomhaiste go hiontaofofa, mar bhunús do na híosiocaíochtaí léasa sa todhchaí.

Baintear leas as an gCur Chuige Infheistíochta Caipitiúla chun cuntasaíocht a dhéanamh ar shocruithe maidir le lamháltas seirbhíse CPP i gcuntais FSS. Soláthraíonn an cur chuige seo do charnadh luacha chaipitiúil, a léiríonn cothromas an Stáit i sócmhainní réadmhaoine CPP. Nuair a ghlactar leis an gcur chuige seo, aithnítear an gealltanais caipitiúil CPP sa Chuntas Caipitlithe (Cúlchiste) ag méid arb ionann é agus an dliteanas léasa airgeadais bainteach. Le linn shaolré an lamháltais, déantar an laghdú ar an dliteanas léasa airgeadais atá gan íoc a amúchadh ar bhonn bliantúil tríd an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais Chaipitiúil, agus déantar iontráil chomhfhreagrach sa Chuntas Caipitlithe (Cúlchiste).

Dímheas – I gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta atá sonraithe ag an Aire Sláinte, ní ghearrtar dímheas ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais thar shaolré úsáideach na sócmhainne. Ina ionad sin, is é cuntas cúlchiste Ráiteas ar Staid Airgeadais, an Cuntas Caipitlithe, an iontráil chómhalartach don Mhaoin, Ghléasra agus Trealamh. Gearrtar dímheas ar an gCuntas Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh agus ar an gCuntas Caipitlithe thar shaolré eacnamaíoch úsáideach na sócmhainne.

Ní dhéantar sócmhainní a amúchadh i gcás go bhfuarthas iad ná go mbainistítear iad faoi shocruithe maidir le lamháltas seirbhíse CPP, mar go gcinntíonn na socruithe seo saolré úsáideach iarmharach agus cumas oibriúcháin ag deireadh an téarma lamháltais, arbh ionann é agus saolré úsáideach iarmharach agus cumas oibriúcháin na sócmhainne nuair a coimisiúnadh í don chéad uair. Dímheastar sócmhainní seasta eile, sa chás go ndímheastar iad ar feadh bliain iomlán i mbliain na héadála, faoi réir dímheasa.

Is éard atá i gceist leis an luach iarmharach ná an luach measta a bhainfí amach ó dhiúscairt sócmhainne faoi láthair, tar éis do na costais mheasta dhiúscairthe a bheith bainte de, de réir mar a bheadh an sócmhainn roimhe seo ar an aois lena mbeifear ag súil leis a bheith mar dheireadh a shaol úsáide, agus an bhail sin air.

Ríomhtar dímheas ar aon réadmhaoin, gléasra ná trealamh eile chun bunchostas/luacháil gach sócmhainne ar leith thar a saolré eacnamaíoch úsáideach a dhíscríobh ar bhonn an mhéid chothroim ag na rátaí seo a leanas:

- Talamh: ní dhéantar talamh a dhímheas.
- Foirgnimh: dímheasta ag 2.5% sa bhliain.
- Foirgnimh mhodúlacha (i.e. foirgnimh réamhdhéanta): dímheasta ag 10% sa bhliain.

- Obair idir lámha: ní dhéantar aon dhímheas.
- Trealamh – ríomhairí agus córais TFC: dímheasta ag 33.33% sa bhliain.
- Trealamh – eile: dímheasta ag 10% sa bhliain.
- Mótarfeithiclí: dímheasta ag 20% sa bhliain.

Nuair a dhéantar sócmhainn sheasta a dhiúscairt, déantar an Cuntas Réadmhaoine, Gléasra agus Trealaimh agus an Cuntas Caipitlithe araon a laghdú de réir ghlanluach leabhar dhiúscairt na sócmhainne. Tá anailís ar ghluaiseacht an Chuntas Caipitlithe curtha ar fáil Ráiteas ar Athruithe sna Cúlchistí.

Sa Litir Cheada le haghaidh Caipitil, tá foráil déanta do líúntas chun fáiltas dhiol sócmhainní seasta.

### Socruithe maidir le Lamháltas Seirbhíse Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí

Tá FSS tar éis dul i mbun comhpháirtíochta príobháidí poiblí (CPP) nó socrú maidir le lamháltas seirbhíse le heintiteas earnála príobháidí chun sócmhainní bonneagair a dheardh, a thógáil, a mhaoiniú agus a chothabháil ar feadh tréimhse ama sonraithe (tréimhse lamháltais). Is conradh CPP amháin ar leith atá ann, le haghaidh soláthar ceithre cinn déag d'Ionaid Chúraim Phríomhúil (ICP).

Is é FSS a stiúran agus a rialaíonn cén seirbhís is gá don oibreoir a sholáthar trí na sócmhainní bonneagair ICP, chomh maith le cé dó a dtabharfar na seirbhísí agus cén costas a bheidh orthu; agus is é FSS a rialaíonn an leas iarmharach sna sócmhainní nuair atá deireadh le téarma na tréimhse lamháltais.

Le linn shaolré an lamháltais, déanann FSS íocaíochtaí as tógáil, maoiniú, oibriú, cothabháil agus athnuachan na sócmhainní bonneagair ICP, agus as soláthar na seirbhísí atá ina n-ábhair lamháltais.

Cuirtear an conradh i bhfeidhm ar bhonn cumas soláthair, agus tá tréimhse seirbhíse 25 bliain i gceist ón dáta tosaigh le haghaidh gach ICP, tá sé le híoc mar mhuirear aonadach bliantúil. Tá an muirear aonadach faoi réir asbhaintí le haghaidh tréimhsí nach féidir na sócmhainní a úsáid lena linn.

Cláraítear na codanna táille seirbhíse de na híocaíochtaí muirir aonadaigh mar chaiteachas sa Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais. Nochtar oibleagáidí chun íocaíochtaí de chineál oibriochtúil a dhéanamh i Nóta 22 a ghabhann leis na ráitis airgeadais.

### Pinsin

Is baill iad fostaithe incháilithe FSS de scéimeanna aoisliúntais éagsúla le sochar sainithe. Íocann FSS pinsin leis na hiarfhostaithe. Faigheann FSS maoiniú ón Roinn Sláinte chuige seo ar bhonn íoc-mar-a-úsáidtear. Tá maoiniú ón Roinn Sláinte i dtaca le pinsin áirithe in ioncam. Gearrtar íocaíochtaí pinsin faoi na scéimeanna ar an Ráiteas Ioncaim agus Caiteachais nuair a íoctar iad mar seo a leanas:

- Tugtar cuntas ar aoisliúntas a íoctar le fostaithe FSS atá ar scor laistigh den aicme pá (féach Nóta 6);
- Is mar dheontais le gníomhaireachtaí seachtracha a thuairiscítear aoisliúntais arna íoc le pinsinéirí ó sholáthraithe na seirbhíse sláinte deonaí agus is faoin aicmiú neamh-phá a thuairiscítear iad (féach Nóta 8 agus Aguisín 1).

Déantar ranníocaíochtaí ó fhostaithe atá ina mbaill de na scéimeanna seo a chur do shochar an Ráitis Ioncaim agus Caiteachais nuair a fhaightear iad. Déantar ranníocaíochtaí ó fhostaithe na soláthraithe seirbhíse sláinte deonaí ar bhaill den scéim iad a choimeád mar ioncam an tsoláthraí seirbhíse sláinte.

Níl aon fhoráil déanta i dtaca le sochair phinsin a shaothraíonn fostaithe agus atá iníochta i mblianta amach romhainn faoin scéim pinsin, comhsheasmhach leis an gcóireáil chuntasaíochta i mblianta roimhe seo. Seo é an socrúchán lena bhfuiltear fós ag glacadh i bhFSS de réir na sonraíochtaí cuntasaíochta a thug an tAire.

Tugadh an Scéim Aonair nua Pinsin Seirbhíse Poiblí (“Scéim Aonair”) isteach mar thoradh ar an *Acht Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012*, agus cuireadh i bhfeidhm í ón 1 Eanáir 2013. Tá gach ball foirme nua d’Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte atá ina n-iontrálaithe nua sa tSeirbhís Phoiblí ar nó tar éis an 1 Eanáir 2013, ina bhall nó ina ball de chuid Scéime Aonair iad. Íoctar ranníocaíochtaí chomhaltaí na Scéime Aonair leis an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

### Ranníocaíocht Aoisliúntais Bhreise (RAB)

Tugadh an RAB isteach agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 2019 in ionad an Asbhaint a Bhaineann le Pinsean (PRD). Cé gur beart éigeandála sealadach ab ea an PRD, is ranníocaíocht bhuan é an ASC, maidir le pinsean. Tá sonraí maidir leis na suimeanna a bailíodh maidir leis an RAB leagtha amach i Nóta 5(a) a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais.

### Fardail

Tuairiscítear fardail ag an gcostas luacha ná ag an nglanluach inréadaithe, cibé acu sin is ísle. Is ionann glanluach inréadaithe agus fáltais mheasta díolachán lúide costais a thabhfófar i ndíol fardail. Go stairiúil, tá foráil ag FSS in aghaidh fardal vacsaíne áirithe, agus aon nithe a dhíscríobhadh ná coigeartuithe eile i dtaca le diffeidhmeacht, gearrtar iad sa bhliain reatha in aghaidh ioncaim agus caiteachais.

### Maoin Phearsanta na nOthar

Aon suimeanna airgid a thugann othair do FSS nó a thugtar do FSS thar ceann othar le go gcuirfead in áit shábháilte iad, coimeádtar iad i gcuntais ar leith atá deighilte ó chuntais FSS é féin. Tugtar cuntais Maoine Príobháidí Othar ar chuntais den sórt sin. Tá FSS freagrach as na cuntais sin a riar. Ós rud é nach maoin de chuid FSS an t-airgead seo, áfach, ní áirítear é le Ráiteas ar Staid Airgeadais FSS. Gníomhaíonn FSS mar iontaobhaí na gcistí. Déantar iniúchadh neamhspleách ar chuntais Maoine Príobháidí Othar gach bliain.

### Breithiúnais agus Meastacháin Chriticiúla Chuntasaíochta

In ullmhú na ráiteas airgeadais, ní mór do FSS breithiúnais agus meastacháin shuntasacha a dhéanamh a mbeidh tionchar acu ar na suimeanna a bheidh tuairiscithe do shócmhainní agus dliteanais ar dháta an Ráitis ar Staid Airgeadais agus a bheidh tuairiscithe d’ioncam agus caiteachas ioncaim i rith na bliana. Ach sin ráite, ciallaíonn nádúr an mheastacháin go bhféadfadh na torthaí fíora a bheith difriúil ó na meastacháin sin. Ag na breithiúnais agus na meastacháin seo a leanas a bhí an tionchar ba mhó ar shuimeanna a aithníodh sna ráitis airgeadais:

### Cuntas a thabhairt ar Dhrochfhiacha agus ar Fhiacha Amhrasacha

Déantar drochfhiacha a bhfuil FSS feasach orthu a dhíscríobh sa tréimhse ina n-aithnítear iad. Déantar foráil shonrach d’aon suim a meastar a bheith amhrasach. Déantar foráil d’fhiacha othar atá gan íoc le breis is bliain.

### Pá Saoire Fabhráithe

Déantar tuarastail, pá agus buntáistí a bhaineann le fostaíocht a aithint sa tréimhse ina bhfaightear an tseirbhís ó fhostaithe. I gcás costas saoire atá tuillte ag fostaithe ach nár thóg siad, aithnítear ag deireadh na bliana é sna ráitis airgeadais sa mhéid go bhfuil cead ag fostaithe saoire bhliantúil gan íoc a thabhairt anonn chuig an gcéad bhliain eile. De bharr go bhfuil córais phárolla dhifriúla ar fud FSS, ba ghá toimhdí a dhéanamh chun an fabhrú a ríomh. Déantar na toimhdí a bhíonn mar bhunús leis an bhfabhrú ar phá saoire, a mbíonn suimeanna aitheanta ina leith sna ráitis airgeadais, a chinntiú (próifíil fostaithe agus patrún an tsaoire atá tógtha san áireamh) bunaithe ar na coinníollacha reatha.

### Ionaid Chúraim Phríomhúil: Luacháil, Dímhéas, Luachanna Iarmharacha agus Íosíocaíochtaí Léasa sa Todhchaí

Úsáidtear an múnla dliteanais bunaithe ar léas airgeadais chun Ionaid Chúraim Phríomhúil a fuarthas mar thoradh ar shocruithe maidir le lamháltas seirbhíse Comhpháirtíochtaí Príobháideacha Poiblí (CPP) a chaipitliú agus cuntasaíocht a dhéanamh orthu.

Aithnítear luach na sócmhainne ICP agus an dliteanais maidir le lamháltas seirbhíse mar shócmhainní agus dliteanais sa Ráiteas ar Staid Airgeadais ag méideanna arb ionann iad agus luach reatha na n-íosíocaíochtaí léasa.

Aon sócmhainní arna sealbhú faoi chomhaontuithe maidir le lamháltas seirbhíse, tugtar ar ais iad do FSS, de réir oibleagáidí conarthacha sonracha sna comhaontuithe sin, ag deireadh na tréimhse lamháltais le saolréanna úsáideacha arb ionann iad agus saolréanna na sócmhainne nuair a coimisiúnaíodh den chéad uair iad. Ráthaítear feidhmiú na bhforálacha “tabhartha ar ais” ag coinneáil agus pionóis mhóra airgeadais dá bhforáiltear sna comhaontuithe lamháltais. De bharr na bhforálacha sin, ní ghearrann FSS dímhéas ar na sócmhainní seo.

Ríomhtar íosíocaíochtaí léasa na todhchaí ar bhunús na n-íocaíochtaí muirir aonadaigh atá leagtha amach i samhail airgeadais an chonartha foirgníochta, atá le déanamh díreach le FSS. Úsáidtear na codanna réadmhaoine den mhuirear aonadach, móide aon chuid caipitil d’íocaíochtaí oibriúcháin, agus an chuid sin tomhaiste go hiontaoifa, mar bhunús do na híosíocaíochtaí léasa sa todhchaí. Ar aon dul le FRS 102, baintear úsáid as an nglanráta úis leis na dliteanais amach anseo a lascainiú, dliteanais a bhaineann le tógáil agus a eascraíonn as comhaontuithe deonaithe. Roghnaigh FSS ráta lascaine 3.32% tar éis dul i gcomhairle leis an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais (NDFA), ar an mbonn go léiríonn sé ráta cuí le haghaidh sócmhainní bonneagair fadtéarmacha.

Tá FSS tar éis saolréanna na sócmhainní agus luachanna iarmharacha bainteacha na nIonad Cúram Sláinte a athbhreithniú agus an tátal a bhain siad as an athbhreithniú ná go bhfuil saolréanna na sócmhainní agus na luachanna iarmharacha oiriúnach.

## Nóta 2 Barrachas Oibriúcháin

	2019 €'000	2018 €'000
Faightear an glanbarrachas oibriúcháin don bhliain tar éis na suimeanna seo a leanas a bheith gearrtha:		
Táillí iniúchta	594	540
Luach Saothair – an Ard-Stiúrthóra/POF*	337	351

\* Fuair an POF (14 Bealtaine 2019 go dtí 31 Nollaig 2019) €264,314 d'íocaíochtaí san iomlán, a chuimsigh bunphá €224,359, liúntais €30,288 agus sochar comhchineáil (carr cuideachta) €9,667.

\* Ní comhalta de chuid scéim pinsin aFSS é an POF agus ní dhéanann FSS aon ranniocaíochtaí pinsin fostóra thar ceann an POF. Mar gheall air sin, faigheann an POF liúntas coibhéseach.

\* Fuair an tArd-Stiúrthóir Eatramhach (ón 1 Eanáir 2019 go dtí an 13 Bealtaine 2019) €72,987 d'íocaíochtaí san iomlán chuige sin.

	2019 €	2018 €
<b>Speansais chomhaltaí na Stiúrthóireachta*</b>		
Tony O'Brien ( <i>d'éirigh sé as ar an 11 Bealtaine 2018</i> )	0	3,990
Stephen Mulvany	0	275
An Dr Philip Crowley ( <i>d'éirigh sé as ar an 31 Eanáir 2018</i> )	0	1,222
John Connaghan ( <i>d'éirigh sé as ar an 31 Nollaig 2018</i> )	0	4,493
Dean Sullivan	11,041	8,671
Rosarii Mannion	4,555	6,419
Anne O'Connor ( <i>ceaptha ar an 11 Meitheamh 2018</i> )	526	361
Liam Woods ( <i>ceaptha ar an 1 Eanáir 2019, d'éirigh sé as ar an 13 Bealtaine 2019</i> )	3,903	0
An Dr Colm Henry ( <i>ceaptha ar an 16 Deireadh Fómhair 2018</i> )	5,101	7,705
	<b>25,126</b>	33,136

\* Tá speansais chomhaltaí na Stiúrthóireachta ríofa idir an 1 Eanáir agus an 27 Meitheamh 2019.

Sular bunaíodh an Bord, agus de réir Acht um Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte (Rialachas) 2013, ba é an Stiúrthóireacht comhlacht rialaithe FSS agus is éard a bhí sa Stiúrthóireacht sin ná feidhmeannaigh shinsearacha arna gceapadh ag an Aire Sláinte agus a bhí fostaithe mar Stiúrthóirí Náisiúnta de chuid FSS nó i ngrád nach lú ná sin. De réir bheartas pá an Rialtais, ní íoctar luach saothair le fostaithe sa tseirbhís phoiblí a fhónann ar Bhoird Stáit nó a ainmneofar ar bhoird den sórt sin go neamhspleách dá bhfostaíocht seirbhíse poiblí i bhfoirm táillí boird agus baineann a luach saothair lena ról feidhmiúcháin FSS agus leis sin amháin. Níor íocadh aon táillí le comhaltaí na Stiúrthóireachta. Ceapadh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin an 28 Meitheamh 2019 agus bhí ról Ard-Stiúrthóir na Stiúrthóireachta aige roimhe sin, ón 14 Bealtaine 2019. Is ionann na speansais iomlána a ghabhann leisean don bhliain 2019 agus €3,411.

	2019 €'000	2018 €'000
<b>Speansais chomhaltaí an Bhoird*</b>		
An tUas. Ciarán Devane	3,090	0
An tOll. Deirdre Madden	2,570	0
An tUas. Fergus Finlay	0	0
An tUas. Fiona Ross	0	0
An tUas. Mark Molloy ( <i>d'éirigh sé as ar an 7 Eanáir 2020</i> )	1,647	0
An Dr Yvonne Traynor	278	0
An tUas. Tim Hynes	0	0
An tUas. Aogán Ó Fearghaíl	2,136	0
An Dr Sarah McLoughlin	986	0
An tUas. Brendan Lenihan	2,268	0
An tOll. Fergus O'Kelly	0	0
	<b>12,975</b>	0

\* Tá speansais chomhaltaí an Bhoird léirithe don bhliain 2019 ó dháta an cheapacháin amach.

